cecde
An Lárionad um Fhorbairt & Oideachas na Luath-Óige

Arna mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus arna pháirtmhaoiniú ag an Aontas Eorpach faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000 – 2006

Spléachadh ar an Ardchaighdeán

Athbhreithniú ar Bheartas, Cleachtas agus Taighde Náisiúnta a bhaineann leis an Ardchaighdeán i gCúram agus Oideachas Luathóige in Éirinn 1990-2004

Maresa Duignan agus Thomas Walsh a rinne an taighde agus a scríobh

An Lárionad um Fhorbairt & Oideachas na Luath-Óige
Teach an Gheata,
Coláiste Phádraig,
Droim Conrach,
Baile Átha Cliath 9

Teil: 353 1 8842110
Facs: 353 1 8842111
Ríomhphost: early.childhood@spd.dcu.ie
Láithreán Gréasáin: www.cecde.ie

ISBN: 0954581555

© 2004 An Lárionad um Fhorbairt & Oideachas na Luath-Óige

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála ná a tharchur ar aon mhodh nó slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Arna phriontáil ag Print Bureau

Aistriúchán go Gaeilge le: DCU LS

Réamhfhocal

In Éirinn, agus go hidirnáisiúnta, tá cur síos déanta go beacht ar an tábhacht mhór a bhaineann le luathbhlianta leanaí chun iad a ullmhú lena bpoitéinseal iomlán a bhaint amach ina saol pearsanta, sóisialta agus oibre. Mar aitheantas ar an méid sin, bhunaigh mo Roinnse an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige in 2002. Ceann de phríomhaidhmeanna an ionaid is ea creat náisiúnta a fhorbairt don ardchaighdeán a bheidh inúsáidte i ngach timpeallacht a dhéanann cúram do leanaí ó aois a mbreithe go sé bliana. Tacóidh an creat le forbairt agus seachadadh eispéiris luathoideachais ar ardchaighdeán a thabharfaidh an tús is fearr is féidir dár gcuid leanaí agus iad ar thóir na foghlama agus na sástachta pearsanta ar feadh a saoil.

Le go mbainfeadh an creat náisiúnta le gach duine atá meáite ar ardchaighdeán a chur ar fáil i gcúram agus oideachas luathóige, aithnítear nár mhór an creat sin a bhunú ar bhonn láidir taighde agus comhchomhairle. Ní mór dó comhordú agus comhtháthú a chothú ar fud na réimsí éagsúla cleachtais agus beartais a bhaineann le soláthar an chúraim agus an oideachais luathóige. Ní mór dó a bheith sách solúbtha freisin chun saibhreas an eispéiris agus an tsaineolais atá mar bhonn le tóraíocht an ardchaighdeáin i dtimpeallachtaí na luathóige in Éirinn a ghlacadh san áireamh.

Is céim thábhachtach é foilsiú na cáipéise seo, Spléachadh ar an Ardchaighdeán: Athbhreithniú ar Bheartas, Cleachtas agus Taighde Náisiúnta a bhaineann leis an Ardchaighdeán i gCúram agus Oideachas Luathóige in Éirinn 1990-2004, maidir le forbairt an chreata um ardchaighdeán. Baintear úsáid as dearcadh iomlánaíoch i leith an chúraim agus an oideachais luathóige san athbhreithniú seo. Tá beartas, cleachtas agus taighde, a bhaineann leis na hearnálacha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí ó aois a mbreithe go sé bliana, curtha i dtoll a chéile chun an spléachadh is cuimsithí is féidir a thabhairt.

Is léiriú é líon na gcáipéisí a ndearnadh anailís orthu i rith an athbhreithnithe seo ar spleodar na hearnála cúraim agus oideachais luathóige agus ar an obair iontach atá ar siúl sna timpeallachtaí éagsúla ar fad a dhéanann cúram do leanaí an-óg ar fud na tíre. Tugtar aitheantas speisialta do chomhoibriú agus do fhlaithiúlacht lucht leasa na hearnála. Tá a rannpháirtíocht fíorthábhachtach chun a chinntiú go bhfuil an taighde uilechuimsitheach agus ionadaíoch ar chách. Chuige sin, gabhaim buíochas le gach duine a raibh baint acu leis an obair seo.

Acmhainn luachmhar a bheidh san athbhreithniú seo dóibh siúd ar fad atá meáite ar luatheispéiris ar ardchaighdeán a chur ar fáil do leanaí óga. Cinnteoidh sé go mbeidh forbairt an oideachais agus an chúraim luathóige amach anseo bunaithe ar ghaois na n-eispéireas reatha agus roimhe seo. Cloch mhíle atá i bhfoilsiú an taighde ar an mbóthar chuig na caighdeáin is airde is féidir a bhaint amach don ardchaighdeán i gcúram agus oideachas na mball is óige den tsochaí.

Ar deireadh, déanaim comhghairdeas leis an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige as an tuarascáil lánléargais agus uilechuimsitheach seo ar an ardchaighdeán i gcúram agus oideachas luathóige in Éirinn a chur le chéile.

Mary Hanafin

Mary Hanafin, TD
An tAire Oideachais agus Eolaíochta

Clár

Acrainmí ..... **V**

Focal Buíochais ..... **VI**

Roinn 1 - Réamhrá **1**
1.1 An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige 1
1.2 Achoimrí 3

Roinn 2 - Modheolaíocht **4**
2.1 Réamhrá 4
2.2 Faisnéis a Bhailiú 4
2.3 Torthaí a Chur i Láthair 5
2.3.1 Litir Iarratais 5

Roinn 3 - Comhthéacs Stairiúil **6**
3.1 Réamhrá 6
3.2 Fás Socheacnamaíoch agus Déimeagrafach 1960-1990 7
3.3 Leanaí a Thógáil agus Cúram Leanaí 1960-1990 7
3.4 Oideachas na Luathóige 1960-1990 8
3.5 Achoimre 8
3.6 Comhthéacs 1990 - 2004 9
3.7 Coincheapú Leanaí 1990-2004 10
3.8 Tátail 11

Roinn 4 - Forbairtí Beartais 1990 - 2004 ..... **12**
4.1 Réamhrá 12
4.1.1 Beartais a bhaineann le Gníomhaireachtaí Reachtúla 13
4.2 Roinn an Taoisigh/Rialtas Éireann 13
4.3 An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí 16
4.3.1 Cláir an DJELR 19
4.4 An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 23
4.5 An Roinn Sláinte agus Leanaí 35
4.6 An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh 38
4.7 Peirspictíochtaí Idirnáisiúnta 40
4.8 Beartais a bhaineann le Gníomhaireachtaí Neamh-Reachtúla 42
4.8.1 Eagrais Náisiúnta Dheonacha um Chúram Leanaí (NVCO) 43
4.8.2 Eagraíochtaí Eile 49

Roinn 5 Forbairtí Cleachtais 1990 -2004 ..... **54**
5.1 Réamhrá 54
5.2 Dearcaí i leith an Ardchaighdeáin 54
5.3 An tArdchaighdeán a Shainmhíniú, a Mheasúnú agus Tacú leis - Dearcaí Reachtúla 55
5.4 An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 55
5.4.1 An Curaclam 56
5.4.2 Cigireacht ar Scoileanna 58
5.4.3 Tionscnaimh Spriocdhírithe 62
5.5 An Roinn Sláinte agus Leanaí (DHC) 65
5.5.1 An Próiseas Cigireachta 65

5.5.2 An Chigireacht ar Sheirbhísí Réamhscolaíochta a chur i bhfeidhm 66
5.5.3 Scéim Fógartha Dheonaigh d'Fheighlithe Linbh 67
5.5.4 Tionscnaimh Eile 68
5.6 An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí 70
5.7 Coistí Cúraim Leanaí Cathrach/Contae 72
5.8 Ardchaighdeán a shainmhíniú, a mheasúnú agus tacaíocht a thabhairt dó - Dearcaí na gCleachtóirí 74
5.9 1990 - 2000 74
5.10 2000 - Inniu 76
5.10.1 Barnardos 76
5.10.2 Coiste Cúram Leanaí Chontaetha na Teorann 78
5.10.3 Childminding Ireland 79
5.10.4 Children in Hospital Ireland 80
5.10.5 High/Scope Ireland 80
5.10.6 IPPA, The Early Childhood Organisation 81
5.10.7 National Children's Nurseries Association (NCNA) 83
5.10.8 Pavee Point 85
5.10.9 St. Nicholas Montessori Society of Ireland (SNMSI) 86
5.10.10 Comhoibrithe Eagraíochtaí Náisiúnta Deonacha Cúraim Leanaí 86
5.11 Achoimre 87
5.12 Ardchaighdeán a Shainmhíniú, a Mheasúnú agus Tacaíocht a thabhairt dó- An Tionchar atá ag Oideachas agus Oiliúint an Chleachtóra 88
5.12.1 Athbhreithniú ar Oideachas Múinteoireachta Bunscoile 91

Roinn 6 - Forbairtí Taighde 1990-2004 93
6.1 Réamhrá 93
6.2 1990 - 1998 94
6.3 1998 - go n-uige seo 96
6.4 Acadóirí ar leithligh 1990-2004 98

Roinn 7 - Tátail agus Moltaí 105
7.1 Ciallachais Ghinearálta 105
7.2 Ardchaighdeán a Shainmhíniú 106
7.3 Ardchaighdeán a Mheas 107
7.4 Tacaíocht a thabhairt d'Ardchaighdeán 108
7.5 Moltaí 109
7.5.1 Ginearálta 109
7.5.2 Moltaí don Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán a Fhorbairt 109

Roinn 8 - Tagairtí 111

Roinn 9 - Aguisíní 112

Liosta Táblaí agus Figiúirí

Tábla 1: Leibhéal freagartha ar an iarratas ar fhaisnéis 5
Tábla 2: Achoimre téamúil ar chláir Ardchaighdeáin de chuid na nEagras Náisiúnta Deonach um Chúram Leanaí 87
Fíor 1: Gnéithe den Taighde a thacaíonn leis an NFQ 2

Acrainmí

ADM	Bainistíocht Forbartha Limistéar
BCCC	Coiste Cúram Leanaí Chontaetha na Teorann
BMW	Réigiúin na Teorann, na Lár-Tíre agus an Iarthair
CCC	Coiste Cúram Leanaí Contae
CEA	Ionad na nGradam Feabhais
CECDE	An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige
CHI	Leanaí in Ospidéil na hÉireann
CPI	An Tionscnamh Spraoighrúpa Pobail
CSO	An Phríomh-Oifig Staidrimh
DES	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
DHC	An Roinn Sláinte agus Leanaí
DSCFA	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh
DELG	An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil
DELR	An Roinn Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
DIT	Institiúid Theicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
DJELR	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
DoE	An Roinn Oideachais
DoH	An Roinn Sláinte
DSCFA	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
DSW	An Roinn Leasa Shóisialaigh
EACH	Cumann na hEorpa um Leanaí in Ospidéil
ECCE	Curam agus Oideachas Luathóige
ECEA	An Ghníomhaireacht um Oideachas Luathóige
ECERS	Scála Rátála do Thimpeallachtaí Luathóige
EEL	Luathfhoghlaim Éifeachtach
EOCP	An Clár Comhdheiseanna do Chúram Leanaí
ERC	An Foras Taighde ar Oideachas
FÁS	Foras Áiseanna Saothair
HSCL	Scéim Chaidrimh um Baile, um Scoil, agus um Chomhphobal
ICTU	Comhar Ceardchumann na hÉireann
INTO	Cumann Múinteoirí Éireann
KCCC	Coiste Cúram Leanaí Chontae Chill Dara
NAEYC	An Cumann Náisiúnta um Oideachas do Leanaí Óga
ANAPS	An Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaine
NCCA	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
NCCC	Coiste Comhordaithe Náisiúnta um Chúram Leanaí
NCNA	An Cumann Náisiúnta Naíolanna
NCO	An Oifig Náisiúnta Leanaí
N.D.	Gan Dáta
NDA	An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
NDP	An Plean Forbartha Náisiúnta
NDP/CSF	An Plean Forbartha Náisiúnta/Creat Tacaíochta Pobail
NESC	An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialach
NFQ	Creat Náisiúnta um Ardchaighdeán
NOW	Deiseanna Nua do Mhná
NVCO	Eagrais Náisiúnta Dheonacha um Chúram Leanaí
OECD	An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta
QE	Ardchaighdeán san Oideachas
QIP	Clár an Ardchaighdeáin a Fheabhsú
SEP	Próifíl Féinmheastóireachta
SESE	Oideachas Sóisialta, Comhshaoil agus Eolaíochta
SNMSI	St. Nicholas Montessori Society of Ireland
SPHE	Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte
SWAHB	Bord Sláinte Cheantar an Iardheiscirt
UK	An Ríocht Aontaithe
UN	Na Náisiúin Aontaithe
WHB	Bord Sláinte an Iarthair
WSE	Meastóireacht sa Scoil Iomlán

Focal Buíochais

Is mian leis an LFOLÓ buíochas a ghabháil leo siúd go léir a chuir litríocht ar fáil don athbhreithniú seo, as ucht an chúnaimh as cuimse a thug siad dúinn. Tá méid na bibleagrafaíochta ina fhianaise ar a n-iarrachtaí maidir leis seo, agus ar na hiarrachtaí sonraíocha atá á ndéanamh in Éirinn chun ardchaighdeán i gcúram agus oideachas luath-óige (COLÓ) a thuigsint agus a bhaint amach.

Murach comhoibriú agus flaithiúlacht an iliomad daoine agus eagraíochtaí ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnda agus áitiúil, ní fhéadfaimís a leithéid d'fhorbhreathnú cuimsitheach ar pholasaí, cleachtas agus taighde i dtaca le hardchaighdeán i gCOLÓ a thabhairt amach.

Táimid ag súil lena thuilleadh agallaimh agus díospóireachta ar an gceist thábhachtach seo agus sinn ag dul ar aghaidh le forbairt na Creatlaí Náisiúnta Ardchaighdeáin.

Roinn 1

Réamhrá

Tá an-lúcháir ar an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (CECDE) an tuarascáil seo faoi ardchaighdeán i gcúram agus in oideachas luathóige (ECCE) a chur i láthair na hearnála. Is toradh é an foilsiú seo ar athbhreithniú nach beag litríochta a bhaineann le téama an ardchaighdeáin in ECCE in Éirinn ó 1990 go dtí an lá atá inniu ann. Is díol misnigh é go bhfuil spéis leanúnach á cur in ábhar an ardchaighdeáin agus go bhfuil go leor oibre ar bun faoi láthair chun cuidiú linn agus sinn ag iarraidh ardchaighdeán a bhaint amach don chúram leanaí in Éirinn. Díríonn an t-athbhreithniú náisiúnta seo ar cheist an ardchaighdeáin ó thrí ghné éagsúla, gnéithe a bhfuil baint acu lena chéile mar sin féin, eadhon:

- Beartas
- Cleachtas
- Taighde

Níorbh fhéidir an t-athbhreithniú seo a dhéanamh gan comhoibriú ó go leor eagraíochtaí agus daoine aonair ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Tá an CECDE an-bhuíoch dóibh siúd ar fad a roinn a gcuid ama agus saineolais linn agus sinn ag cur na tuarascála seo le chéile.

1.1 An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (LFOLO)

Sa bhliain 2001, thug an tAire Oideachais agus Eolaíochta cuireadh d'Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT) agus Coláiste Phádraig, Droim Conrach chun Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige a bhunú i gcomhar lena chéile. Lainseáladh an tIonad i mí Dheireadh Fómhair 2002 chun forbairt agus comhordú a dhéanamh ar Chúram agus Oideachas na Luath-Óige in Éirinn de

bhun na gcuspóirí a leagadh amach sa Pháipéar Bán *'Ready to Learn'* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta [DES], 1999a). Tá dualgas oibre an Ionaid cuimsitheach agus é ag díriú ar gach gné den ECCE do leanaí ó bhreith go haois sé bliana, agus ag cruthú naisc idir go leor deighiltí traidisiúnta, mar shampla idir oideachas agus cúram agus idir timpeallachtaí do luathbhlianta an linbh agus an córas foirmiúil oideachais.

Laistigh den chomhthéacs sin, is iad **cuspóirí** an Lárionaid ná:

1. Is é feidhm chroíláir CECDE ná Creat Náisiúnta don Ardchaighdeán (NQF) a fhorbairt. Is éard a bhíonn i gceist leis sin caighdeáin a leagan síos do gach timpeallacht ina mbíonn leanaí idir aois náid go sé bliana. Baineann sé, freisin, le sásraí cuí tacaíochta a fhorbairt do dhaoine a bhíonn ag obair le leanaí mar aon le córas measúnachta a chinnteoidh go mbainfear ardchaighdeán amach agus go ndéanfar an t-ardchaighdeán sin a chothú.

2. Tá an CECDE i mbun moltaí a chur i ngníomh faoi láthair, moltaí a bhaineann le hidirghabháil spriocdhírithe do leanaí atá faoi mhíbhuntáiste agus do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu san aoisghrúpa breith go sé bliana don DES.

3. Ceann de chuspóirí an CECDE is ea an bhunobair a dhéanamh chun Gníomhaireacht Oideachais Luathóige (ECEA) a bhunú, gníomhaireacht a bheartaítear sa Pháipéar Bán, Ready to Learn (CECDE, 2001).

Dá bhrí sin, is é príomhfheidhm an Lárionaid ná **Creat Náisiúnta um Ardchaighdeán (NFQ)** a chur le chéile. Laistigh den NFQ, is féidir trí eilimint ar leithligh a aithint. Ar an gcéad dul síos, beidh sé le feiceáil ó na caighdeáin cén tuiscint a bhíonn againn ar ardchaighdeán do leanaí i gcomhthéacs na hÉireann. Ar an dara dul síos, cuirfear le chéile córas cigireachta nó **measúnachta** chun a chinntiú go mbainfear ardchaighdeán amach agus go gcothófar é. Ar deireadh thiar thall, cuirfear infrastruchtúr le chéile agus cuirfear i bhfeidhm é chun **tacú** leo

Fíor 1: Gnéithe den taighde a thacaíonn leis an NFQ



siúd a bhíonn ag obair in earnáil an ECCE chun an t-ardchaighdeán atá leagtha amach sna caighdeáin a bhaint amach.

Tá roinnt tionscadal breise taighde tugtha chun críche ag an Ionad, tionscadail a chuidíonn go díreach leis an NFQ a chur le chéile. Reáchtáladh sraith seimineár comhairleach in 2003 agus foilsíodh tuarascáil, *Ard-Chaighdeán Faoi Chaibidil*, (CECDE, 2004b). Tá *'A Conceptual Framework on how Young Children Develop and Learn in Ireland'* (CECDE, le foilsiú A) sna céimeanna deiridh dá athbhreithniú. Ina theannta sin tá *Making Connections*, *a Review of International Policy, Practice and Research Relating to Quality in Early Childhood Care and Education* tugtha chun críche agus foilseofar níos déanaí i mbliana é (CECDE, Le foilsiú B).

1.2 Achoimrí

Tá an Mhodheolaíocht leagtha amach i **Roinn 2** agus tugann sí sin cuntas ar bhailiú agus ar thiomsú na sonraí don athbhreithniú.

Tugann **Roinn 3** forléargas gairid staire ar an ardchaighdeán i gcomhthéacs na hÉireann ó 1960-1990 i leith. Díríonn sé sin ar chúinsí níos leithne socheacnamaíocha, ar chúram leanaí agus ar luathoideachas sa tréimhse sin. Ina theannta sin, tugtar comhthéacs achomair don tréimhse 1990-2004.

Déantar gnéithe beartais in ECCE a mheas i **Roinn 4**. Ar an gcéad dul síos, déantar cur síos ar bheartais gníomhaireachtaí reachtúla agus ranna éagsúla an rialtais. Ar an dara dul síos, déantar athbhreithniú ar bheartais gníomhaireachtaí neamhreachtúla.

Tugann **Roinn 5** cuntas ar fhorbairtí cleachtais a bhaineann le hardchaighdeán in ECCE. Scrúdaítear an litríocht a sholáthraíonn go leor eagraíochtaí, gníomhaireachtaí agus ranna rialtais a mbíonn dualgas oibre orthu maidir le seirbhísí ECCE a sheachadadh.

Déantar athbhreithniú ar fhorbairtí taighde i **Roinn 6**. Roinntear an tréimhse ina dá chuid –1990-1998 agus 1998-2004 – de bharr níos mó taighde a bheith déanta sa tréimhse is déanaí. Baineann an taighde a chuirtear i láthair le heagraíochtaí agus le daoine aonair araon.

Tarraingíonn **Roinn 7** le chéile an raon leathan ciallachas molta d'fhorbairt an NFQ, moltaí a tháinig chun cinn ón athbhreithniú a rinneadh ar litríocht agus cuirtear tacar tátal agus moltaí i láthair lena measúnú.

Tá tagairtí liostaithe i **Roinn 8.** Tá roinnt Aguisíní le fáil i **Roinn 9**, lena n-áirítear mionsonraí faoi litreacha a seoladh amach chuig eagraíochtaí agus liosta eagraíochtaí a ndeachthas i dteagmháil leo.

Rionn 2

Modheolaíocht

2.1 Réamhrá

Is tuairisc í seo ar an athbhreithniú litríochta a rinneadh ar cháipéisí a bhaineann le ceist an ardchaighdeáin in ECCE in Éirinn. Is cuid é an taighde de cheithre philéar taighde atá ina mbonn d'fhorbairt an NFQ in ECCE faoi mar a leagtar amach sa Réamhrá. Is é an cuspóir atá againn sa tuarascáil seo ná anailísiú a rinneadh ar thaighde, ar bheartas agus ar chleachtais reatha ó thaobh an ardchaighdeáin in ECCE de a chur i láthair. Leagadh amach paraiméadair an athbhreithnithe seo chun teacht le foilsiú an Achta um Chúram Leanaí, 1991 (An Roinn Sláinte [DoH], 1991) go dtí an lá inniu.

2.2 Faisnéis a Bhailiú

In 2002-2003, rinne an CECDE *Iniúchadh ar Thaighde in Éirinn maidir le Cúram agus Oideachas na Luath-Óige 1990-2003* (CECDE, 2003b). Ba é an foilseachán sin an chéad fhoinse faisnéise don athbhreithniú litríochta seo. Thuairiscigh an tIniúchadh, áfach:

> *Is beag taighde atá déanta, rud is ionadh, faoi Ardchaighdeán i gcomhthéacs na hÉireann, taighde faoi thráscairí ardchaighdeáin ná measúnú a dhéanamh ar ghnéithe níos doláimhsithe nó níos dinimiciúla an ardchaighdeáin.* (CECDE 2003b:141).

Cé gur coinníodh an t-iniúchadh cothrom le dáta go leanúnach ar líne (www.cecde.ie), bhí a fhios againn go raibh go leor obair forbartha ar siúl ag an am a rabhthas ag tabhairt faoin iniúchadh. Dá bhrí sin, bheartaíomar scríobh chuig eagraíochtaí a chreideamar a mbeadh cáipéisí acu le

tabhairt dúinn don athbhreithniú reatha litríochta. Seoladh litir (féach Agúisín 1) chuig eagraíochtaí éagsúla (féach Aguisín 2) i mí Eanáir 2004 agus iarradh orthu aon cháipéisí a d'fhéadfadh a bheith ábhartha a roinnt linn chun athbhreithniú litríochta a dhéanamh ar an ardchaighdeán in ECCE. Cuireadh spriocdháta do sheoladh ar ais na n-ábhar, an 27 Feabhra 2004, san áireamh. Bhí tús lag le hais-seoladh na bhfreagraí. Faoi am an spriocdháta, áfach, bhí líon suntasach de na heagraíochtaí ar díríodh orthu tar éis freagra a thabhairt agus bhí cáipéisí ábhartha seolta isteach acu, bhí léirithe acu go mbeadh ábhar le seoladh isteach acu nó rinne siad amach nach raibh aon ábhar ábhartha acu le seoladh isteach. Bunaithe ar an bhfreagra tosaigh sin, bheartaíomar ar roinnt glaonna teileafóin a chur ar eagraíocht nár thug aon fhreagra faoin spriocdháta. Bhí tairbhe ag baint leis sin agus tháinig méadú ar líon na n-ábhar a bailíodh.

2.3 Torthaí a Chur i Láthair

Maidir leis an dá straitéis ar leithligh a bhain le litríocht ábhartha don athbhreithniú seo a aithint, thug siad líon suntasach litríochta a bhain le ceist an ardchaighdeáin in ECCE in Éirinn. Bhí formhór mór na bhfoilseachán i mbunachar sonraí taighde na hÉireann, agus léiríonn sé cuimsitheacht na faisnéise atá laistigh den bhunachar sonraí sin. Ach teagmháil a bheith déanta le hearraíochta fuaireamar níos mó cáipéisí agus léiríodh go bhfuil go leor foilsitheoireachta ar siúl maidir le ceist an ardchaighdeáin.

2.3.1 Litir Iarratais

Maidir leis na heagraíochtaí ar cuireadh litreacha chucu agus glaonna teileafóin orthu ina dhiaidh sin, is féidir iad a rangú mar eagraíochtaí Deonacha, comhlachtaí reachtúla nó Coistí Cúram Leanaí Contae (CCC). Léiríonn an tábla thíos na freagraí a furarthas.

Tábla 1: Leibhéal freagartha ar an iarratas ar fhaisnéis

Cineál eagraíochta	Eagraíocht Dheonach	Comhlacht Reachtúil	Coiste Cúram Leanaí Contae
Leibhéal freagartha	(L=12)	(L=22)	(L=33)
Cáipéisí ábhartha seolta	9	12	7
Cáipéisí ábhartha gan a bheith ar fáil faoi láthair - i lár a bhfoilsithe	0	0	3
Gan aon ábhar ábhartha	1	4	8
Gan fhreagra	2	6	15

Roinn 3

Comhthéacs Stairiúil

3.1 Réamhrá

> *Childhood is both a biological reality and a social construct. It is defined not only by biology, but also by a particular society at a particular time in a particular way which represents the view that society has of childhood.* (Hayes, 2002:21)

Maidir leis an gcoincheap a bhíonn againn ar ardchaighdeán i dtéarmaí ECCE, agus na hóige féin, bíonn sé nasctha le comhthéacs agus baineann sé le ham sonrach. Rinneadh sainmhíniú agus ath-shainmhíniú ar an gcoincheap sin agus tháinig forbairt mhór ar an tuiscint atá againn ar ardchaighdeán idir an dá linn. Fearacht gach forbartha, bhí baint ag forbairtí níos leithne polaitíochta, eacnamaíochta, sóisialta, cultúir agus creidimh le múnlú na tuisceana sin agus rinneadh an anailís laistigh den fhís leathan sin. Cé go n-aithnímid anois go bhfuil cúram agus oideachas *"...inextricably linked..."* (DES, 1999a:45), chaití leo mar nithe astu féin a bheag nó a mhór roimh 1990.

Is rud sách nua é an téarma 'Ardchaighdeán' in ECCE. Go stairiúil, cé go mbíodh caighdeáin agus critéir áirithe ag baint le seirbhísí ECCE, ní minic an téarma ardchaighdeán a bheith san fhoclóir nó sna cáipéisí a bhain le ECCE. Feicimid an téarma sin ag teacht ar an bhfód de réir a chéile ó dheireadh na 1980idí agus tús na 1990idí agus sa lá atá inniu ann ní labhraímid faoi sheirbhísí gan úsáid a bhaint as an téarma 'ardchaighdeán'.

3.2 Fás Socheacnamaíoch agus Déimeagrafach 1960-1990

Sna 1960idí tosaíodh ag díriú ar bheartas oideachais agus sóisialta in Éirinn agus bhí go leor gníomhaíochtaí ar siúl ina leith sin. D'éascaigh agus chuir roinnt fachtóirí idirnasctha é sin lena n-áirítear rachmas eacnamaíoch, líon teaghlaigh a bheith níos lú, tionchar níos lú ag an Eaglais Chaitliceach, níos mó uirbiúcháin agus tionsclúcháin agus tionchair idirnáisiúnta. De bharr gur cuireadh deireadh leis an mbac a bhí le mná pósta oibriú lasmuigh den teach, go raibh níos mó fostaíochta le fáil agus de bharr díth airgid ghlac níos mó ban páirt sa líon lucht oibre agus bhí gá le cúram leanaí a chur ar fáil lasmuigh den teach.

Tháinig athrú suntasach ar smaointeoireacht agus ar bheartas, rud a d'fhág gur measadh an t-oideachas a bheith ina infheistíocht seachas ina chaiteachas sóisialta, ag tosú sa bhunscoil. Ina theannta sin, chuir an stát le roinnt sochar uilíoch do leanaí cosúil le Sochar Leanaí, agus cuireadh tús le roinnt seirbhísí agus idirghabhálacha roghnacha. Den chéad uair riamh, leagadh béim ar leanaí a raibh deacrachtaí foghlama acu agus ar leanaí a raibh riachtanais speisialta acu. Cuireadh srian le go leor de mhianta an ama sin, áfach, de bharr dhrochstaid an gheilleagair agus an-ghanntanas fostaíochta.

3.3 Leanaí a Thógáil agus Cúram Leanaí 1960-1990

Léiríonn staidéir a dhírigh ar leanaí ó na 1960idí ar aghaidh difríochtaí suntasacha idir an t-am sin agus tús an chéid, am a mbíodh leanaí mar chuid de theaghlaigh mhóra, am a ndéantaí cúram dóibh laistigh den teach de ghnáth, bíodh sin ag a máthair nó ag duine eile sa teaghlach. Cé go raibh ról níos mó ag aithreacha i ngach gné de shaol an teaghlaigh, bhí an bhaint a bhíodh acu le cúram agus oideachas leanaí sna luathbhlianta fós níos lú ná ról na máithreacha sna cúraimí sin (Hannan agus Katsaiouni, 1977:43; Scheper-Hughes, 1979:148). Tháinig deireadh leis an luathóige ag aois seacht mbliana de ghnáth agus dhéantaí é a cheiliúradh le saicrimint an Chomaoinigh Naofa. Ina dhiaidh sin, chaitheadh buachaillí níos mó ama lena n-aithreacha agus iad á sóisialú sna rólanna a bheadh acu sa todhchaí, agus thugadh an mháthair faoin bpróiseas céanna leis na cailíní laistigh den teach. Tá fianaise starógach ann gurbh fhearr le tuismitheoir na buachaillí seachas na cailíní de bhrí gur chinntigh na buachaillí go leanfaí ar aghaidh leis an athairlíneacht (Russell, 1979:127; Scheper-Hughes, 1979:169). Ní fheictí leanaí go follasach sa phobal; is minic a choinnítí sa bhaile iad go dtí aois scoile agus ní bhídís le feiceáil sa tsochaí. Maidir le leanaí a bhí faoi mhíchumas ó bhreith, dhéanadh a dteaghlach nó institiúidí carthanachta cúram dóibh agus tá fianaise áirithe ann a thugann le fios go mbíodh náire éigin ag baint le leanaí a bhí faoi mhíchumas.

De bharr nach mbíodh an oiread sin daoine ón mórtheaghlach sa teach bhíodh níos lú tacaíochta le fáil ag an máthair agus í i mbun ról an chúramóra leanaí. Dúirt tráchtairí gur laghdaigh sé sin caighdeán an chúraim sa tréimhse sin, de bhrí go mbíodh éilimh mhóra ar mháithreacha laistigh den teach agus lasmuigh de agus gan tacaíocht bhreise a bheith ann ó aithreacha nó ó ghníomhaireachtaí seachtracha (Scheper-Hughes, 1979:193).

I gcásanna áirithe, d'fhág sé sin go gcoinnítí an leanbh i gcliabhán nó i gcruib, go gcaiteadh an leanbh níos lú ama i mbaclainn an tuismitheora nó ag fáil barróg, nach gcuirtí suas leis an leanbh a bheith ag gol nó ag tarraingt airde air/uirthi féin agus ba é an toradh a bhíodh air sin go minic ná neamhaird a thabhairt ar an leanbh nó pionós corpartha a úsáid, rud a tuairiscíodh a bheith sách forleathan sna luathbhlianta (Russell, 1979:122; Scheper-Hughes, 1979:152; Curtin agus

Varley, 1984:35) Maidir le torthaí na staidéar sin, déantar iad a dhearbhú in go leor beathaisnéisí agus cuimhní cinn a foilsíodh i rith an fichiú haois (Ferriter, 2003).

3.4 Oideachas na Luathóige 1960-1990

Tháinig an curaclam a bhí i bhfeidhm sna 1960idí ó na 1920idí nuair a rinne Rialtas na hÉireann, tar éis dóibh neamhspleáchas a bhaint amach, iarracht clár curaclaim a chur le chéile a thiocfadh le hidéil, físeanna agus mothúcháin na hÉireann. Measadh na scoileanna a bheith mar phríomhionad chun an Ghaeilge a athbheochan agus tugadh stádas gradamach don teanga. D'fhonn freastal ar an bhfócas athnuaite sin, rinneadh an curaclam a bhí ann a laghdú go dtí na hábhair chroíláir d'fhonn a chinntiú go mbeadh fócas dian ar ghnéithe tábhachtacha na Gaeilge, an cultúr agus an stair. Leagadh béim ar leith ar ranganna naíonán ina ndéanfaí an teagasc ar fad trí mheán na Gaeilge d'fhonn bonn láidir a chur faoin nGaeilge don chuid eile de scolaíocht na leanaí.

Tháinig athrú ar an bhfócas laistigh den chóras oideachais ó dheireadh na 1960idí, ó fhealsúnachta náisiúnacht agus spioradálta go fealsúnacht a bhain le hinfheistíocht chun críche fás eacnamaíochta agus rachmais náisiúnta.[a] Rud mór a chuir leis sin ba ea tuarascáil chúlra ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) *Investment in Education* (An Roinn Oideachais [DoE], 1965a). Tharraing sé sin aird ar go leor de na laigí a bhain leis an gcóras oideachais agus rinne sé moltaí d'athchóiriú radacach. Tháinig laghdú de réir a chéile ar an gcóimheas idir an múinteoir agus líon na ndaltaí agus tosaíodh ar i bhfad níos mó airgid a chaitheamh ar oideachas sna 1960idí agus sna 1970idí. Ina theannta sin, díríodh níos mó ar leanaí a bhí ag fulaingt míbhuntáiste oideachasúil agus ar leanaí a raibh riachtanais speisialta acu laistigh den chóras oideachais ó na 1960idí ar aghaidh.

Tugadh an t-athchóirú ar an gcuraclam bunscolaíochta, An Curaclam Nua, isteach in 1971 (DoE, 1971); ba churaclam é seo a rabhthas ag súil leis le fada an lá. Ba é a bhí ann ná athrú suntasach ó thaobh béime de maidir le comhthéacs agus modheolaíocht ón gcuraclam a chuaigh roimhe. Áiríodh air raon leathan ábhar agus úsáid á baint as modheolaíochtaí leanbhlárnaithe, heorastúila agus foghlama bunaithe ar thaiscéaladh. Measadh an leanbh a bheith gníomhach ina c(h)uid foghlama féin agus leagadh béim mhór ar thimpeallacht na foghlama, agus bhí solúbthacht sa chlár chun freastal ar riachtanais aonair agus céimeanna forbartha gach linbh. Níor cuireadh ionchais churaclaim 1971 i ngníomh ina n-iomláine de bharr srianta airgeadais a chuir teorainn le caiteachas ar oiliúint ionghairme agus acmhainní, agus níor cuireadh tuismitheoirí ná iar-bhunscoileanna ar an eolas i gceart faoi na hathruithe (Coolahan, 1981). Cuireadh prionsabail agus bunfhealsúnacht an Churaclaim Nua i bhfeidhm, áfach, agus ba mhór an feabhsú é sin ar an gcuraclam cúng meicniúil a bhí i bhfeidhm roimhe sin. Leag an *White Paper on Educational Development* (DoE, 1980) agus an *Programme for Action in Education* (DoE, 1984) amach beartas agus straitéis an rialtais i leith an oideachais agus tá an straitéis sin maidir le trédhearcacht agus cáipéisíocht níos fearr ó thaobh beartais oideachasúil fós ann.

3.5 Achoimre

Cuireadh spéis níos mó in ECCE sa tréimhse 1960-1990 ar go leor cúiseanna. Ar an gcéad dul síos, bhí taighde ag teacht chun cinn a bhí ag leagan béime ar thábhacht ECCE maidir le poitéinseal sna blianta tar éis na luathbhlianta a bhaint amach agus bhíothas ag léiriú gur mhó na buntáistí a bheadh ann do leanaí a bhí faoi

mhíbhuntáiste. Bhí Éire oscailte níos mó agus níos mó d'idéanna Eorpacha agus idirnáisiúnta agus foghlaimíodh go leor ó fhorbairtí ar fud an domhain. De bharr an geilleagar a bheith ag athrú ó bhonn talúntais go bonn teicneolaíochta, fágadh go raibh níos mó uirbiúcháin ar siúl. D'fhág sé sin go mbíodh teaghlaigh ina gcónaí i mbailte agus i gcathracha i gcéin óna mórtheaghlaigh a mbíodh tábhacht nach beag ag baint leo maidir le cúram leanaí sna blianta roimhe sin. Ní ollmhaitheas don mhionlach uasalaicmeach a bhí san oideachas a thuilleadh sa tréimhse sin ach riachtanais do ghluaisteacht eacanamaíoch agus shóisialta. Thosaigh na fir chéile ag tabhairt níos mó tacaíochta do na mná sa dá ról a bhí acu, obair agus cúraimí teaghlaigh.

I 1971, le tabhairt isteach curaclaim leanbhlárnaithe don oideachas bunscolaíochta, leagadh béim speisialta ar an oideachas luathóige. Feabhsaíodh modheolaíochtaí teagaisc agus baineadh úsáid níos mó as timpeallacht agus eispéiris an linbh roimhe sin. Ar an dul chun cinn a rinneadh bhí fócas speisialta ar leanaí a d'fhulaing míbhuntáiste agus ar leanaí a raibh riachtanais speisialta acu.

3.6 Comhthéacs 1990 – 2004

Tháinig athruithe suntasacha ar an tréimhse ó 1990 go dtí an lá atá inniu ann i ngach gné den saol in Éirinn. D'fhás an daonra ó 3.6 milliún i 1996 go 3.9 milliún faoi láthair (An Phríomh-Oifig Staidrimh [CSO], 2002a). Ag an am céanna leis sin, tháinig méadú ar líon na leanaí faoi bhun sé bliana d'aois ó 256,703 i 1996 go 323,026 in 2001 (CSO, 2002b). Tá comhdhéanamh dhaonra na hÉireann athraithe go mór le blianta beaga anuas agus tá éagsúlacht níos mó cultúir ann, ar daoine nach náisiúnaigh de chuid na hÉireann iad 91.6% den daonra; ar daoine ag a bhfuil déshaoránacht iad 1.3% den daonra agus ar náisiúnaigh eachtracha iad 5.8% den daonra (CSO, 2002a). Tháinig méadú ar líon na n-iarratas ar thearmann in Éirinn ó sheacht gcinn is tríocha i 1992 go nach mór 11,000 in 2001. Meastar gur tháinig, sa bhliain 2000 amháin, os cionn 5,000 leanbh a bhí ag lorg tearmainn go hÉirinn (Fanning *et al.*, 2001).

Maidir leis an teaghlach traidisiúnta a shamhlaítear i mBunreacht na hÉireann (Rialtas Éireann, 1937), tá iliomad múnlaí ag teacht ina áit de réir a chéile. Thit an meánlíon leanaí de réir teaghlaigh ó 2.2 i 1981 go 1.6 in 2002 (CSO, 2002e). Tá fás as cuimse tagtha ar gheilleagar na hÉireann ó thús na 1990idí. I 1998, bhí 88% de dhaoine i bhfostaíocht, figiúr a d'ardaigh go 96% in 2001 (CSO, 2002c). D'ardaigh rannpháirtíocht na mban san ionad oibre ó 35.8% i 1990 go 44.3% i 1998 agus go 48.8% in 2002 (CSO, 1990-1997; CSO, 2002b). Is é an toradh a bhí air sin ná éileamh níos mó a bheith ar chúram leanaí lasmuigh den teaghlach (An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí [DJELR], 1999) agus, cé nach bhfuil staitisticí ar fáil don soláthar tríd is tríd, tá an chosúlacht ar an scéal gur tháinig méadú ar sholáthar in ainneoin ganntanas a bheith i gcónaí ann (OECD, 2003).

In ainneoin fhás an gheilleagair, tá go leor teaghlach in Éirinn bocht. Maidir leis an éagothroime cúinsí a bhaineann le teaghlaigh in Éirinn, baineann éagothroime ioncaim leis na grúpaí is mó agus is lú ioncaim (Harvey, 2001). As an 759,000 duine a mhaireann faoi bhun líne na bochtaineachta, is leanaí iad 322,000 díobh, rud a fhágann go bhfuil an dara ráta is airde bochtaineachta linbh san Aontas Eorpach ag Éirinn (Harvey, 2001). Lainseál an Rialtas an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaine (NAPS) (An Roinn Leasa Shóisialaigh [DSW], 1996) i 1996 agus an NAPS athbheithnithe '*Building an Inclusive Society*' (An Roinn Gnóthaí Pobail, Sóisialacha agus Teaghlaigh [DSCFA], 2002) agus déanann siad sin cúram speisialta do ghrúpaí leochaileacha lena n-áirítear leanaí.

Cé gur fórsa cumhachtach agus ceannasach í an Eaglais Chaitliceach i saol na hÉireann fós, tá fianaise ann go bhfuil an tionchar agus an rialú a bhíodh aici ar mhuintir na hÉireann ag meathlú. D'fhág sé sin dearcaí i leith gníomhaíochtaí gnéis agus pósadh a bheith athraithe. Tá líon na n-idirscarthaí a dámhadh méadaithe go suntasach bliain ar bhliain ó chúig cinn is nócha i 1997 go 2,623 in 2000 (Harvey, 2001). Agus tionchar na hEaglaise Caitlicí ag meathlú, tá na meáin ag feidhmiú mar sholáthróirí córas luachanna ailtéarnacha (Tovey and Share, 2000). De bharr timpeallacht meán cumarsáide níos mó a bheith ann agus córais chumarsáide domhanda níos fearr a bheith ann bíonn tionchar níos mó ag cultúr domhanda agus ag dearcadh an iarthair i leith an indibhidiúlachais ar shochaí na hÉireann.

3.7 Coincheapú Leanaí 1990-2004

Ó thaobh na sochaí de, rinneadh an-dul chun cinn i rith na tréimhse sin maidir le haitheantas a thabhairt do chearta leanaí sa tsochaí. Áirítear air sin roinnt dearbhuithe agus coinbhinsiún faoi chearta leanaí mar aon le roinnt grúpaí abhcóideachta leanaí a bheith bunaithe chun dul i mbun feachtais ar son chearta na leanaí.

Sa tréimhse seo freisin, rinneadh forbairt ar raon leathan seirbhísí ECCE lasmuigh den teaghlach, san earnáil dheonach/phobail agus phríobháideach den chuid is mó. Áirítear orthu sin feighlíocht leanaí, altramas lae, grúpaí naíonraí, spraoighrúpaí, crècheanna, spraoighrúpaí pobail, naíonraí lae, réamhscoileanna agus ranganna naíonán i mbunscoileanna. Tá eagraíochtaí ballraíochta bunaithe ag go leor díobh sin chun tacaíocht a thabhairt do na soláthróirí seirbhíse. Bíonn baint ag na heagraíochtaí sin freisin le brústocaireacht a dhéanamh ar an stát chun caighdeán na seirbhísí a ardú do theaghlaigh agus do leanaí. Rinne an tAcht um Chúram Leanaí 1991 (DHC,1991) foráil den chéad uair do rialáil ghnéithe sláinte agus sábháilteachta na seirbhíse réamhscoile. Mar sin féin, níor bunaíodh an córas cigireachta go dtí 1997.

Ag an am céanna leis na hathruithe sochaí a luaitear roimhe seo tá coincheapú athnuaite leanaí laistigh de na cúinsí athraithe. Bíonn teaghlaigh níos lú i gcoitinne agus baineann cineálacha éagsúla leo. Caitheann leanaí níos mó agus níos mó ama lasmuigh de thimpeallacht chúraim an teaghlaigh, fiú amháin ó aois an-luath. Ina theannta sin, tá an bealach ina ndéanann leanaí spraoi agus ina n-idirghníomhaíonn siad leis an domhan tar éis athrú ag teacht le dul chun cinn na teicneolaíochta. Cúram costasach é an cúram leanaí in Éirinn (OECD, 2003) agus tá sochar leanaí agus saoire oibre do thuismitheoirí lag i dtéarmaí idirnáisiúnta. Leagann Purcell (2001) béim ar an ról níos mó a bhíonn ag aithreacha i dtógáil leanaí agus tá béim níos fearr ar fhorbairt iomlánaíoch an linbh seachas ar fholláine fhisiciúil an linbh amháin.

Léiríonn agus múnlaíonn forbairtí beartais agus reachtaíochta an dearcadh a bhíonn againn i leith na luathóige in Éirinn. Bíonn leanaí níos feiceálaí i mbeartas rialtais, lena n-áirítear an Plean Forbartha Náisiúnta (NDP) agus comhaontuithe comhpháirtíochta. Chuir daingniú na hÉireann ar Chomhdháil (NA) um Chearta an Linbh (NA, 1989) le tréimhse ina ndearnadh forbairtí i dtaca le cearta leanaí. Ina dhiaidh sin, tháinig beartais agus tuarascálacha eile cosúil le Tuarascáil ón gCoimisiún um an Teaghlach (DSCFA, 1998) agus an Straitéis Náisiúnta Leanaí (An Roinn Sláinte agus Leanaí [DHC], 2000). Ina theannta sin, bunaíodh gníomhaireachtaí cosúil leis an Aonad Gnóthaí Teaghlaigh, a bunaíodh i 1999, an Oifig Náisiúnta Leanaí (NCO), a bunaíodh in 2000, an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh ar cuireadh tús léi in 2001, agus Oifig an Ombudsman um Leanaí, a thosaigh ag feidhmiú in 2003, chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i

ngníomh na mbeartas agus na reachtaíochta sin.

3.8 Tátail

Ó 1990 i leith, bhí tionchar ollmhór ag athruithe suntasacha a tharla i stádas socheacnamaíocht na hÉireann ar an dearcadh faoi leanaí agus ar a ról sa tsochaí mar aon leis an gcaoi a ndéantar cúram dóibh agus a gcuirtear oideachas orthu. De bharr an geilleagar a bheith ag leathnú ní mór níos mó ban a bheith rannpháirteach sa líon lucht oibre agus bíonn éifeachtaí dá bhrí sin ar an éileamh a bhíonn ar chúram leanaí laistigh den teaghlach agus lasmuigh de. Bhí tionchar ag cineál an teaghlaigh a bheith ag athrú freisin ar eispéiris leanaí sna luathbhlianta sin. Spriocdhírítear níos mó agus níos mó anois ar leanaí mar thomhaltóirí agus tá an bealach ina ndéanann leanaí spraoi agus ina n-idirghníomhaíonn siad leis an domhan thart orthu athraithe le forbairtí teicneolaíochta a bheith tagtha ar an bhfód.

Roinn 4

Forbairtí Beartais 1990 – 2004

4.1 Réamhrá

Go traidisiúnta bhíodh go leor ar siúl maidir le beartas do ECCE in Éirinn, faoi mar ba léir ón roinn roimhe seo a thug cuntas ar an gcomhthéacs stairiúil. B'amhlaidh a bhí den chuid is mó de bharr an easpa tosaíochta a tugadh do ECCE ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil go dtí na 1990idí ar go leor cúiseanna ar tugadh cuntas orthu roimhe seo, lena n-áirítear cúinsí socheacnamaíocha agus a laghad ban a bheith rannpháirteach sa líon lucht oibre. Cé gur cuireadh tús le roinnt forbairtí dearfacha ina leith tar éis bhorradh eacnamaíoch na 1960idí agus na 1970idí luaithe, tugadh cluais bhodhar do na moltaí a rinneadh sa líon beag cáipéisí beartais a foilsíodh. Chuir cúrsaí géire eacnamaíochta na 1980idí bac leis na forbairtí sin freisin, am a laghdaigh maoluithe buiséid an caiteachas sóisialta go híosleibhéal. Maidir le ***Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh*** (UN, 1989), arna dhaingniú ag Éirinn i 1992, d'imir sé tionchar ar ár mbeartas in Éirinn i leith leanaí agus cúram leanaí ar ardchaighdeán a sholáthar. Mar shampla, luann Airteagal 18.2:

> *State Parties shall render appropriate assistance to parents and legal guardians in the performance of their child-rearing responsibilities and shall ensure the development of institutions, facilities and services for the care of children.* (UN, 1989: Airteagal 18.2)

Tugann an roinn seo cur síos ar fhorbairtí beartais ó 1990 go dtí an lá atá inniu ann. Sa tréimhse ama sin, go háirithe ó lár na 1990idí i leith, is mó cáipéis bheartais a

tháinig ó ghníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla araon maidir le ECCE. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbaineann an t-athbhreithniú seo le hardchaighdeán in ECCE agus dá bhrí sin go bhfuil cáipéisí nár dhírigh ar ardchaighdeán fágtha ar lár ón gcáipéis áirithe taighde seo. Ina theannta sin, de bharr gur rud sách nua é úsáid a bheith á baint as an téarma 'ardchaighdeán' i bhfoclóir an ECCE, d'fhéadfadh nach mbeadh sé in úsáid ag cáipéisí luaithe. Sa chás, áfach, go mbíonn tionchar díreach ag a bhfuil iontu ar an tuiscint chomhaimseartha atá againn ar chaighdeán, cuirtear san áireamh san athbhreithniú seo iad.

Chun críche chuspóirí an pháipéir seo, déanfar beartas ó ranna rialtais agus ó ghníomhaireachtaí a mheas ar dtús, ansin tabharfar forléargas ar ghníomhaíocht an taoibh neamhreachtúil, lena n-áirítear Eagrais Náisiúnta Dheonacha um Chúram Leanaí (NVCOs) agus gníomhaireachtaí eile. Ag teacht lenár gcuspóir laidir le NQF a chur le chéile d'Éirinn a ghlacann san áireamh na trí ghné a bhaineann le hardchaighdeán a shainmhíniú, a mheas agus tacaíocht a thabhairt dó, déanfar beartas a anailísiú maidir lena ghaolmhaireacht leis na trí shaincheist chroíláir sin. D'fhonn a chinntiú nach mbeidh go leor trasnaíola ann, déanfar beartais a phlé mar iomlán leanúnach a ghlacann san áireamh gach ceann de na trí ghné, agus déanfaidh Roinn 7, Tátail agus Moltaí, cur síos ar thábhacht na mbeartas do na gnéithe aonair sin.

4.1.1 Beartais a bhaineann le Gníomhaireachtaí Reachtúla

De bharr an fháis nádúrtha a tháinig ar earnáil an ECCE in Éirinn, tá iliomad rólanna agus freagrachtaí riaracháin glactha ag raon leathan ranna agus gníomhaireachtaí rialtais orthu féin. Tugann an Straitéis Náisiúnta Leanaí DJELR, 1999:11) cuntas ar rólanna aon roinn déag éagsúla maidir le bainistíocht beartas a bhaineann le ECCE in Éirinn:

- An Roinn Sláinte agus Leanaí
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- An Roinn Talmhaíochta agus Bia
- An Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh
- An Roinn Comhshaoil
- An Roinn Turasóireachta, Spóirt agus Áineasa
- An Roinn Airgeadais
- Roinn an Taoisigh (DJELR, 1999:11).

Tá rannpháirtíocht gréasán chomh casta céanna ranna rialtais curtha ar fáil sa Mheasúnú a rinne Aonad Measúnachta Creat Tacaíochta Pobail de chuid an Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP/CSF, 2003:92-96) le déanaí ar an Tuarascáil faoin gClár Comhdheiseanna do Chúram Leanaí (EOCP) 2000-2006. Faoi mar a leagadh amach roimhe seo áfach, díreoidh an páipéar seo go huile agus go hiomlán ar cháipéisí beartais a bhaineann le hardchaighdeán laistigh den ECCE. De bhrí sin, baineann beartais de chuid trí roinn mhóra rialtais, agus de chuid a ngníomhaireachtaí gaolmhara, go mór leis an athbhreithniú seo, is iad sin DJELR, DES, agus DHC. Ina theannta sin, cuirtear roinnt beartas uilíocha de chuid Roinn an Taoisigh agus Ranna eile Rialtais san áireamh.

4.2 Roinn an Taoisigh/Rialtas Éireann

I 1993, chuir an ***Second Commission on the Status of Women*** a tuarascáil faoi bhráid an Rialtais (Rialtas Éireann, 1993). Sa tuarascáil sin, luadh cúram leanaí a bheith ina phríomhghné a imríonn tionchar

ar mhná agus luadh arís agus arís eile an réasúnaíocht a bhain le forbairt na seirbhísí sin. Bhí ardchaighdeán na seirbhísí ina dhíol imní freisin agus cé gur fháiltigh an tuarascáil roimh thabhairt isteach an Achta um Chúram Leanaí 1991 (DoH, 1991), ba dhíol díomá di go raibh sé teoranta, de bharr a théarmaí tagartha, don timpeallacht fhisiciúil agus go raibh ceann de na cineálacha is coitianta cúraim leanaí, feighlíocht leanaí, lasmuigh de chlár dualgais an Achta a bheag nó a mhór. Moltar cur i ngníomh fhorálacha an Achta agus iarrtar:

> *…that amended legislation should be introduced to provide for inspection by the Health Board of the quality and type of care provided.* (Rialtas Éireann 1993:147)

Ina theannta sin, luann an Coimisiún an tsaincheist a bhaineann le cineálacha caighdeánaithe agus creidiúnaithe oiliúna agus cáilíochtaí do dhaoine fásta a bhíonn ag obair in ECCE mar réimse tosaíochta (Rialtas Éireann, 1993:147; 274).

Ó lár na 1990idí i leith, is gnéithe lárnacha iad saincheisteanna leanaí agus cúram leanaí de na Comhaontuithe Comhpháirtíochta ar leibhéal náisiúnta leis na comhpháirtithe sóisialta. I 1996, luaigh ***Partnership 2000 for Inclusion, Employment and Competitiveness*** (Rialtas Éireann, 1996:30) an méid seo "*…childcare is clearly an important issue in promoting equality for women, and especially in promoting equal opportunities in employment.*" Toradh amháin ón gComhpháirtíocht sin ba ea tús a chur leis an *Expert Working Group on Childcare* faoi choimirce an DJELR, rud a ndéanfar athbhreithniú air i roinn eile amach anseo. Rinne an ***Clár um Rathúnas agus Cothroime*** ar cuireadh tús leis i 1999 ráitis freisin faoi chúram leanaí sa chuspóir a bhí aige:

> *To ensure the quality of childcare provision across the country, through appropriate inspection, regulation, and personnel training systems. (*Rialtas Éireann*, 1999:119)*

I g***Clár Comhaontaithe Rialtais idir Fianna Fáil agus an Páirtí Daonlathach*** (Roinn an Taoisigh, 2002), déantar roinnt tiomantas maidir le hardchaighdeán an oideachais luathóige, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

> *Táimid tiomanta leibhéal agus caighdeán na rannpháirtíochta agus na gnóthachtála a fheabhsú ag gach leibhéal den oideachas.*
>
> *Chun a chinntiú go seachadann seirbhísí luath-oideachais an t-uasleas do gach leanbh tabharfaimid isteach córas náisiúnta luath-oideachais, oiliúna, tacaíochta agus teastasaíochta agus cuirfimid síneadh le socrúcháin luath-oideachais stát-mhaoinithe. (*Roinn an Taoisigh, 2002:23)

Táthar chun tiomantas a bhaineann le leanaí agus cúram leanaí a bhaint amach trí roinnt tionscnamh ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil (Roinn an Taoisigh, 2002:26).

Luann nuachtlitir na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (NESC) i mí na Samhna 2002, ***An Investment in Quality: Services, Inclusion and Enterprise, a precursor to Sustaining Progress****:*

> *The Council would like to see the availability of high quality childcare facilities for pre-school children across the nation in a realistic timescale.* (NESC, 2002:118)

Ar deireadh, déanann ***Dul Chun Cinn a Chothú***, an comhaontú comhpháirtíochta do 2003-2005, tagairt shonrach do chúram leanaí ar ardchaighdeán san ionad oibre a chur ar fáil do thuismitheoirí (Roinn an Taoisigh, 2003:91).

Mar chuid den ***Phlean Forbartha Náisiúnta*** tá infheistíocht níos mó le €51 billiún de chistí AE, poiblí agus príobháideacha le déanamh sa tréimhse 2000-2006. Déantar é sin a leithroinnt ar dhá réigiún in Éirinn; Réigiún an Deiscirt agus an Iarthair (thart ar €34 billiún) agus Réigiún na Teorann, na Lár-Tíre agus an Iarthair (BMW) (thart ar €17 billiún[1]). Aithnítear an cúram leanaí mar réimse tosaíochta faoi Uilechuimsitheacht Shóisialta, agus déantar €1.35 billiún a leithroinnt go náisiúnta agus táthar ag cur cistí €320 milliún breise ar fáil faoi bhearta Comhionannais. Luaitear cuspóir an chúraim leanaí mar seo a leanas laistigh den NDP:

> *Caithfear an chionroinnt chun soláthar agus mianach na n-áiseanna cúraim i gcomhair leanaí a mhéadú, agus go háirithe chun fostruchtúr i bpobail faoi mhíbhuntáiste a chur ar fáil, chun líon na n-áiteanna cúraimí gcomhair leanaí a mhéadú, agus chun soláthraithe príobháideacha a spreagadh*. (NDP, 2000, Le fáil ag: *http://www.ndp.ie/newndp/r/NDP_exec_sum.doc)*

> *Díríonn alt 7.6.2 de* **Chlár Oibríochtúil 2000-2006 Réigiún na Teorann, na Lár-Tíre agus an Iarthair** *ar thionchar na* Tosaíochta ar Áiríocht Shóisialta agus Cúram Leanaí (Fochlár*). Cothaíonn sé comhionannas idir fir agus mná agus tacaíonn sé le rannpháirtíocht ban laistigh den líon lucht oibre. Luann sé freisin:This will be achieved through investment in the development of affordable, quality childcare facilities, particularly in disadvantaged areas.* (BMW, 2000, Accessed at: *http://www.bmwassembly.ie/main.asp?lang=en&text=&doc=operation&chapter=7&level=3&title=7%2E6%2E2+Equality+Impact&parentID=97{},* 6 Meitheamh, 2004, Roinn 7.6.2, gan uimhreacha leathanaigh)

Ina theannta sin, díríonn sé ar riachtanais a bhíonn ag pobail a bhíonn faoi mhíbhuntáiste maidir le teacht ar dheiseanna oiliúna agus fostaíochta:

> *The provision of quality childcare facilities through the Equal Opportunities Childcare Measure will facilitate parents, particularly those in economically depressed areas, to avail of employment, education and training opportunities, while also catering for the needs of disadvantaged children by initiating play and development opportunities for them*. (BMW, 2000, Accessed at: *http://www.bmwassembly.ie/main.asp?lang=en&text=&doc=operation&chapter=7&level=3&title=7%2E6%2E2+Equality+Impact&parentID=97*, 6th May, 2004, Section 7.6.3, no pages)

Tacaítear leis an tionscnamh sin faoi raon beart lena n-áirítear deontais chaipitiúla chun caighdeán na timpeallachta a fheabhsú, deontais foirne chun oiliúint agus cáilíochtaí cleachtóirí a fheabhsú agus an fobheart um Ardchaighdeán, arna leagan amach i Roinn 4.3 a dhéileálann leis an DJELR agus an EOCP.

In 2001, d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil (DELG) ***Guidelines for Planning Authorities on Childcare Facilities***. Is é cuspóir na dtreoirlínte creat a chur ar fáil agus leanúnachas an tsoláthair saoráidí cúram leanaí a fheabhsú. Is é príomhthéama sna treoirlínte é ardchaighdeán an tsoláthair, "*...provision must be of a suitably high quality*." (DELG, 2001:3)

1 Aistríodh na figiúirí seo ó Phuint na hÉireann (ÉIR£) agus níl iontu ach garbhfhigiúirí.

Ciallachas don Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán - Roinn an Taoisigh

Ardchaighdeán a Shainmhíniú:

1. Luaitear seirbhísí cúraim leanaí a sholáthar chun comhionannas a bhaint amach do mhná, idir laistigh den teaghlach agus sa mhargadh saothair mar ghné thábhachtach.
2. Meastar sochar dúbailte a bheith ag baint le soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán laistigh de cheantair atá faoi mhíbhuntáiste - sochar maidir le forbairt an linbh agus maidir leis na deiseanna a thugtar do thuismitheoirí ó thaobh oiliúna, oideachais agus fostaíochta de.

Ardchaighdeán a Mheas:

1. Ní mór an t-iniúchadh a dhéantar ar sheirbhísí a bheith cuimsitheach agus iomlánaíoch, agus é ag díriú ar gach timpeallacht d'fhonn na deiseanna is fearr forbartha do leanaí a chinntiú.
2. Tá dearadh agus leagan amach áitreabh ina bpríomhghné d'ardchaighdeán a bhaint amach laistigh de sheirbhísí.

Tacaíocht a thabhairt d'Ardchaighdeán:

1. Tá iliomad ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ann a bhfuil baint acu le seachadadh sheirbhísí ECCE in Éirinn. D'fhonn ardchaighdeán a chinntiú, bíonn sé ríthábhachtach go mbíonn comhoibriú agus comhordú idir ranna éagsúla d'fhonn a chinntiú nach mbíonn aon dúbailt nó easnamh i gceist sna seirbhísí.
2. Tá oiliúint agus cáilíochtaí oibrithe cúraim leanaí ina lárghné den ardchaighdeán i seirbhísí ECCE agus tá gá níos mó le caighdeánú agus le creidiúnú aitheanta ina leith sin.
3. Maidir le ECCE ar ardchaighdeán a bheith tugtha isteach sa chlár oibre polaitiúil (Comhaontuithe Comhpháirtíochta, NDP, etc.), is spreagadh é do thús áite a thabhairt do mhaoiniú ina leith sin agus do thiomantas leanúnach an rialtais.

4.3 An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (DJELR)

Tá ról an DJELR in ECCE ag éirí níos láidre le blianta beaga anuas, go príomha de bharr comhionannais do mhná i gcúrsaí fostaíochta. Nuair a bhí an Roinn Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (DELR) ar an Roinn, bunaíodh ***Tascfhórsa um Pobal an Lucht Siúil*** agus chuir sé a thuarascáil i láthair i 1995 (DELR, 1995). Rinneadh roinnt moltaí maidir le soláthar réamhscolaíochta don Lucht Siúil. D'iarr an Tascfhórsa ar an Roinn Oideachais treoirlínte a chur ar fáil faoi ghnéithe éagsúla an tsoláthair réamhscolaíochta, lena n-áirítear clárú, nósanna imeachta chun déileáil le leanaí a bhíonn i mbaol agus leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta agus rannpháirtíocht tuismitheoirí (DELR, 1995:33).

Tá an gá atá le treoirlínte faoi chleachtas nó curaclam aitheanta mar ghné amháin ar gá aghaidh a thabhairt uirthi mar ina n-éagmais, bíonn "*...widespread variation from one location to the next and also has implications for the overall quality of service provided to the children...*" (DELR, 1995:171). Aithníodh freisin an gá atá le clárú dlíthiúil sa tréimhse roimh chur i

ngníomh na Rialachán Réamhscolaíochta, chun nithe cosúil le sláinte, sábháilteacht agus leas a rialú. Luadh an gá atá le seirbhísí feabhsaithe freisin mar "*Good quality, effective preschool provision is costly but research indicates that the benefits, in the long run, are well worth the initial cost*." (DELR, 1995:171) Ina theannta sin, luaitear tábhacht ar leith a bheith ag baint le hoiliúint a chur ar dhaoine a bhíonn ag obair laistigh de réamhscoileanna don Lucht Siúil:

> *Personnel working in pre-schools should have early education/childcare training and have a child-centred approach and training to ensure an understanding of Traveller culture and the specific needs of Traveller children.* (DELR, 1995:33)

I 2000, d'fhoilsigh an DJELR an ***First Progress Report of the Committee to Monitor and Co-ordinate the Implementation of the Recommendations of the Task Force on the Travelling Community***. Léirigh an cháipéis sin imní faoin "*...lack of progress generally on the recommendations of the Task Force in the area of education*." (DJELR, 2000b:17) Ina theannta sin, rinneadh an moladh seo: "*Childcare provision should be culturally appropriate...*" (DJELR, 2000b:22)

I 1998, rinne an DJELR coimisiúnú ar ***Study on the Economics of Childcare in Ireland*** (DJELR, 1998:48), staidéar nach ndéanann ach tagairt beag d'ardchaighdeán seirbhísí. Leagann sé amach gnéithe cosúil le cóimheasa idir daoine fásta agus leanaí, méid grúpaí agus oiliúint agus cáilíochtaí, ach is ar mhéid agus ar chostas an chúraim leanaí in Éirinn ó dhearcadh eacnamaíoch atá an fócas go príomha. Ar an gcaoi chéanna, leagann ***Childcare Funding in Ireland*** (DJELR, 2000a) amach sásraí áirithe maoiniúcháin do chúram leanaí in Éirinn, ach tugann sé an méid seo a leanas isteach sa sainmhíniú ar ardchaighdeán an chúraim leanaí:

> *...learning opportunities as well as play which is pivotal in the development of imagination and creativity.* (DJELR, 2000a:6)

D'fhoilsigh an DJELR ceann de na chéadcháipéisí móra beartais a bhain le cúram leanaí an ***National Childcare Strategy*** i 1999 (DJELR, 1999). Maidir leis an nGrúpa Oibre Saineolaithe um Chúram Leanaí, a d'fhoilsigh an Tuarascáil, bunaíodh é faoi *Partnership 2000 for Inclusion, Employment and Competitiveness* i 1996 mar "*...childcare is clearly an important issue in promoting equality for women, and especially in promoting equal opportunities in employment*." (Rialtas Éireann, 1996:30). Is é aidhm an Ghrúpa Oibre Saineolaithe:

> *...was to develop a strategy which integrates the different strands of the current arrangements for the development and delivery of childcare and early educational services.* (DJELR, 1999:XXII)

San iomlán, rinne an Tuarascáil 27 moladh chun an aidhm sin a bhaint amach. Bhain dhá cheann de Phríomh-Phrionsabail na Tuarascála go díreach le hArdchaighdeán:

> *Achieving high quality childcare services is an integral part of the structure and implementation of the National Childcare Strategy.*
>
> *A quality childcare service must be regarded as one which provides enhancing experiences for children and positive interactions between adults and children.* (DJELR, 1999:49)

Cuireann sé sin an t-ardchaighdeán i gcroílár aon soláthair seirbhísí ECCE ar leibhéal struchtúrach agus timpeallachta araon. Leagann sé amach freisin comhchodanna de sheirbhís ar

ardchaighdeán, agus aithníonn sé spraoi, an timpeallacht, trealamh agus acmhainní, oiliúint agus cáilíochtaí pearsanra agus rannpháirtíocht tuismitheoirí, i measc rudaí eile, mar ghnéithe lárnacha i seirbhís ar ardchaighdeán. Ina theannta sin, aithníonn an dara prionsabal thuas na hidirghníomhaíochtaí idir leanaí agus daoine fásta mar phríomhchuid den ardchaighdeán. Is léir an gá riachtanach atá le hardchaighdeán a bhaint amach i seirbhísí freisin ní hamháin i dtéarmaí sochair don leanbh aonair, ach, freisin, iarmhairtí fadtréimhseacha don gheilleagar agus don tsochaí. Ar an láimh eile, tugtar cuntas ar an tionchar a bhíonn ag seirbhísí ar dhroch-chaighdeán, rud a luaitear a bheith "*...detrimental to childcare*", b'fhéidir. (DJELR, 1999:52)

Déanann an Stráitéis Náisiúnta um Chúram Leanaí iarracht freisin idirdhealú a dhéanamh ar na dearcaí éagsúla ónar féidir féachaint ar ardchaighdeán, ónar féidir brí a bhaint as ardchaighdeán agus ónar féidir ardchaighdeán a shainmhíniú, agus luaitear an chastacht a bhaineann le sainmhíniú chuimsitheach a chur le chéile faoi cad is ardchaighdeán ann ag teacht le dearcadh cách. Seo a leanas liosta de dhearcaí poitéinsiúla an luchta leanas a bhíonn ag déanamh measúnú ar ardchaighdeán seirbhísí, lucht leasa ar gá d'aon sainmhíniú a ndearcadh a aithint agus a ghlacadh san áireamh:

- Dearcadh forbartha an linbh
- Dearcadh an Rialtais/an Rialúcháin
- Dearcadh na Seirbhísí Sóisialta
- Dearcadh Tuismitheoirí
- Dearcadh an linbh
- Dearcadh an bheartais um maoiniú sóisialta
- Dearcadh na foirne
- Dearcaí cultúir (DJELR, 1999:52).

Tugann an Tuarascáil cuntas freisin ar bhealaí chun sainmhíniú a dhéanamh ar ardchaighdeán seirbhísí trí úsáid a bhaint as táscairí, táscairí ar gá dóibh a bheith comhthéacs-sonrach. Tagraíonn táscairí ionchuir do ghnéithe cosúil le háitribh agus trealamh agus is furasta sainmhíniú a dhéanamh orthu. Is éard is táscairí próisis ann ná imeachtaí ó lá go lá cosúil le gaolmhaireachtaí agus idirghníomhuithe agus bíonn sé níos deacra iad sin a shainmhíniú. Ar deireadh, baineann táscairí toraidh le tionchar an tsoláthair cosúil le sláinte agus folláine.

Ag leanúint ar aghaidh ó mholtaí an *National Childcare Strategy* (DJELR, 1999) agus an Páipéar Bán um Oideachas Luathóige, *Ready to Learn*, (DES, 1999a) agus cáipéisí eile beartais (Coolahan, 1998; OMNA, 2000), thug an DJELR faoi ***Creat Eiseamlárach d'Oideachas, d'Oiliúnt agus d'Fhorbairt Ghairmiúil san Earnáil Luathchúraim agus Oideachais Leanaí*** a chur le chéile (DJELR, 2002a). Lean sé sin ar aghaidh ó thiomantas an rialtais sa Chlár um Rathúnas agus Cothroime (Rialtas Éireann, 1999:119) do mhaoiniú a dhéanamh ar thaighde faoi oiliúint agus cáilíochtaí agus chuige sin, bunaíodh an Foghrúpa um Dheimhniú Comhlachtaí de chuid an Choiste Chomhordaithe Náisiúnta um Chúram Leanaí (NCCC) (féach an roinn EOCP thíos). Tugann an *Creat Múnla* sin cuntas ar phróifílí gairme agus ar scileanna croíláir gach duine a bhíonn ag obair san earnáil ECCE agus tugtar cuntas ar an gcaoi ar chóir na próifílí sin a úsáid chun cuidiú le cláir oideachais agus oiliúna a fhorbairt. Sa Réamhrá dá chuid, leagann an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí amach an riachtanas croíláir a bhaineann le hoiliúint agus cáilíochtaí cuí chun ardchaighdeán a bhaint amach laistigh den earnáil agus d'fhorbairt na hearnála:

> *The issue of quality in any sector is inextricably linked to the issues of training, education and professional development.* (DJELR, 2002a:3)

Réasúnaíocht lárnach d'fhorbairt scileanna croíláir agus próifílí gairme freisin is ea a

chinntiú gur féidir ardchaighdeán i seirbhísí a mheas agus a mheasúnú. Faoi mar a luadh laistigh den cháipéis:

> *Quality assurance is a way to organise and manage activities so that they are informed by, and can be evaluated against, a set of agreed standards.* (DJELR, 2002a:30)

Tugann an *Creat Eiseanlárach* léargas ar na dearcaí iolracha a bhíonn in aon sainmhíniú ar ardchaighdeán don ECCE. Leagtar béim freisin ar chastacht, ach riachtanas mar sin féin, a bhaineann le dearcaí an luchta leasa éagsúil laistigh den tseirbhís a chur san áireamh. Liostaíonn an cháipéis sin dearcaí den chineál sin mar seo a leanas:

- Ardchaighdeán mar bharr feabhais
- Ardchaighdeán mar fhoirfeacht
- Ardchaighdeán mar oiriúnacht don chuspóir
- Ardchaighdeán mar luach ar airgead
- Ardchaighdeán mar athrú
- Ardchaighdeán mar chuntasacht (DJELR, 2002a:31)

Is é an chonclúid a dhéanann sé ná gur chóir do chomhaontú faoi shainmhíniú ar cad is ardchaighdeán ann ceadú don éagsúlacht agus don tsolúbthacht, rud a ghlacann san áireamh "*...the pursuit of excellence which has the capacity to transform.*" (DJELR, 2002a:31) Dá bhrí sin, ní mór don ardchaighdeán a bheith ina lárghné de ghníomhaíochtaí ó lá go lá i ngach timpeallacht trí dhea-chleachtas, cumarsáid, trédhearcacht agus éifeachtacht. Ar deireadh, leagann an *Creat Eiseanlárach* béim ar an tábhacht a bhaineann le creat tacaíochta chun ardchaighdeán a bhaint amach; deir sé: "*...that quality cannot be imposed. It has to be stimulated and nurtured through partnership with all stakeholders* (DJELR, 2002a:31).

4.3.1 Cláir an DJELR

Déanann an roinn seo cur síos ar roinnt clár faoi choimirce an DJELR. Maidir le ról láidir an DJELR laistigh den earnáil chúraim leanaí, tá curtha go mór leis de bharr go riarann an Roinn an ***Clár Comhdheiseanna do Chúram Leanaí*** (EOCP). Cuireann sé sin €449.49 milliún ar fáil thar shaolré an NDP d'fhorbairt cúraim leanaí; chun ardchaighdeán a fheabhsú, chun cainníocht a mhéadú agus chun cur chuige comhordaithe i leith seachadadh seirbhíse a thabhairt isteach (DJELR, 2002a:3). Bunaíodh infrastruchtúr ó 2000 i leith chun bonn a chur faoi riaradh an EOCP.[2] Bunaíodh trí Choiste Cúraim Leanaí Contae agus Cathrach (CCCs) is tríocha go náisiúnta chun na cuspóirí sin a bhaint amach ar leibhéal áitiúil. Rinneadh Area Development Management (ADM) a choimisiúnú chun iarratais ar dheontais a mheas agus a mheasúnú agus chun faisnéis staidrimh a chur ar fáil faoi chur i ngníomh an EOCP.

Ina theannta sin, cuirtear maoiniú ar fáil trí NVCOnna chun aghaidh a thabhairt ar ardchaighdeán ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon. Is éard atá san NCCC ná ionadaithe ó earnálacha reachtúla agus neamhreachtúla agus déanann sé go leor feidhmeanna. Baintear go leor dá chuid oibre trí ghrúpaí oibre, a bhaineann le gnéithe aonair an chúraim leanaí, agus dá bhrí sin a imríonn ról maidir le hardchaighdeán a fheabhsú:

- Tá aghaidh tugtha ag an bhFoghrúpa um Dheimhniú Comhlachtaí ar cháilíochtaí, ar oiliúint agus ar chreidiúnú, rud a thug an *Creat Eiseanlárach* atá luaite roimhe seo;
- Féachann an Foghrúpa Comhairleach um Leanaí ag a bhfuil Riachtanais Speisialta, Grúpaí Mionlaigh Eitneacha agus Leanaí an Luchta Siúil ar

2 Chun forléargas cuimsitheach a fháil ar an infrastruchtúr cúraim leanaí seo, féach ar an Evaluation of the Equal Opportunities Childcare Programme 2000-2006 (NDP/CSF, 2003: 92-93)

riachtanais leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta;

- Tugann an Foghrúpa Oibre um Chúram Leanaí ag Aois Scoile aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le cúram lasmuigh den scoil do leanaí a fhreastalaíonn ar scoil;
- Féachann an Foghrúpa um Fheighlíocht Leanaí ar shaincheisteanna feighlithe leanaí laismuigh de rialú na Rialachán um Sheirbhísí Réamhscolaíochta (DJELR, *2002a:37).*

Bunaíodh an Grúpa Sineirgíochta Idir-Rannach um Chúram Leanaí chun comhordú a chinntiú idir tionscnaimh agus maoiniú ó ranna éagsúla. Níor tháinig an grúpa sin le chéile ó 2001 i leith agus déanann an NCCC go leor dá chuid feidhmeanna.

Tá trí phríomhchiseal maoiniúcháin san EOCP:

1. An Beart um Shaoráidí Cúraim Leanaí (Deontais Chaipitiúla);
2. An Fobheart Deontais um Thacaíocht Foirne;
3. An Fobheart um Fheabhsú Ardchaighdeáin (NDP/CSF, 2003:56-57).

Tugann an chéad dá chiseal aghaidh ar an tsaincheist a bhaineann le feabhas a chur ar thimpeallacht agus ar fhoireann an tsoláthair seirbhíse ECCE. Is príomhfhachtóir iad an dá cheann sin i seachadadh seirbhísí ar ardchaighdeán. Chuir an tríú ciseal €35.7 milliún ar fáil "*…to raise the quality of childcare provision in this country."* (NDP/CSF, 2003:I); agus tá raon leathan gníomhaíochtaí dírithe i dtreo an ardchaighdeáin aige. Ba é cuspóir an chisil sin ná tacaíocht a thabhairt do sheacht NVCO (Barnardos, Childminding Ireland, IPPA, the Early Childhood Organisation, Irish Steiner Waldorf Early Childhood Association, National Children's Nurseries Association, Forbairt Naíonraí Teo and St. Nicholas Montessori Society of Ireland) chun ardchaighdeán a fheabhsú trí dheiseanna oiliúna, cláir chreidiúnúcháin ardchaighdeáin agus seimineáir a chur ar fáil. Ina theannta sin, tacaíonn an maoiniú sin le haidhmeanna agus cuspóirí, a bhaineann le hardchaighdeáin, de chuid trí CCC is tríocha. Is iad cuspóirí sonracha don Fhobheart um Fheabhsú Ardchaighdeáin:

- Forbairt NVCOnna a éascú agus a fhorbairt;
- Forbairt gach gné den soláthar cúraim lae teaghlaigh a chothú;
- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na hoiliúna cúraim leanaí;
- Líon na n-oibrithe oilte a mhéadú;
- Éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt líonraí áitiúla cúraim leanaí chun tacú leo sin a bhíonn ag oibriú faoi leithlis. (NDP/CSF, 2003:2)

Ba é an iarracht chun tacaíocht a thabhairt don ardchaighdeán ceann de na gnéithe ba dheacra le sainmhíniú laistigh den EOCP. Ba é an toradh a bhí air ná bloghadh níos mó a bheith déanta ar sholáthar tacaíochtaí do struchtúir reatha chun feabhas a chur ar ardchaighdeán an tsoláthair. Ba é tátal na measúnachta eatramhaí a rinne an EOCP ná gur ábhar díomá a bhí sa dul chun cinn a rinneadh, go háirithe i dtaca leis an bhFobheart um Fheabhsú Ardchaighdeáin. Ceann de na príomheasnaimh a luadh ná measúnú torthaí inláimhsithe de bharr easpa táscairí chun aschuir NVCOnna agus CCCanna a ghabháil ó thaobh ardchaighdeáin de (NDP/CSF, 2003:62). Déanann an Tuarascáil roinnt moltaí chun feabhas a chur ar fheidhmiú an Fhobhirt um Fheabhsú Ardchaighdeáin, lena n-áirítear:

1. Gur chóir na CCCanna a nascadh le réamhfhaomhadh agus le hiarfhaomhadh na tacaíochta cúnaimh deontais do thionscnóirí tograí;
2. Gur chóir do CCCanna spriocanna contae áitiúla a leagan síos thart ar tháscairí cláir;
3. Gur chóir do CCCanna bheith

réamhghníomhach agus iad ag cur iarratais le chéile do chúram leanaí sa chás go n-aithnítear bearnaí;

4. Gur chóir an sainmhíniú ar 'oibrí oilte' a fhorbairt agus deis a thabhairt do shonraí a bhailiú faoi líon na ndaoine ar cuireadh oiliúint orthu;
5. Ba chóir maoiniú na NVCOnna amach anseo a nascadh le "*...verifiable outputs directly related to the realisation of programme objectives.*" Ní mór táscairí a fhorbairt chun aschuir na NVCOnna a ghabháil (NDP/CSF, 2003:VII).

Chuir gach CCC ***Plean Straitéiseach*** le chéile don tréimhse 2001/2002-2006 idir 2002 agus 2003.[3] Chuir an NCCC agus a chuid foghrúpaí éagsúla creat leathan ar fáil faoi fhormáid agus ábhar na bpleananna sin maidir leis na heilimintí croíláir is cóir a chur san áireamh. Thug sé sin go leor deiseanna do CCCanna aonair chun béim a leagan ar ghnéithe áirithe de réir riachtanais áitiúla. Chinntigh sé, áfach, go mbeadh príomhghnéithe, cosúil le hArdchaighdeán, mar chuid de gach Plean Straitéiseach. Dá bhrí sin, ní liostaíonn an t-athbhreithniú seo ábhar gach ceann de na trí CCC is tríocha ina n-aonair ach déantar athbhreithniú ar ghnéithe forghabhálacha na bPleananna Straitéiseacha ina n-iomláine.

Ach anailís a bheith déanta ar roinnt Pleananna Straitéiseacha, is léir gur eilimint croíláir é an t-ardchaighdeán de gach gné d'obair na CCCanna. Tugtar faoi go leor cur chuige chun rólanna agus feidhmeanna na CCCanna éagsúla a leagan amach. I ngach cás, áfach, beag beann ar an téarmeolaíocht a úsáidtear cosúil le Ráiteas Misin, Fís, Aidhm, Treoirphrionsabail, Spriocanna, Téamaí, Gníomhartha, Cuspóirí, etc., luaitear an t-ardchaighdeán a bheith ina ghné croíláir d'obair gach CCC. Leagann na straitéisí amach roinnt gníomhartha a dhéanfar cosúil le comhairle a sholáthar, líonrú, Oifigigh Forbartha Ardchaighdeáin agus Oiliúna Cúraim Leanaí a cheapadh, mar aon le hobair gníomhaireachtaí gaolmhara eile a chomhordú agus tacú leo chun ardchaighdeán a bhaint amach agus a chothú laistigh dá ndlínsí. Baineann go leor díobh leas as taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta faoi tháscairí ardchaighdeáin. Leagann a bhformhór acu béim ar an tábhacht a bhaineann le féachaint ar an dinimiciúlacht mar aon le hathróga statacha an ardchaighdeáin. I measc na saincheisteanna suntasacha a phléitear ina leith sin tá:

- Pearsanra cúraim leanaí a oiliúint (réamhsheirbhís agus forbairt leanúnach ghairmiúil)
- Luach saothair foirne
- Cóimheasa idir an fhoireann agus leanaí
- Aitheantas don éagsúlacht
- Trealamh agus acmhainní
- Rannpháirtíocht tuismitheoirí
- Seirbhísí neamhfhoirmiúla a chlárú agus a dhéanamh foirmiúil
- Oiriúnacht áitreabh.

Ina theannta sin, tá go leor de na hábhair imní agus de na castachtaí a bhaineann le hardchaighdeán cosúil leis an deacracht a bhaineann le teacht ar shainmhíniú ar ardchaighdeán a bheadh inghlactha ag cách, an t-iliomad dearcaí ónar féidir brí a bhaint as agus na tacaíochtaí a bhíonn riachtanach chun é a bhaint amach, leagtha amach ann agus déantar roinnt moltaí chun na dúshláin sin a chur ina gceart.

I mí na Nollag 2003, chuir an DJELR tús leis an ***National Childminder's Initiative Childminders Development Grant*** faoin EOCP. Déantar é sin a riaradh trí na CCCanna agus is é an príomhchuspóir atá leis ná "*... to offer an incentive, in the form of a small capital grant, to childminders to enhance and support their awareness of quality childcare.*" (Childcare Directorate, 2003:2)

3 Chun liosta sonraithe a fháil de na Pleananna Straitéiseacha CCC ar fad, féach LFOLO le do thoil (2003b: 38-39).

Is éard atá i gceist leis an mbeartas sin ná suas le €630 a chur ar fáil i gcúnamh deontais d'fheighlithe aonair leanaí, chun rudaí cosúil le bréagáin agus trealamh a cheannach nó chun oiriúnú a dhéanamh laistigh dá dtithe. I gcás feighlithe leanúnach gcuirtear ar an eolas, braitheann an t-airgead a bheith á fháil acu ar iad a bheith ag freastal ar Chúrsa gearr Feasachta faoin Ardchaighdeán. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an chúrsa:

1. Go mbeadh rannpháirtithe ar an eolas faoi na saincheisteanna a bhaineann le seirbhís feighlíochta leanaí ar ardchaighdeán a sholáthar;
2. Eolas, scileanna agus stádas gairmiúil na bhfeighlithe leanaí a fheabhsú;
3. Muinín agus inspreagadh a fhorbairt;
4. Líonrú a spreagadh sa cheantar áitiúil.

Dhírigh an cúig mhodúl ar:

- Seachtain 1 – Cén fáth a roghnófá feighlíocht leanaí?
- Seachtain 2 – Forbairt Leanaí – Forléargas;
- Seachtain 3 – Sláintíocht, Sláinte agus Sábháilteacht;
- Seachtain 4 – Folláine Leanaí;
- Seachtain 5 – Spraoi (Childcare Directorate, 2003 [Aguisín]:2).

Déanann na heilimintí sin iarracht ardchaighdeán seirbhísí a fheabhsú i measc soláthróirí trí chur lena scileanna agus lena n-eolas, tríd an trealamh agus na hacmhainní a bhíonn ar fáil dóibh a fheabhsú agus trí sheasamh líonraí áitiúla agus sásraí tacaíochta a mhéadú.

Ciallachais don Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán - DJELR

Ardchaighdeán a Shainmhíniú:

1. Ba é ról an DJELR in ECCE in Éirinn, a bheag nó a mhór, ná a dualgas oibre i leith comhionannas a bhaint amach do mhná.
2. Meastar beartais agus treoirlínte sonracha a bheith tábhachtach chun treoir a thabhairt don sárchleachtas laistigh de thimpeallachtaí cosúil le clárú, leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta, rannpháirtíocht tuismitheoirí agus curaclam.
3. Ní mór do sheirbhísí ECCE a bheith in oiriúint do chultúr na leanaí agus na tuismitheoirí a bhíonn á n-úsáid.
4. Ní hamháin go mbíonn tionchar ag ardchaighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil ar an leanbh féin, ach baineann ciallachais níos leithne shóisialta agus eacnamaíocha leis don tsochaí.
5. Is rud casta é an t-ardchaighdeán ar féidir féachaint air ó dhearcaí éagsúla agus ní mór d'aon sainmhíniú air tuairimí éagsúla a chuimsiú.
6. Meastar deiseanna leordhóthanacha do spraoi a chur ar fáil a bheith riachtanach chun ardchaighdeán a bhaint amach.
7. Meastar timpeallacht an linbh a bheith ag imirt tionchair ar ardchaighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil.
8. Bíonn tionchar ag trealamh agus acmhainní laistigh den timpeallacht ar ardchaighdeán na seirbhísí.
9. Meastar leibhéal rannpháirtíochta tuismitheoirí laistigh den timpeallacht a bheith ina fhachtóir le hardchaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil.

Ardchaighdeán a Mheas:

1. Meastar idirghníomhuithe idir an leanbh agus an duine fásta a bheith lárnach chun ardchaighdeán a bhaint amach laistigh de thimpeallachtaí.

Tacaíocht a thabhairt d'Ardchaighdeán:

1. Tá oiliúint, oideachas agus forbairt leanúnach ghairmiúil gach duine in ECCE tábhachtach chun soláthar ar ardchaighdeán a chinntiú. Ní mór conairí soiléire do dhul chun cinn laistigh de cháilíochtaí a aithint chun cur le gairmiúlachta na hearnála.
2. Is gné é an t-ardchaighdeán nach féidir a chur i bhfeidhm trína leagan síos amháin. Ní mór tacaíocht a bheith i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar é a fhorbairt agus a chothú.
3. Tá gá le beartas agus infrastruchtúr náisiúnta chun tionscnaimh a chur i ngníomh i dtaca le ECCE.
4. Tá gá le hinfrastruchtúr áitiúil freisin chun tionscnaimh a sheachadadh agus chun tacaíochtaí a chur ar fáil do sheirbhísí ar bhunleibhéal.
5. Tá maoiniú ríthábhachtach chun tacaíocht a thabhairt don ardchaighdeán a bhaint amach trí raon tacaíochtaí a chur ar fáil.
6. Is tionscnamh tábhachtach é seirbhísí neamhfhoirmiúla a chlárú agus a dhéanamh foirmiúil trí thacaíochtaí a chur ar fáil chun ardchaighdeán a bhaint amach do gach leanbh i ngach seirbhís.

4.4 An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (DES)

Tá traidisiún fada rannpháirtíochta ag an DES san oideachas luathóige de bharr soláthar uilíoch a bheith á dhéanamh aici do leanaí i ranganna na naíonán sna bunscoileanna. D'fhreastail sé sin ar thart ar leath na leanaí ceithre bliana d'aois agus beagnach gach leanbh cúig bliana d'aois le blianta beaga anuas (DES, 2003c). Go traidisiúnta, bhí baint ag an DES le hidirghabhálacha spriocdhírithe do leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta agus dóibh sin a bhí faoi mhíbhuntáiste oideachasúil. Thagair roinnt cáipéisí beartais i rith na 1990idí do chaighdeán an tsoláthair i ranganna naíonán agus do thionscnaimh eile a chur an DES i ngníomh freisin. Sa ***Report of the Primary Education Review Body*** (DoE, 1990a) tá roinn iomlán tugtha don tsaincheist a bhaineann le "*Quality of Education*." Laistigh den roinn sin, tugtar aitheantas don imní a léirítear faoi ardchaighdeán go hidirnáisiúnta, mar go mbaineann an méid seo a leanas le hardchaighdeán "*…is a multifaceted, often subjective concept with a variety of meanings and is variously used by different interests*." (DoE, 1990a:30) Liostaítear freisin grúpaí leasa éagsúla agus na fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar chaighdeán an chórais oideachais agus leagtar amach go hachomair an chaoi a bhféadfaí nithe den chineál sin a bhaint amach. I measc na bhfachtóirí a imríonn tionchar ar ardchaighdeán tá:

- Curaclam oiriúnach a chuirtear i bhfeidhm, a ndéantar monatóireacht air agus a ndéantar a mheas ar leibhéal ranga, scoile agus náisiúnta;
- Inniúlacht agus tiomantas múinteoirí arb é a bhíonn i gceist ná ábhair oiriúnacha múinteora a roghnú, oideachas réamhsheirbhíse agus inseirbhíse a mbaineann ardchaighdeán leis agus coinníollacha sásúla oibre;

- Bainistíocht éifeachtach, a mbíonn gach leas páirteach inti, a shainmhíníonn aidhmeanna agus cuspóirí agus a chuireann straitéisí le chéile chun iad a chur i bhfeidhm;
- Ceannaireacht inniúil ó Phríomhoide na Scoile agus tarmligean cuí freagrachtaí le postsealbhóirí;
- An úsáid is fearr a bhaint as an am teagaisc agus foghlama agus as an am a bhíonn ar fáil do phleanáil agus do réamhullmhú;
- Struchtúir oiriúnacha do rannpháirtíocht tuismitheoirí mar aon le naisc mhaithe idir an baile agus an scoil;
- Monatóireacht chúramach a bheith á déanamh ag an gcigireacht ar fheidhmíocht na scoileanna;
- Measúnú ábhartha ag foireann na scoile agus ag Boird Bhainistíochta mar aon le haiseolas ó thuismitheoirí;
- Pleanáil eolasach agus soláthar leordhóthanach airgeadais ag an Stát. (DoE, 1990a:31).

Luann an Tuarascáil gur riachtanas é "*...crucial importance of ensuring the quality and effectiveness of what is experienced in our primary schools*" (DoE, 1990a:5). Déantar roinnt moltaí maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar churaclam na bunscolaíochta i dtaca le gach ábhar agus faoi ról na measúnachta laistigh den chóras.

Leag an Páipéar Glas Oideachais, ***Education for a Changing World*** (DoE, 1992) béim freisin ar an ardchaighdeán laistigh den chóras oideachais. Tá an méid seo le fáil i réamhrá na cáipéise sin: "*...no education system can be frozen in time. If it is to continue to deliver quality, it must constantly adapt to changing educational needs and to changes in the world it serves.*" (DoE, 1992:Foreword) Luaitear caighdeán múinteoirí, agus measúnú leanúnach an ardchaighdeáin, freisin, mar nithe a mbaineann an-tábhacht leo maidir le hardchaighdeán an chórais ina iomláine a chothú agus a fheabhsú (DoE, 1992:163-169). Ina theannta sin, tá caibidil tugtha do "*Quality Assurance in the New Structures*" lena n-áirítear measúnú inmheánach agus seachtrach agus córais chigireachta (DoE, 1992:173-175).

D'fhonn bonn a chur faoin bpróiseas comhairliúcháin, próiseas ar cuireadh tús leis leis an bPáipéar Glas, reáchtáladh Comhdháil Oideachais Náisiúnta i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 1993. Tá lárionad ag an ardchaighdeán laistigh den ***Report of the National Education Convention***:

> *Improving the quality of education within schools should be a central goal of any education reform movement. The quality of education depends on many variables, including the competence of staff, school leadership, the quality of planning, pupil-teacher ratios, support services, the social context and levels of parental and community support.* (Coolahan, 1994:55)

Déanann an Tuarascáil cur síos tuilleadh ar ról na scoile in ardchaighdeán a chinntiú trí fhéinmheasúnú agus tríd an bPlean Scoile. Pléitear ról na cigireachta, an gá atá le seirbhísí síceolaíochta agus treorach agus ról lárnach seirbhísí tacaíochta don scoil. Toisc comhthéacs na hÉireann a bheith mar a bhí níorbh fhéidir na hathruithe riachtanacha a dhéanamh láithreach maidir le dearbhú ardchaighdeáin agus bhíothas ar aon fhocal faoin méid seo: "*priorities should be established and their provision planned for in a reasoned and co-ordinated manner.*" (Coolahan, 1994:68)

I 1993, foilsíodh an ***Report of the Special Education Review Committee*** (DoE, 1993). D'aithin sé sin struchtúir do luathaithint riachtanas speisialta i leanaí óga agus moladh go leanfadh an Roinn Sláinte ar aghaidh lena ról seachadta, comhordúcháin, comhairle agus tacaíocht do leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta. Déantar roinnt moltaí a bhaineann le

caighdeán seirbhísí laistigh de réamhscoileanna, lena n-áirítear cóimheasa idir an fhoireann agus leanaí, oiriúnacht cháilíochtaí na foirne agus bunachar sonraí a choinneáil do leanaí ag a bhfuil deacrachtaí le forbairt mothúchán, fhisiciúil, chognaíoch, teanga agus shóisialta.

Tháinig Páipéar Bán Oideachais ***Charting our Educational Future*** (DoE, 1995) i ndiaidh an Pháipéir Ghlais agus an phróisis chomhairliúcháin. Aithnítear ardchaighdeán ar cheann de na prionsabail chun réasúnaíocht fhealsúnach a forbairt do ról an Stáit san oideachas:

> *Students are entitled to the highest possible standard of teaching and to be facilitated in the attainment of the highest quality of learning*. (DoE, 1995:7).

Ina theannta sin:

> *Quality is brought about by maximising the efforts of all those responsible for the education of students and by co-ordinating all the structures of the system…* (DoE, 1995:8)

Luaitear an t-ardchaighdeán a bheith ina aidhm freisin don chóras oideachais (DoE, 1995:10). Meastar ról an stáit maidir le hardchaighdeán a chothú a bheith ilghnéitheach, ról a chuimsíonn an curaclam, teagasc agus measúnacht, caighdeán múinteoirí, bainistíocht institiúideach agus próisis phleanála (DoE, 1995:8). Meastar caighdeán múinteoirí a bheith an-tábhachtach chun ardchaighdeán a bhaint amach agus leagtar amach roinnt gnéithe d'inniúlacht múinteoirí (DoE, 1995:27). Chomh maith leis sin:

> *The quality, morale and status of the teaching profession are of central importance to the continuing development of a first-class education system in the decades ahead.* (DoE, 1995:121)

Ina theannta sin, tugtar áit lárnach don measúnacht "*…in monitoring and enhancing the quality of education at school and national levels*." (DoE, 1995:28). Pléitear go mion le ról lárnach na cigireachta chun ardchaighdeán a chinntiú laistigh den chóras (DoE, 1995:183).

Tugadh an ***Early Start Pre-school Pilot Project*** isteach i 1994 i roinnt scoileanna a shainítear a bheith faoi mhíbhuntáiste i gceantair uirbeacha in Éirinn. Is é príomhaidhm an tionscnaimh sin ná cur le forbairt iomlán leanaí trí chlár oideachais agus tionchar an mhíbhuntáiste shóisialta a chúiteamh (DES, 2002a:1). Leagann sé béim ar chóimheasa maithe idir an fhoireann agus leanaí, ar churaclam a bhíonn oiriúnach don fhorbairt, ar rannpháirtíocht tuismitheoirí agus an phobail agus ar an tábhacht a bhaineann le héascaíocht a dhéanamh don athrú go scolaíocht fhoirmiúil (Murphy, 2000:10). Is é an réasúnaíocht a bhaineann leis an idirghabháil sin ná:

> *Intervention programmes, which provide high quality early childhood education, are regarded as necessary components of a policy that seeks to address problems of inequity in the educational and social systems*. (DES, 2002a:4)

Tionóladh ***National Forum on Early Childhood Education*** i mí an Mhárta 1998 agus thug sé sin an chéad deis riamh don earnáil ECCE in Éirinn teacht le chéile agus na hábhair imní dóibh agus a gcuid tuairimí a roinnt. Tuigeadh, ag an ócáid sin, go raibh roinnt saincheisteanna ann a bhain le gach lucht leasa laistigh den earnáil, iad sin laistigh den earnáil fhoirmiúil agus den earnáil neamhfhoirmiúil mar aon leo siúd a raibh claonadh acu i dtreo an oideachais nó an chúraim. Bhain ceann de na réimsí comhthuisceana sin le hardchaighdeán

seirbhísí i 1998:

> *…that the quality of provision is variable, that there are not enough childcare places, that it is often difficult to obtain information on what is available, and that parents are concerned about standards, qualifications, and inspection procedures.* (Coolahan, 1998:53)

Léiríodh imní, freisin, áfach go gcaillfí an éagsúlacht shaibhir seirbhísí a bhí forbartha agus go gcaithfí mar an gcéanna le gach leanbh agus sinn ar thóir an ardchaighdeáin:

> *It was also recommended that the designation of quality criteria should not mean a diminution of diversity of early childhood provision.* (Coolahan, 1998:53)

Luadh na sochair dhearfacha a bhainfeadh le soláthar ar ardchaighdeán agus ar an láimh eile, luadh an tionchar diúltach a bheadh ag seirbhísí ar dhroch-chaighdeán maidir le leanaí a chur i mbaol. Bhíothas ar aon fhocal nárbh féidir aon 'ardchaighdeán' amháin a bheith sna seirbhísí ar fud gach timpeallachta ach gur chóir critéir chroíláir a aithint le go bhféadfadh seirbhísí oibriú ina dtreo. Bhí rannpháirtithe an Fhóraim ar aon fhocal maidir le cúig tháscaire idirspleácha croíláir an ardchaighdeáin (agus go leor fomhíreanna fúthu sin) a ghlacann san áireamh Ionchur, Próiseas agus Torthaí:

1. Táscairí linbh
2. Táscairí foirne
3. Táscairí na Timpeallachta Fisiciúla
4. Táscairí Sóisialta
5. Táscairí Nádúrtha (Coolahan, 1998:55-56).

Leagadh amach freisin dinimiciúlacht na dtáscairí ardchaighdeáin sin agus an gá go mbeidís "*…contextualised both spatially and temporally. They should evolve over time and changing circumstance and ought not to stifle diversity*" (Coolahan, 1998:56). Bhí oiliúint agus cáilíochtaí ina ngné láir den ardchaighdeán dar le toscairí agus leagadh béim ar an ngá a bhí le córas náisiúnta creidiúnúcháin:

> *At a national level, approaches to improving the quality of early education and childcare should include better coordination of services, the establishment of standards, specification of a training and qualification framework for individuals working in early education and childcare, and support for provision on a wider scale that exists at present.* (Coolahan 1998:57)

Bhí an tábhacht a bhaineann le bheith in ann an t-ardchaighdeán a aithint agus a mheas ó dhearcadh an tuismitheora de le sonrú go láidir freisin ar imeachtaí an Fhóraim (Coolahan, 1998:146).

Go dtí gur tugadh isteach **an *tAcht Oideachais*** (DES, 1998), is beag reachtaíochta a bhí ann a chur bonn faoin gcóras oideachais in Éirinn. Ina theannta sin, pléann **an *tAcht Oideachais (Leas)*** (DES, 2000a) saincheisteanna a bhaineann le tinreamh daltaí ar scoil tríd an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais a bhunú, rud a chuideoidh le hardchaighdeán a chothú do leanaí a bhíonn i mbaol múitseála nó titim amach as an gcóras.

Chuidigh próiseas comhairliúcháin an Fhóraim Náisiúnta um Oideachas Luathóige le Páipéar Bán an DES um Oideachas Luathóige, ***Ready to Learn***, (DES, 1999a) agus chuir sé bonn faoi. Tá an t-ardchaighdeán ina choincheap croíláir den cháipéis bheartais sin, faoi mar a luann an tAire Oideachais sa réamhrá leis an bhfoilseachán, *"Quality of provision is the key theme of the White Paper."* (DES, 1999a:VI). Ag teacht leis an Straitéis Náisiúnta um Chúram Leanaí (DJELR, 1999:45), luann *Ready to Learn* nach féidir an cúram agus an t-oideachas a scaradh

lena chéile agus gur chóir iad a chur ar fáil "*…in a complementary, seamless fashion.*" (DES, 1999a:4). Ina theannta sin, leagann an Páipéar Bán béim ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí ar ardchaighdeán do leanaí óga, agus an méid seo ráite ann:

> *The quality of the early child-based education provided determines, to a very great degree, the nature and duration of the benefits obtained.* (DES, 1999a:43)

Arís eile, ag teacht le cáipéisí eile, aithnítear gur aistear atá sa tóraíocht ardchaighdeáin, aistear ar gá tacú leis agus nach féidir a bhrú (DES, 1999a:43). Tugtar aitheantas freisin do dhearcaí agus do léirmhínithe an luchta leasa san earnáil ECCE, lena n-áirítear tuismitheoirí, oibrithe cúraim leanaí, múinteoirí, fostóirí agus leanaí (DES, 1999a:53). Tugtar aitheantas do chéimeanna agus stádas na ngnéithe éagsúla den ardchaighdeán agus leagtar béim ar an ngá atá le gnéithe níos dinimiciúla agus níos inláimhsithe a shainmhíniú, a mheas agus tacú leo, gnéithe nach mbíonn faoi rialú rialachán, lena n-áirítear idirghníomhuithe idir an duine fásta agus an leanbh, oiliúint agus cáilíochtaí agus rannpháirtíocht tuismitheoirí (DES, 1999a:54). Luaitear cóimheasa idir an fhoireann agus leanaí, spás, trealamh, idirghníomhuithe agus oiriúnacht gníomhaíochtaí do leanaí mar phríomhghnéithe den ardchaighdeán (DES, 1999a:53). Luaitear curaclam oiriúnach a sholáthar, córas cigireachta a dhearadh agus cáilíochtaí agus oiliúint oiriúnach a leagan amach do chleachtóirí mar príomhchúiseanna imní agus mar shásraí chun monatóireacht a dhéanamh ar ardchaighdeán.

Is léir go bhfuil fócas ar leith ar sheirbhísí ar ardchaighdeán do leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta agus do leanaí atá faoi mhíbhuntáiste sa Pháipéar Bán. Maidir le riachtanais speisialta, deirtear:

> *…early childhood intervention is effective when it provides high quality, intensive and clearly articulated programme, delivered by highly skilled and carefully trained personnel in contexts of small group and individual instruction and which are planned to specifically to address individual, identified needs.* (DES, 1999a:84)

Molann *Ready to Learn* Marc um Ardchaighdeán san Oideachas (QE) a thabhairt isteach do sheirbhísí a chomhlíonann caighdeáin chomhaontaithe don ardchaighdeán. Mar chuid den ghné mheasúnachta don mharc QE bheadh Rialacháin reatha an DoH (DoH, 1996a) agus gnéithe oideachais freisin. Déanann an Páipéar Bán idirdhealú idir cigireacht agus measúnú; ní dhéanann cigireacht ach comhlíonadh a chinntiú ach déanann córas measúnachta:

> *…seeks to determine what constitutes best practice, to assess the effectiveness of various early childhood education approaches and intervention and to indicate how effectiveness and efficiency may be enhanced.* (DES, 1999a:124)

Molann an Páipéar Bán córas amháin measúnachta, nó measúnóir amháin, chun gach ceann de na comhchodanna sin a mheas. Freisin, bheadh gné tacaíochta mar chuid de ról an mheasúnóra:

> *…in addition to their inspection role, inspectors will be available to support providers and suggest ways of remedying deficiencies.* (DES, 1999a:123)

Mhol an Páipéar Bán go mbunófaí an Ghníomhaireacht um Oideachas Luathóige (ECEA) chun go leor de na cuspóirí agus na moltaí a luaitear ann a chomhlíonadh. Faoi mar a leagtar amach sa Réamhrá, bunaíodh an CECDE i mí Dheireadh Fómhair 2002 mar shíolghníomhaireacht don ECEA. Is é

feidhm chroíláir an CECDE ná NFQ a fhorbairt. Luaitear é sin inár gClár Oibre (CECDE, 2001) agus tá an próiseas chun é sin a bhaint amach leagtha amach inár Straitéis Taighde (CECDE, 2003a).

Tá roinnt taighde bhunúsaigh tugtha chun críche ag an CECDE (féach an roinn faoi thaighde chun níos mó eolais a fháil) i bhfoirm *Iniúchadh ar Thaighde in Éirinn maidir le Cúram agus Oideachas na Luath-Óige 1990-2003* (CECDE, 2003b), áit a dtugtar caibidil faoi leith do théama an ardchaighdeáin i dtaighde in Éirinn. Ina theannta sin, cuireadh *De Réir Sprice? Iniúchadh ar Sholáthar Seirbhísí a Dhíríonn ar Míbhuntáistí agus Riachtanais Speisialta i measc leanaí ó Bhreith go Sé Bliana d'Aois in Éirinn* (CECDE, 2004a) le chéile freisin. Foilsíodh na torthaí a bhí ar phróiseas comhairliúcháin náisiúnta faoi shaincheist an ardchaighdeáin *Ard-Chaighdeán Faoi Chaibidil* (CECDE, 2004b). Tá *'A Conceptual Framework on how Young Children Develop and Learn in Ireland'* (CECDE, le foilsiú A) i bpróiseas a fhorbartha i láthair na huaire. Beidh *Making Connections, a Review of International Policy, Practice and Research Relating to Quality in Early Childhood Care and Education* (CECDE, Le foilsiú B). Foilsithe i nGeimhreadh 2004.

Lean daltaí i ranganna naíonán an Curaclam Nua de chuid 1971 go dtí gur tugadh isteach Curaclam na Bunscoile (DES, 1999b). Thóg sé sin ar go leor de na fealsúnachtaí leanbhlárnaithe agus iomlánaíocha a chuir bonn faoin gcuraclam a bhí ann roimhe sin. Cuirtear an curaclam i láthair i dtacar 23 leabhar a leagann amach aidhmeanna, cuspóirí, ábhar, coincheapa agus measúnacht i ngach réimse den churaclam. Sa réamhrá le ***Curaclam na Bunscoile 1999***, liostaítear "*Quality in education*" mar an gcéad phríomhcheist san oideachas bunscolaíochta. Cuireann an curaclam cearta leanaí ina leith sin chun cinn:

> *Each child is entitled to the best possible quality of education and it is the responsibility of the state to provide for this through the education system. Curriculum is an important determinant of quality in education, and the standards of learning children achieve through their engagement with it will be a measure of its effectiveness.* (DES, 1999b:26 Réamhrá).

Is príomhcheist san oideachas bunscolaíochta é an t-oideachas luathóige nuair a thógtar san áireamh líon na ndaltaí ceithre agus cúig bliana d'aois atá sa chóras oideachais (DES, 1999b:30 Réamhrá). Mar chuid lárnach den churaclam do ranganna na naíonán tá an tsolúbthacht chun freastal ar iliomad leibhéal gnóthachtála do leanaí i ngach gné den fhorbairt agus iad ag tosú ar a scolaíocht. Tá an spraoi i gcroílár an churaclaim agus tá an teanga i gcroílár an chláir a leantar i ranganna naíonán. Ina theannta sin, leagtar béim ar ról na measúnachta mar ghné lárnach den churaclam "*...to ensure quality in education*." (DES, 1999b:17 Réamhrá).

Tá sé phríomhréimse sa churaclam:

1. Teanga
2. Matamaitic
3. Oideachas Sóisialta, Comhshaoil agus Eolaíochta (SESE)
4. Oideachas sna hEalaíona
5. Corpoideachas
6. Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (SPHE).

Baineann gach ceann de na réimsí sin le ranganna na naíonán agus leagtar amach comhchodanna agus gnéithe den churaclam do na ranganna sin. Agus í ag tacú le tabhairt isteach an Churaclaim Athbhreithnithe scaip an DES ***Your Child's Learning – Guidelines for Parents*** (DES, 1999c), treoir a leag amach príomhghnéithe den churaclam agus na bealaí inar féidir le tuismitheoirí agus scoileanna comhoibriú maidir le cur i

ngníomh an churaclaim.

Eisíodh dréacht-treoirlínte curaclaim do leanaí ag bhfuil riachtanais speisialta sa bhunscolaíocht mar cháipéisí comhairliúcháin in 2002 (NCCA, 2002a-o), i ndiaidh do phlécháipéis a bheith foilsithe roimhe sin, ***Special Educational Needs – Curricular Needs*** (NCCA, 1999). D'aithin an cháipéis níos luaithe sin go raibh teorainn le deiseanna oiliúna do chleachtóirí maidir le riachtanais speisialta, ar leibhéal réamhsheirbhíse agus inseirbhíse araon, agus an tionchar diúltach a bhí aige sin ar sheirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar (NCCA, 1999). Bíonn riachtanais bhreise laistigh den chóras oideachais ag leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta agus éilítear leibhéal ard solúbthachta agus leanúnachais agus curaclaim á bpleanáil. Baineadh úsáid as an gcáipéis chomhairliúcháin sin chun cur le foilsiú Dreacht-Treoirlínte Curaclaim agus chun éascaíocht a dhéanamh d'fhóram níos leithne maidir le hionchur lucht leasa ina leith sin.

Baineann na ***Dréacht-Treoirlínte Curaclaim*** (NCCA, 2002 a-o) sin úsáid as an sárchleachtas agus an taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta is déanaí d'fhonn tacaíocht a thabhairt do phleanáil agus do chur i ngníomh an churaclaim do dhaltaí atá faoi mhíchumas ginearálta. Is é an aidhm atá ann ná go mbainfí úsáid as na treoirlínte i gcomhar leis an gcuraclam príomhshrutha. Tá na treoirlínte sin roinnte ina dtrí chatagóir ar leithligh; leanaí atá faoi mhíchumas éatrom ginearálta foghlama (NCCA, 2002a-i), leanaí atá faoi mhíchumais mheasartha ghinearálta foghlama (NCCA, 2002j-l) and leanaí atá faoi mhíchumais thromchúiseacha agus mhóra ghinearálta foghlama (NCCA, 2002m-o). Tá roinnt lámhleabhar i ngach catagóir; lena n-áirítear Treoirlínte do Mhúinteoirí agus treoirlínte faoi go leor réimsí curaclaim lena n-áirítear an Mhatamaitic, Cumarsáid agus Teanga, Oideachas sna hEalaíona agus SPHE. Bhí deis ann tuairim a nochtadh faoi na dréacht-treoirlínte agus iad a athbhreithniú agus déanfar iad a leasú agus a thabhairt chun críche ach an tréimhse chomhairliúcháin a bheith istigh.

I dteannta an mhéid sin thuas, lainseáil an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) ***I dTreo Creata don Luathfhoghlaim – Cáipéis Chomhairliúcháin*** (NCCA, 2004). Is forbairt thábhachtach é sin nuair a ghlactar san áireamh an bhéim a leagtar síos sa churaclam maidir le hardchaighdeán a bhaint amach:

> *The development of a national framework is an important step in helping to provide all children with appropriately enriching, challenging and enjoyable learning opportunities from birth to six years.* (NCCA, 2004:14)

Is páipéar cúlra é sin do chomhairliúchán sa phróiseas a bhaineann le creat náisiúnta a chur le chéile don luathfhoghlaim. Tá ceithre phríomhaidhm ag an gCreat:

- Tacú le forbairt gach linbh 0-6 le go bhfásfaidh siad suas ina bhfoghlaimeoirí muiníneacha agus inniúla;
- Béim a leagan ar ról tábhachtach tuismitheoirí/caomhnóirí;
- Treoir a thabhairt do thuismitheoirí/feighlithe leanaí/cleachtóirí faoi phleanáil agus eispéiris chuí foghlama a sholáthar;
- Tacaíocht a thabhairt do dhea-chleachtais na luathfhoghlama faoi láthair (NCCA, 2004:13).

Tá roinnt alt agus téamaí sa cháipéis chomhairliúcháin agus is é is rún leis ná caighdeán ECCE a fheabhsú trí chreat a chur ar fáil do sheachadadh cláir nó curaclaim chuí. Tá ról an duine fhásta mar ghné lárnach d'fhoghlaim an linbh trí idirghníomhuithe ar ardchaighdeán mar cheann de na príomhphrionsabail atá ag teacht chun cinn (NCCA, 2004:41).

Le linn na 1990idí, tugadh isteach roinnt scéimeanna chun éifeachtaí an mhíbhuntáiste oideachasúil laistigh den chóras bunscolaíochta a mhaolú[4]. Áirítear orthu sin an Scéim Scoileanna i gCeantair faoi Mhíbhuntáiste (1990), Scéim Chaidrimh um Baile um Scoil agus um Chomhphobal (1990), Breaking the Cycle Scheme (DoE, 1997), New Deal (DES, 1999d) agus Giving Children an Even Break by Tackling Disadvantage (DES, 2001). Cé nach dtagraíonn na cáipéisí a bhaineann leis na scéimeanna sin go sonrach don ardchaighdeán, is é an réasúnaíocht is lár leo ná caighdeán na n-eispéireas oideachasúil a fheabhsú do dhaltaí a fhulaingíonn míbhuntáiste. (Féach Roinn 5 chun mionsonraí breise a fháil).

Tugadh aird ar oideachas do leanaí an Luchta Siúil san am sin freisin. I 1994, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais ***Education of Traveller Children in National Schools – Guidelines*** (DoE, 1994) agus tháinig ***Guidelines on Traveller Education in Primary Schools*** amach ina n-áit sin in 2002 (DES, 2002b). Thug na treoirlínte sin aghaidh ar oiriúnacht an tsoláthair oideachais do leanaí an Luchta Siúil i gcomhthéacs na hÉireann agus ar an tábhacht a bhain le nasc a chruthú idir an baile agus an scoil. Gné atá i gcroílár na dtreoirlínte is déanaí ná réasúnaíocht a bheith curtha ar fáil do churaclam idirchultúir laistigh de chóras na bunscolaíochta chun tacaíocht a thabhairt d'oideachas an Luchta Siúil.

Tá Cigireacht na Bunscoile freagrach as measúnú a dhéanamh ar chaighdeán an oideachais i mbunscoileanna. Leanann cigirí creat coiteann do mheasúnuithe scoile i ngach rang, lena n-áirítear ranganna naíonán agus Early Start. Tagann an sainordú reachtaíochta don mheasúnú sin ón *Acht Oideachais* (DES, 1998). Go háirithe i dtaca le hardchaighdeán, leagann Alt 7 (2) (b) an fhreagracht as "*…faireachán agus measúnacht a dhéanamh ar cháilíocht … agus éifeachtacht an chórais oideachais …*" ar an Aire Oideachais. Leagann Alt 13 den *Acht Oideachais* amach tuilleadh ról an mheasúnachta maidir le hardchaighdeán a bhaint amach sa chóras oideachais sna ráitis seo a leanas:

> *…meastóireacht ar eagrú agus oibriú na scoileanna agus na lárionad sin agus ar cháilíocht agus éifeachtacht an oideachais a chuirtear ar fáil sna scoileanna nó sna lárionaid sin, lena n-áirítear cáilíocht na múinteoireachta agus éifeachtacht múinteoirí aonair.* (DES, 1998: Alt 13 (3) (a) (i) (I))

> *…meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht agus ar éifeachtacht sholáthar an oideachais sa Stát, lena n-áirítear comparáid a dhéanamh le cleachtas agus caighdeáin idirnáisiúnta iomchuí, agus tuarascáil a thabhairt don Aire ar an gcéanna.* (DES, 1998: Alt 13 (3) (b))

I 1999, d'fhoilsigh an DES an ***Report on the 1998/1999 Pilot Project on Whole School Evaluation*** (WSE) (DES, 1999e). Ba é cuspóir an tionscnaimh WSE ná scoileanna a thabhairt isteach sa chur chuige comhpháirtíochta i leith an phróisis mheastóireachta, de bharr an iliomad fachtóirí a imríonn tionchar ar an ardchaighdeán. Measadh go raibh sé riachtanach sonraí oibiachtúla a bhféadfaí brath orthu a chur ar fáil chun meastóireacht a dhéanamh ar scoileanna aonair, agus ar an gcóras oideachais ina iomláine freisin. Faoi mar a luadh sa Tuarascáil:

> *Quality can be best achieved when all the partners share common goals and objectives for the development of the education system and when positive, professional relationships are maintained between the school*

4 Chun forléargas cuimsitheach a fháil ar na tionscnaimh seo, féach Murphy (2000) le do thoil.

> *community and the Inspectorate of the Department of Education and Science.* (DES, 1999e:7)

Maidir leis an bpróiseas a bhain le dea-chleachtas a aithint agus a dhearbhú laistigh de scoileanna, i dteannta aitheantas a thabhairt do ghnéithe níos laige agus pleanáil a dhéanamh dá bhfeabhsú, bhí sé sin ina fheidhm chroíláir den Staidéar Píolótach, ag féachaint do "*...the assurance of quality within the education system...*" (DES, 1999e:7)

Maidir le forbairt an chórais, cothaíonn an Chigireacht féin-athbhreithniú laistigh de scoileanna agus tríd an mbaint a bhíonn aici leis an Tionscnamh um Pleanáil Forbartha Scoile. Bíonn ról lárnach ag an gCigireacht, freisin, i bhforbairt curaclaim, in oideachais speisialta, i dtionscnaimh um míbhuntáiste agus uilechuimsitheacht shóisialta agus i bhforbairt leanúnach ghairmiúil.

In 2000, d'fhoilsigh an Chigireacht ***Professional Code of Practice on Evaluation and Reporting for the Inspectorate*** (DES, 2000b). Thug sé sin stádas foirmiúil do na prionsabail is bonn le cleachtais thraidisiúnta na cigireachta agus leagann sé amach na caighdeáin lena n-oibríonn an chigireacht. Ceann de phrionsabail ghinearálta na cigireachta is ea "*...report on the quality of education in schools and on the system as a whole*" (DES, 2000b:1) agus is é aidhm na measúnachta ná "*...to promote continuing improvement in the quality of education offered by schools.*" (DES, 2000b:1). Tugann an Chigireacht, freisin, faoi thuarascálacha ar ardchaighdeán ar chur ar fáil i scríbhinn agus ó bhéal.

Cumhdaíonn ról an chigire feidhm tacaíochta do mhúinteoirí, do bhainisteoirí agus do phríomhoidí. Tá an forás a tháinig ar an gCigireacht ó uair a bunaithe i 1831 leagtha amach in ***The Inspectorate – A Brief Guide***, ach tá feidhm chroíláir na hoibre fós gan athrú:

> *However, its core tasks, - the inspection and evaluation of the quality of schooling, advising on educational policy and supporting teachers and school management – have remained constant to the present day.* (DES, 2002c:5)

Mar chuid dá ról meastóireachta, tá cur chun cinn an ardchaighdeáin ina phríomhthábhacht agus is é tuairim na Cigireachta ina leith ná "*...best achieved through a combination of complementary internal and external evaluation.*" (DES, 2002c:9). Déantar cigireacht ar scoileanna ar bhonn timthriallach, agus is éard a bhíonn i gceist ná díriú ar gach gné d'fheidhmiú na scoile. Is iad cuspóirí na meastóireachta:

- Dea-chleachtas a aithint, a dhearbhú agus aitheantas a thabhairt dó;
- Feabhsú leanúnach a chothú i dtaca le caighdeán an oideachais;
- Féin-mheastóireacht agus forbairt leanúnach scoileanna a chothú agus
- Dearbhú a chur ar fáil faoi ardchaighdeán an chórais oideachais ina iomláine, bunaithe ar shonraí ar ardchaighdeán ar féidir brath orthu agus a bhíonn oibiachtúil a bhailiú. (DES, 2002c:14)

Díríonn an Tuairisc Scoile ar na gnéithe seo a leanas d'eagrúchán agus d'obair na scoile:

- Cúinsí timpeallachta a chuireann isteach ar éifeachtacht obair an mhúinteora;
- Eagrú agus atmaisféar na scoile/an chláir ghinearálta oibre;
- Forbairt ghinearálta daltaí agus dul chun cinn i gcodanna áirithe den churaclam (DES, 2002c:4).

I mí na Nollag 2002, d'fhoilsigh an Chigireacht léiriú samplach ar na torthaí a bhain le meastóireach a rinneadh ar ***Fifty School Reports: What Inspectors Say*** (DES, 2002d). Dhearbhaigh sé sin arís eile rólanna iolracha na Cigireachta ní hamháin i dtaca le meastóireacht, ach i dtaca le

forbairt agus tacaíocht gach scoile agus an chórais ina iomláine. Díríonn an Tuarascáil ar thrí lár-réimse:

- Saincheisteanna Scoile Iomláine (an Bord Bainistíocht, bainistíocht inscoile, an fhoireann agus eagrú, cóiríocht, rannpháirtíocht tuismitheoirí);
- Saincheisteanna Ginearálta Curaclaim (pleanáil scoile, pleanáil múinteora, prionsabail agus modheolaíochta, acmhainní, measúnú);
- Réimsí Curaclaim (Gaeilge, Béarla, Matamaitic, SESE, oideachas sna hEalaíona, SPHE) (DES, 2002d:7).

Mar chúnamh chun cuidiú le scoileanna féinmheastóireacht agus féinathbhreithniú a dhéanamh agus chun "*...further assist school communities in fulfilling their quality assurance obligations*," d'fhoilsigh an DES ***Looking at our School - An Aid to Self-Evaluation in Primary Schools*** (DES, 2003a). Faoi mar a luaitear sa Réamhrá:

> *Quality in schools is a matter for all concerned with, and involved in, the education of our children.* (DES, 2003a:V)

Ina theannta sin, deir an tuarascáil ina dhiaidh sin:

> *The maintenance of the quality of education in individual primary schools is a major aim of education policy in Ireland.* (DES, 2003a:VII)

Ar mhaithe le meastóireacht den chineál sin a dhéanamh, tugtar aghaidh ar chúig lárthéama, agus roinntear gach ceann acu sin ina n-iliomad gnéithe agus comhchodanna breise:

1. Bainistíocht scoile
2. Pleanáil scoile
3. Soláthar curaclaim
4. An fhoghlaim agus an
5. mhúinteoireacht i réimsí curaclaim Tacaíocht do dhaltaí (DES, 2003a:IX)

Tugtar ar scoileanna féachaint ar na téamaí sin ina n-aonair nó le chéile, nó díriú go fiú ar chodanna áirithe laistigh de théamaí, agus an deis a bheith ann i gcónaí téamaí eile a mbeadh baint acu le comhthéacs scoile aonair a mholadh. Tagann dearcadh na Cigireachta le go leor den litríocht a bhaineann le hardchaighdeán, is é sin "*...it may be useful to think of a quality continuum consisting of a number of reference points representing stages of development in the improvement process.*" (DES, 2003a:X)

In 2003, d'fhoilsigh an Chigireacht ***National Evaluation Report on Preschools for Travellers*** (DES, 2003b). Dhírigh an t-athbhreithniú sin ar go leor gnéithe d'fheidhmiú na réamhscoileanna don Lucht Siúil, lena n-áirítear:

- Bainistíocht
- Iontráil, clárú agus tinreamh daltaí
- Cóiríocht
- Maoiniú
- An Fhoireann agus Oiliúint na Foirne
- Múinteoireacht agus foghlaim
- Naisc a dhéanamh (DES, 2003b).

Tagann an Tuarascáil chun críche trí ghnéithe dearfacha de réamhscoileanna an Luchta Siúil a dhearbhú agus aithnítear an gá a bhíonn le gnéithe áirithe a d'fhéadfadh a bheith ag cur isteach ar ardchaighdeán seirbhísí a thabhairt faoi deara agus a réiteach:

> *The important role played by Traveller pre-schools in the provision of early childhood learning experience to Traveller Children should be acknowledged and steps taken to further enhance the quality of the experience for present and future cohorts of children attending these pre-schools.* (DES, 2003b:75)

Ciallachais don Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán - DES

Ardchaighdeán a Shainmhíniú:

1. Is deacair coincheap an ardchaighdeáin a shainmhíniú agus féachann lucht leasa sa chóras air ó dhearcaí éagsúla. Meastar an éagsúlacht dearcaí sin a bheith ina gné dhearfach den earnáil ECCE agus ba chóir tacú léi.
2. Ní féidir aon sainmhíniú amháin ar ardchaighdeán a bheith ann; ba chóir, ina ionad sin, tacar critéar croíláir a aithint, ar féidir le timpeallachtaí oibriú i dtreo iad a bhaint amach.
3. Is tréith thábhachtach den ardchaighdeán iad oiriúnacht agus solúbthacht an churaclaim nó an chláir a bhíonn i bhfeidhm.
4. Bíonn tionchar ag caighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil ar chineál agus ar fhadtréimhse na sochar a bhíonn ann don leanbh.
5. Bíonn tionchar suntasach ag caighdeán na bpearsanra a bhíonn ag obair i dtimpeallachtaí luathbhlianta ar chaighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil.
6. Ní mór struchtúir éifeachtacha bhainistíochta agus cheannaireachta a bheith i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go bhfeidhmíonn na timpeallachtaí chomh maith agus is féidir.
7. Is príomhthréith den ardchaighdeán iad rannpháirtíocht tuismitheoirí agus an phobail agus naisc dhearfacha idir an scoil agus an baile a chruthú.
8. Tá sé ríthábhachtach aitheantas a thabhairt d'athrú agus do dhinimiciúlacht an ardchaighdeáin i dtimpeallachtaí d'fhonn a chinntiú go mbíonn an t-ardchaighdeán insroichte sa chomhthéacs comhaimseartha.
9. Ní mór gnéithe Ionchur, Próisis agus Toraidh cosúil le táscairí linbh, táscairí foirne, táscairí na dtimpeallachtaí fisiciúla, táscairí sóisialta agus táscairí nádúrtha, a bheith san áireamh sa sainmhíniú ar ardchaighdeán.
10. Meastar idirghníomhuithe idir an duine fásta agus an leanbh a bheith ina dtréith lárnach de sheirbhísí ar ardchaighdeán.
11. Ní mór a aithint gur rud leanúnach atá san ardchaighdeán ag a bhfuil roinnt pointí tagartha ar féidir oibriú i dtreo iad a bhaint amach ina n-aonair nó le chéile.
12. Meastar go bhfuil sé tábhachtach curaclam idirchultúir a chur ar fáil mar thacaíocht don oideachas a chuirtear ar leanaí an Luchta Siúil.
13. Ní mór do threoirlínte curaclaim a bheith solúbtha chun freastal ar chumais agus meon gach dalta, lena n-áirítear daltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta.

Ardchaighdeán a Mheas:

1. Is príomheilimintí iad iniúchadh agus meastóireacht chúramach ar thimpeallachtaí chun a chinntiú go ndéantar an t-ardchaighdeán a bhaint amach agus a chothabháil. Ba chóir do mheastóireacht den chineál sin an lucht leasa níos leithne oideachais, lena n-áirítear tuismitheoirí, múinteoirí agus lucht bainistíochta a ghlacadh san áireamh.

2. Ní mór féinmheasúnú laistigh de thimpeallachtaí agus cigireacht sheachtrach a bheith san áireamh sa mheasúnú d'fhonn a chinntiú go mbaintear ardchaighdeán amach.3. Tugann reachtaíocht atá mar bhonn le measúnú an chórais oideachais bonn reachtúil do mheasúnú an chórais ina iomláine.
4. Ba chóir don mharc QE atá molta measúnú a dhéanamh ar gach gné den timpeallacht ECCE, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht agus ar ghnéithe oideachasúla freisin laistigh den chreat cigireachta aonair.
5. Ní mór an défheidhm a bheith ag measúnú, is é sin aitheantas a thabhairt do na gnéithe dearfacha mar aon leis na gnéithe níos laige sa timpeallacht a aithint agus pleanáil thart orthu.
6. Tá cód cleachtais gairmiúil tábhachtach chun gníomhaíochtaí na cigireachta a shainmhíniú agus a dhéanamh foirmiúil do gach lucht leasa san oideachas.
7. Tá aiseolas ó bhéal agus i scríbhinn tábhachtach chun a chinntiú go mbíonn trédhearcacht agus cumarsáid ann, rud a thugann feabhas sna réimsí a aithnítear mar réimsí easnamhacha agus dea-chleachtas leanúnach maidir le gnéithe dearfacha na timpeallachta.
8. Is tréith thábhachtach de sheirbhísí ar ardchaighdeán iad cóimheasa cuí idir an fhoireann agus na daltaí.

Tacaíocht a thabhairt d'Ardchaighdeán:

1. Tá deiseanna don phleanáil inmheánach laistigh de thimpeallachtaí ríthábhachtach chun a chinntiú go gcuirtear seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil.
2. Cuireann ról an stáit struchtúr agus fís ar fáil chun an t-ardchaighdeán a bhaint amach agus imríonn sé ról tábhachtach maidir le curaclam, measúnacht, bainistíocht institiúideach, oiliúint múinteoirí agus an phleanáil a éascú.
3. Is réamhriachtanas é maoiniú chun ardchaighdeán a bhaint amach.
4. Tá seirbhísí tacaíochta do phearsanra ECCE ríthábhachtach d'fhonn cur lena gcumas seirbhís ar ardchaighdeán a sheachadadh (e.g. seirbhísí síceolaíochta agus treorach).5. Tá faisnéis chruinn agus reatha faoi gach leanbh i bhfoirm bunachar sonraí, go háirithe i gcás leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta, ríthábhachtach d'fhonn a chinntiú go gcuirtear seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil dóibh siúd a mbíonn riachtanais acu agus go mbíonn seirbhísí cuí ann ina dhiaidh sin de réir mar a théann an leanbh ar aghaidh agus de réir mar a aibíonn sé/sí.
6. Meastar comhordú an chórais oideachais a bheith ina ghné thábhachtach chun seirbhísí ar ardchaighdeán a chinntiú.
7. Is clochmhíle tábhachtach é an t-athrú ó réamhscolaíocht go bunscolaíocht do leanaí agus ní mór tacaíochtaí leordhóthanacha a bheith curtha ar fáil d'fhonn a chinntiú go ndéantar éascaíocht dó sin gan strus nach mbíonn gá leis a chruthú.
8. Is réamhriachtanais é deiseanna um oideachas, oiliúint agus forbairt leanúnach ghairmiúil do sheirbhísí ar ardchaighdeán. Ní mór creat um cháilíochtaí náisiúnta, creat lena mbaineann conairí soiléire maidir le dul chun cinn a chur i ngníomh.
9. Ba chóir gné thacaíochta a bheith mar chuid den chóras molta cigireachta QE chun cuidiú le seirbhísí agus iad ag iarraidh ardchaighdeán a bhaint amach.

4.5 An Roinn Sláinte agus Leanaí (DHC)

Go traidisiúnta, bhíodh baint ag an Roinn Sláinte le ECCE a chur ar fáil do ghrúpaí spriocdhírithe trí naíolanna boird sláinte a mhaoiniú (Hayes, 1983). Dhíríodh sé sin den chuid is mó ar leanaí a bhí faoi mhíbhuntáiste agus chuirtí deontais ar fáil chun trealamh a cheannach agus do chostais reatha bhliantúla na seirbhísí sin (NDP/CSF, 2003:94). I 1990, d'fhoilsigh an Roinn Sláinte ***Needs and Abilities – A Policy for the Intellectually Disabled*** (DoH, 1990). Leagann an tuarascáil sin béim ar an tábhacht a bhaineann le hidirghabháil luath agus ar an ngá a bhíonn le tacaíocht do thuismitheoirí agus do theaghlaigh a bhfuil leanbh atá faoi mhíchumas intleachtúil aige nó aici. Go ginearálta, táthar ag cur tacaíochtaí den chineál sin ar fáil laistigh den bhaile nuair is indéanta sin agus ina theannta sin, luaitear tinreamh ar réamhscoil ó aois trí bliana a bheith ina idirghabháil thábhachtach. Luaitear an t-athrú ón réamhscolaíocht go bunscoil nó go scoil speisialta a bheith tábhachtach d'fhorbairt shaol an linbh, agus ní mór tacú leis sin trí dhlúthchaidreamh le gach gníomhaireacht agus teaghlach a bhíonn i gceist.

Ach an ***tAcht um Chúram Leanaí*** (DoH, 1991) a bheith tugtha isteach, bhí creat reachtúil ag an Roinn chun seirbhísí ECCE a chur ar fáil laistigh de. Baineann Cuid VII (Airteagail 49-58) den Acht le seirbhísí réamhscolaíochta, agus tugann Airteagal 55 an t-údarás don Roinn:

> *...make such examination into the condition of the premises and the care and attention which the pre-school children are receiving...* (DoH, 1991:Alt 55)

Tugadh éifeacht d'fhorálacha an *Achta um Chúram Leanaí* (1991) maidir le seirbhísí ECCE de bhun na ***Rialachán um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile)*** (DoH, 1996a). Baineann na Rialachán le réamhscoileanna, spraoighrúpaí, naíolanna lae, crècheanna, feighlithe leanaí a thugann aire do thriúr leanbh nó níos mó agus seirbhísí den chineál sin a dhéanann cúram do leanaí ó aois a mbreithe go sé bliana.

Luann na Rialacháin na ceanglais ar sheirbhísí maidir leis an timpeallacht ardchaighdeáin agus le saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta, lena n-áirítear cóimheasa idir an fhoireann agus leanaí, an spás a chuirtear ar fáil in aghaidh an linbh, aeráil, soilsiú agus ceanglais árachais. Ina theannta sin, luaitear in Airteagal 4 maidir le soláthróirí: "*...shall ensure that every preschool child attending the service has suitable means of expression and development through the use of books, toys, games and other play materials, having regard to his or her age and development*." (DoH, 1996a:8). Tá sé d'oibleagáid ar sheirbhísí boird sláinte a chur ar an eolas go bhfuil siad ann agus tar éis cigireacht tosaigh a bheith déanta, déantar cigireacht ar thimpeallachtaí gach bliain de ghnáth. Maidir le seirbhísí nach gcuireann iad féin in iúl go deonach, féadfaidh oifigigh na Roinne Sláinte agus Leanaí cigireacht a dhéanamh orthu agus iad ag díriú ar an méid seo a leanas:

> *Inspection is designed to ensure the health, safety and welfare of children and the promotion of their development. It also is to ensure compliance with statutory requirements.* (DHC, 1998:41)

Tar éis chur i ngníomh Rialacháin 1996 agus an fócas a cuireadh ar chaighdeán seirbhísí, d'fhoilsigh Bord Sláinte an Iarthair (WHB) ***A Guide to Quality Practice in Preschool Services*** (WHB, 2000). Díríonn sé sin ar gach gné den ardchaighdeán i seirbhísí réamhscoile agus soláthraíonn sé treoir phraiticiúil dá gcur i ngníomh. Tá na Rialacháin Réamhscolaíochta faoi athbhreithniú faoi láthair agus táthar ag súil le toradh an phróisis sin sula i bhfad. I gcomhfhreagras

pearsanta ón Róinn Sláinte agus Leanaí dúradh "*It is proposed that the revised Regulations will place a stronger emphasis on child development*." (An tAonad um Beartas Cúraim Leanaí, DHC, Comhfhreagras Pearsanta, 15 Márta, 2004)

I 1996, d'fhoilsigh an Roinn Sláinte ***Towards an Independent Future***, faoi sheirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta do dhaoine atá faoi mhíchumas fisiciúil nó céadfach (DoH, 1996b). Leagann sé sin béim speisialta ar aimsiú agus idirghabháil luath agus ar chomhordú seirbhísí do leanaí óga a bhíonn faoi mhíchumas. Bíonn aimsiú luath i gceist i seirbhísí laistigh de na hospidéil mháithreachais, in altranas sláinte poiblí agus seirbhísí chun deacrachtaí forbartha a aimsiú i leanaí laistigh den chóras réamhscolaíochta nó scolaíochta. Moladh, freisin, tacaíochtaí do thuismitheoirí agus do theaghlaigh ag an bhfuil leanaí atá faoi mhíchumas, "*…particularly those aged under two…*" (DoH, 1996b:41). Meastar saoráidí cuí spraoighrúpa, a sholáthraíonn "*…intensive early therapy services for children…*" (DoH, 1996b:53) agus dá dteaghlaigh bheith riachtanach san idirghabháil luath freisin.

Ba í an DHC an ghníomhaireacht stiúrtha maidir leis an ***National Children's Strategy – Our Children, Their Lives*** (DHC, 2000) a chur le chéile. Cuireann an straitéis creat ar fáil d'Éirinn i leith leanaí agus daoine óga agus tagann sé sna sála ar dhaingniú a bheith déanta ag Éirinn in 1992 ar Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (UN, 1989). Is mian leis an straitéis "*…enhance the status and further improve the quality of life of Ireland's children*" (DHC, 2000:6) agus leagtar amach roinnt straitéisí do na cuspóirí sin a bhaint amach. Seo a leanas fís na Straitéise Náisiúnta Leanaí:

> *Éire ina mbeidh meas ar leanaí mar shaoránaigh óga atá in ann cur leis an tsochaí ar dhóigh luachmhar agus ina mbeidh guth suaithinseach acu; áit a dtugann a muintir féin agus an tsochaí i gcoitinne grá agus tacaíocht do gach leanbh; áit a mbeidh siad in ann óige shásta a chaitheamh agus áit a mbeidh siad ábalta a bpoitéinseal a bhaint amach.* (DHC, 2000:10)

Cuimsíonn an fhís sin trí sprioc náisiúnta:

1. Beidh cead cainte ag leanaí i gcúrsaí a théann i bhfeidhm orthu agus tabharfar aird chuí ar a gcuid tuairimí de réir a n-aoise agus a n-aibíochta.

2. Tuigfear saol leanaí níos fearr; bainfidh a saol tairbhe as meastóireacht, taighde agus eolas faoina gcuid riachtanas, a gcuid ceart agus as éifeachtacht seirbhísí.

3. Gheobhaidh leanaí seirbhísí agus tacaíocht d'ardchaighdeán le gach gné dá bhforbairt a chur chun cinn (DHC, 2000:11).

Chomh fada agus a bhaineann sé le seirbhísí cúraim leanaí go sonrach, baineann Cuspóir A den Straitéis le cúram leanaí ar ardchaighdeán a chur ar fáil do gach leanbh:

> *Freastalófar ar riachtanais forbartha agus luathoideachais leanaí trí sheirbhísí cúraim leanaí ar ardchaighdeán agus trí bhearta fostaíochta a ghlacann an teaghlach san áireamh.* (DHC, 2000:50)

Déantar tuilleadh scagtha ar an gcuspóir sin, leagtar amach an iliomad tionchar dearfach a bheadh ag seirbhísí ECCE ar ardchaighdeán do gach leanbh, agus leagtar béim ar leith ar na sochair dóibh sin ag a bhfuil riachtanais speisialta agus a bhíonn faoi mhíbhuntáiste (DHC, 2000:51).

In 2001, chuir an DHC maoiniú ar fáil chun scéim fógartha dheonaigh a thabhairt isteach d'fheighlithe linbh a bhíonn ag

tabhairt aire do thrí leanbh nó níos lú (atá lasmuigh de Rialacháin 1996) ina dtithe. Ach fógra a bheith faighte, gheobhaidh siad tacaíocht ón oifigeach comhairleach áitiúil um fheighlithe linbh, oifigeach a dhéanann go leor tascanna maidir le tacú leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus ardchaighdeán na seirbhísí sin a fheabhsú (An tAonad um Beartas Cúraim Leanaí, DHC, Comhfreagras Pearsanta, 15 Márta, 2004).

Bunaíodh an NCO in 2001 chun gach gné de shaol leanaí a fheabhsú trí thacaíocht agus stiúir a thabhairt do chur i ngníomh na *Straitéise Náisiúnta Leanaí*. Is í an chéad mhórcháipéis bheartais a chuir an NCO le chéile ná ***Ready, Steady Play – A National Play Policy*** (NCO, 2004), cáipéis a cuireadh le chéile i ndiaidh na moltaí a rinneadh sa Straitéis Náisiúnta Leanaí:

> *The National Play Policy is about creating better play opportunities for children. Its overall objective is to plan for an increase in public play facilities and thereby improve the quality of life of children living in Ireland by providing them with more play opportunities.* (NCO, 2004:8)

Luann an Play Policy an infheistíocht thábhachtach i gcúram leanaí faoin EOCP, "*...with a significantly enhanced focus on the quality of these services."* (NCO, 2004:10). Leagann sé amach freisin, áfach, ganntanas sonraí a bheith ar fáil faoi dheiseanna spraoi do leanaí a bhíonn faoi chúram feighlithe linbh lasmuigh de na Rialacháin Réamhscolaíochta. Ina theannta sin, scrúdaítear na deiseanna a chuirtear ar fáil don spraoi i gcás bunscoileanna agus moltar go ndéanfaí deiseanna den chineál sin a fhorbairt (NCO, 2004:25). Laistigh de na hocht gcuspóirí atá aige, cuireann *Ready, Steady, Play* creat ar fáil do na gníomhartha a bhfuil gá leo agus do na gníomhaireachtaí atá freagrach as a chinntiú go mbaintear ardchaighdeán amach i saoráidí spraoi do leanaí.

Ina theannta sin, déanann an NCO éascaíocht do Ghrúpa Oibre Ardleibhéil Idir-Rannach a thugann aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le comhordú idir oideachas agus cúram idir ranna.

Ciallachais don Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán - DHC

Ardchaighdeán a Shainmhíniú:

1. Tá tábhacht mhór ag baint le sláinte agus sábháilteacht thimpeallacht an linbh chun a chinntiú go gcuirtear seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil, lena n-áirítear spás ag gach leanbh, soilsiú agus aeriú.
2. Is tréith thábhachtach iad cóimheasa cuí idir an fhoireann agus na daltaí d'fhonn seirbhísí ar ardchaighdeán a chinntiú.
3. Tá deiseanna don leanbh forbairt ar bhealach iomlánaíoch laistigh den timpeallacht ríthábhachtach trí ábhair chuí agus deiseanna d'idirghníomhú a chur ar fáil.
4. Cuidíonn beartas náisiúnta, a chuireann bonn le seasamh leanaí sa tsochaí agus a chothaíonn seasamh leanaí sa tsochaí, go mór le cur i ngníomh praiticiúil tionscnamh a bhaineann le ECCE agus cinntítear go mbíonn na cúrsaí sin go mór i mbéal an phobail pholaitíochta.
5. Maidir le deiseanna a chur ar fáil do leanaí raon leathan eispéireas spraoi a bhlaiseadh, cuireann sé go mór le caighdeán an tsaoil do leanaí.

Ardchaighdeán a Mheas:

1. Tá gá le creat reachtaíochta do chóras iniúchta a chinnteoidh go gcomhlíonfar na rialacháin a shainordaítear.
2. Ní mór don chóras iniúchta meastóireacht a dhéanamh ar gach gné den timpeallacht, lena n-áirítear gnéithe inláimhsithe bonneagair mar aon le gnéithe níos neamhfheiceálaí agus níos dinimiciúla agus ní mór baint a bheith aige le gach timpeallacht ina mbíonn leanaí idir aois a mbreithe go sé bliana.

Tacaíocht a thabhairt d'Ardchaighdeán:

1. Tá idirghabháil luath do leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta nó dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste, idir i dtimpeallacht an bhaile agus na réamhscoile, tábhachtach chun ardchaighdeán a bhaint amach laistigh de sheirbhísí.
2. Ní mór tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí agus do theaghlaigh leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta chun déileáil leis na himpleachtaí breise a bhíonn i gceist.
3. Is ócáid shuntasach i saol an linbh é an t-athrú ón réamhscolaíocht go dtí an bhunscolaíocht agus ní mór tacaíocht a thabhairt dó sin trí dhlúth-chomhoibriú agus idirchaidreamh idir gníomhaireachtaí agus forais.
4. Ní mór tacú le seirbhísí atá lasmuigh de chlár dualgas na rialachán reatha d'fhonn a chinntiú go bhfaigheann gach leanbh seirbhís ar ardchaighdeán.
5. Tá sé tábhachtach sonraí caighdeánaithe agus reatha a bheith ar fáil faoi na deiseanna a bhíonn ar fáil do leanaí maidir le spraoi i ngach réimse.

4.6 An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (DSCFA)

I 1998, d'fhoilsigh an DSCFA an ***Report of the Commission on the Family - Strengthening Families for Life***. Is éard atá ann ná deireadh próisis fhada ar cuireadh tús leis i 1995, próiseas a ghlac san áireamh píosaí taighde ghaolmhair a rinneadh sna blianta roimhe sin chun tacú leis an bhfoilseachán. Bunaíodh an Coimisiún um an Teaghlach i 1995 "*...[to] make recommendations to government on proposals which would strengthen the capacity of families to carry out their functions in a changing economic and social environment.*" (DSCFA, 1998:2). Rinne an Tuarascáil athbhreithniú ar chaighdeán an chúraim leanaí mar ghné lárnach de thacaíocht a thabhairt do theaghlaigh, agus luadh cúram leanaí mar shaincheist in aon trian de na 536 aighneacht a fuarthas:

> *Quality childcare was often perceived to be vital to family life in that it supports the development, education, care and welfare of the child, as well as provides support to mothers who have to undertake other commitments outside the home.* (DSCFA, 1998:61)

Luann *Strengthening Families for Life* an curaclam agus oiliúint agus cáilíochtaí mar ghnéithe lárnacha den ardchaighdeán agus tugann sé aitheantas do "*...quality early education experiences are valuable and important to all children,*" agus é ag lua buntáistí maidir le mianta, inspreagadh agus tiomantas don scolaíocht, mar aon le sochair fhadtréimhseacha isteach san aosacht (DSCFA, 1998:269). Deir an

Tuarascáil go neamhbhalbh, freisin, agus moladh á dhéanamh inti nach furasta an t-ardchaighdeán a bhaint amach agus go mbíonn infrastruchtúr tacaíochta ina réamhriachtanas chun go n-éireodh le seirbhísí ardchaighdeán a bhaint amach:

The Commission is of the view that inspection alone will not secure high standards. It would like to see the adoption of a supportive approach by the health boards alongside the inspection procedures. (DSCFA, 1998:250)

Ciallachais don Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán - DSCFA

Ardchaighdeán a Shainmhíniú

Ardchaighdeán a Shainmhíniú:

1. Is gné thábhachtach é úsáid a bhaint as curaclam nó clár cuí chun ardchaighdeán a bhaint amach laistigh de thimpeallachtaí.
2. Baineann an-tábhacht le hoiliúint agus le cáilíochtaí foirne maidir le seirbhís ar ardchaighdeán a chinntiú do leanaí óga.

Ardchaighdeán a Mheas:

1. Ní chinnteoidh iniúchadh leis féin ardchaighdeán seirbhísí. Ní mór córas tacaíochta a thagann leis an iniúchadh a chur i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go mbaintear an t-ardchaighdeán amach agus go ndéantar é a chothabháil.

Tacaíocht a thabhairt d'Ardchaighdeán:

1. Is gné thábhachtach é soláthar cúram leanaí ar ardchaighdeán de na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do theaghlaigh, lena n-áirítear máithreacha a oibríonn lasmuigh den teaghlach.

4.7 Peirspictíochtaí Idirnáisiúnta

Thosaigh cistí struchtúracha na hEorpa ag teacht isteach i réimse an chúraim leanaí ó lár na 1990idí ar aghaidh laistigh de pheirspictíocht Chomhionannais maidir le rannpháirtíocht ban san ionad oibre den chuid is mó. Rinne sé sin maoiniú ar thionscadail cosúil leis an gclár New Opportunities for Women (NOW) and bhraith dáileadh an mhaoinithe sin ar rialacháin Eorpacha.

Bíonn tionchar ag roinnt cáipéisí idirnáisiúnta a thugann athbhreithnithe comparáideacha go díreach ar an mbeartas a bhaineann le hardchaighdeán i gcomhthéacs na hÉireann. I 1992, d'fhoilsigh Balaguer *et al.* ***Quality in Services for Young Children – A Discussion Paper***. Leagadh béim ar na gnéithe seo a leanas mar rudaí a bhíonn tábhachtach maidir le hardchaighdeán a bhaint amach:

- Beartas
- Reachtaíocht agus caighdeáin
- Maoiniú agus acmhainniú
- Pleanáil agus monatóireacht
- Comhairle agus tacaíocht
- Oiliúint foirne
- Iniúchadh ar acmhainní fisiciúla

- Taighde agus forbairt
- Comhtháthú agus comhordú seirbhísí (Balaguer et al., 1992)

Aithníonn an tuarascáil go raibh comhthéacs gach contae an-tábhachtach maidir leis na gnéithe sin a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm, ach go raibh tábhacht leo ar fad maidir leis an ardchaighdeán a bhaint amach.

I 1996, d'fhoilsigh an European Commission Network on Childcare (1996) ***Quality Targets in Services for Young Children***, inar leagadh amach daichead sprioc a rabhthas ag súil iad a bheith bainte amach ag formhór na dtíortha laistigh de thréimhse deich mbliana. Laistigh den cháipéis sin, tuigtear an t-ardchaighdeán mar choincheap coibhneasta agus suibiachtúil nach féidir a shainmhíniú go beacht ach:

> *...should be seen as a dynamic and continuous process, involving regular review and never reaching a final, objective statement.* (European Commission Network on Childcare, 1996:7)

Deir sé, ina theannta sin, faoin sainmhíniú ar ardchaighdeán:

> *That process needs to be dynamic and continuous. It should also be multi-level, complex and democratic, because the process of definition needs to involve a wide range of groups with an interest in services for young children...* (European Commission Network on Childcare, 1996:8)

Luaitear go minic san fhoilseachán tábhacht an bheartais maidir le tacú leis an ardchaighdeán a fheabhsú, agus deirtear "*...high quality services accessible to all children can only be achieved with a national policy framework.*" (European Commission Network on Childcare, 1996:10). I measc na ngnéithe tábhachtacha eile a bhaineann le hardchaighdeán a bhaint amach tá:

- Freagracht as seirbhísí a chomhordú
- Creat curaclaim
- Foireann agus coinníollacha foirne cuí
- Timpeallacht fhisiciúil chuí
- Infrastruchtúr do phleanáil, monatóireacht, oiliúint tacaíochta, taighde agus forbairt
- Maoiniú leordhóthanach do sheirbhísí agus don bhonneagar. (European Commission Network on Childcare, 1996:5)

Is éard a bhíonn i gceist leis sin ná feasacht agus spéis leanúnach phoiblí agus pholaitiúil i riachtanais leanaí, tuismitheoirí agus teaghlach. Leag sé amach roinnt comhchodanna den ardchaighdeán a bhféadfaí a úsáid i gcomhthéacs na hEorpa, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Inacmhainneacht
- Teacht ar sheirbhísí i ngach ceantar – uirbeach agus tuaithe
- Teacht ar sheirbhísí do leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta
- Cúram slán sábháilte a mheascadh le cur chuige oideolaíoch
- Caidreamh dlúth agus freagarthach idir seirbhísí agus tuismitheoirí/pobail
- Éagsúlacht agus solúbthacht seirbhísí
- Rogha méadaithe do thuismitheoirí
- Leanúnacha idir seirbhísí éagsúla. (European Commission Network on Childcare, 1996:5)

In 2002, foilsíodh ***Contemporary Family Policy – A Comparative Review of Ireland, France, Germany, Sweden and the UK*** (Daly and Clavero, 2002). Deirtear nár shaincheist é beartas um chúram leanaí i gcomhthéacs na hÉireann go dtí lár na 1990idí, agus ansin chuir saincheisteanna eacnamaíocha seachas comhionannais dlús faoin tsaincheist sin (Daly and Clavero, 2002:60). Cé go ndéileálann an tuarascáil

le saincheist an chúraim leanaí, ní luaitear ná ní phléitear an téarma ardchaighdeán.

D'fhoilsigh an OECD athbhreithniú comparáideach, ***Babies and Bosses - Reconciling Work and Family Life in Austria, Ireland and Japan*** in 2003 (OECD, 2003). Is gné chroíláir é soláthar cúraim leanaí ar ardchaighdeán chun deis a thabhairt do thuismitheoirí oibriú agus deir an tuarascáil an méid seo:

> *promoting child development and ensuring that childcare services are of good quality warrant additional public investment in childcare.* (OECD, 2003:12)

Ansin luann an tuarascáil an tábhacht a bhaineann leis an ardchaighdeán i ngach tír, ach go háirithe in Éirinn áit a bhfuil ról suntasach ag earnáil an chúraim leanaí neamhfhoirmiúil i gcomparáid le dlínsí eile (OECD, 2003:160).

Ciallachais don Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán - Peirspictíochtaí Idirnáisiúnta

Ardchaighdeán a Shainmhíniú:

1. Tá reachtaíocht agus creat beartais ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil tábhachtach chun an t-ardchaighdeán a bhaint amach.
2. Is gné riachtanach í an phleanáil d'fhonn a chinntiú go mbaineann ardchaighdeán le seirbhísí.
3. Is tréith thábhachtach de sheirbhísí ar ardchaighdeán iad oiliúint agus cáilíochtaí foirne.
4. Ní mór seirbhísí bheith comhtháite agus comhordaithe d'fhonn a chinntiú nach mbíonn aon dúbailt seirbhísí ann ná aon easnamh i seirbhísí.
5. Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt d'éagsúlachtaí cultúir agus an t-ardchaighdeán á shainmhíniú, á mheas agus á léirmhíniú.
6. Is coincheap coibhneasta agus suibiachtúil é an t-ardchaighdeán ar chóir féachaint air mar phróiseas dinimiciúil agus leanúnach seachas mar tháirge.
7. Is tréith lárnach de sheirbhís ar ardchaighdeán creat cuí curaclaim.
8. Is gné í inacmhainneacht seirbhísí den ardchaighdeán a chinntíonn go mbíonn teacht ag gach leanbh orthu.
9. Bíonn tionchar ag an teacht a bhíonn ar sheirbhísí i ngach ceantar, idir uirbeach agus tuaithe, ar an ardchaighdeán.
10. Braitheann caighdeán na seirbhíse freisin ar leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta a bheith curtha san áireamh aici laistigh den timpeallacht.
11. Is léiriú láidir ar an ardchaighdeán iad naisc le tuismitheoirí agus leis an bpobal laistigh den timpeallacht.
12. Is tréith thábhachtach den ardchaighdeán é cumas seirbhísí a bheith solúbtha agus bheith in ann freastal ar an éagsúlacht.

Ardchaighdeán a Mheas:

1. Is léiriú tábhachtach ar chaighdeán seirbhísí é iniúchadh a dhéanamh ar acmhainní fisiciúla laistigh den timpeallacht.

Tacaíocht a thabhairt d'Ardchaighdeán:

1. Tá maoiniú agus acmhainniú na hearnála ECCE ríthábhachtach chun a chinntiú go mbaintear ardchaighdeán amach i seirbhísí.
2. Tá comhairle agus tacaíocht go hinmheánach agus ó fhoinsí seachtracha ríthábhachtach chun a chinntiú go mbaintear seirbhísí ar ardchaighdeán amach.
3. Tá gá le taighde agus forbairt leanúnach chun tacú le dul chun cinn laistigh de sheirbhísí ECCE d'fhonn a chinntiú go mbíonn siad dinimiciúil agus forásach.
4. Tá tacaíocht don ardchaighdeán an-tábhachtach i gcomhthéacs na hÉireann áit a bhfuil an earnáil cúraim leanaí neamhfhoirmiúil measartha mór i dtéarmaí idirnáisiúnta.

4.8 Beartais a bhaineann le Gníomhaireachtaí Neamh-Reachtúla

Tá gné neamhreachtúil an ECCE in Éirinn tearc-acmhainnithe i gcónaí agus dá bhrí sin, tearcfhorbartha le blianta fada in Éirinn. Chuir na hathruithe eacnamaíocha a leagadh amach roimhe seo le forbairt na hearnála agus tharla go leor gníomhaíochtaí ag iliomad eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí le blianta beaga anuas. Níl an bonneagar a bhaineann le go leor den earnáil ECCE ach ina thús faoi láthair, agus dá bhrí sin, cé go bhfuil go leor ar siúl i dtaca le hardchaighdeán, tá ganntanas foilseachán faoi bheartas le fáil i láthair na huaire. Tá go leor eagraíochtaí i mbun cáipéisí den chineál sin a chur le chéile ach níl siad réidh le cur san áireamh san athbhreithniú seo go fóill (féach Tábla 1, leathanach 5).

Cuirtear tús leis an roinn seo trí bheartais na NVCOnna a leagan amach agus ansin tugtar forléargas gairid ar bheartais a thagann ón earnáil Phobail. De bharr raon leathan na n-eagraíochtaí a mbíonn baint acu go díreach agus go hindíreach le cúram leanaí, ní féidir laistigh de shrianta an athbhreithnithe seo gach beartas a cuireadh le chéile faoi chúram leanaí sna ceithre bliana déag atá caite a chur san áireamh. Tá tús áite laistigh den athbhreithniú seo tugtha do na cinn sin is suntasaí, is mó a úsáidtear agus is infheidhmí ar bhealach uilíoch, cáipéisí a chuideoidh le NFQ a chur le chéile.

4.8.1 Eagrais Náisiúnta Dheonacha um Chúram Leanaí (NVCO)

Bunaíodh an **National Children's Nurseries Association** (NCNA) chun an t-ardchaighdeán a chothú i dtaca le cúram leanaí in Éirinn. Baineann an eagraíocht a cuid aidhmeanna amach trí iliomad gníomhaíochtaí, lena n-áirítear oideachas a chur ar úinéirí, tuismitheoirí agus reachtóirí, faisnéis a scaipeadh agus tacú le cleachtóirí (NCNA, 2003a:2). Le deich mbliana anuas, d'fhoilsigh an NCNA go leor foilseachán a bhaineann le hardchaighdeán. Rinneadh ***Quality Nursery Care for your Child*** (NCNA, 1990) a athbhreithniú 1997 (NCNA, 1997) agus ina dhiaidh sin, i 1998 tháinig ***Towards Quality Daycare*** (NCNA, 1998), cáipéisí a bhfuil cuntas orthu i Roinn 5. Leag an NCNA a bheartas amach maidir le cúram iarscoile ina fhoilseachán ***After School – The Way Forward*** (NCNA, 2000a). Tugann an

foilseachán sin cuntas ar roinnt gnéithe tábhachtacha maidir le seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar, lena n-áirítear tús áite a thabhairt do leanaí, tuiscint an mhuintiris a tabhairt dóibh, an timpeallacht cheart a chruthú, roghanna a thabhairt do leanaí, saol an teaghlaigh a chomhréiteach le soláthar iarscoile agus ceart an linbh chun spraoi (NCNA, 2000a:5-7).

D'fhoilsigh an NCNA, i gcomhar le roinnt eagraíochtaí deonacha náisiúnta eile ***Guidelines for the Protection of Children in Early Childhood Services*** (NCNA, 2000b). Tugann siad sin tacaíocht do thimpeallachtaí chun a chinntiú go mbaintear cleachtas ar ardchaighdeán i dtaca le leas agus cosaint leanaí amach. Tá ról lárnach ag an NCNA maidir le tacú leis an ardchaighdeán ó pheirspictíochtaí éagsúla agus d'fhoilsigh sé ***We Like this Place - Guidelines for Best Practice in the Design of Childcare Facilities*** (NCNA, 2002a). Tugann an foilseachán cuntas ar ghnéithe starrógacha leagan amach na timpeallachta ar ardchaighdeán dá bhaill, rud a ghlacann san áireamh dearadh istigh agus lasmuigh agus cuirtear faisnéis iomlán ar fáil ó shuíomh a cheannach go timpeallacht a leagan amach agus a fheistiú. Déantar an tábhacht a bhaineann le dearadh agus leagan amach ceart a lua arís agus arís eile:

> *Greater awareness as to what constitutes good quality childcare has led to increasing recognition of the influence and contribution that the design and layout of premises play in the provision of quality care of children aged 0-14 years.* (NCNA, 2002a:1)

In 2003, foilsíodh ***Towards Quality Daycare – Minimum Quality Standards in a Nursery*** (NCNA, 2003b) chun ardchaighdeán a chothú i measc soláthróirí cúraim lae. Tugann sé cuntas ar roinnt gnéithe chun tacaíocht a thabhairt don ardchaighdeán a bhaint amach laistigh de sheirbhísí, lena n-áirítear saincheisteanna bainistíochta, saincheisteanna foirne agus cáilíochtaí, an timpeallacht, gníomhaíochtaí/clár do leanaí, comhpháirtíocht le teaghlaigh, bia agus cothú agus beartais agus nósanna imeachta a leanúint (NCNA, 2003b). Scaip an NCNA cód ***Ethical Practice Guidelines*** ar a bhaill chun tacú le hidirghníomhuithe ardchaighdeáin laistigh den timpeallacht cúraim leanaí agus chun feidhmiú mar threoir nuair nach mbíonn pearsanra siúráilte faoi eiticí (NCNA, 2003c).

Tá **IPPA, The Early Childhood Organisation** ar an eagraíocht dheonach is mó a oibríonn le leanaí óga agus a dteaghlaigh in Éirinn agus tá sé tiomanta do ECCE spraoibhunaithe ar ardchaighdeán a chothú. I 1998, d'fhoilsigh sé ***Position Paper for the National Forum on Early Childhood Care and Education*** (IPPA, 1998). Laistigh de sin, tugtar tús áite don tábhacht a bhaineann le curaclam do gach leanbh, an gá atá le hoiliúint agus cáilíochtaí a chaighdeánú agus le gairmiúlacht níos mó san earnáil, tionchar criticiúil na comhpháirtíochta tuismitheora agus pobail agus an gá atá ann comhordú níos mó a bhaint amach i struchtúir ECCE. Luaitear, freisin, an gá atá le creat beartais náisiúnta chun na cuspóirí sin a bhaint amach:

> *There is clearly a need for the development of a national policy and mechanisms at local and regional level for the effective and efficient delivery of early childhood care and education.* (IPPA, 1998:23)

D'fhoilsigh an IPPA ***Quality Discussion Paper*** in 2001 (IPPA, 2001), páipéar a ndearnadh athbhreithniú air agus a atheisíodh in 2002 (IPPA, 2002a). Tugann sé sin cuntas ar bheartas an IPPA maidir leis an ardchaighdeán i gcomhthéacs na hÉireann, rud a chaitear leis i gcomhthéacs iomlánaíoch. Tá an IPPA meáite ar an ardchaighdeán seachas an chainníocht a

bheith mar bhonn le beartas náisiúnta cúraim leanaí. Tá an eagraíocht feasach freisin ar dhinimiciúlacht agus suibiachtúlacht an ardchaighdeáin agus go mbíonn tionchar ag leibhéil sochaí, bheartais agus chleachtais air sin faoi mar a léirítear sna ráitis seo a leanas:

> *Defining quality is a process of ongoing critical analysis, reflective practice and meaning making*. (IPPA, 2002a:4)

> *Quality is subjective because it relates to the values and beliefs of the stakeholders within a social and cultural context*. (IPPA, 2002a:12)

> *Quality by its nature is dynamic and continuous*. (IPPA, 2002a:17)

Ní mór don phróiseas a bhaineann le hardchaighdeán a shainmhíniú tarlú i gcomhthéacs náisiúnta agus is próiseas é a éilíonn go lorgaítear freagraí ar chruacheisteanna, próiseas atá riachtanach chun ardchaighdeán a bhaint amach. Measann an IPPA gur 'múnla ón mbarr anuas' atá sa mharc QE a mhol an DES,' an DJELR mar 'pheirspictíocht sheachtrach' agus ina ionad sin molann sé peirspictíocht ón mbonn aníos i leith an ardchaighdeáin trí eispéireas an linbh a mheas laistigh den tseirbhís. Moltar luachanna croíláir an IPPA ó uair a bhunaithe mar thráscairí an ardchaighdeáin anois, lena n-áirítear:

- Aitheantas don tábhacht le hóige;
- Ról lárnach an spraoi;
- Príomhról daoine fásta maidir le tacaíocht a thabhairt don fhorbairt agus don fhoghlaim;
- Ról ríthábhachtach na hoiliúna;
- Comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus leis an bpobal. (IPPA, 2002a:9)

Maidir le hoiliúint agus cáilíochtaí, aithníonn an IPPA *"...the baseline in Ireland appears extremely low as the majority of staff have no accredited qualification..."* (IPPA, 2002a:10). Luann sé freisin go bhfuil gá le haitheantas a thabhairt don "*...wide chasm between minimum standards and quality attainment*" (IPPA, 2002a:11) agus nach féidir féachaint ar íoschaighdeáin mar ardchaighdeán. Tugann an IPPA cuntas ar ghnéithe stataca (sláinte agus sláintíocht, sábháilteacht, leithroinnt spáis, cóimheasa, oiliúint agus cáilíochtaí, trealamh, beartais agus nósanna imeachta) agus ar ghnéithe dinimiciúla (idirghníomhuithe agus gaolmhaireachtaí uathúla) an ardchaighdeáin, rud a aithníonn go bhfuil an dá cheann acu idirnasctha agus bailí (IPPA, 2002a:13). Pléifear iad sin níos mine sa roinn faoi chleachtas nuair a dhéanfar cur síos ar an Quality Improvement Programme (QIP) de chuid an IPPA.

Féachtar ar dhearbhú ardchaighdeáin den chineál sin mar chur chuige measúnachta nó forbartha, ag brath ar cibé an athróga dinimiciúla nó stataca atá á meas. Creideann an IPPA gur próiseas leanúnach é bheith ag oibriú i dtreo an ardchaighdeáin agus:

> *...dynamic elements of quality cannot be imposed. There is no defined standard, no final destination but rather movement in the right direction*. (IPPA, 2002a:13)

Leagann an IPPA amach gnéithe croíláir an ardchaighdeáin ó dhearcadh leanaí de, ó pheirspictíocht na timpeallachta agus ó dhearcadh lucht bainistíochta agus ó dhearcadh na foirne de (IPPA, 2002a:15-16). Tugtar an foilseachán chun críche le moltaí maidir le feabhas a chur ar an ardchaighdeán trí aird ar leith a thabhairt do na ceithre réimse seo a leanas:

- An Éagsúlacht
- Oiliúint
- Tacaíocht Speisialtóireachta
- Acmhainn a thógáil (IPPA, 2002a:20-21).

Scaip an IPPA ***Guidelines on Policies for Preschool Services*** (IPPA, 2002b)

ar a bhaill freisin. Is tacaíocht é sin do sheirbhísí a bhfuiltear i mbun a mbeartas agus nósanna imeachta a fhorbairt nó a athbhreithniú agus cuireann sé beartais shamplacha ar fáil le cur in oiriúint do riachtanais na dtimpeallachtaí indibhidiúla.

D'fhoilsigh **Childminding Ireland** ***Choosing Childcare – Solving our Childcare Problems*** (Murray, 1993). Sa cháipéis sin, leagtar amach na tréithe a bhíonn ag an feighlí linbh a chiallaíonn go dtugtar seirbhísí ar ardchaighdeán, lena n-áirítear é/í a bheith íogair, a bheith ar fáil, a bheith foighneach, tacaíocht, slándáil, araíonacht, praiticiúlacht, trust, féith an ghrinn agus oiliúint (Murray, 1993:19-25). Ina dhiaidh sin, in 2001, foilsíodh an ***The Childminding Handbook*** (Murray, 2001) mar thacaíocht d'fheighlithe linbh chun seirbhís ar ardchaighdeán a bhaint amach:

> *Is é aidhm an leabhair teacht ar chaighdeán éalaitheach an chúraim a thugtar do leanaí agus caighdeán na timpeallachta ina gcaitheann siad uaireanta fada an chloig.* (Murray, 2001:12)

Leagann an foilseachán sin béim mhór ar thréithe an fheighlí féin, mar, de bharr chineál na hoibre, gurb é a bhíonn i gceist le feighlíocht linbh go minic ná duine fásta amháin ag oibriú le leanbh nó le grúpa leanaí. Faoi mar a luann Murray (2001:45):

> *Quality in Childminding is related to qualities in the person providing the care, but quality is also related to the nature of the relationship between the children's parents and the Childminder.*

D'fhoilsigh an **Border Counties Childcare Network** (BCCN) leabhrán dar teideal ***Out Door Play: Designs and Benefits*** (BCCN, 2002). Tugann sé sin cuntas ar na tréithe a bhaineann le spraoi lasmuigh ar ardchaighdeán faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Curaclam leathan cothrom a léiríonn gach gné d'fhorbairt an linbh;
- Teacht gan bhac ar áiteanna spraoi laistigh agus lasmuigh;
- An spraoi laistigh agus lasmuigh pleanáilte agus nasctha le chéile;
- Ról mór a bheith ag daoine fásta trí fhaire agus idirghabháil ar ardchaighdeán;
- Rochtain chomhionann ar spraoi lasmuigh do bhuachaillí agus do chailíní araon;
- Rochtain lasmuigh a bheith ar fáil an bhliain ar fad;
- Rochtain ag leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta;
- Deiseanna a chur ar fáil do dhúshlán leanaí a thabhairt agus d'fhadhbanna a réiteach;
- Daoine fásta agus leanaí a bheith freagrach as trealamh, iompraíocht, etc.;
- Plé agus pleanáil le leanaí chun tuiscint níos fearr a chruthú agus chun tuairimí a fháil ó leanaí (BCCN, 2002:15-16).

Tá **Barnardos** gníomhach freisin i dtaca le foilseacháin a fhoilsiú maidir leis an ardchaighdeán in go leor timpeallachtaí. Tá roinnt treoracha foilsithe aige maidir le seirbhís cúraim leanaí ar ardchaighdeán a bhunú (Canavan agus Gibbons, 1997; O'Sullivan agus Gibbons, 1997) agus chun cuidiú le seirbhísí pearsanra ar ardchaighdeán a earcú (Barnardos agus ADM, 1999; Byrne, 2002). Leagann siad sin amach na saincheisteanna cúlra cosúil le reachtaíocht ábhartha, an próiseas roghnúcháin agus earcaíochta agus maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh ar phearsanra sa phost nua. Tugann Barnardos (1999; 2002) agus Dowd (2000) ***Get it Right:A Parent's Guide to Choosing Quality Daycare*** léargas do thuismitheoirí ar an gcaoi ar féidir leo timpeallacht cúraim leanaí ar ardchaighdeán a roghnú dá leanaí. Deir Dowd (2000) go nglacann tréithe croíláir an chúraim leanaí ar ardchaighdeán na deiseanna seo a leanas san áireamh:

- Tuiscint ar an saol thart orthu a fhorbairt;
- Gaolmhaireachtaí leanúnacha grámhara a bhunú;
- Taiscéaladh a dhéanamh agus triail a bhaint as rudaí;
- Tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a spreagann an fhorbairt fhisiciúil;
- Taitneamh a bhaint as an bhfoghlaim trí spraoi;
- Bacainní agus coimhlint a shárú;
- Iarracht agus máistreacht ar scileanna nua a cheiliúradh;
- Scileanna nua a chleachtadh;
- Féintuiscint dhearfach a fhorbairt;
- Foghlaim conas foghlaim (Dowd, 2000:5).

Áitíonn Dowd (2000) gur féidir caighdeán seirbhísí a chinneadh trí roinn critéar ar a mbraitheann idirghníomhuithe an linbh le daoine fásta agus le leanaí eile, deiseanna chun rudaí nua a bhlaiseadh agus an cumas déileáil le timpeallachtaí éagsúla. I measc na gcritéar eile tá caighdeán na nithe seo a leanas:

- An Fhoireann
- Beartais agus Nósanna Imeachta
- An Curaclam
- Spraoi
- Soláthar do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu
- Rannpháirtíocht tuismitheoirí
- Araíonacht
- An éagsúlacht (Dowd, 2000:6-9).

Leagann Canavan (2000) ***Quality Childcare in the Workplace – A Step-by-Step Guide for Employers*** amach straitéisí agus tugann sé eiseamláirí d'fhostóirí a bhíonn ag cur seirbhísí cúraim leanaí ar ardchaighdeán ar fáil san ionad oibre. Tugann French (2000), arna nuashonrú ag French (2003), treoir chuimsitheach maidir le ***Supporting Quality*** (French, 2003) i gcomhthéacs na hÉireann. Tugann sé sin cuntas ar thacaíocht i dtaca le seirbhísí luathóige d'fhonn ardchaighdeán a chinntiú faoi nithe cosúil le:

- Beartais agus Nósanna Imeachta
- Bainistíocht
- Acmhainní Daonna
- Comhpháirtíocht le Tuismitheoirí agus leis an bPobal
- Timpeallacht Leanbh-Lárnach
- An Curaclam
- Breathnóireachtaí agus Measúnacht agus Bainistíocht Iompraíochta
- Sláinte agus Sábháilteacht (French, 2003).

D'éisigh an **St. Nicholas Montessori Society of Ireland (SNMSI)** ***Guidelines for Montessori Schools*** (SNMSI, n.d.). Leagann na treoirlínte sin béim mhór ar an "Timpeallacht Ullmhaithe", idir laistigh agus lasmuigh, ag teacht le teagasc agus fealsúnacht Maria Montessori. Déanann siad cur síos, freisin, ar na hacmhainní agus na hábhair do ghníomhaíochtaí a bheadh le clúdach i scoileanna Montessori. Tá na treoirlínte sin faoi athbhreithniú i láthair na huaire agus táthar ag súil le leagan athbhreithnithe sula i bhfad.

Is éard atá in **Pavee Point** na comhpháirtíocht idir Lucht Siúil na hÉireann agus daoine lonnaithe a bhíonn ag obair le chéile chun saol Lucht Siúil na hÉireann a fheabhsú trí oibriú i dtreo ceartais shóisialta, dlúthpháirtíochta, forbartha socheacnamaíche agus chearta an duine (Pavee Point, Ar fáil ag: http://www.paveepoint.ie/pav_about_a.html, 8 Meitheamh, 2004). Tá go leor cáipéisí beartais curtha le chéile ag an eagraíochtaí, cáipéisí a bhaineann le ECCE in Éirinn, an ceann is suntasaí acu ná ***Éist – Respecting Diversity in Early Childhood Care, Education and Trainin***g (Murray and O'Doherty, 2001). Leagann an cháipéis sin amach na dúshláin a bhaineann le héagsúlacht chultúir a ghlacadh san áireamh i gcomhthéacs na hÉireann agus an tábhacht a bhaineann le

cur chuige frithchlaontachta d'fhonn eispéireas ar ardchaighdeán a chinntiú do chách:

> *In accordance with the principles of quality in early years provision, all services for children need to put equality policies in place which protect children against discrimination in accordance with the grounds identified in the new equal status legislation.* (Murray and O'Doherty, 2001:79)

Ina theannta sin, leagtar béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le hoiliúint do lucht bainistíochta, don fhoireann agus do thuismitheoirí d'fhonn cur chuige frithchlaontachta a chur i bhfeidhm. Aithníonn an Tuarascáil an chastacht a bhaineann le cur chuige den chineál sin a bhaint amach, moltaí a dhéanamh don rialtas, do chomhlachtaí oiliúna, creidiúnúcháin agus deimhniúcháin, do sholáthróirí do na luathbhlianta agus eagraíochtaí deonacha cúraim leanaí mar aon le roinnt moltaí ginearálta.

Cothaíonn **Children in Hospital Ireland** (CHI) leas leanaí breoite trí aird a tharraingt ar a riachtanais speisialta do shlándáil mhothúchánach. I 1993, nuair a bhíodh an Association for the Welfare of Children in Hospital (Ireland) air, d'fhoilsigh sé tuarascáil, ***Play for Child Patients in Irish Hospitals*** (Association for the Welfare of Children in Hospital Ireland, 1993). Déanann sé roinnt moltaí faoi shaoráidí spraoi in ospidéil, pearsanra spraoi, spraoi a mhaoiniú agus na cineálacha spraoi a chuirtear ar fáil d'fhonn eispéireas spraoi ar ardchaighdeán a chinntiú don leanbh. Maidir le cúrsaí foirne, deir an tuarascáil

> *The play should be organised by a qualified hospital Play Specialist who would be responsible for co-ordinating and supervising play and play personnel throughout the hospital.* (Association for the Welfare of Children in Hospital Ireland, 1993:8)

Eisíodh ***An Outline Guide for the Provision of Healthcare Services to Children and Young People*** in 2002 (CHI, 2002a). Tugann sé sin cuntas ar 52 pointe spéise maidir le cúram a dhéanamh do leanaí i dtimpeallacht ospidéil. Cinnteoidh na pointí sin le chéile go mbíonn an t-am a chaitheann an leanbh san ospidéal chomh saor ó strus agus chomh tairbhiúil do riachtanais an linbh agus is féidir. Ar chuid de na topaicí a ndearnadh athbhreithniú orthu tá spraoi, gníomhaíochtaí áineasa agus scíthe, oideachas, leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta agus leanaí atá faoi mhíchumas.

Tráth níos déanaí in 2002, d'fhoilsigh sé ***Charter for Children in Hospital***, a ghlac san áireamh deich n-alt a dhírigh ar riachtanais agus ar chearta leanaí. Baineann tábhacht nach beag le halt a seacht don athbhreithniú seo, alt ina luaitear:

> *Children shall have full opportunity for play, recreation and education suited to their age and condition and shall be in an environment designed, furnished, staffed and equipped to meet their needs.* (CHI, 2002b:20)

Leagann an chairt béim bhreise ar an tábhacht a bhaineann le hábhair oiriúnacha spraoi do gach leanbh, foireann chuícháilithe a bheith ar fáil agus ailtireacht agus dearadh intí na timpeallachta.

Ciallachais don Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán - Gníomhaireachtaí Neamhreachtúla

Ardchaighdeán a Shainmhíniú:

1. Is iad leasa agus folláine an linbh an rud is tábhachtaí maidir le hardchaighdeán a bhaint amach.
2. Cuireann timpeallacht an linbh go mór leis an ardchaighdeán.
3. Tá sé tábhachtach maidir leis an ardchaighdeán a bhaint amach go dtabharfaí roghanna do leanaí faoin gcineál gníomhaíochta a dhéanfaidh siad.
4. Ní mór beartais agus nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm agus á gcomhlíonadh d'fhonn a chinntiú go ndéantar leanaí a chosaint agus a leas a chothú laistigh de sheirbhísí.
5. Is féidir le dearadh timpeallachtaí, idir laistigh agus lasmuigh, cur go mór leis an ardchaighdeán a bhaint amach.
6. Is gné thábhachtach de sheirbhís ar ardchaighdeán bainistíocht éifeachtach na timpeallachta.
7. Is tréith thábhachtach dem ardchaighdeán iad oiliúint agus cáilíochtaí foirne.
8. Is gné lárnach den ardchaighdeán é clár/curaclam nó gníomhaíochtaí cuí a chur ar fáil do leanaí.
9. Is cuid lárnach den ardchaighdeán comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus le teaghlaigh.
10. Is léiriú ar an ardchaighdeán é bia cuí agus cothaitheach a chur ar fáil laistigh den timpeallacht.
11. Is gné thábhachtach den ardchaighdeán é comhordú agus comhoibriú níos mó idir iad sin a mbíonn baint acu le ECCE ar leibhéal náisiúnta, áitiúil agus réigiúnach.
12. Is téarma suibiachtúil agus dinimiciúil é an t-ardchaighdeán nár mhór athbhreithniú a dhéanamh air go leanúnach i bhfianaise forbairtí forásacha.
13. Is gné lárnach de sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil do leanaí óga deiseanna um spraoi, idir laistigh agus lasmuigh14. Is táscaire bunúsach den ardchaighdeán iad tréithe pearsanra, go háirithe sa chás go gcaitheann leanaí tréimhse fhada ama le duine amháin.
15. Is gné thábhachtach den ardchaighdeán é gach leanbh a thabhairt san áireamh i seirbhísí ar bhealach neamh-idirdhealaitheach.
16. Is gné thábhachtach é cur chuige frithchlaontachta i leith sheirbhísí ECCE chun an éagsúlacht a ghlacadh san áireamh agus chun idirdhealú a chosc.

Ardchaighdeán a Mheas:

1. Is féidir an t-ardchaighdeán a mheas ar roinnt bealaí, lena n-áirítear 'ón mbarr anuas' ag daoine seachtracha nó trí pheirspictíocht 'ón mbonn aníos'.
2. Tá athróga statacha agus dinimiciúla an ardchaighdeáin bailí agus idirnasctha agus ardchaighdeán á mheas.

3. Tá difear suntasach idir íoschaighdeáin agus seirbhís ar ardchaighdeán. Ní féidir glacadh leis gurb ionann íoschaighdeáin agus ardchaighdeán.

Tacaíocht a thabhairt d'Ardchaighdeán:

1. Is cuid thábhachtach de sheirbhísí ar ardchaighdeán a bhaint amach é oideachas a chur ar gach lucht leasa i réimse ECCE, lena n-áirítear soláthróirí, tuismitheoirí, pearsanra agus lucht déanta beartais.
2. Ní féidir ardchaighdeán a bhrú ach ní mór tacú leis d'fhonn a chinntiú go mbogann seirbhísí sa treo ceart.

4.8.2 Eagraíochtaí Eile

Is éard a dhéanann an **tÚdarás Náisiúnta Míchumais** (NDA) ná cearta daoine atá faoi mhíchumas, de gach aois in Éirinn, a chothú agus a chinntiú. Mar chuid dá chlár oibre, d'ullmhaigh an NDA ***Submission to Childcare/Preschool (Services) Regulations 1996 and (Amendment) Regulations 1997 Review Group***. Leagann sé amach a chriticiúla is a bhíonn idirghabháil luath do leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta maidir lena bhforbairt sa todhchaí:

> *Early experiences of inclusion or exclusion are crucial in shaping the future participation of people with disabilities.* (NDA, 2002a:2)

Déanann an NDA roinnt moltaí bunaithe ar an aighneacht a rinne sé maidir le hardchaighdeán seirbhísí do leanaí atá faoi mhíchumas, lena n-áirítear na nithe seo a leanas a sholáthar go cuí nó aird a tharraingt orthu:

- Cóimheasa idir daoine fásta agus leanaí
- Taifid a choinneáil
- Áitreabh agus saoráidí
- Iniúchadh
- Measúnacht
- Stádas Comhionann / Idirdhealú
- Táillí (NDA, 2002a:4-6)

Is é an dualgas atá ar an **Combat Poverty Agency** (CPA) ná "*...to work for the prevention and decrease of poverty and social exclusion and the reduction of inequality in Ireland*" (CPA, 1998a:1). San aighneacht a chuir an ghníomhaireacht i 1998, roimh an gcáinaisnéis, faoi bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh, ***Investing in Children***, leagadh béim ar an gcreidiúint atá acu "*...all children have a right to quality childcare*" (CPA, 1998a:6) de bharr an róil thábhachtaigh is féidir leis sin a bheith aige maidir le "*...combating educational disadvantage among children, facilitating labour market participation by women and alleviating family stress and social isolation.* (CPA 1998a:6). Rinne siad éileamh ar oiliúint chuí agus rialáil gach saoráide cúraim leanaí agus go ndéanfaí forbairt ar "*...guidelines in relation to minimum health and safety standards for use by both providers and users"* (CPA, 1998a:6). Sa ***Position Paper for the National Forum on Early Childhood Education*** de chuid an CPA, leagtar amach an ról tábhactach a bhíonn ag ECCE maidir le dul i ngleic le heisiamh agus míbhuntáiste (CPA, 1998b:5). Éilíonn an CPA go ndéanfaí acmhainní breise a chur ar fáil chun caighdeán an tsoláthair ECCE a fheabhsú, lena n-áirítear cóimheasa feabhsaithe idir daoine fásta agus leanaí, úsáid a bhaint as cuir chuige fheabhsaithe churaclaim agus oideolaíocha agus comhtháthú níos fearr beartais. Sna moltaí a rinne sé, d'éiligh an CPA go mbeadh seirbhísí ECCE leanbhlárnaithe, ar ardchaighdeán, infhaighte, solúbtha agus oiriúnach don chultúr (CPA, 1998b:8).

Athluadh an téama in aighneachtaí a cuireadh faoi bhráid an rialtais ina dhiaidh sin. In 2001, d'fhoilsigh an CPA ***Summary of Proposals to the National Anti-Poverty Strategy Review***. Maidir le míbhuntáiste oideachasúil, ba phríomhsprioc é an sprioc seo a leanas: " *All children should have access to quality early education before entering primary school."* (CPA, 2001:9). Aithníodh gníomh tosaíochta chun an sprioc sin a bhaint amach mar riachtanas chun a chinntiú "*that current and future provision is child-centres, of a high quality, well resourced and with appropriately trained staff and good adult child ratios."* (CPA, 2001:9)

Is éard is **Cumann Múinteoirí Éireann** (INTO) ann ná an ceardchumann do mhúinteoirí bunscoile in Éirinn. Foilsíonn sé go leor cáipéisí beartais a bhaineann le bunscoileanna, agus dá bhrí sin cáipéisí a mbíonn tionchar acu ar ranganna naíonán agus ar oideachas luathóige. Is iad na foilseacháin a ndéantar athbhreithniú orthu anseo ná na cinn sin a bhaineann go sonrach le ranganna naíonán seachas foilseacháin ghinearálta. Le blianta beaga anuas, táthar ag leagan fócais níos mó ar shaincheisteanna beartais do ECCE. I 1995, d'fhoilsigh an INTO ***Early Childhood Education – Issues and Concerns*** (INTO, 1995). Rinne sé sin iniúchadh ar go leor de na saincheisteanna comhaimseartha a bhain le ECCE ag an am cosúil le míbhuntáiste oideachasúil, an curaclam, spraoi, ról tuismitheoirí agus oideachas do mhúinteoirí, idir réamhsheirbhíse agus inseirbhíse.

D'ullmhaigh an INTO aighneacht don Fhóram Náisiúnta um Oideachas Luathóige i 1998, ***A Perspective on Early Childhood Education*** (INTO, 1998). Leag sé sin béim mhór ar ról an mhúinteora san oideachas luathóige, an tábhacht a bhaineann le creat cuí curaclaim agus ról ríthábhachtach an oideachais do mhúinteoirí:

> *The quality of any sector of the educational service is to a large extent determined by the quality of the teacher and a prime contributor to the quality of the teacher is the professional preparation that is provided, especially during pre-service.* (INTO, 1998:9)

Tugann an INTO an cháipéis chun deiridh trí roinnt moltaí a dhéanamh faoi na nithe seo a leanas:

> *Highly qualified teachers, an abundance of appropriate materials and equipment, suitable facilities, a child centred curriculum, and low teacher pupil ratio are prerequisites of high quality early childhood education.* (INTO, 1998:22)

In 2000, thionóil an INTO agus Coláiste Phádraig comhdháil faoin luathóige, agus foilsíodh imeachtaí na comhdhála mar ***Early Years Learning*** (INTO, 2000). Tháinig téamaí den chineál céanna chun cinn ón gcomhdháil sin cosúil le ról an mhúinteora, tábhacht an churaclaim agus modheolaíochtaí oiriúnacha, oiliúint réamhsheirbhíse agus forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí, cóimheasa idir daoine fásta agus leanaí sa seomra ranga naíonán, míbhuntáiste oideachsúil agus soláthar do leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta sna luathbhlianta (INTO, 2000).

Cothaíonn **Aontas** forbairt córais chuimsithigh ar ardchaighdeán d'fhoghlaim agus oideachas aosach. In 2003, d'fhoilsigh sé ***Childcare and Adult Education*** (Aontas, 2003). Cé go bhfáiltíonn sé roimh an bhfócas ar sholáthar ar ardchaighdeán trí sholáthar foirne agus deontais chaipitiúla, creideann sé nach gceadaíonn an EOCP do sholúbthacht agus dá bhrí sin nach dtacaíonn sé go leordhóthanach le riachtanais daoine a bhíonn faoi oiliúint nó ag filleadh ar obair. Déanann sé moltaí maidir le feabhsú cúraim leanaí chun aidhmeanna agus cuspóirí Aontas a bhaint amach.

D'fhoilsigh an **Ballyfermot Partnership** ***The ABC Plan – Action for Ballyfermot Childcare*** (Ballyfermot Partnership, 2000). Leagann sé béim ar an ardchaighdeán mar phríomhcheist i gceantar Bhaile Formaid, agus admhaítear le díomá nach i gcónaí a bhaintear an t-ardchaighdeán amach sa cheantar sin:

> *There is little quality control in the area. The enforcement of quality standards is particularly important in Ballyfermot/Cherry Orchard as the quality of provision is often inferior in disadvantaged areas.* (Ballyfermot Partnership, 2000:39)

Luann sé oiliúint agus cáilíochtaí foirne mar ábhar croíláir den ardchaighdeán agus déanann sé roinnt moltaí ina leith sin:

> *Good quality training is essential if childcare services are to be of high quality and respond to the needs of their users.* (Ballyfermot Partnership, 2000:37)

Rinne **Comhar Ceardchumann na hÉireann** (ICTU) staidéar ar chleachtais chúraim leanaí i measc a chuid ball, ***Identifying Members' Childcare Needs*** (ICTU, 2002). Cé gur dhéileáil an suirbhé den chuid is mó le costais agus infhaighteacht saoráidí cúraim leanaí, measadh tábhacht a bheith ag baint leis an ardchaighdeán freisin:

> *Ensuring high standards of childcare is of concern to Congress and working parents, high quality childcare provision makes a real contribution to children developing their potential while poor quality provision can be damaging*. (ICTU, 2002:Foreword).

D'fhoilsigh an **Cross-Border Rural Childcare Project** tuarascáil dar teideal ***Quality in Services for Young Children in Rural Areas*** (Hayes and Moore, 1998). Pléann an tuarascáil a chasta is atá sé ardchaighdeán a shainmhíniú agus liostaítear roinnt dearcaí ónar féidir é a aithint:

- Dearcadh forbartha an linbh
- Dearcadh an rialtais/na rialála
- Dearcadh na seirbhíse sóisialta
- Dearcadh tuismitheoirí
- Dearcadh leanaí
- Dearcadh an bheartais um maoiniú sóisialta
- Dearcadh na foirne
- Dearcadh an chultúir (Hayes agus Moore, 1998:3-5).

Aithníonn an tuarascáil, freisin, a chasta is a bhíonn sé an t-ardchaighdeán a bhaint amach i gcomhthéacs tuaithe, castachtaí sa bhreis ar na dúshláin sna ceantair uirbeacha, lena n-áirítear daonra scaipthe, fadhbanna céine agus iompair, seirbhísí beaga lena mbaineann láimhdeachas mór foirne, líon beag seirbhísí tacaíochta, maoiniú agus beartais mhí-oiriúnacha náisiúnta do cheantair thuaithe (Hayes agus Moore, 1998:8-9).

I mí na Bealtaine 2004, d'fhoilsigh an **Planet Childcare Policy Group**, a dhéanann ionadaíocht ar na Comhpháirtíochtaí, ***Community Childcare Services in Disadvantaged Areas - Current Review and Future Recommendations***. Cuireadh an foilseachán sin le chéile chun torthaí a chur i láthair ó shuirbhé a rinneadh ar shaoráidí cúraim leanaí pobail, suirbhé a ndeirtear an méid seo faoi: "*...raise concerns about what it sees as a potential crisis in community childcare*" (Planet, 2004:1). Is é príomhábhar na cáipéise sin ná inmharthanacht an chúraim leanaí phobail de bhun a phríomhfhoinse ioncaim a bheith i mbaol a fhoirceannta, b'fhéidir, i.e. scéimeanna fostaíochta pobail agus cúnamh deontais EOCP. Áitíonn siad gur chóir aitheantas a thabhairt do luach an chúraim leanaí phobail mar shásra tacaíochta teaghlaigh atá costéifeachtúil agus a mbaineann poitéinseal mór leis ina

leith sin. Ina theannta sin, luann sé poitéinseal na gcuideachtaí comhpháirtíochta chun creat foriomlán ar ardchaighdeán do chúram leanaí a fhorbairt, creat a bhainfeadh leas as an saineolas atá cruinnithe le chéile laistigh de sheirbhísí cúraim leanaí phobail. Samhlaítear go bhféadfaí é sin a bhaint amach trí chomhoibriú leis an CECDE. (Planet, 2004:6)

Ciallachais don Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán - Eagraíochtaí Eile

Ardchaighdeán a Shainmhíniú:

1. Is tréith thábhachtach de sheirbhísí ar ardchaighdeán iad cóimheasa arda idir daoine fásta agus leanaí.
2. Meastar tábhacht a bheith ag baint le taifid a choinneáil laistigh de sheirbhísí chun ardchaighdeán a bhaint amach.
3. Bíonn tionchar ag caighdeán áitreabh agus saoráidí ar chaighdeán seirbhísí.
4. Is dlúthchuid den ardchaighdeán é teacht comhionann a bheith ag gach leanbh agus a dteaghlaigh ar sheirbhísí.
5. Is príomhghné de sheirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar é inacmhainneacht do chách, lena n-áirítear iad siúd ag a bhfuil riachtanais speisialta agus a fhulaingíonn míbhuntáiste.
6. Bíonn tionchar ag an gcuraclam nó an clár a leantar, mar aon leis na modheolaíochtaí a úsáidtear laistigh de sheirbhísí, ar chaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil.
7. Is gné thábhachtach den ardchaighdeán é rannpháirtíocht tuismitheoirí.
8. Bíonn tionchar tábhachtach ag oiliúint agus cáilíochtaí foirne, ag leibhéal réamhsheirbhísí agus inseirbhíse araon, ar chaighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil.
9. Ní mór don chúram leanaí ar ardchaighdeán bheith solúbtha chun freastal ar riachtanais tuismitheoirí agus teaghlach a bhíonn ag fáil oiliúna nó fostaíochta lasmuigh den teaghlach.
10. Is coincheap suibiachtúil é an t-ardchaighdeán ar féidir féachaint air ó dhearcaí éagsúla ag brath ar an lucht leasa nó ar na cuspóirí a bhíonn i gceist.
11. Is gné thábhachtach den ardchaighdeán é ábhar agus trealamh cuí a bheith ar fáil chun cur le forbairt an linbh.

Ardchaighdeán a Mheas:

1. Is gné thábhachtach é iniúchadh agus measúnacht seirbhísí chun ardchaighdeán a chinntiú laistigh den soláthar seirbhíse.

Tacaíocht a thabhairt d'Ardchaighdeán:

1. Is riachtanas é cúram leanaí ar ardchaighdeán i ngach ceantar, beag beann ar mhíbhuntáiste socheacnamaíoch nó cúinsí diúltacha eile.
2. Ní mór tacú leis an ardchaighdeán ar bhealaí éagsúla agus ag céimeanna éagsúla i gceantair dhifriúla, lena n-áirítear ceantair thuaithe agus uirbeacha.

Roinn 5

Forbairtí Cleachtais 1990-2004

5.1 Réamhrá

Déanann an chuid seo den tuarascáil athbhreithniú ar an gcleachtas reatha a bhaineann le bunú agus cothú an ardchaighdeáin i dtimpeallachtaí ECCE in Éirinn. Rinne an roinn roimhe seo athbhreithniú ar an gcomhthéacs beartais don chleachtas sin agus dá bhrí sin glacfar san áireamh i bhforas an phlé seo an chaoi a n-aistrítear an beartas ina chleachtas a bhaineann le hardchaighdeán in ECCE a shainmhíniú, a mheasúnú agus tacú leis. Féachann an t-athbhreithniú ar thionscnaimh rialtais agus neamhrialtais ar leithligh. Déantar amhlaidh chun struchtúr a chur ar fáil le hathbhreithniú a dhéanamh ar na hábhair agus ní léiríonn sé sin cineál an chleachtais, mar tá an leibhéal idirghníomhaithe agus an sreabhadh faisnéise idir an dá réimse sin suntasach agus bhí tionchar aige ar fhorbairt tionscnamh um ardchaighdeán sa tréimhse atá faoi athbhreithniú.

5.2 Dearcaí i leith an Ardchaighdeáin

Faoi mar a pléadh cheana féin, tugadh aghaidh ar an ardchaighdeán i dtéarmaí beartais ó dhearcaí éagsúla. Is amhlaidh atá i gcás tionscnamh cleachtais. Tá trí phríomhdhearcadh aitheanta a raibh tionchar acu ar chaighdeán an chleachtais in ECCE. Is iad sin:

- Dearcadh reachtúil nó reachtaíochta – m. sh., léiríonn freagrachtaí reachtúla an DHC maidir le híoschaighdeáin a chur i bhfeidhm d'fheidhmiú seirbhísí réamhscolaíochta.

- Dearcadh an chleachtóra/an soláthróra – a léiríonn riachtanais agus imní na ndaoine sin a mbíonn baint ghníomhach acu le seirbhísí luathóige a sheachadadh
- Dearcadh an oideachais agus na hoiliúna – a léiríonn go mbíonn tionchar díreach ag caighdeán an phearsanra, go háirithe i dtaca lena gcuid oideachais agus oiliúna, ar chineál, agus go deimhin ar chleachtas, an ardchaighdeáin.

Tá na trí dhearcadh sin idirnasctha agus d'fhéadfadh tionchar a bheith acu sin ar fad thuas ar aon tionscnamh cleachtais ar bith. Tá sé úsáideach iad a aithint, áfach, mar nithe ar leithligh mar go raibh tionchar ar leith acu ar fad ar ardchaighdeán an chleachtais in ECCE.

5.3 An tArdchaighdeán a Shainmhíniú, a Mheasúnú agus Tacú leis – Dearcaí Reachtúla

Faoi mar a leagadh amach sa roinn faoi bheartas, tá an phríomhfhreagracht as soláthar seirbhís ECCE scaipthe, go príomha, ar thrí roinn rialtais. Is iad sin an DES, an DHC agus an DJELR. Leagtar amach thíos an ról atá ag gach ceann acu i bhforbairt an ardchaighdeáin chleachtais in ECCE.

5.4 An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

I 1990, d'aithin ***Report of the Primary Education Review Body*** (DoE, 1990a), comhlacht a bunaíodh i 1988, fachtóirí ar a mbraitheann oideachas éifeachtach bunscolaíochta. Faoi mar a leagadh amach roimhe seo sa roinn faoi bheartas, áirítear orthu sin inmharthanacht an churaclaim, inniúlacht agus tiomantas múinteoirí, bainistíocht éifeachtach, rannpháirtíocht tuismitheoirí agus naisc idir an baile agus scoil. (DoE, 1990a:31).

Rinneadh mionscagadh ar roinnt de na saincheisteanna sin agus rinne an tuarascáil seacht moladh is céad, ar bhain go leor acu le cleachtas an ardchaighdeáin a fheabhsú san oideachas bunscolaíochta. I 1994, tionóladh ***National Education Convention*** chun plé a dhéanamh faoin athrú a bhí ag teacht ar shochaí na hÉireann agus faoin gcineál córais oideachais a bhí de dhíth chun freastal ar an athrú sin (Coolahan, 1994). Sa tuarascáil ón gcomhdháil sin, d'fhéach caibidil a bhí dírithe ar shaincheist an ardchaighdeáin ar chleachtas i mbunscoileanna agus rinneadh roinnt tuairimí spéisiúla faoi 'dhea-chleachtas' i roinnt réimsí (féach an roinn faoi bheartas).

Tugadh aird ar an bpleanáil scoile mar chéim thábhtach i dtreo an ardchaighdeáin a fheabhsú san oideachas. Eisíodh an caveat seo a leanas, áfach, a léiríonn tón na tuarascála i gcoitinne:

> "*Should school plans be envisaged as final documents which rarely change and only occasionally reviewed, their influence on school improvement may be marginal. Systematic evaluation of school practices needs to be conducted on a regular basis. In this way incremental improvements can be made and quality can be improved.* (Coolahan, 1994:56)

Luadh, freisin, nár mhór spriocanna agus critéir shonracha a bheith i bpleananna scoile, "*...if only because they (staff) will not receive precise feedback on their efforts. Success will be difficult to identify and stagnation rather than development could follow."* (Coolahan, 1994:58) Tacaíonn foilseachán 1990 agus tuarascáil 1994 araon leis an tuiscint nárbh fhéidir feabhsuithe ar ardchaighdeán a dhéanamh san oideachas ach amháin sa chás go mbeadh spriocanna soiléire agus cinnte leagtha síos, go mbeidís sin scaipthe ar

gach duine a bhí rannpháirteach i mbaint amach na spriocanna sin agus go mbeadh sásraí leordhóthanacha tacaíochta ag gabháil leis na spriocanna sin.

Ní léir cé mhéid de mholtaí an dá thuarascáil sin a cuireadh i bhfeidhm mar níl aon cháipéisí le fáil a bhaineann leis sin. Is féidir, áfach, a dhéanamh amach go mbaineann ceithre ghné lárnacha leis an ról a bhíonn ag an DES maidir le cleachtas ar ardchaighdeán in ECCE a mheasúnú agus tacú leis. Is iad sin forbairt churaclaim, iniúchadh ar scoileanna, oideachas agus tacaíocht do mhúinteoirí agus tionscnaimh spriocdhírithe.

5.4.1 An Curaclam

Tá sé an-deacair a dhéanamh amach cén tionchar a bhí ag an gcuraclam ar chleachtas múinteoirí, mar is beag taighde náisiúnta atá déanta faoi sin. Laistigh den tréimhse atá faoi athbhreithniú againn, bhí tionchar ag dhá churaclam bunscolaíochta. ***An Curaclam Nua*** (DoE, 1971) a tugadh ar an gcéad cheann a cuireadh le chéile i 1971 agus tugadh an dara ceann, an ceann reatha, Curaclam na Bunscoile, ar a dtugtar an ***Curaclam Athbhreithnithe*** (DES, 1999b), isteach i 1999. Faigheann múinteoirí an curaclam i bhfoirm tacar lámhleabhar a leagann amach aidhmeanna agus cuspóirí an churaclaim i gcoitinne agus ansin de réir ábhair. Leagtar amach freisin modheolaíochtaí teagaisc maille le samplaí de dhea-chleachtas. Is éard atá sa Teacher Handbook (DoE, 1971) a bhain le curaclam 1971 ná dhá imleabhar agus aithníonn sé na réimsí curaclaim seo a leanas; Reiligiún, Teanga (Gaeilge agus Béarla), Matamaitic, Gníomhaíochtaí Ealaíne agus Ceardaíochta, Staidéar Sóisialta agus Comhshaoil, Ceol, Corpoideachas (DoE, 1971:20). Tá 23 imleabhar sa Churaclam Athbhreithnithe de chuid 1999 a thugann aghaidh ar na réimsí curaclaim seo a leanas: Teanga, Matamaitic, SESE, Oideachas sna hEalaíona, Corpoideachas agus SPHE.

I 1990, thuairisc an ***Review Body on the Primary Curriculum*** (DoE, 1990b) faoi chineál agus chur i ngníomh Churaclam 1971 agus tugadh léargas úsáideach ar an gcleachtas teagaisc i scoileanna ag an am. Tá measúnú mionsonraithe ar thorthaí na tuarascála sin lasmuigh de scóip an athbhreithnithe seo. Tugann meastóireacht ar oibríochtaí agus ar chur i ngníomh an churaclaim i gcoinne cúig phríomhphrionsabal "*...on which the primary curriculum can be said to be based...*" (DoE, 1990b:13) spléachadh luachmhar, áfach, ar an gcleachtas ag an am. Sula ndéanfaimid athbhreithniú ar na torthaí is fiú an méid seo a thabhairt faoi deara, *"(T)he principles of the curriculum are not formally specified in the Teacher Handbook."* (DoE, 1990b:13). I bhfocail eile, níl siad liostaithe sa cháipéis ach bhain an Comhlacht Athbhreithnithe amach as an gcáipéis iad chun críche meastóireachta. Is iad na prionsabail sin:

1. Forbairt iomlán agus chomhchuí – a léiríonn an tuiscint seo a leanas: *"All children are complex human beings with physical, emotional intellectual and spiritual needs and potentialities."* (DoE, 1971, Iml. 1:13);
2. Difríocht indibhidiúil a ghlacadh san áireamh mar is cuí – a leagann béim ar an tábhacht a bhaineann le pleanáil churaclaim i dtaca le riachtanais uathúla aonair gach linbh;
3. Modhanna gníomhaíochta agus follasaithe –bunaithe ar "*active nature of learning processes"* (DoE, 1990b:13);
4. Curaclam comhtháite – a aithníonn nach dtarlaíonn an fhoghlaim i réimsí ar leithligh den eolas agus den ghníomhaíocht; ina ionad sin tá gach réimse ábhair idirnasctha agus idirspleách.
5. An fhoghlaim thimpeallachtbhunaithe – is é an timpeallacht an bealach is éifeachtaí chun gnéithe éagsúla den churaclam ina iomláine a chomhtháthú.

Rinne an Comhlacht Athbhreithnithe taighde le múinteoirí a bhí ag cleachtadh ag an am chun an leibhéal inglacthachta agus cur i ngníomh a bhain leis na prionsabail sin a dhéanamh amach. Ar an meán, bhain leibhéal ard inglacthachta leis na prionsabail ar fad i measc múinteoirí ag gach leibhéal den bhunscolaíocht. Cé go raibh leibhéil éagsúla chur i ngníomh i gceist, ar an meán d'éirigh níos fearr leis an gcur i ngníomh sna ranganna Sóisearacha i gcomparáid leis na ranganna Sinsearacha, ranganna inar éirigh na ceachtanna níos oideolaí agus níos dírithe ar an ábhar. Tá na torthaí a bhain le prionsabal 1 spéisiúil freisin:

> *...evidence suggests that teachers and inspectors saw greatest success in relation to cognitive and social development. There is less success in relation to aesthetic and creative development and to a lesser extent in relation to emotional and social development.* (DoE, 1990b:14)

D'aithin an Comhlacht Athbhreithnithe roinnt fachtóirí a raibh tionchar acu ar sheachadadh rathúil an churaclaim agus baineann cuid acu sin le croílár an tsoláthair oideachais ar ardchaighdeán:

- Drochscaipeadh an churaclaim – bhí easpa mhór tacaíochta ó thaobh faisnéise de, agus oiliúna inseirbhíse do mhúinteoirí;
- Easpa acmhainní agus téacsleabhar;
- Méideanna móra ranganna;
- Chuir tástálacha iar-bhunscolaíochta agus nósanna imeachta eile roghnúcháin gníomhaíocht as riocht i ranganna sinsearacha na mbunscoileanna. (DoE, 1990b)

Tugadh an Curaclam Athbhreithnithe isteach i 1999 agus tá roinnt de na saincheisteanna sin glactha ar bord ag an DES agus tá tionscnaimh curtha ar bun chun dul i ngleic leo.

D'fhonn scaipeadh agus cur i ngníomh feabhsaithe an Churaclaim Athbhreithnithe a chinntiú, bunaíodh an ***Clár tacaíochta don Churaclam Bunscoile*** (PCSP) d'fhonn tar-rolladh an churaclaim a phleanáil agus a chomhordú, faisnéis a chur ar fáil agus clár inseirbhíse a chur ar fáil do gach scoil trí:

- Úinéireacht an churaclaim ag scoileanna a chothú sa chaoi is go gcuirfeadh eispéireas oideachasúil gach linbh lena saol, go mbeadh brí leis dóibh agus go mbeadh sé ábhartha dá saol;
- Cur chuige comhpháirtíochta a ghlacadh i leith phleanáil an chláir thacaíochta ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil;
- Éascaíocht a dhéanamh d'imeachtaí forbartha ionghairme ar ardchaighdeán inar féidir le múinteoirí fáil amach faoi inneachar, prionsabail, modheolaíochtaí teagaisc agus cuir chuige an churaclaim;
- Meastóireacht leanúnach ar an gclár tacaíochta chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí amach anseo agus chun iad a mhúnlú dá réir;
- Spreagadh maidir le cnuasghrúpaí agus líonraí scoile a fhorbairt chun an sárchleachtas a roinnt agus chun pobail foghlama a fhorbairt;
- Teacht ar thacaíocht agus ar chomhairle ó fhoireann an Chláir Thacaíochta don Churaclam Bunscoile, go pearsanta agus trí ICT. (PCSP, le fáil ag: http://www.pcsp.ie/ 28 Bealtaine 2004)

Tá ról lárnach sa PCSP ag líonra náisiúnta Ionad Oideachais (a bhunaigh múinteoirí ar bhonn deonach roimhe sin, ó thús na 1970idí ar aghaidh, ag féachaint do thacaíocht a raibh géarghá léi a thabhairt dá gcomhghleacaithe) agus rinneadh coimisiúnú orthu chun raon leathan gníomhaíochtaí tacaíochta a dhéanamh lena n-áirítear faisnéis a scaipeadh agus chun freagairt do riachtanais scoileanna agus mhúinteoirí ag leibhéal áitiúil. Gné thábhachtach eile den PCSP is ea Seirbhís Tacaíochta Curaclaim Réigiúnach a bhunú agus Cuiditheoirí a earcú.

> *The role of the Curriculum Cuiditheoir/Support Person is a broad one. Activities such as meeting with principals, groups of teachers, post-holders, individual teachers and/or whole staff, working with the teacher in the class and facilitating school and classroom curriculum planning is undertaken. ...facilitating exchange of ideas and dissemination of good practice between schools include(s) ...networking between schools, organising optional courses, establishing support groups in areas of special interest.* (PCSP, Le fáil ag: *http://www.pcsp.ie/* 10 Meitheamh 2004)

Tá tástálacha agus nósanna imeachta roghnúcháin iar-bhunscoile forordaithe agus bunaíodh roinnt tionscnamh, lena n-áirítear líon níos mó múinteoirí a earcú agus a oiliúint, chun dul i ngleic leis na fadhbanna a bhaineann le ranganna de mhéideanna móra.

Tá Curaclam Athbhreithnithe 1999 fós i gcéim a chur i ngníomh. Tá an NCCA ag déanamh athbhreithniú faoi láthair ar chur i ngníomh an Churaclaim Athbhreithnithe:

> *... to increase our understanding of teachers' and children's experiences with the curriculum in their classrooms, to date.* (NCCA, le fáil ag: *http://www.ncca.ie/j/index2.php?name=pcr_webpage*, an 24 Bealtaine, 2004)

Meastar go gcuideoidh torthaí an athbhreithnithe sin le forbairt chaighdeán an tsoláthair oideachais amach anseo.

5.4.2 Cigireacht ar Scoileanna

Tá ról reatha Chigireacht an DES sainithe laistigh den Acht Oideachais 1998 (DES, 1998) (féach Alt 4). In 2002, foilsíodh ***A Brief Guide to the Inspectorate*** chun teacht le "*....major reorganisation of its structure and management, in order to serve better the needs of its many clients within the education system.*" (DES, 2002c:5). Laistigh den fhoilseachán sin, leagtar amach cuspóirí leathana na Cigireachta mar seo a leanas:

- Cuidiú le meastóireacht a dhéanamh ar an gcóras oideachais;
- Cuidiú le forbairt a dhéanamh ar an gcóras oideachais;
- Cuidiú le tacaíocht a thabhairt don chóras oideachais (DES, 2002c:7).

Déantar cláir bhliantúla cigireachta ar chóras na scoile mar seo a leanas:

- Cigireachtaí scoile (déanta uair gach sé bliana de ghnáth);
- Cigireachtaí ábhair agus meastóireachtaí ar chláir ag an dara leibhéal;
- Cigireacht ar obair múinteoirí aonair, lena n-áirítear múinteoirí ar promhadh;
- Meastóireachtaí fócasaithe ar ghnéithe áirithe den chóras. (DES, 2002c).

Tá múnlaí éagsúla meastóireachta seachtraí scoile ann don bhunleibhéal agus don dara leibhéal. Táthar ag déanamh athbhreithniú ar an scéal sin i láthair na huaire, áfach, ag féachaint do mhúnla coiteann a chur le chéile. Ag an mbunleibhéal, "*...schools are inspected on a cyclical basis in line with annual inspection targets. A school report (Tuairisc Scoile) is furnished on a primary school on average every six years following a detailed school inspection.*" (DES, 2002c:10). Áirítear ar an meastóireacht scoile gach gné den teagasc, de bhainistíocht agus pleanáil scoile, den fhoghlaim agus den mheasúnú mar aon le timpeallacht na scoile ó thaobh cóiríochta agus acmhainní de. Déantar cigireacht ar theagasc agus ar chleachtas múinteoirí aonair de réir na ***Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta.*** (DoE, 1965b). Deirtear an méid seo a leanas faoin ráiteas sin sa treoir don Chigireacht: *"...much of this work relates to the evaluation and support of probationary teachers."* (DES, 2002c:10). Tá sé deacair a dhéanamh

amach cé go díreach iad na critéir don mheasúnú múinteora sin de bharr gur i 1965 a eisíodh an leagan athbhreithnithe is déanaí de na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta agus ón dáta sin tá go leor athruithe déanta ar na Rialacha trí chiorcláin ón DES. I 1990, thuairisc an Primary Education Review Body faoin ábhar sin agus dúradh:

> *In the absence of an up to date publication, incorporating all the current rules, there is difficulty establishing a coherent picture of the rules and regulations as they exist at present."* (DoE, 1990:33).

Bunaithe ar an ábhar sin, mhol siad go ndéanfaí athbhreithniú ar na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta mar ábhar práinne. Níor tharla sé sin go dtí seo, agus is deacair a thuiscint, dá bhrí sin, cén chaoi ar féidir leis an gCigireacht agus, níos tábhachtaí fós, le múinteoirí, go háirithe iad sin a bhain cáilíochtaí amach le blianta beaga anuas, úsáid cheart a bhaint as na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcleachtas féin. I 1994, léirigh an ***Report on the National Convention on Education*** (Coolahan, 1994) imní freisin faoin gcigireacht a dhéantar ar mhúinteoirí i scoileanna:

> *Present practice with regard to inspection of teachers varies between primary and post primary as well as between the different school years in the latter case. In many cases the quality of teaching has to be inferred from questioning of the class by the inspector. Such practices can hardly be regarded as the most valid or defensible method of evaluating teacher performance.* (Coolahan, 1994:63)

Tharraing an tuarascáil sin aird freisin ar neamhleorgacht an ullmhúcháin a rinneadh leis na cigirí nua-earcaithe agus cuireadh fáilte roimh an bhféidearthacht a bhain le "*...improved induction programme being developed and a development programme aimed at those already in the system..."* (Coolahan, 1994:64), rud a bhí bunaithe cheana féin. Níorbh fhéidir, is trua, aon fhaisnéis a aithint ná a fháil faoi chineál na gclár sin don athbhreithniú seo.

In ainneoin gur thuairisc tuarascálacha roimhe seo go mbíonn difear suntasach idir cleachtais i ranganna Sóisearacha agus Sinsearacha i mbunscoileanna (DoE, 1990), ní ghlacann cigireacht ar scoileanna an difear sin san áireamh:

> *The Inspectorate does not use specific evaluation frameworks for particular classes but rather a generic framework for school evaluations.* (Cigireacht an DES, Comhfhreagras Pearsanta, an 21 Aibreán, 2004)

Baineadh úsáid as an gcreat aicmeacht sin le déanaí mar bhonn d'fhorbairt a dhéanamh ar ***Looking at our School – An Aid to Self - evaluation in Primary Schools*** (DES, 2003a). Tá an cháipéis mheastóireachta tógtha thart ar chúig théama:

- Bainistíocht scoile
- Pleanáil scoile
- Soláthar curaclaim
- An fhoghlaim agus an mhúinteoireacht i réimsí curaclaim
- Tacaíocht do dhaltaí (DES, 2003a).

> *Each of these areas is divided into a number of aspects which represent the different activities collectively constituting the area of the school's operation to be evaluated. The aspects are further broken down into components for each of which a number of themes have been identified as a basis for evaluation.* (DES, 2003a:ix).

D'aithin an foilseachán go mbeidh tionchar ag comhthéacs uathúil gach scoile, e.g.

méid, suíomh, cúinsí socheacnamaíocha na ndaltaí, na hacmhainní fisiciúla, ábhartha agus daonna a bhíonn ar fáil, etc., ar obair na scoile agus comhairlítear gur chóir iad sin a ghlacadh san áireamh agus an próiseas meastóireachta ar siúl.

Is cáipéis luachmhar an cúnamh sin leis an bhféinmheastóireacht agus ba chóir gur chúnamh mór a bheadh ann do scoileanna agus do mhúinteoirí agus iad ag iarraidh caighdeán an tsoláthair agus a gcleachtais a fheabhsú. Luaitear an cháipéis sin ar cheann de roinnt foilseachán atáthar a ullmhú, "*...in support of all those engaged in the work of schools, with a view to improving quality and standards in the education of our children and young children."* (DES, 2003a:v). Is réamhléiriú iontach an tiomantas sin ag an gCigireacht ar fhorbairt chaighdeán an chleachtais i mbunscoileanna in Éirinn amach anseo.

Tógann an creat meastóireachta sin ar fhoilseachán a táirgeadh roimhe sin, ***Code of Practice on Evaluation and Reporting*** (DES, 2000b). Is éard a dhéanann an cháipéis sin ná "*...sets out general principles and guidelines in accordance with which members of the inspectorate engage in the process of evaluation and reporting"* (DES, 2000b).

Ba chóir go gcuideodh an cháipéis sin i dteannta fhoilsiú an chreata aicmigh mheastóireachta (DES, 2003a) le laghdú a dhéanamh ar na neamhréireachtaí sa phróiseas cigireachta faoi mar a thugann an INTO aird orthu sa tuarascáil a d'fhoilsigh siad le déanaí ***Central Executive Committee Report*** (INTO, 2004:84). Ina theannta sin, tuairiscítear go bhfuil sé i gceist ag an DES treoir do mheastóireacht scoile iomláine a eisiúint san Fhómhar 2004 chun ..."*assist in the clarification and streamlining of matters.*" (INTO, 2004:84)

5.4.2.1 Cleachtas i Scoileanna

Tugann foilseachán eile a foilsíodh le déanaí léargas beag ar chleachtas na Cigireachta agus ar an gcleachtas in go leor bunscoileanna. Tugann ***Fifty School Reports: What the Inspectors Say*** (DES, 2002d) spléachadh dearfach ar an mbunoideachas ina iomláine. Ní dhéantar aon idirdhealú sa tuarascáil sin, áfach, idir ranganna naíonán beag ná mór i scoileanna agus dá bhrí sin ní thugann sé deis dúinn pictiúr soiléir a fháil ar an gcleachtas i ndáiríre sna timpeallachtaí luathóige sin. In ainneoin na n-easpaí sin, tá roinnt moltaí spéisiúla le fáil sa tuarascáil a bhaineann leis an gcleachtas luathóige; e.g. an gá atá le straitéisí agus cleachtais um rannpháirtíocht tuismitheoirí a fheabhsú, an gá atá le laghdú a dhéanamh ar a mhéid is a bhítear ag brath ar théacsleabhair agus modheolaíochtaí teagaisc a úsáid a chothaíonn idirghníomhú eolais agus comhtháthú comhthéacsanna foghlama, is téama a chítear arís agus arís eile é gá atá le pleanáil níos éifeachtaí i measc múinteoirí agus lucht bainistíochta agus ar deireadh áitítear an ngá atá le seirbhísí leanúnacha tacaíochta chun an curaclam agus athrú eile beartais a chur i ngníomh laistigh den scoil.

5.4.2.2 Meastóireacht na Scoile Iomláine

I 1998 /1999, bunaíodh tionscnamh píolótach chun iniúchadh a dhéanamh ar chur chuige nua chun an t-ardchaighdeán a fheabhsú i scoileanna náisiúnta. Ba é an cuspóir a bhí leis an ***Whole School Evaluation (WSE) Pilot Project*** ná "*...evaluate collaboratively the work of the school as a unit and to foster and promote the development of school activities as a whole."* (DES, 1999e:12)

Ba é an fócas a bhí ag WSE ná:

- Caighdeán na foghlama agus an teagaisc
- Caighdeán na pleanála scoile agus
- Caighdeán na bainistíochta scoile (DES, 1999e:12)

Bhí ceithre chéim incriminteacha i gceist le cur i ngníomh an tionscadail:

1. Cruinnithe réamh-mheastóireachta idir príomhoide na scoile agus an

cigire, cruinniú ginearálta leis an bhfoireann ar fad agus cruinniú le hionadaithe Bhord Bainistíochta na Scoile (lena n-áirítear ionadaithe na dtuismitheoirí). Rinne na cruinnithe míniú agus soiléiriú ar an bpróiseas WSE;

2. Cuairteanna ag foireann chigirí WSE ar an scoil agus ar sheomraí ranga;
3. Cruinnithe iarmheastóireachta – leis na grúpaí a luaitear i gcéim 1 thuas agus tugadh aiseolas mionsonraithe faoi réimsí láidreachta agus laige;
4. An Tuarascáil WSE – Achoimre ar na torthaí a pléadh sna cruinnithe iarmheastóireachta a bhí anseo.

Is é an tábhacht a bhaineann le Tionscadal Píolótach WSE don athbhreithniú seo ná gur bailíodh na sonraí faoi thionchar an tionscnaimh sin ar an gcleachtas agus foilsíodh iad mar chuid den phróiseas. Le ceistneoir a bailíodh na sonraí sin agus is é a léirigh na torthaí ná, *"All types of respondents (teachers, principals, inspectors) reported positive experiences of the WSE project.*" (DES, 1999e:32). Príomhoidí is mó a thug freagra dearfach ar an tionscnamh. Nuair a dhéantar grinnscrúdú ar na freagraí, tugann na sonraí roinnt léargas spéisiúil ar chineál na bhfreagraí ó rannpháirtithe. Baineann suntas leis an dearcadh go raibh múinteoirí *"...less positive about the likely impact of the WSE process on future development of the school than they were about the way in which the process was actually carried out."* (DES, 1999e:24). Measadh gurb é a bhí i gceist leis sin ná *"...the WSE process to be wholly successful should not be seen as a 'stand – alone' process, but would be better seen as part of an overall school development strategy."* (DES, 1999e:24). I measc na nithe eile a tugadh faoi deara bhí an gá atá le teacht ar shásra oiriúnach chun dearcaí tuismitheoirí a fháil amach agus nár bailíodh dearcaí leanaí ná ní dhearnadh iad a mheas sa phróiseas WSE. Is é an toradh a bhí ar an tionscnamh píolótach sin ná go bhfuil sé beartaithe ag an DES a tionscadal a leathnú chun an t-aiseolas leathan ón tionscnamh píolótach a ghlacadh san áireamh.

5.4.2.3 Meastóireacht ar Réamhscoileanna don Lucht Siúil

In 2000/1, rinneadh coimisiúnú ar an gCigireacht chun meastóireacht a dhéanamh ar Réamhscoileanna don Lucht Siúil, ***Preschools for Travellers: National Evaluation Report*** (DES, 2003b). Eagraíochtaí deonacha agus pobail a bhunaigh na saoráidí luathóige sin ar dtús agus fuair siad tacaíocht ón DES ina dhiaidh sin. Ba é cuspóir na meastóireachta, "*...primarily to support good practice in the pre-schools."* (DES 2003b:4). Rinneadh scrúdú ar bhainistíocht, cóiríocht agus maoiniú, saincheisteanna a bhaineann le cúrsaí foirne, éifeachtacht an teagaisc agus na foghlama agus rannpháirtíocht tuismitheoirí agus comhpháirtithe eile.

Tugann foilsiú tuarascála chomh mionsonraithe sin ag an gCigireacht faoi chineál amháin timpeallachta luathoideachais sonraí tábhachta faoi chineál an chleachtais. Déanann an mheastóireacht a rinneadh ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim ráitis faoin ngné a bhaineann leis na "*...most effective preschools."* (DES 2003b:6)

> *More effective learning took place when the teacher motivated the children by matching activities to their needs and interests, when activities were carefully paced so as to provide challenging and engaging tasks for the children, when pupil's involvement was carefully monitored, when a balanced combination of free-play, structured individual activities and group activities was used.* (DES 2003b:6)

Rinneadh liosta nach beag moltaí sa tuarascáil, a bhféadfadh baint a bheith acu le tábhacht na tacaíochta do mhúinteoirí agus do chuiditheoirí cúraim leanaí. Ní le hoideachas inseirbhíse agus

réamhsheirbhíse amháin a bhain an tacaíocht sin ach le soláthar deiseanna chun saineolas agus dea-chleachtas a scaipeadh. Agus é ar an athbhreithniú is déanaí agus is cuimsithí ar soláthar luathoideachais in Éirinn, bíodh go mbaineann sé le cineál amháin soláthair, d'fhéadfadh an tuarascáil bheith ina hacmhainn luachmhar chun plé a spreagadh faoi chineál an dea-chleachtais agus faoi na gnéithe riachtanacha a chaitear a chur ar fáil chun tacú lena fhorbairt leanúnach i ngach timpeallacht ECCE.

5.4.3 Tionscnaimh Spriocdhírithe

Faoi mar a luadh cheana féin in Alt 4, tá cur chuige tionscadail glactha ag an DES i leith tionscnaimh nua cleachtais a fhorbairt le deich mbliana anuas. Rinneadh meastóireacht ar an tionchar a bhí ag cuid de na tionscnaimh sin agus tá léargas faighte ar chur i ngníomh an bheartais i gcleachtas.

5.4.3.1 Scéim do Cheantair faoi Mhíbhuntáiste

Faigheann scoileanna a bhíonn páirteach sa scéim seo raon tacaíochta éagsúla – poist mhúinteoirí thar chuóta, deontais bhreise chaipitíochta, ní bhíonn níos mó ná 29:1 sa rang, agus na scéimeanna béilí scoile agus maoiniú do scéimeanna leabhar ar cíos DES, 2004, ***Summary of All Initiatives Funded by the Department to help Alleviate Educational Disadvantage***. Le fáil ag: www.education.ie/servlet/blob-servlet/si_summary_02.doc., an 16 Bealtaine 2004). Cé go bhfáiltíonn scoileanna roimh na tacaíochtaí sin, tuairiscítear:

> *While the scheme has served a useful function in providing much needed resources to schools, particularly ones in urban areas, it cannot really be said to have operated positive discrimination in favour of designated schools. Given this situation, it would be unrealistic to expect it to have had much impact on students' achievements or life chances.* (Kellaghan *et al.*, 1995:63)

Is é an tátal atá ann ná nach leor an t-ionchur airgid amháin chun caighdeán an tsoláthair agus an chleachtais a fheabhsú i scoileanna,

> *Funding is no longer a daily problem in the designated schools, yet the principals felt abandoned in relation to guidance and support needed to disseminate such money in the most effective way. (*Walsh, 2001:108*)*

5.4.3.1.1 Caidreamh Baile/Scoile/Pobail (STBSP)

Tá an tionscnamh seo dírithe ar scoileanna ainmnithe atá faoi mhíbhuntáiste agus is ann dó chun:

> *... address the discontinuity between the children's home and community experiences and the demands of schooling by maximising active participation of targeted pupils in the learning process and by promoting active co-operation and collaboration between home, school and community.* (Murphy, 2000:11)

Aithnítear rannpháirtíocht tuismitheoirí arís agus arís eile i gcáipéisí cleachtais agus beartais náisiúnta mar phríomhtháscaire an chleachtais ar ardchaighdeán (DJELR, 1999; DES, 1999a; French 2003; NCNA, 2003b). Tugadh meastóireacht ar an tionscnamh sin chun críche i 1999 (Ryan, 1999) agus thug sé aghaidh ar an tionchar a bhíonn aige ar scoileanna, ar thuismitheoirí agus ar leanaí. Go ginearálta, bhí torthaí na meastóireachta dearfach, luadh gur éirigh leis ceapachán oifigigh shainiúil HSCL méadú a dhéanamh ar leibhéal an chaidrimh idir múinteoirí agus tuismitheoirí, an scoil agus an pobal agus go ndearnadh éascaíocht, freisin, do chomhordú níos mó idir seirbhísí tacaíochta, e.g. seirbhísí feabhais, teiripeacha. Thacódh na torthaí sin leis an tuiscint gur féidir le leibhéil

rannpháirtíochta tuisimtheoirí feidhmiú mar tháscaire don soláthar ar ardchaighdeán.

5.4.3.2 Early Start

Bunaíodh an tionscnamh seo i 1994/5 mar chuid de chur chuige comhtháithe i leith an mhíbhuntáiste oideachasúil. Thóg sé ar mhúnla Rutland Street Pre-school (Kellaghan, 1977) agus is ionann é agus an chéad idirghabháil shuntasach a rinne an DES i réimse an oideachais luathóige. Tá daichead scoil san iomlán páirteach sa tionscadal a chuireann luathoideachas bliana ar fáil do leanaí trí bliana d'aois sula a dtugann siad faoin mbunscoil. Cuid de phríomhghnéithe an tionscadail Early Start a idirdhealaíonn é ó ranganna naíonán i mbunscoileanna ná; lá scoile níos gaire (freastalaíonn leanaí air ar feadh suas le 2.5 uair an chloig ar maidin nó um thráthnóna), uaslíon cúig dhalta dhéag sa rang, beirt dhuine fásta oilte a bheith i ngach rang, bunmhúinteoir agus oibrí cúraim leanaí, agus béim láidir ar rannpháirtíocht tuismitheoirí.

I 1998, forbraíodh na ***Curricular Guidelines for Early Start*** (In-career Development Team, 1998). Tugann an foilseachán sin treoir faoi na fearainn leathana foghlama sa timpeallacht Early Start, lena n-áirítear gnéithe cognaíocha, teangeolaíocha, pearsanta, mothúchánacha, sóisialta, cruthaitheacha agus aeistéitiúla. Tugtar léargas freisin ar a mhéid is a chinntítear go ndéantar cleachtas ar ardchaighdeán a bhaint amach agus a chothú laistigh de Early Start trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí cuí, breathnadóireachtaí linbh, pleanáil leordhóthanach agus taifid a choinneáil agus comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus leis an bpobal. Luaitear an spraoi ina ghné lárnach den churaclam:

> *The quality of the play children engage in and experience must be of a high quality to support their development as effective learners.* (In-career Development Team, 1998:15)

Rinne an Foras Taighde ar Oideachas (ERC) achoimre ar an gcur chuige sa tuarascáil dá chuis, ***Early Start Evaluation: Report on Observation Visits to Schools*** mar seo a leanas:

> *...one that embraces a structured, child centred, play oriented, self–directed learning experience in which adult-child interaction, including parental involvement is seen as central).* (Lewis agus Archer, 2003:25).

I dteannta treoirlínte curaclaim, rinneadh tástáil phíolótach ar mhúnlaí nuálacha tacaíochta teagaisc sa seomra ranga.

Rinneadh meastóireacht ar an tionscadal sin i 1998 (ERC, 1998) agus in 2003:

> *All aspects of implementation were examined including enrolment and attendance patterns, the nature and duration of classroom activities, the teacher-childcare worker relationship, and the extent of parental involvement. Tracking the achievement of pupils also formed a major part of the evaluation.* (Lewis agus Archer, 2003:1)

De thoradh na chéad mheastóireachta, rinneadh roinnt moltaí chun feabhas a chur ar thionchar an tionscnaimh Early Start ar fhorbairt chognaíoch agus teanga na leanaí. Áirítear orthu sin cuspóirí a bheadh sainmhínithe níos soiléire, béim níos mó ar obair grúpa bhig, pleanáil agus ullmhúchán níos fearr bunaithe ar phróifíliú a dhéanamh ar ghnóthachtálacha daltaí, soiléiriú ar ról an oibrí chúraim leanaí, leathnú ar sholáthar inseirbhíse agus rannpháirtíocht níos mó i measc tuismitheoirí. Foilsíodh an dara tuarascáil mheastóireachta in 2003 agus is díol spéise é toradh an phróisis sin ag an athbhreithniú seo mar go raibh breathnadóireacht ar chleachtas sa seomra ranga mar chuid dá mhodheolaíochtaí. Is é an ionstraim bhreathnadóireachta a

úsáideadh ná an Early Childhood Environment Rating Scale – Revised (ECERS-R) (Harms *et al*., 1998). Tá an ionstraim sin tógtha thart ar thacar táscairí faoin ardchaighdeán agus déantar iad a rátáil ar scála seacht bpointe (1 = easnamhach, 3 = íoschaighdeán, 5 = maith, 7 = ar fheabhas). Tugann sé sraith ceisteanna freisin chun iad a úsáid in agallaimh le comhaltaí foirne teagaisc. Rinne na taighdeoirí mionathruithe ar an ECERS – R chun é a chur in oiriúint don staidéar agus rinneadh seacht bhfoscála ar an iomlán a thomhas, orthu sin bhí:

- Spás agus troscán
- Gnáthaimh maidir le cúram pearsanta
- Réasúnaíocht teanga
- Gníomhaíochtaí
- Idirghníomhaíocht
- Struchtúr an chláir
- Tuismitheoirí agus an fhoireann (Lewis agus Archer, 2003).

Maidir leis na tátail a bhain leis an meastóireacht seo, tugann siad léargas luachmhar ar an gcleachtas sa timpeallacht luathoideachais sin in Éirinn.

> *Observation of practice in the centres visited lends support to the conclusion that Early Start is a high quality intervention with a strong emphasis on adult child interaction.* (Lewis agus Archer, 2003:15)

In ainneoin an ráitis an-dearfach sin, tugadh faoi deara go bhféadfaí feabhas a chur ar gach seomra ranga. Díol imní amháin ba ea "*…implementation of the curriculum was observed, though not to the degree or depth presented in the curriculum guidelines*." (Lewis agus Archer, 2003:15). D'ardaigh sé sin níos mó ceisteanna faoi oiriúnacht na dtreoirlínte curaclaim ná faoi chleachtas múinteoirí:

> *More fundamentally, perhaps, it may be necessary to ask if the standards in the guidelines are pitched at a level beyond the reach of most three to four year olds.* (Lewis agus Archer, 2003:16).

Is píosa uathúil taighde í an tuarascáil seo maidir le cleachtas i dtimpeallachtaí luathóige in Éirinn sa tréimhse atá faoi athbhreithniú agus tugann sé deis dúinn, deis a bhfáiltítear roimpi, chun plé a dhéanamh faoi chineál an chleachtais ar ardchaighdeán.

5.4.3.3 Breaking the Cycle

Faoin tionscnamh seo, atá dírithe arís eile ar dhul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil, tugtar cead do scoileanna roghnaithe comhaltaí breise foirne a fhostú chun na cóimheasa idir múinteoirí agus daltaí sna ranganna Sóisearacha a laghdú go 15:1. Ina theannta sin, cuirtear inseirbhís thiomanta don fhoireann agus breis maoiniúcháin ar fáil. Tá meastóireacht ar an tionscnamh sin tugtha chun críche agus tuairiscíodh go ginearálta gur éirigh leis an tionscnamh leibhéil ghnóthachtála daltaí a fheabhsú (Weir *et al*., 2002a; 2002b). Tá imní áirithe léirithe, áfach, nach bhfuiltear ag baint leas iomlán as poitéinseal an tionscnaimh seo de bharr ganntanas múinteoirí cáilithe a bheith ann. Ní cuid de na tuarascálacha sin meastóireacht a dhéanamh ar an gcleachtas sa seomra ranga; leagann siad béim, áfach, ar an tábhacht a bhaineann le hoiliúint agus cáilíochtaí múinteoirí agus tacaíonn siad leis an tuiscint, atá bunaithe le taighde, go bhfuil comhfhreagairt dhearfach idir an fachtóir sin agus caighdeán an tsoláthair seirbhíse.

Ciallachais don Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán - An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Ardchaighdeán a Shainmhíniú:

1. Leagann meastóireacht Early Start béim ar an ngá atá le spriocanna/cuspóirí atá sainmhínithe agus soiléir, le hobair ghrúpa, le pleanáil agus ullmhúchán níos fearr bunaithe ar ghnóthachtálacha daltaí, agus le soiléiriú a dhéanamh ar rólanna, ar príomhghnéithe den chleachtas ar ardchaighdeán iad.
2. Is tréith thábhachtach den ardchaighdeán iad leibhéil rannpháirtíochta tuismitheoirí.

Ardchaighdeán a Mheas:

1. Tá athbhreithniú cuimsitheach ar siúl ar an gcóras reatha cigireachta do scoileana agus ar fhorbairt ábhar chuí, ar oiliúint agus ar shásraí tacaíochta. Tugann sé sin bonneagar féideartha ar ar féidir próiseas cigireachta ECCE a thógáil.

Tacaíocht a thabhairt d'Ardchaighdeán:

1. Ní mór an fhaisnéis atá ar fáil faoi chleachtas i seomraí ranga naíonán in Éirinn - rachadh taighde sa réimse sin chun tairbhe d'fhorbairt an NFQ.
2. Ní mór forbairt agus oiliúint chuimsitheach inseirbhíse múinteoirí a bheith mar chuid den tacaíocht don ardchaighdeán.
3. Tá deiseanna maidir le dea-chleachtas a scaipeadh ríthábhachtach chun ardchaighdeán a chur i bhfeidhm.
4. Léirítear go mór an gá atá le tacaíocht agus treoir speisialaithe don lucht bainistíochta.
5. Ní chinntíonn caighdeáin/treoirlínte scríofa leo féin ardchaighdeán.

5.5 An Roinn Sláinte agus Leanaí (DHC)

Leagann an ***tAcht um Chúram Leanaí*** (DoH, 1991) dualgas reachtúil ar bhoird sláinte iniúchadh a dhéanamh ar sheirbhísí réamhscolaíochta. Leagann sé oibleagáid freisin ar sholáthróirí seirbhísí réamhscolaíochta an bord sláinte cuí a chur ar eolas go bhfuil siad ann agus cloí leis na ***Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile)*** (DoH, 1996a). I 1998, bunaíodh foirne cigireachta réamhscolaíochta i ngach bord sláinte. Oifigeach sláinte comhshaoil agus altra sláinte poiblí atá ar na foirne sin. Bhí an tacaíocht agus an t-ullmhúchán a bhí ar fáil do na foirne sin difriúil ó bhord sláinte go bord sláinte, ach ní dhearnadh oiliúint, áfach, sular cuireadh tús leis an bpróiseas cigireachta den chuid is mó (Duignan, 2003).

5.5.1 An Próiseas Cigireachta

Ach seirbhís réamhscolaíocht a bheith tar éis cloí leis na Rialacháin tríd an mbord sláinte cuí a chur ar an eolas go bhfuil siad ann, cuirtear tús leis an bpróiseas cigireachta a leagtar amach sna Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhíse Réamhscolaíochta), 1996 agus sna Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhíse Réamhscolaíochta)(Leasú), 1997 *agus san*

Explanatory Guide to Requirements and Procedures for Notification and Inspection (DHC, 1998). Molann na treoirlínte go ndéanfaí cigireacht ar sheirbhísí go rialta.

> *It is considered good practice that the first inspection occurs within 3 months of receipt of the notification and thereafter once a year from that date.* (DHC, 1998:42)

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbraitheann minicíocht na gcigireachtaí i gcleachtas go mór ar líon na seirbhísí laistigh de limistéar boird sláinte agus go deimhin féin ar fhoireann a bheith ar fáil (Duignan, 2003). Tugtar cuntas ar chuspóir na cigireachta san Explanatory Guide mar seo a leanas:

> *Inspection is designed to ensure the health, safety and welfare of children and the promotion of their development. It is also to ensure compliance with statutory requirements. To this end the inspectors will consider:*
>
> - *How the children are being cared for and how their development and welfare is being promoted;*
> - *The suitability and safety of the premises;*
> - *The standards of the premises in terms of space, heat, lighting, cleanliness, ventilation and repair and maintenance;*
> - *The suitability of the person providing the services;*
> - *The availability and suitability of toys and equipment.* (DHC, 1998:41-42)

Éilíonn na Rialacháin ar bhoird sláinte tuairiscí scríofa a sheoladh chuig an soláthróir seirbhíse faoi thorthaí na cigireachta. Má aithníonn an tuairisc sin aon réimse nach bhfuiltear ag cloí leis na Rialacháin, tugtar fráma ama don soláthróir chun freagra a thabhairt ar an tuairisc agus mionsonraí a thabhairt faoin gcaoi a gcinnteofar comhlíonadh. Má mheastar laigí sa soláthar seirbhísí a bheith ina mbaol do leas an linbh, déantar an dara cuairt chigireachta laistigh d'eatramh níos gaire ama ná mar is gnáth. I gcás na rialacháin a bheith sáraithe go tromchúiseach agus go minic, féadfaidh an bord sláinte an scéal a chur faoi bhráid na Cúirte Dúiche faoi Chuid VIII den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (DoH, 1991).

5.5.2 An Chigireacht ar Sheirbhísí Réamhscolaíochta a chur i bhfeidhm

Táthar ag déanamh cigireachta ar sheirbhísí réamhscolaíochta ó 1998 i leith, ach ní mór an fhaisnéis atá ar fáil, áfach, ar leibhéal náisiúnta faoi chur i bhfeidhm na Rialachán agus ní dhearnadh aon mheastóireacht ar an tionchar a bhíonn acu ar an gcleachtas. Luadh an méid seo a leanas i dtaca le cur i bhfeidhm an phróisis chigireachta i gcomhfhreagras ón DHC mar fhreagra ar iarratas ar fhaisnéis don pháipéar seo:

> *The experience of the pre-school inspection teams is that the majority of preschool providers wish to achieve a high standard of service and work in partnership with the teams to achieve and maintain this standard.* (An tAonad um Beartas Cúraim Leanaí, DHC, Comhfhreagras Pearsanta, an 15 Márta, 2004)

Tá athbhreithniú ar na Rialacháin um Sheirbhís Réamhscolaíochta ar siúl ó 2002 agus táthar ag súil go dtabharfar chun críche in 2004 é. Iarradh aighneachtaí don phróiseas athbhreithnithe sin ó raon leathan lucht leasa in ECCE, ach níl siad sin ar fáil don phobal.

Léiríonn fianaise starógach ón earnáil ECCE, cé go bhfáiltítear den chuid is mó roimh rialúchán agus go meastar gá a bheith leis, baineann éagsúlacht mhór le cur i bhfeidhm an rialúcháin sin agus braitheann sé ar chumas aonair na bhfoirne cigireachta réamhscolaíochta.

Rinne Bord Sláinte an Lár-Iarthair ***Review of Preschool Inspection and Information Services 1997-1999*** ina ndúradh an méid seo a leanas:

> *While the standard of care in a number of services inspected was seen to be of a high standard, the standard of services generally was considered to reach only a basic and satisfactory level. In most cases providers were dedicated and caring people but were limited in their capacity to provide higher quality in their services.* (Bord Sláinte an Lár-Iarthair, 1999:34)

Ba chóir a thabhairt faoi deara go ndearnadh an t-athbhreithniú seo ag deireadh na céime 'start – up' den tSeirbhís Chigireachta Réamhscolaíochta agus baineann sé le limistéar amháin boird sláinte. Ní dhearna aon bhord sláinte eile taighde den chineál céanna agus níor tugadh faoin staidéar sin a athdhéanamh ina dhiaidh sin. Mar fhreagairt ar an athbhreithniú seo ar litríocht, sheol Seirbhísí Luathchúraim Leanaí de chuid Bhord Sláinte an Iarthair tuarascáil isteach faoina dtionscnamh ar ardchaighdeán in ECCE. Tuairiscíonn siad, "*A review of interpretation of the current preschool regulations on a county by county basis is currently underway in order to achieve a regional standard."* (Bernard, J., Comhfhreagras Pearsanta, Bainisteoir na Seirbhísí Luathchúraim Leanaí, an 27 Feabhra, 2004). Ina theannta sin, tuairiscíonn siad, "*A review of compliance levels in County Roscommon 2003 indicated a low level of compliance and a low standard in child development."* (Bernard, J., Comhfhreagras Pearsanta, Bainisteoir na Seirbhísí Luathchúraim Leanaí, an 27 Feabhra, 2004). Luadh feabhsú an stádais sin mar thosaíocht do 2004.

Níorbh fhéidir tátail a dhéanamh faoi thionchar na Rialachán ar chaighdeán an tsoláthair seirbhíse bunaithe ar fhianaise chomh teoranta sin. Níor thug ach aon phíosa beag taighde amháin aghaidh ar an tsaincheist shonrach sin, ***A Study of the Impact of the Child Care (Preschool Services) Regulations (1996) on the Quality of Early Childhood Services in Ireland: The IEA Pre-Primary Project Revisited*** (O'Kane, 2004). Cé go bhfuil an sampla a bhí i gceist teoranta, is é an tátal a dhéantar ná go bhfuil gaolmhaireacht éigin idir feabhsú chaighdeán an tsoláthair agus cur i bhfeidhm na Rialachán Réamhscolaíochta:

> *Findings suggest that the Regulations may be directly responsible for the fall in the maximum group figure. They may also be responsible for the slight reduction reported in average ratio size.* (O'Kane, 2004:22)

Is é tátal na tuarascála ná de bhrí gur léiríodh go mbíonn na hathróga sin ina leidí maidir le caighdeán sa seomra ranga sa mhéid is a éascaíonn siad idirghníomhú idir daoine fásta agus leanaí, is féidir an argóint a dhéanamh "*…the regulation of structural variables can affect quality in ECCE settings.*" (O'Kane, 2004:22)

B'fhiú ag an bpointe seo roinnt taighde a bhunú chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na Rialachán reatha ar chaighdeán an tsoláthair seirbhíse. Chuideodh taighde den chineál sin le forbairt a dhéanamh amach anseo ar chreata rialála don ECCE.

5.5.3 Scéim Fógartha Dheonaigh d'Fheighlithe Linbh

Ní bhaineann na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhíse Réamhscolaíochta), le feighlithe linbh a dhéanann cúram, ina dtithe féin, do triúr leanbh nó líon níos lú san aoisghrúpa breith go sé bliana. De bharr imní a bheith ann faoin ábhar sin bunaíodh an scéim thuas in 2001. Is é aidhm na scéime ná feighlithe linbh a spreagadh chun na boird sláinte a chur ar

an eolas faoin tseirbhísí a chuireann siad ar fáil agus faigheann siad comhairle agus tacaíocht ón oifigeach comhairleach áitiúil um fheighlithe linbh. Tugann an DHC cuntas ar ról an oifigigh chomhairligh mar seo a leanas:

- Cruinnithe faisnéise poiblí a eagrú d'fheighlithe linbh a dhéanann cúram do thriúr leanbh nó líon níos lú agus labhairt ag na cruinnithe sin;
- Éascaíocht a dhéanamh do líonraí áitiúila a bhunú d'fheighlithe linbh den chineál sin;
- Litríocht faisnéise a ullmhú;
- Faisnéis agus/nó cúrsaí oiliúna a chur ar fáil faoi raon leathan topaicí cuí, e.g. forbairt linbh, cosaint leanaí, sláinte agus sábháilteacht, scéimeanna deontais, dreasachtaí cánach, etc.
- Cuairteanna comhairle a thabhairt ar thithe feighlithe linbh chun cuidiú leo an sárchleachtas a fhorbairt;
- Feidhmiú mar phointe tagartha idir tuismitheoirí agus feighlithe linbh. (An tAonad um Beartas Cúraim Leanaí, DHC, Comhfhreagras Pearsanta, 15 Márta, 2004)

Is tionscnamh sách nua é seo agus níl aon mheastóireacht déanta air go fóill. Is céim thábhachtach é, áfach, i dtreo scóip agus cineál na feighlíochta linbh in Éirinn a mheas agus a thomhas.

Mar fhreagairt ar an athbhreithniú seo, sheol Bord Sláinte Limistéar an Iardheiscirt (SWAHB) isteach pacáiste faisnéise atá curtha le chéile acu laistigh den tSeirbhís Chomhairleach um Fheighlíocht Linbh i gcomhar le CCC Chill Dara, ***Childminder's Advisory Service – Information Pack***. Is é is aidhm leis a thabhairt ná "*a brief overview of what is entailed in the running of a Childminding service.*" (SWAHB agus KCCC, 2003:1)

Tugann sé cuntas ar an bpríomhreachtaíocht ar chóir d'fheighlithe linbh cur amach a bheith acu uirthi, tugann sé mionsonraí faoi theagmhálacha úsáideacha cosúil le NVCOnna, seirbhísí Oibre Sóisialta, cuideachtaí árachais agus leagann sé béim ar "*...important points...*" (SWAHB agus KCCC, 2003:5) is cóir d'fheighlithe linbh a ghlacadh san áireamh faoi na ceannteidil seo a leanas: gnó, sláinte agus sábháilteacht agus leas agus forbairt leanaí. Tugann sé treoir ghairid, freisin, do shaincheisteanna cosúil le taifid a choinneáil, comhpháirtíocht le tuismitheoirí, cáin, ÁSPC, víosa/ceadúnas oibre agus roinnt foirmeacha samplacha do chonarthaí le tuismitheoirí, do thaifid linbh a choinneáil agus do riaradh leigheasra.

5.5.4 Tionscnaimh Eile

I dteannta tuairisciú faoi ghníomhartha a bhaineann go sonrach le cur i bhfeidhm na rialachán, thug an tuarascáil ó na Early Childcare Services i Ros Comáin cuntas freisin ar roinnt '*Approaches to Quality*' (Bernard, J., Comhfhreagras Pearsanta, Bainisteoir na Seirbhísí Luathchúraim Leanaí, an 27 Feabhra, 2004) laistigh de limistéar Bhord Sláinte an Iarthair. Áirítear orthu sin:

- Tacaíocht a bheith ar fáil, ó 2002 i leith, ó Early Childcare Services i gContae Ros Comáin do chur i bhfeidhm an chuir chuige High/Scope i leith an ardchaighdeáin le sé ghrúpa dhéag;
- Rannpháirtíocht sa Quality and Training Subcommittee a bunaíodh le déanaí mar chud de CCC Ros Comáin, fochoiste a bhfuil sé de chúram air athbhreithniú a dhéanamh ar chuir chuige nua i leith an ardchaighdeáin sa chontae;
- Comhoibriú le Mayo Early Childcare Services le CCC Mhaigh Eo maidir leis an gcur chuige Effective Early Learning (EEL) ón University of Worcester a chur i bhfeidhm le spriocghrúpa de 25 seirbhís ECCE. (Féach Roinn 5.9 chun mionsonraí breise a fháil).

Tionscadal spéisiúil eile a bhunaigh an Katherine Howard Foundation in 2001 i gcomhpháirtíocht le Bord Sláinte an Oirdheiscirt is ea an ***Community Playgroup Initiative 2001-2004*** (CPI). Bunaíodh é sin chun tacaíocht agus

maoiniú a chur ar fáil do chúig spraoighrúpa pobail a roghnaíodh go sonrach chun cur le caighdeán a soláthair. Soláthraíonn an tionscnadal maoiniú caipitil agus tacaíocht ó chomhordaitheoir a thugann cuairteanna ar na spraoighrúpaí go rialta agus a dhéanann meantóireacht ar na próisis phleanála agus chur i ngníomh. Tá an tionscadal le tabhairt chun críche in 2004 agus tá próisis mheastóireachta mar chuid de dhearadh an tionscadail. Leag tuarascáil eatramhach (CPI, 2003) béim ar na nithe seo a leanas mar phríomhghnéithe den ardchaighdeán laistigh den CPI:

- Idirghníomhaíocht na ndaoine rannpháirteacha, idir leanaí agus daoine fásta;
- Rannpháirtíocht tuismitheoirí a fhorbairt;
- Aird ar chomhaltaí foirne agus coiste araon;
- Naisc agus líonraí le daoine eile a fhorbairt;
- Bainistíocht an spraoighrúpa;
- An timpeallacht fhisiciúil, laistigh agus lasmuigh (CPI, 2003).

Tabharfaidh an tuarascáil deiridh mheastóireachta, a thabharfar chun críche in 2004/5, aghaidh ar na critéir seo a leanas: próifíl na seirbhíse, bainistíocht an spraoighrúpa, acmhainní daonna, an timpeallacht leanbhlárnach, gníomhaíochtaí agus gnáthaimh, idirghníomhaíocht, rannpháirtíocht tuismitheoirí, naisc le comhlachtaí deonacha agus reachtúla, airgeadas agus múnla seachadta CPI. Cuideoidh sé go mór le tuiscint a fháil ar cad is ardchaighdeán ann ó thaobh ECCE in Éirinn de.

Ciallachais don Chreat Naisiúnta um Ardchaighdeán - An Roinn Slaínte agus Leanaí

Ardchaighdeán a Shainmhíniú:

1. D'fhéadfadh torthaí an athbhreithnithe ar Rialacháin Réamhscolaíochta 1997 an timpeallacht reachtúil a athrú d'fheidhmiú na seirbhísí Réamhscolaíochta agus dá bhrí sin bheadh tionchar acu ar fhorbairt an NFQ.
2. I measc na bpríomhghnéithe den ardchaighdeán a aithníodh go dtí seo trí thionscnaimh boird sláinte tá: idirghníomhaíocht idir leanaí agus daoine fásta, rannpháirtíocht tuismitheoirí, tacaíocht don fhoireann agus do choistí, líonraí/naisc le grúpaí eile, bainistíocht, an timpeallacht fhisiciúil laistigh agus lasmuigh.

Ardchaighdeán a Mheas:

1. Is beag eolas atá ann faoi thionchar an rialúcháin ar chaighdeán an chleachtais i dtimpeallachtaí ECCE. Thabharfadh taighde faoi sin sonraí luachmhara chun tionscnaimh a bhainfeadh le hardchaighdeán a fhorbairt amach anseo.

Tacaíocht a thabhairt d'Ardchaighdeán:

1. Tá tionscnaimh chun tacaíocht a thabhairt d'fheighlithe linbh, a thugann aghaidh ar shaincheist an chleachtais ar ardchaighdeán, díreach ag tosú faoi láthair agus dá bhrí sin d'fhéadfadh nach mbeadh ar a gcumas cuidiú leis an NFQ chomh mór is a d'fhéadfadh soláthróirí eile ECCE.

5.6 An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Is é an pheirspictíocht bheartais a bhaineann le rannpháirtíocht an DJELR in ECCE ná chun comhionannas deise a thabhairt do thuismitheoirí rannpháirtíocht a ghlacadh sa líon lucht oibre (féach Alt 4). Chuir Tionscnamh Píolótach um Chúram Leanaí (1994 –1997) deontais chaipitil ar fáil do thionscadail chúraim leanaí phobalbhunaithe ag féachaint do líon níos mó áiteana cúraim leanaí a chur ar fáil do thuismitheoirí a bhfuil cónaí orthu i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste. Leag meastóireacht a rinneadh ar an tionscnamh sin, ***Developing Childcare Services in Disadvantaged Areas*** (McKeown agus Fitzgerald, 1997) béim go háirithe ar an ról tábhachtach a bhí ag foirne cáilithe i dtógáil acmhainne laistigh de shaoráidí cúraim leanaí. Ba é an toradh a bhí ar an moladh sin ná gur bunaíodh an Community Support Childcare Initiative i 1998.

Rineadh meastóireacht air sin 2002, ***Staffing, Quality and Childcare Provision*** (ADM, 2002). Leithroinneadh ÉIR£40,000[5] ar feadh dhá bhliain ar chúig thionscadal is fiche cúraim leanaí, a raibh gach ceann acu i gceantar faoi mhíbhuntáiste, airgead a bheadh le húsáid "*...by projects to enhance their staffing structures and this improve the quality and sustainability of the childcare service being delivered."* (ADM, 2002:1).

Leithroinneadh maoiniú caipitil ar sheacht gceann déag de na tionscadail chun acmhainn saoráidí áitiúla cúraim leanaí a mhéadú trí "*...support, mentoring and training*." (ADM, 2002:1) I rith thuarascáil mheastóireachta an tionscnaimh sin baineadh úsáid arís agus arís eile as an téarma '*quality childcare provision*.' Leagann na táscairí don ardchaighdeán a luaitear sa tuarascáil béim ar an tábhacht a bhaineann le struchtúir shoiléire bhainistíochta/oibriúcháin don tsaoráid chúraim leanaí, le foireann a bheadh cáilithe go cuí agus le gaolmhaireachtaí/ lionraí maithe a bhunú le tuismitheoirí, le teaghlaigh agus leis an bpobal áitiúil. Ba é tátal na meastóireachta ná:" [the projects targeted] *had, in the main very weak organisational structure and management and planning skills. However over the duration of the Programme they had developed their capability to meet their reporting and monitoring requirements."* (ADM, 2002:34)

Maidir leis an maoiniú caipitil faoin tionscnamh sin, thug sé deis do na seirbhísí ar díríodh orthu a gcuid saoráidí a uasghrádú chun cloí le ceanglais na Rialachán um Sheirbhísí Réamhscolaíochta faoi Chuid VII den Acht um Chúram Leanaí 1991, ceanglais a bhí ag teacht i bhfeidhm i 1998/1999. Ba bhuntáiste mór é sin mar tugadh faoi deara sa tuarascáil mheastóireachta "*...many of these facilities would have faced closure, due to their inability to meet increasingly stringent childcare regulations."* (ADM, 2002:34)

Tugann an pointe sin léargas áirithe ar stádas na saoráidí cúraim leanaí in Éirinn ag an am sin. Chruthaigh na Rialacháin, a ndúirt an ADM fúthu sa tuarascáil sin go raibh siad '*stringent*' (ADM, 2002:34), deacrachtaí móra do go leor soláthróirí seirbhíse ECCE in ainneoin gur mheas an DHC gur íoschaighdeáin a bhí iontu (DHC, 1998).

Bhí fóram ann chun na deacrachtaí sin a chur i láthair nuair a rinneadh an ***Straitéis Náisiúnta um Chúram Leanaí*** (DJELR, 1999) a fhorbairt agus a fhoilsiú. Bhí deis ag eagraíochtaí ionadaíochta cleachtóirí agus soláthróirí, i measc grúpaí eile, a gcuid imní a léiriú faoin ngá a bhí le tacaíocht do sholáthróirí cloí leis na rialacháin agus ba é an toradh a bhí ar an mbrústocaireacht sin i dteannta méadú ar an éileamh a bhí ar chúram leanaí de thoradh an geilleagar a bheith faoi

5 Timpeall €50,000

bhorradh ná gur bunaíodh ceann de na tionscnaimh náisiúnta ba thábhachtaí i stair an stáit chun an soláthar cúraim leanaí a fheabhsú – an ***Clár Comhdheiseanna do Chúram Leanaí*** (EOCP).

Tugadh cuntas ar an EOCP (2000-2006) roimh seo (féach Roinn 4), ach is é an tionchar atá aige ar an gcleachtas atá á phlé anseo againn. Is fiú a thabhairt faoi deara gurb é an phríomhtháscaire d'éifeachtacht fhobhearta ardchaighdeáin an EOCP ná líon na n-oibrithe oilte cúraim leanaí. In 2003, thug an NDP/CSF athbhreithniú lárthréimhse ar an EOCP chun críche, ***Evaluation of the Equal Opportunities Childcare Programme 2000-2006*** (NDP/CSF, 2003). Tugann an tuarascáil le fios maidir leis na tuairimí a rinneadh sa mheastóireacht ar an Community Support Childcare Initiative (ADM, 2002), ó thaobh acmhainn bhainistíochta/struchtúrtha seirbhísí, go bhfuil feidhm leo fós sa chás seo:

> *..a major constraint facing the programme is the lack of capacity on the part of beneficiaries to draw-down funding. This relates primarily to under developed business management skills and inexperience in meeting public funding requirements."* (NDP/CSF, 2003:iv)

Is é an dara táscaire d'éifeachtacht fhobhearta ardchaighdeáin an EOCP ná bunú líonraí áitiúla. Bunaíodh trí CCC is tríocha dá thoradh sin. Faoi mar a tuairiscíodh thuas, níl sonraí meastóireachta ar fáil chun éifeachtacht na struchtúr sin ó thaobh cleachtais de a dhéanamh amach. Léiríonn an ráta freagartha ar an suirbhé seo, áfach, go mbaineann éagsúlacht le leibhéal na gníomhaíochta laistigh de na CCC agus eatarthu. Bhí ar chumas seacht CCC as na trí CCC is tríocha ábhar a sheoladh isteach a bhain leis an athbhreithniú seo agus thug trí cinn eile le fios go raibh cáipéisí ábhartha nach mór réidh acu.

Is é an tríú táscaire don éifeachtacht ná an tacaíocht a bhíothas a thabhairt do na NVCOnna. Thuairisc an mheastóireacht go raibh seacht gcinn as na naoi NVCO ag fáil tacaíochta tráth an athbhreithnithe. Ní dhearnadh meastóireacht ná doiciméadú arís eile, áfach , ar an tionchar a bhí ar an gcleachtas ar ardchaighdeán. Is díol spéise é gur aimsigh an t-athbhreithniú litríochta seo fianaise go raibh ar chumas cúig cinn de na seacht n-eagraíocht a bhí ag fáil maoiniú ábhair a bhain le tionscnaimh phraiticiúla feabhsúcháin ardchaighdeáin a sheoladh isteach agus déanfar measúnú ar an ábhar sin níos faide amach sa roinn seo. Is táscaire poitéinsiúil é sin don tionchar dearfach a bhíonn ag maoiniú EOCP ar chleachtas ar ardchaighdeán a fhorbairt san earnáil ECCE.

Baineann poitéinseal mór le tionchar thionscnaimh agus ghníomhaíochtaí an NCCC ar chleachtas an EOCP, e.g. foilsiú an ***Creat Eiseamlárach d'Oideachas, d'Oiliúint agus d'Fhorbairt Ghairmiúil*** (DJELR, 2002a), a leagann amach go soiléir den chéad uair riamh taca prionsabal do chleachtóirí ECCE. Níor bunaíodh aon mheastóireacht, áfach, ar a thionchar sin ná ar thionchar gníomhaíochtaí eile ar chleachtas go dtí seo.

Baineann an tionscnamh is déanaí faoin EOCP le tacaíocht agus forbairt na feighlíochta linbh in Éirinn. Tá cuntas air sin i Roinn 4. Is tionscnamh tábhachtach don chleachtas é mar léiríonn sé go n-aithníonn an DJELR nach leor an maoiniú amháin chun feabhas sa chleachtas ar ardchaighdeán a chinntiú. Tá tacaíocht i bhfoirm oiliúna agus líonraithe tábhachtach freisin.

5.7 Coistí Cúraim Leanaí Cathrach/Contae

Téamaí a thagann aníos arís is arís eile sa litríocht a bhaineann le forbairt na hearnála ECCE in Éirinn ná an gá atá le bonneagar comhordaithe a chinnteodh go dtabharfaí rochtain chomhionann do thacaíochtaí cuí do leanaí, do thuismitheoirí agus do theaghlaigh, mar aon le soláthróirí agus cleachtóirí. Baineann sé sin lena riachtanais ECCE, i gcás an chéad ghrúpa agus/nó an ról a bhíonn acu maidir le freastal ar na riachtanais sin, i gcás an dara grúpa. Chuige sin, bhunaigh an Stiúrthóireacht um Chúram Leanaí sa DJELR trí CCC is tríocha ag a bhfuil dualgas oibre soiléir chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt áiteanna cúraim leanaí ar ardchaighdeán agus cur leis an bhforbairt sin ina ndlínsí féin.

Ag an bpointe seo i dtar-rolladh an EOCP, baineann dul chun cinn éagsúil leis an dualgas oibre sin a bhaint amach. Tá ***Pleananna Straitéiseacha*** ullmhaithe agus foilsithe ag gach CCC, pleananna a leagann amach na gníomhartha molta maidir le forbairt an ardchaighdeáin. Thug an NCCC treoirlínte don éagsúlacht agus don chomhionannas do na CCCanna sin chun tacú leis an bpróiseas. I measc na ngníomhartha a leagtar amach sna pleananna tá, iniúchtaí ar an ardchaighdeán, ábhair faisnéise a chur le chéile, seimineáir a reáchtáil, líonrú a éascú agus oiliúint agus tacaíocht chomhairleach.

Tugann fianaise starógach le fios go bhfuil go leor gníomhaíochta ar siúl i dtaca le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt an ardchaighdeáin. Tá ábhair forbartha ag roinnt coistí a dhíríonn go sonrach ar thacaíocht a thabhairt don ardchaighdeán agus tá ábhar den chineál sin á gcur le chéile ag coistí eile. D'iarr go leor coistí ar eagraíochtaí eile cosúil leis an BCCN, an NCNA nó an IPPA, Early Childhood Organisation, a gcuid pacáistí um fheabhas/dearbhú ardchaighdeáin a sheachadadh ar sholáthróirí ECCE ina réigiún.

Pléadh cuid de na hábhair a sheol na CCCanna isteach don athbhreithniú seo cheana féin sa roinn faoi chúrsaí beartais. Den chuid is mó, tá formhór na litríochta curtha le chéile chun tacú le tuismitheoirí agus iad ag roghnú seirbhís ECCE nó chun tacú le soláthróirí poitéinsiúla seirbhísí ECCE seirbhís a bhunú. Tá an ráiteas seo ó CCC an Chabháin, san fhoilseachán ***Brief Guide to Establishing a Childcare Facility in Cavan***, le feiceáil in go leor de na cáipéisí: *"Any childcare facility which is being set up in Co. Cavan should be a quality childcare facility."* Déantar cur síos tuilleadh ar shaoráid cúraim leanaí mar shaoráid ag a bhfuil foireann atá oilte agus tiomanta; cóimheas ard duine fásta:leanbh agus saoráid "... [where] *the overall developmental needs of the child are being met."* (CCC an Chabháin, 2001:1)

Feidhmíonn gach coiste go neamhspleách chun freagairt do riachtanais uathúla a gcontae féin. Mar shampla, maidir le ***CCC na Gaillimhe***, ceann de na coistí ba luaithe a bunaíodh, tá raon leathan faisnéise foilsithe aige chun tacú le cleachtóirí agus iad ag forbairt seirbhísí (CCC na Gaillimhe, 2003a-f), lena n-áirítear treoir chuimsitheach maidir le beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt, treoirlínte earcaíochta agus pacáiste faisnéise d'Fheighlithe Linbh. Tá físean curtha le chéile acu freisin chun cuidiú le tuismitheoirí cúram leanaí a roghnú. Tá an t-ábhar ar fad atá acu le fáil as Gaeilge agus i mBéarla chun freastal ar riachtanais gach duine sa chontae. Tá ***Guide to Training in Childcare and Social Care in Waterford*** (Community Consultants, 2003) foilsithe ag CCC Phort Láirge, cáipéis a fhreagraíonn do na riachtanais oiliúna atá ag cleachtóirí sa chontae. I dteannta ábhair a fhorbairt chun freastal ar riachtanais áitiúla, tá na CCCanna ag bunú nasc le seirbhísí eile tacaíochta, e.g. na boird sláinte agus NVCOnna chun scaipeadh faisnéise a chomhordú. D'fhoilsigh CCC Shligigh ***Managing a Childcare Business in County Sligo*** (CCC Shligigh, 2002). Baineann an cháipéis sin

leas mór as obair an BCCN chomh fada agus a bhaineann le hardchaighdeán agus cothaíonn an cháipéis Clár an BCCN um Dhearbhú Ardchaighdeáin (mionsonraí thíos). Tá faisnéis sa cháipéis freisin a bhaineann le reachtaíocht, airgeadas agus pleanáil agus forbairt ghnó.

Faoi mar a luadh roimhe seo, tá go leor CCC ag tacú le cur i ngníomh na gclár um dhearbhú ardchaighdeáin le soláthróirí seirbhísí ECCE ina gceantar féin. Mar shampla, roghnaigh CCC Mhaigh Eo an ***Effective Early Learning (EEL) Programme*** a d'fhorbair an Centre for Research in Early Childhood in Birmingham agus University College Worcester, sa Ríocht Aontaithe, a chur i ngníomh. Is é aidhm an chláir sin:

- Straitéis chostéifeachtúil a fhorbairt chun caighdeán agus éifeachtacht na luathfhoghlama a bhíonn ar fáil do leanaí óga i raon leathan timpeallachtaí oideachais agus cúraim a mheas agus a fheabhsú;
- Baintear é sin amach trí phróiseas dian, comhoibritheach agus córasach féinmheastóireachta, a mbíonn tacaíocht agus deimhniú seachtrach ar fáil dó. (Centre for Research in Early Childhood, n.d.)

Aithnítear gnéithe an ardchaighdeáin:

- Aidhmeanna agus cuspóirí;
- Curaclam/eispéiris foghlama;
- Pleanáil, measúnacht agus taifid a choinneáil;
- An fhoireann;
- An timpeallacht fhisiciúil;
- Gaolmhaireachtaí agus idirghníomhaíocht;
- Comhionannas deiseanna;
- Comhpháirtíocht tuismitheoirí, caidreamh leis an mbaile agus leis an bpobal;
- Bainistíocht, monatóireacht agus meastóireacht. (Centre for Research in Early Childhood, n.d.)

Cuirtear an clár i ngníomh trí Quality Evaluation and Improvement Cycle, a chuireann ar chumas "*...practitioners, parents and children to work collaboratively and systematically on the development of their practice.*" (Centre for Research in Early Childhood, n.d.) Tuairiscíonn CCC Mhaigh Eo go nglacfaidh cúig sheirbhís is fiche luathóige páirt sa chlár seo sna trí bliana amach romhainn.

Ciallachais don Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán - DJELR

Ardchaighdeán a Shainmhíniú:

1. I measc na dtáscairí don ardchaighdeán a aithnítear trí mheastóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh DJELR tá: an tábhacht a bhaineann le foireann atá cáilithe go cuí, struchtúr soiléir bainistíochta/oibríochtúil i seirbhísí ECCE, gaolmhaireachtaí/líonraí maithe a bhunú le tuismitheoirí agus leis an bpobal níos leithne.

Ardchaighdeán a Mheas:

1. Ní mór próisis mheastóireachta inmheánacha agus sheachtracha a bheith mar chuid den mheasúnach ar ardchaighdeán.

Tacaíocht a thabhairt d'Ardchaighdeán:

1. Ní mór tacaíocht a thabhairt do scileanna bainistíochta laistigh de sheirbhísí ECCE agus ní mór iad a fhorbairt má táthar chun an acmhainn maidir le tabhairt faoi bheartas náisiúnta a fheabhsú.
2. Ní leor maoiniú amháin chun cleachtas ar ardchaighdeán a chinntiú - ní mór raon leathan tacaíochtaí a bheith i bhfeidhm freisin.
3. Tá go leor tionscnamh éagsúla a bhaineann le forbairt an ardchaighdeáin in ECCE ag céimeanna éagsúla a bhforbartha agus a gcur i ngníomh. Ardaíonn sé sin an cheist a bhaineann le dúbailt seirbhísí, mearbhall agus 'ró-ualach' san ardchaighdeán do chleachtóirí ECCE.
4. Cuireann an bonneagar a forbraíodh mar thoradh ar an EOCP tacaíocht phoitéinsiúil don NFQ.

5.8 Ardchaighdeán a shainmhíniú, a mheasúnú agus tacaíocht a thabhairt dó – Dearcaí na gCleachtóirí

Taobh amuigh d'oideachas scoile náisiúnta a sholáthar, bhí dearcadh *laissez-faire* ag an Stát maidir le ECCE roimh 1990. Dá bharr sin, tosaíodh réimse leathan de ghníomhaíocht dheonach agus phobail chun riachtanais ECCE leanaí, leanaí óga agus a dteaghlach a sholáthar. Thar thréimhse ama, bunaíodh eagraíochtaí tacaíochta de bharr na gníomhaíochta sin, agus bhí sé mar aidhm acu feabhas a chur ar ardchaighdeán cleachtais i seirbhísí luathóige do leanaí agus dá dteaghlach. Ar an drochuair, toisc go raibh formhór na n-eagraíochtaí sin deonach agus iad ag tosú amach, ní raibh siad in ann taifead an-mhion a choimeád ar a ngníomhaíochtaí agus mar sin, ní féidir athbhreithniú a dhéanamh ar fhormhór na dtionscnamh luath i gcleachtas ECCE ar ardchaighdeán in Éirinn. Toisc go bhfuil maoiniú ar fáil anois, go háirithe ó tugadh isteach an Clár Comhdheiseanna do Chúram Leanaí (EOCP) (1998 go dtí inniu) tá méadú sofheicthe tar éis teacht ar líon na bhfoilseachán a thugann aghaidh ar shaincheist an ardchaighdeáin. Rinneadh iarratais ar fhaisnéis le haghaidh an athbhreithnithe seo, agus sheol na heagraíochtaí seo a leanas doiciméid ar ais chugainn:

- Barnardos
- Border Counties Childcare Network (BCCN)
- Childminding Ireland
- Children in Hospital Ireland
- High/Scope Ireland
- IPPA, - the Early Childhood Organisation
- Pavee Point
- National Childrens' Nurseries Association (NCNA)
- St. Nicholas Montessori Society of Ireland .

5.9 1990 - 2000

Déarfadh gach eagraíocht phobail agus dheonach gurbh é an réasún ar bunaíodh iad, i gcás an IPPA sna 1960í, go raibh uathu eispéireas dearfach, saibhir agus ar ardchaighdeán a sholáthar do leanaí le linn a luathóige.

Bhí easpa maoiniúcháin ann do thionscnaimh phraiticiúla. Cé go ndearna na heagraíochtaí féin iarracht infrastruchtúir thacaíochta a bhunú le

haghaidh a mball, bhí sé beagnach dodhéanta clár náisiúnta dearbhaithe feabhais a bhunú toisc nach raibh siad in ann íoc as foireann lánaimseartha agus go raibh siad ag brath go mór ar obair dheonach.

In ainneoin na bhfadhbanna maoiniúcháin a bhí ann, rinne eagraíochtaí cúraim leanaí a bhí níos forbartha iarrachtaí faisnéis maidir le cúram leanaí ar ardchaighdeán a fhoilsiú. D'fhoilsigh an NCNA ***Quality Nursery Care for Your Child*** i 1990 agus d'fhoilsigh said leagan cothrom le dáta i 1997. Bhí an foilseachán sin dírithe den chuid is mó ar thuismitheoirí a bhí ag lorg cúraim lae lánaimseartha. Gan aon rialacháin reachtúla, rinne sé iarracht freastal ar riachtanais tuismitheoirí treoir a fháil sa phróiseas roghnúcháin tábhachtach sin. Sainmhíníonn ráiteas lárnach sa doiciméad luath sin cúram leanaí ar ardchaighdeán mar seo a leanas:

> *Good quality care means meeting each child's needs and, above all, fulfilling their need for love and attention*. (NCNA, 1997:5)

Cuirtear sraith leideanna agus seicliostaí ar fáil do thuismitheoirí chun tacú leo agus iad ag tabhairt cuairte ar shuímh chúraim lae ar féidir leo úsáid a bhaint astu. Clúdaíonn siad sin an t-áitreabh, réamhchúraimí sábháilteachta, trealamh, sláinteachas, cothú, leibhéal foirne, gníomhaíochtaí agus oideachas.

Tháirg an IPPA, an tEagras Luathóige sraith treoirlínte freisin, a dearadh chun tacaíocht a thabhairt do chleachtóirí a bhí ag iarraidh grúpaí súgartha a bhunú. Scríobhadh i 1994 iad agus clúdaíonn siad cód caighdeán do ghrúpaí súgartha lena n-áirítear lóistín, áiseanna níocháin agus leithris, líon agus aoiseanna na leanaí, foireann, an cóimheas idir aosach agus leanaí, trealamh, sláinte agus sláinteachas, sábháilteacht, taifid, árachas agus cead pleanála. Cuireadh treoirlínte maidir le sábháilteacht dóiteáin ar fáil freisin. In éineacht leo sin, bhí sraith de leathanaigh faisnéise a rinne cur síos bunúsach ar reachtaíocht a bhain le grúpaí súgartha, na cúrsaí oiliúna a bhí ar fáil, trealamh oiriúnach agus soláthróirí oiriúnacha, rólanna na mbainisteoirí, ceannairí súgartha, conas déileáil le drochúsáid leanaí, conas fáilte a chur roimh leanaí le riachtanais speisialta agus sonraí teagmhála le haghaidh réimse leathan d'eagraíochtaí a bhféadfaidís tacaíocht a thabhairt dóibh. Déantar aidhmeanna an IPPA a leagan amach ag tús an doiciméid agus tá an tiomantas seo a leanas san áireamh ann: *"...(t)o maintain a code of standards for playgroups*." (IPPA, 1994:1)

Le linn na 1990í tháinig fás tapa ar fheasacht maidir le tábhacht ECCE agus lena chois sin, tháinig fás ar ábhair imní maidir le hardchaighdeán na seirbhísí luathóige a bhí á soláthar. Mar thoradh ar an bhFóram Naisiúnta um Luath-Oideachas (Coolahan, 1998) agus na próisis a bhunaigh an DJELR chun cabhrú le foilsiú na Straitéise Náisiúnta Cúraim Leanaí (DJELR, 1999) (féach Roinn 4), bhraith na grúpaí éagsúla go raibh aidhm agus féiniúlacht i gcoiteann acu. Thosaigh a lán acu ag glacadh páirte i bpróisis chomhairliúcháin chun forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh chleachtais éagsúla (OMNA, 2000) agus thug sé sin tacaíocht d'fhorbairt inmheánach ar dhoiciméid bheartais agus chleachtais.

I 1998, thug an NCNA aghaidh ar shaincheist an ardchaighdeáin arís agus d'fhoilsigh siad treoirlínte ardchaighdeáin do chleachtóirí a bhí ag cur seirbhísí iomlána cúraim lae ar fáil, ***Towards Quality Daycare*** (NCNA, 1998). Aithníodh dhá cheannteideal déag nó dhá chatagóir déag agus cuireadh liosta de tháscairí ardchaighdeáin faoi gach ceannteideal. I measc na gcatagóirí bhí foireann agus bainistíocht, cóimheas idir foireann agus leanaí, áitreabh agus áiseanna, cúram a thabhairt do leanaí, soláthar súgartha agus trealaimh, sábháilteacht agus sláinteachas,

sábháilteacht dóiteáin, conas taifid a choimeád agus ceanglais dhlíthiúla. Is léir go raibh tionchar ag na Rialacháin Réamhscoile a tosaíodh le déanaí air mar cuireadh an trí chatagóir dheireanacha, atá luaite go sonrach sna Rialacháin sin, san áireamh.

Is fiú tabhairt faoi deara freisin gur éirigh le go leor seirbhísí ECCE tús a chur le hobair forbartha chun feabhas a chur ar chaighdeán a gcuid seirbhísí mar gheall ar mhaoiniú a fuair siad ó Chistí Struchtúracha Eorpacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an maoiniú a cuireadh ar fáil tríd an gclár Deiseanna Nua do Mhná (NOW). In a lán cásanna, d'éascaigh an maoiniú sin earcaíocht foirne agus chabhraigh sé le hinfheistíocht a dhéanamh in oideachas agus oiliúint foirne (OMNA, 2000).

I 1996, d'fhoilsigh Coimisiún Cúram Leanaí na hEorpa ***Quality Targets in Services for Young Children*** (Coimisiún Cúram Leanaí na hEorpa,1996). Bhí tionchar ag an doiciméad sin ar fhorbairt bheartais in Éirinn ach is deacair an tionchar a bhí aige ar chleachtas a mheas toisc nach ndearnadh aon taighde ina leith. Mar sin féin, is éasca an tionchar a bhí ag an doiciméad sin a fheiceáil ar ábhair a bhaineann le hardchaighdeán a fheabhsú a forbraíodh i ndiaidh bhunú an Chláir um Dheiseanna Comhionannais Leanaí (EOCP) i 2000.

5.10 2000 – Inniu

Baineann na hábhair go léir a sheol na heagraíochtaí liostaithe isteach le tionscnaimh reatha agus le gníomhaíochtaí maidir le hardchaighdeán. Dhírigh roinnt de na heagraíochtaí a n-ábhair a bhaineann le hardchaighdeán ar a mballraíocht féin; mar sin is é an aidhm atá ag ábhair Fheighlíocht Leanaí Éireann tacaíocht a thabhairt d'fheighlithe leanaí. Déileálann NCNA le soláthar iomlán cúraim lae den chuid is mó agus tugann an IPPA aghaidh ar sheirbhísí seisiúnacha. Tá ábhair eile, cosúil leo siúd a tháirgeann Barnardos, níos ginearálta agus baineann siad le suímh éagsúla luathóige.

D'fhorbair formhór na n-eagraíochtaí thuas cláir dhearbhaithe feabhais agus chuir siad i bhfeidhm iad. Bronnann na cláir sin gradam ar an tseirbhís rathúil. Níl aon chreidmheas ag na gradaim sin sna córais chigireachta náisiúnta. Mar sin féin, mar a fheicfear, nuair a dhéantar scrúdú ar na cláir sin, tugann siad aird ar na ceanglais reachtaíochta le haghaidh cleachtais i seirbhísí luathóige agus tugann siad tacaíocht do chleachtóirí agus iad ag iarraidh na ceanglais sin a chomhlíonadh.

Mar a luadh sna codanna roimhe seo, d'fhoilsigh a lán eagraíochtaí pobail agus deonacha doiciméid bheartais maidir le hardchaighdeán in ECCE. Is fíor freisin go raibh baint ag ionadaithe na n-eagraíochtaí sin le forbairt agus dréachtú doiciméid bheartais náisiúnta e.g. an Straitéis Náisiúnta Cúraim Leanaí (DJELR, 1999). Díríonn an chuid seo ar na tionscnaimh phraiticiúla atá ar siúl chun cabhrú le cleachtóirí luathóige ardchaighdeán a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a chothabháil agus iad ag obair le leanaí. Déantar cur síos gairid orthu anseo in ord aibítre. *(Nóta-níl siad in ord aibítre sa Ghaeilge)*

5.10.1 Barnardos

Is í Barnardos an charthanacht leanaí is mó in Éirinn. Tá an charthanacht tiomanta do leasa leanaí agus daoine óga in Éirinn, agus cuireann sí a gcearta chun cinn agus meas orthu le linn a chuid oibre. Áirítear orthu sin:

- Soláthraíonn siad réimse leathan seirbhísí chun freastal go héifeachtach ar riachtanais leanaí agus a dteaghlach;
- Cuireann siad le tuiscint agus le scileanna tuismitheoirí agus daoine gairmiúla;

- Bíonn tionchar acu ar fhorbairt bheartais agus forálacha le haghaidh leanaí agus teaghlach in Éirinn toisc go n-oibríonn siad go hoscailte ar son leasa leanaí. (Barnardos, 2004, Le fáil ar: http://www. barnardos.ie/about.php?PHPSESSID=e541edd83a6bcb1e8a586802c7fb58c7, 10 Meitheamh, 2004).

Is é ***Supporting Quality*** (French, 2003) an foilseachán is déanaí a bhaineann le hardchaighdeán a tháirg Barnardos, agus an aidhm atá leis ná:

> *To provide information for childcare provides to help to enhance quality of services to children*. (French, 2003:11)

Sainmhíníonn sé dea-chleachtas mar dhul ar aghaidh dínimiciúil a dhéanamh chun critéir lárnacha a bhaint amach. (French, 2003:12). Tá sé roinnte in ocht gcaibidil agus déileálann gach caibidil le gné ar leith de chúram leanaí. Leagtar amach critéir dhea-chleachtais faoi gach ceannteideal agus déantar iad a mheas. Tugtar na ceannteidil thíos:

- Beartais agus Nósanna Imeachta
- Bainistíocht
- Acmhainní Daonna
- Comhpháirtíocht le teaghlaigh agus le pobail
- Timpeallacht Leanbh-Lárnach
- Curaclam
- Breathnóireacht, measúnacht agus bainistíocht iompair
- Sláinte agus sábháilteacht (French, 2003).

Ghlac Barnardos leis an gcur chuige High Scope maidir le curaclam luathóige. San fhoilseachán sin, leagann French (2003) amach deich ngné de churaclaim mhaithe luathóige. Tugann an doiciméad achoimre de dhea-chleachtas ag deireadh gach caibidle chun feinmheasúnacht na solathróirí seirbhísí a chur chun cinn.

Thug Barnardos aghaidh ar an tábhacht a bhaineann le líon foirne maidir le seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar trí ***Personnel Practice in Early Years Services: A Guide*** (Barnardos, 2002) a tháirgeadh. (FÁS agus Barnardos, 2002) Tugann sé sin aghaidh ar thrí phríomhréimse: beartais, nósanna imeachta agus reachtaíocht; próisis earcaíochta agus roghnúcháin; bainistíocht agus monatóireacht. Tá an struchtúr céanna ag an bhfoilseachán seo le seicliostaí féinmheasúnachta ag deireadh gach coda.

In 2001, chomhoibrigh Barnardos le Foras Áiseanna Saothair (FÁS), an t-údarás oiliúna náisiúnta agus le chéile d'fhorbair siad ***Assuring Quality:Manual for Assessment of Community Employment Projects Providing Early Childhood Services***. ***Manual for Assessment of Community Employment Projects Providing Early Childhood Services***. (FÁS agus Barnardos, 2001.) Seachadtar an clár sin i dtrí chéim shonracha ach tá gaol eatarthu:

Céim 1: Dearbhú Feabhais – Caighdéain. Cabhraítear le rannpháirtithe caighdeáin a fhorbairt dá dtionscadail aonair féin. Cuirtear oiliúint ar fáil ar réimse ábhar a bhíonn ríthábhachtach chun seirbhís ar ardchaighdeán a sheachadadh.

Céim 2: Measúnacht -Monatóireacht. Déanann rannpháirtithe a seirbhísí féin a mheas trí leas a bhaint as ceistneoir struchtúrtha atá ar fáil sa lámhleabhar agus tugtar tacaíocht dóibh le meantóireacht agus oiliúint bhreise.

Céim 3: Cur i bhfeidhm – Freagra. Déantar pleananna forbartha chun tacú le cur i bhfeidhm na n-athruithe a aithníodh i gcéim 2 agus a bhfuil gá leo sa tseirbhís. Cuirtear oiliúint bhreise ar fáil chun tacú leis an bpróiseas sin.

Braitheann an clár ar phrionsabail na forbartha pobail agus cuireann sé san áireamh nach féidir cur chuige amháin a

úsáid maidir le seirbhísí luathóige toisc éagsúlacht mhór na seirbhísí atá i gceist.

> *This programme was devised in order to respect that difference. It allows for the identification of project specific standards, assessment of each projects own strengths and areas for improvement (using this manual) and then returning for guidance on what is and how to make the next step.* (FÁS agus Barnardos, 2001 :3)

Tá ceithre chuid déag ar leithligh le bheith críochnaithe sa lámhleabhar; tugann trí chuid déag acu siúd faisnéis agus treoir maidir leis na príomhchritéir a bhaineann le hardchaighdeán:

- Aidhmeanna agus cuspóirí
- Beartais agus Nósanna Imeachta
- Córais bhainistíochta agus riaracháin
- Córais phleanála, mhonatóireachta agus athbhreithnithe
- Acmhainní Daonna
- Gaolmhaireachtaí agus cumarsáid
- Timpeallacht Leanbh-Lárnach
- Forbairt linbh agus súgradh le bheith san áireamh sa churaclam
- Córais bhreathnóireachta agus mheasúnachta leanaí
- Deiseanna comhionannais
- Inrochtaineacht
- Rannpháirtíocht tuismitheoirí, an phobail agus rannpháirtíocht reachtúil
- Sláinte agus Sábháilteacht. (FÁS agus Barnardos, 2001).

Ní dhearnadh aon mheastóireacht ar an gclár seo go dtí seo.

5.10.2 Border Counties Childcare Network (BCCN)

Is líonra uathúil é an BCCN atá maoinithe ag EOCP na Ranna Dlí, Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí 2000-2006 agus ag Boird Sláinte an Oirthuaiscirt agus an Iarthuaiscirt. Tá an maoiniú dírithe den chuid is mó ar thacaíocht a thabhairt do chur chuige comhordaithe maidir le seachadadh seirbhísí luathóige ar ardchaighdeán a fhorbairt i Muineachán, sa Mhí, i Lú, sa Chabhán, i nDún na nGall, i Sligeach agus i Liatroim. Tá an BCCN ag cur forbairt ar ardchaighdeáin in ECCE chun cinn le blianta beaga anuas agus tháirg siad réimse leathan foilseachán chun an cuspóir sin a bhaint amach. Mar thoradh ar mhaoiniú an EOCP, d'fhorbair an BCCN ***Quality Assurance Programme*** do sheirbhísí réamhscoile seisiúnacha agus tá an clár sin á chur i bhfeidhm acu faoi láthair. Is é an aidhm go bhforbrófar cláir chomhchosúla do chúram lae iomlán agus cúram lae teaghlaigh go gairid.

Is é aidhm chlár dearbhaithe feabhais an BCCN:

> *To promote good practice in sessional preschool services by providing a comprehensive quality package.* (BCCN, 2004)

Tá ceithre eilimint ag an bpacáiste seo; faisnéis, meastóireacht, bearta (sic) d'oiliúint agus creidiúnú. Féachann gach ceann acu ar cheithre ghné de chúram leanaí: leanaí, tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail, timpeallacht agus reachtaíocht agus bainistíocht agus foireann. Tá an clár tacaithe ag ocht bprionsabal déag.

Ciallaíonn sé go nglacann soláthróirí cúraim lae páirt i bpróiseas chun portfóilió fianaise a chruthú maidir le hardchaighdeán a seirbhísí. Aithnítear dhá chéim ar leith sa phróiseas dearbhaithe feabhais:

Céim 1 – Clárú agus meastóireacht seirbhíse

Céim 2 – Creidiúnú (BCCN, 2004)

Sa chóras meastóireachta a forbraíodh, tá

sraith ceisteanna le boscaí ticeála in aice leo. Tá seacht n-aonad ar leithligh agus tá na ceisteanna an-sonrach agus sainiúil. Tugtar na seacht gceannteideal thíos:

- Reachtaíocht agus bainistíocht
- Líon Foirne
- Comhpháirtíocht le tuismitheoirí
- Áitreabh
- Sábháilteacht, sláinte agus sláinteachas
- An timpeallacht foghlama
- An curaclam réamhscoile (BCCN, 2004)

Leis an bpróiseas sin is féidir le seirbhís chúraim leanaí a láidreachtaí agus a laigí a aithint. Le tacaíocht ó Oifigeach Ardchaighdeáin an BCCN, tosaíonn gach seirbhís ar chlár ardchaighdeáin dá cuid féin a fheabhsú. B'fhéidir go mbeidh gá le roinnt oiliúna deartha agus seachadta ag an BCCN. Táirgeann an tseirbhís portfóilió maidir le hardchaighdeán agus cuirtear faoi bhráid painéil saineolaithe atá earcaithe ag an BCCN é chun creidiúnú a dhéanamh.

Úsáideann an nós imeachta scórála i ndoiciméid an BCCN scála Likert 1-5 le réimse de tháscairí feidhmíochta faoi sheacht gceannteideal na n-aonad. Má fhaigheann an tseirbhís creidiúnú BCCN, bronntar gradam uirthi a bhíonn bailí ar feadh dhá bhliain. Tar éis na tréimhse sin, tá gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an tseirbhís faoi na critéir chéanna chun creidiúnú a choinneáil.

D'fhoilsigh Líonra Cúraim Lae Teaghlach an Lagáin, a bhfuil dlúthbhaint aige leis an BCCN agus a fhaigheann maoiniú díreach ón DJELR faoin EOCP, ***Best Practice Guidelines for Childminders*** in 2003. Dearadh an doiciméad sin chun tacaíocht a thabhairt d'fheighlithe leanaí agus do dhaoine a bhféadfadh a bheith mar fheighlithe leanaí agus "*...a quality, flexible and accessible childcare service"* á solathar acu. (Líonra Cúraim Leanaí Teaghlach an Lagáin, 2003:1) Tugtar aghaidh ar na saincheisteanna seo: na Rialacháin Réamhscoile, rannpháirtíocht na dtuismitheoirí, gníomhaíochtaí súgartha, cothú, riachtanais sláinte agus sábháilteachta agus riarachán.

5.10.3 Childminding Ireland

Bunaíodh an eagraíocht seo i 1983 ag grúpa beag d'fheighlithe leanaí a bhí ag cur cúraim leanaí teaghlaigh ar fáil agus is é an comhlacht náisiúnta le haghaidh feighlithe leanaí anois í, arna mhaoiniú ag an DHC. D'fhéadfá a rá go seasann sé don chineál cúraim leanaí is coitianta a úsáidtear in Éirinn.

Is iad seo a leanas na haidhmeanna agus na cuspóirí atá aige:

1. Ardchaighdeáin a chur chun cinn i gcúram lae teaghlachbhunaithe le haghaidh leanaí;
2. Leasa Feighlithe Leanaí a chur chun cinn mar chuid ríthábhachtach den lucht oibre;
3. Oiliúint, tacaíocht agus comhairle a sholáthar d'Fheighlithe Leanaí agus do Thuismitheoirí;
4. Líonra de ghrúpaí áitiúla a bhunú;
5. Clár Feighlithe Leanaí a chothabháil.

Le déanaí, bhí baint ag Feighlíocht Leanaí Éireann le forbairt ***Quality Indicators in Family based Day-care*** (Feighlíocht Leanaí Éireann, 2004). Seolfar an foilseachán sin i samhradh na bliana 2004. Dar leis, braitheann ardchaighdeán cúraim lae teaghlachbhunaithe ar thréithe pearsanta an fheighlí leanaí ar leith, agus deir sé:

> *The role of the childminder is to provide a comfortable, friendly safe home-from-home environment with access to outdoor play for a small number of mixed age children, which actively promotes learning, exploration and fun.* (Feighlíocht Leanaí Éireann, 2004:3)

Aithnítear cúig réimse ardchaighdeáin:

- Leanaí
- Tuismitheoirí
- An pobal go ginearálta
- An duine féin agus an teaghlach
- Fostaithe (Feighlíocht Leanaí Éireann, 2004).

Is é aidhm an doiciméid lámhleabhar praiticiúil agus spreagúil a chur ar fáil chun tacú le féinmhachnamh, rialacháin mheantóireachta agus reachtaíocht laistigh de thimpeallacht teaghlaigh an bhaile.

5.10.4 Children in Hospital Ireland (CHI)

Eagraíocht dheonach náisiúnta is ea Children in Hospital Ireland agus cuireann sí deabhraistint leanaí breoite chun cinn trí aird a tharraingt ar na riachtanais speisialta a bhíonn ag na leanaí sin chun go mbraithfidís slán. Ó bhunú na heagraíochta i 1970, tá tacaíocht agus cabhair curtha ar fáil do na mílte tuismitheoir roimh an seal a chaith a leanbh san ospidéal, le linn dóibh bheith san ospidéal agus tar éis dóibh filleadh abhaile.

Cuireann Children in Hospital Ireland seirbhís chomhairle agus faisnéise ar fáil tríd an bpost agus ar theileafón do thuismitheoirí agus do dhaoine gairmiúla, bíonn CHI i dteagmháil le grúpaí tuismitheoirí agus le gach aon duine a bhfuil baint aige/aici le cúram a dhéanamh do leanaí breoite. Eagraíonn CHI scéimeanna súgartha ospidéil freisin, chomh maith le hiarracht a dhéanamh na daoine a dhéanann beartais a chur ar an eolas maidir le riachtanais speisialta leanaí breoite.

I dteannta cláir taighde agus oideachais, foilsíonn CHI litríocht fhaisnéiseach do thuismitheoirí, leanaí, ospidéil agus lucht gairmiúil sláinte, chomh maith le taighde a dhéanamh ar na riachtanais is práinní a bhíonn ag leanaí breoite. Tá baint ar leith ag an ***Charter for Children in Hospital*** leis an athbhreithniú seo ar chleachtas ECCE mar leagann sé amach deich bprionsabal dea-chleachtais sa réimse ECCE seo. (CHI, 2002b). Tugann an chairt aghaidh ar na saincheisteanna seo a leanas: ceart leanaí agus tuismitheoirí ar fhaisnéis soláthraithe ar shlí atá oiriúnach d'aois an linbh; ceart ar rannpháirtíocht eolasach i ngach cinneadh a bhaineann lena gcúram sláinte; riachtanas leanaí deiseanna súgartha a bheith acu; áineas agus oideachas; tábhacht a bhaineann le foireann a bhíonn oilte agus cáilithe mar is cuí; riachtanas leanúnachais chúraim agus rúndachta; saincheisteanna príobháideachais agus measa. In 2000, cuireadh an Chairt san áireamh in ***Guidelines for the Care of Children with Special Needs in Hospital*** (CHI, 2000). Is é an aidhm atá leo sin:

> ...(*intended) to augment, not replace, those principles and practices embodied in professional roles or established good practice in the workplace.* (CHI, 2000:3)

Cuirtear treoirlínte an-phraiticiúil ar fáil sa doiciméad seo e.g. cumarsáid a dhéanamh le leanaí; rannpháirtíocht tuismitheoirí i gcúram leanaí agus tacaíocht a chur chun cinn; cúram fisiciúil, suíomh, cothú, réim bia etc. san áireamh (CHI, 2000).

5.10.5 High/Scope Ireland

Bunaíodh High/Scope Ireland i 1999 agus tugann sé ionadaithe le chéile ó earnálacha deonacha, reachtúla, neamhspleácha agus pobail Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann a bhfuil uathu feabhas a chur ar chaighdeán ECCE tríd an gcur chuige atá ag High/Scope.

Is cur chuige maidir le foghlaim luathóige é High/Scope a thagann ó phrionsabail forbartha. Tá sé bunaithe i gcleachtas, agus rinneadh taighde air, forbraíodh é agus múnlaíodh é ag féachaint d'eolas agus do thuiscint nua thar thréimhse 40 bliain. Is cur chuige é atá bunaithe ar an bprionsabal go gcabhraíonn foghlaim ghníomhach,

rannpháirteacht i dtimpeallachtaí tacaíochta le fás agus láidriú sochaithe oscailte daonlathacha.

D'fhorbair High/Scope Ireland ***High/Scope Accreditation Pack*** agus deirtear gur "*...journey of personal and practice development between the trainer and practitioner*" atá ann. (Ard/Scóip Éireann, 2003:3) Baineann sé leis an tsraith céimeanna seo a leanas a chur i bhfeidhm:

1. Cúrsa Forfheidhmithe Curaclaim – deich gceardlann thar thréimhse 10 mí. Caithfidh an cleachtóir tabhairt faoi éagsúlacht réimsí curaclaim (e.g. foghlaim ghníomhach, an timpeallacht foghlama fhisiciúil, an gnáthamh laethúil, breathnóireacht agus taifead a choimeád) agus is é sin an chéad chéim le suíomh creidiúnaithe ag High/Scope a bhaint amach.

2. High/Scope a chur i bhfeidhm i dtimpeallacht na luathóige – rannpháirtíocht i gcnuasghrúpaí de sheirbhísí eile san áit chéanna le haghaidh tacaíochta agus oiliúna leanúnaí (d'fhéadfadh gníomhaíochtaí ar láthair agus nach bhfuil ar láthair a bheith i gceist).

3. Iarratas ar Chreidiúnú – Caithfear portfóilió de dhoiciméid ábhartha (mionsonraithe curtha ar fáil) a chur faoi bhráid High/Scope Ireland.

4. An ***Program Quality Assessment Tool*** (PQA) a úsáid – tugann measúnóirí High/Scope cuairt ar an suíomh ar feadh dhá lá. Déanann siad agallaimh agus bailíonn siad fianaise maidir le seacht dtáscaire de thimpeallachtaí foghlama éifeachtacha:
   Timpeallacht foghlama fhisiciúil
   - An gnáthamh laethúil
   - Rannpháirtíocht tuismitheoirí agus seirbhísí teaghlaigh
   - Forbairt foirne
   - Bainistíocht an tsuímh
   - Pleanáil agus measúnacht churaclaim
   - Idirghníomhaíocht idir Aosach agus Leanbh

5. Meastóireacht an phainéil chreidiúnaithe – eisítear an tuairisc mheasúnachta agus má éiríonn leis, bronntar creidiúnú. (High/Scope Educational Research Foundation, 2003a;b).

Forbraíodh agus oiriúnaíodh an uirlis PQA ó ábhair a d'fhorbair High/Scope sna Stáit Aontaithe. Dearadh é go sonrach do shuíomh réamhscoile seisiúnach agus baineann sé úsáid as scálaí rátála chun scóráil a dhéanamh. Is í láidreacht an PQA go ndearnadh tástáil dhian ar a cháilíochtaí síciméadrachta:

> *A series of national and state-wide evaluation studies shows the Preschool PQA to be a highly reliable and valid instrument for measuring program quality and determining its relationship to staff qualifications, staff development initiatives and young children's developmental outcomes.*
> (High/Scope Educational Research Foundation, 2003a:15)

These evaluations were carried out in the United States and have not been replicated in the Irish context to date.

5.10.6 IPPA, the Early Childhood Organisation

Is é an IPPA, the Early Childhood Organisation, an eagraíocht dheonach is mó atá ag obair ar son leanaí óga agus a dtuismitheoirí in Éirinn. Bunaíodh i 1969 é agus faoi láthair tá ballraíocht de níos mó ná 2,000 seirbhís aige. Tá réimse leathan de sholáthar seirbhísí san áireamh air sin – Grúpaí súgartha, Grúpaí Tuismitheoirí agus Tachrán, Grúpaí Cúraim Lae Iomláine agus

Grúpaí Taobh Amuigh den Scoil agus baill aonaracha. Is eagraíocht naisiúnta bunaithe ar chleachtas í an IPPA agus déanann sí ionadaíocht ar na baill atá aige trí bhrainsí IPPA agus ar leibhéal náisiúnta tríd an gCoiste Náisiúnta. In 2000, tháirg an IPPA uirlis chun ardchaighdeán a mheas, ***Quality Indicators for Childcare Services*** (IPPA, 2000a). Aithnítear 6 cheannteideal sa doiciméad:

- An Timpeallachat Fhisiciúil
- Gníomhaíochtaí agus Eispéireas
- Idirghníomhaíochtaí idir Aosaigh agus Leanaí
- Rannpháirtíocht le tuismitheoirí
- Breathnóireacht agus Measúnacht
- Foireann agus Bainistíocht (IPPA, 2000a).

Leagtar amach liosta mionsonraithe de tháscairí ardchaighdeáin faoi gach ceannteideal agus cuirtear tuairisceoirí ar fáil chun go mbeadh measúnóirí in ann soláthar luathóige a mheas in aghaidh scála rátála trí phointe: Íosmhéid, Leordhóthanach agus Maith.

Is féidir é sin a úsáid mar uirlis féinmheasúnachta. Cuirtear liosta de cheisteanna mionsonraithe faoi gach ceannteideal san áireamh freisin le haghaidh solathróirí seirbhíse chun go mbeadh siad in ann cleachtas laistigh dá suímh féin a mheas. Tá sé mar chuid den phróiseas measúnachta le haghaidh QIP an IPPA freisin.

In 2002, bhunaigh an IPPA ***Quality Improvement Programme*** (QIP) chun tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí na luathóige agus iad ag iarraidh iad a sholáthar ar ardchaighdeán. Díríonn an clár sin ar *" the quality of the learning experiences of children and families involved in the service and the quality of relationships between children, adults and between children and adults in the service."* (IPPA, 2002c:15) Tá roinnt eilimintí difriúla sa QIP, lena n-áirítear:

'*monthly training workshops, on site support and evaluation/assessment"* (IPPA, 2002c:14). Ta dhá phas ar leith i QIP an IPPA:

1. An chéim eagraithe ina dtugann an clár tacaíocht don tseirbhís creat seirbhíse bunúsaí a bhunú a chuimsíonn gnéithe uile na seirbhíse, lena n-airítear:

   - Aidhmeanna agus Luachanna
   - Timpeallacht fhisiciúil
   - Gnáthaimh agus deasghnátha laethúla
   - Gníomhaíochtaí agus eispéiris leanaí
   - Idirghníomhaíochtaí, straitéisí foghlama agus teagaisc
   - Breathnóireacht, comhairliúchán agus anailís
   - Measúnacht agus pleanáil
   - Comhpháirtíocht le teaghlaigh agus le pobail
   - Foireann agus bainistíocht.

2. An chéim Timthriall Ardchaighdeáin – is é seo an "*...action research phase that aims to establish on-going reflective practice within the service in collaboration with the stakeholders.*"(IPPA, 2002c:16) Tá ceithre chéim i gceist leis: Meastóireacht, Pleanáil gnímh, cuir i bhfeidhm agus Machnamh agus dearadh é chun na próisis sin a bhunú mar chuid de chleachtas laethúil na seirbhíse agus an tsolathróra seirbhíse. Glactar leis gur straitéis fhadtéarmach é an QIP agus tá tiomantas trí bliana rannpháirtíochta riachtanach ó gach seirbhís. Cuireann Oifigigh Ardchaighdeáin an IPPA tacaíocht struchtúrtha ar fáil i bhfoirm oiliúna agus meantóireachta don chéad dá bhliain den chlár agus sa tríú bhliain bíonn rannpháirtíocht i líonra de sheirbhísí luathóige eile i gceist. Agus an dá bhliain caite, is féidir leis an tseirbhís iarratas a dhéanamh ar

chreidiúnú ón IPPA. Is féidir leis an tseirbhís agus na cleachtóirí araon a bhíonn páirteach sa QIP creidiúnú a fháil. Is éard atá i gceist sa phróiseas measúnachta ná féinmheasúnacht agus deimhniú ó Oifigeach Ardchaighdeáin an IPPA in aghaidh na dtáscairí ardchaighdeáin IPPA thuasluaite. Bailítear an fhianaise le haghaidh an phróisis chreidiúnaithe le linn an diantimthrialla ardchaighdeáin dhian a mhairfidh dhá bhliain e.g. tuairiscí ar chuairteanna tacaíochta a bhíonn déanta ag an Oifigeach Ardchaighdeáin.

Táirgeadh ***Report on the Pilot Quality Improvement Programme*** a thugann mionsonraí maidir le cur i bhfeidhm an chláir in 2000 (IPPA, 2000b). Tugtar roinnt rudaí suimiúla faoi deara sa tuairisc, ina measc:

- An tslí nach bhfuil na huirlisí bunúsacha chun ardchaighdeán a thomhas atá ann cheana féin, ECERS, mar shampla, úsáideach le haghaidh na seirbhísí sa chlár píolótach;
- Níl an fhoireann spreagtha le bheith fuinniúil faoi chaighdeán a fheabhsú toisc an pá íseal agus easpa acmhainní, am ina measc, atá mar ghné de a lán de na seirbhísí;
- Bhí leibhéil ísle d'oiliúint chuí ag formhór na foirne;
- Is minic a bhí ionchais tuismitheoirí maidir le litearthacht agus uimhríocht ina dtreoir do chlár na ngníomhaíochtaí (IPPA, 2000b).

Rinneadh meastóireacht ar an gclár tríd an mbreathnóireacht a rinne an t-oifigeach tacaíochta ardchaighdeáin, trí líonadh amach ceistneoir agus foirmeacha meastóireachta ag rannpháirtithe, trí chomhráití le leanaí agus trí aiseolas neamhfhoirmiúil a fháil ó ghníomhaireachtaí seachtracha. Tá a bhfuil faighte acu dearfach, agus luadh go ndeachaigh eispéiris rannpháirtithe, tuismitheoirí agus leanaí chun feabhais. Bhí an riachtanas a bhaineann le tacaíocht níos déine ón Oifigeach Ardchaighdeáin le haghaidh seirbhísí, go háirithe i gcéimeanna luatha an phróisis, ar cheann de na príomh-mholtaí a rinneadh. Dar leis an tuairisc:

> *Quality programmes can only work when these three elements, training, on-site support and assessment are in place. It is clear that information and advice are not sufficient. Services in general do not have the capacity or expertise to implement self-assessment and improvement on their own. They may meet regulation standards but they will not go beyond them.* (IPPA, 2000b:47)

Tugtar tacaíocht do thiomantas an IPPA d'fhorbairt ardchaighdeáin in ECCE ag foilseachán a d'eisigh siad le déanaí ***Power of Play – A Play Curriculum in Action*** (Brennan, 2004). Déanann an doiciméad seo staidéar ar chleachtas súgartha agus an teoiric a bhaineann leis in éagsúlacht de shuímh ECCE. Is é aidhm an fhoilseacháin seo pictiúir agus scéalta foghlama gaolmhara a úsáid chun cleachtóirí a spreagadh le machnamh a dhéanamh ar a gcuid cleachtas chun go mbeadh aithint níos fearr tugtha d'eispéiris súgartha ar ardchaighdeán do leanaí agus chun go ndéanfar foráil dóibh.

5.10.7 National Children's Nurseries Association (NCNA)

Bunaíodh an NCNA sa bhliain 1988 chun cúram leanaí ar ardchaighdeán a chur chun cinn. Tá níos mó ná 400 ball ag an eagraíocht seo ar fud na tíre. Cothaíonn baill an chumainn forbairt fhisiciúil, intleachtúil, mhothúchánach agus shóisialta na leanaí atá faoina gcúram i dtimpeallacht theochroíoch, fháiltitheach agus shábháilte. Den chuid is mó, díríonn an NCNA ar chomhairle, tacaíocht agus oiliúint a chur ar fáil do naíolanna ar baill

iad agus ina theannta sin cuireann siad an pobal ar an eolas maidir leis na saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar an earnáil cúraim leanaí. Ón mbliain 2000, tá an NCNA agus cúig cinn de na NCVOnna eile[6], ag fáil maoiniúcháin faoin bhFo-Mhodh Cáilíochta den EOCP. De bharr an mhaoiniúcháin, cuireadh roinnt foilseachán le chéile a bhaineann le cleachtas chun cuidiú le soláthróirí seirbhíse chun caighdéain ard a bhaint amach agus a fheabhsú agus bunaíodh Ionad na nGradam Feabhais faoin NCNA.

In 2000, d'fhoilsigh an NCNA an chéad fhoilseachán de chuid na bhfoilseachán a bhain le cleachtas ar ardchaighdeán i dtimpeallachtaí ECCE. Rinneadh ***Good Practice Self-Assessment Manual*** (NCNA, 2000c) chun tacú le bainisteoirí a bhíonn ag obair i seirbhísí cúraim lae féinmheasúnacht a dhéanamh. Chuaigh obair an National Association for the Education of Young children (NAEYC), eagraíocht atá lonnaithe i Meiriceá Thuaidh agus litríocht agus teoiric Diane Trisker-Dodge, saineolaí ar chleachtas éifeachtach le leanaí óga atá lonnaithe i Meiriceá Thuaidh go mór i bhfeidhm ar a lámhleabhar. (Dodge, 1991, NAEYC, 1998) Tá an foilseachán an-struchtúrtha agus baineann sé úsáid as scálaí agus seicliostaí Likert faoi réimse ceannteideal chun athbhreithniú mionsonraithe ar chleachtas na seirbhíse agus an duine aonair a éascú. Is iad seo na ceisteanna is mó a dtugann sé aghaidh orthu:

- Céard go díreach é dea-chleachtas?
- Cén chaoi ar féidir é a chur chun cinn trí fhéinmheasúnacht a dhéanamh?
- Céard is féidir le lámhleabhar féinmheasúnachta a bhaint amach dóibh siúd a mbaineann úsáid as? (NCNA, 2004, tá teacht air ag: www.ncna.net., 11 Bealtaine 2004)

Tugann an chéad fhoilseachán eile - ***Afterschool – The Way Forward*** (NCNA, 2000a), aghaidh ar sholáthar tar éis scoile, i.e. seirbhísí cúraim agus oideachais do leanaí in aois scoile (4 bliain nó níos sine) taobh amuigh d'uaireanta scoile. Níl dóthain forbartha déanta ar an gcineál seirbhíse seo a sholáthar in Éirinn agus tá an foilseachán deartha chun faisnéis agus comhairle a thabhairt maidir le bunú soláthair tar éis scoile. Déanann sé machnamh ar chleachtas ar ardchaighdeán agus "...(t)*he principle aims of the guidelines are to promote the establishment of good practice across the after-school sector and to provide a guide to understanding and meeting the varied needs of the school-aged.*" (NCNA, 2004, tá teacht air ag: *www.ncna.net*., 11 Bealtaine 2004)

Tá sé bunaithe ar chleachtas agus taithí na Ríochta Aontaithe (RA) agus luann sé roinnt foilseachán ón RA a dhéanann moltaí ar dhea-chleachtas sa réimse seo.

Foilsíodh ***We Like this Place... Best Practice Guidelines for the Design of Childcare Facilities*** in 2002(NCNA, 2002a). Is é an aidhm atá leis an bhfoilseachán seo, "*... offer practical information and guidance on best practice in the planning, design and adaptation of childcare facilities and draw attention to the current statutory requirements* (NCNA, 2002a:3) Clúdaíonn an fhaisnéis na gnéithe uile de dhearadh, leagan amach, athrú, athchóiriú agus leathnú áiseanna cúraim leanaí agus tá míreanna tagartha ann freisin a luann acmhainní a mholtar chun tuilleadh faisnéise a fháil.

In 2003, pléadh caighdéain feabhais arís san fhoilseachán ***Towards Quality Daycare - Minimum Quality Standards in a Nursery*** (NCNA, 2003b). Is é príomhaidhm an fhoilseacháin, "*..to promote the establishment of good practice within the membership of the National Children's Nurseries Association.*" (NCNA, 2004, tá

6 Childminding Ireland, Barnardos, IPPA, the Early Childhood Organisation, St. Nicholas Montessori Society of Ireland, Forbairt Naíonraí Teo (an Comhchoiste Réamhscolaíochta Teo roimhe seo.)

teacht air ag: www.ncna.net., 11 Bealtaine, 2004). Tugann an doiciméad seo foilseacháin NCNA faoin teideal céanna roimhe sin cothrom le dáta agus déanann sé athbhreithniú orthu freisin. Déanann sé iarracht sonraí cuimsitheacha a thabhairt faoi na critéir do chleachtas ar ardchaighdeán maidir le cúram lae iomlán a sholáthar mar a rinne na foilseacháin roimhe sin.

Roinntear na caighdeáin i roinnt catagóirí ó shláinte agus sábháilteacht go dtí comhpháirtíocht le tuismitheoirí. Tá idir cheanglais dhlíthiúla agus treoirlínte do dhea-chleachtas ann.

Chomh maith le doiciméid tacaíochta a fhoilsiú, foilsíodh ***Centre of Excellence Award*** (CEA) in 2002. Is córas an-chuimsitheach measúnachta agus bailíochta é a, "*... acknowledges NCNA members who are providing excellent standards of care for children in Ireland".* (NCNA, 2004, tá teacht air ag: *www.ncna.net.*, 11 Bealtaine 2004)

Nuair a dhéanann soláthróirí iarratas faigheann siad ***Próifíl Féinmheastóireachta*** *(SEP)*. Caithfidh siad é a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais ag an NCNA. Is féidir leis an NCNA réimse tacaíochtaí a thabhairt lena n-áirítear comhairle, faisnéis, meantóireacht, agus oiliúint dóibh siúd a bhíonn ag cur isteach ar an CEA.
Tá an SEP an-struchtúrtha agus éilíonn sé ar sholáthróirí iad féin a mheasúnú i gcoinne caighdeáin an-mhion faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí agus cláir do leanaí
- Gaolmhaireachtaí sa naíolann
- Comhpháirtíocht le Teaghlaigh
- Sláinte, sábháilteacht agus sláinteachas
- Coinníollacha do chomhaltaí foirne agus forbairt ghairmiúil
- Timpeallacht fhisiciúil
- Bia agus cothú
- Bainistíocht agus riarachán
- Beartais agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm
- Meastóireacht agus athbhreithniú ar an naíolann (NCNA, 2003d)

Iarrtar ar sholáthróirí grád a thabhairt dóibh féin ar scála 1-10 faoi gach critéar agus ní mór grád a 6 nó níos mó a bhaint amach faoi gach ceann sula nglacfar leis an bpróifíl chun aighneacht a dhéanamh agus bailíocht a fháil. Má éiríonn leo an sprioc seo a bhaint amach, is féidir le soláthróir na seirbhíse an portfóilió a chur isteach don chéad chéim eile sa phróiseas i.e. cuairt measúnúcháin ó na deimhnitheoirí seachtracha. Braitheann cé chomh fada agus atá an chuairt ar mhéid na seirbhíse ach go hiondúil beidh ar dheimhnitheoirí bheith i láthair ag an tseirbhís ar feadh lae nó dhó chun grinnmheastóireacht a dhéanamh ar gach gné den chleachtas. Má bhronntar cáilíocht i ndiaidh an phróisis beidh sé bailí ar feadh dhá bhliain. I ndiaidh na tréimhse seo ní mór don tseirbhís iarratas a dhéanamh arís chun an cháilíocht a athnuachan (NCNA, 2003d).

Go dtí seo bronnadh an CEA ar tríocha seirbhís ar fud na tíre.

5.10.8 Pavee Point

Leag cuid 4 amach obair Pavee Point ar mhaithe na díospóireachta beartais faoi shaincheist na héagsúlachta agus an chomhionannais in ECCE in Éirinn. I ndiaidh fhoilsiú ***Éist*** *(*Murray agus O'Doherty, 2001 bunaíodh tionscnamh forbartha chun leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm praiticiúil maidir le moltaí beartais an doiciméid seo. Mar thoradh ar an obair seo, foilsíodh ***Ar an mBealach – On the Way***, ***Diversity and Equality Training Manual for Early Childhood Trainers*** (Pavee Point, 2004b), in 2004. Tugann an lámhleabhar, *".... structured programme of exercises and tasks to bring participants on a journey of change; offering accurate information, attitudinal exploration and skills for*

working with children and families." (Pavee Point 2004b:7) Déanann an lámhleabhar cur síos ar ardchaighdeán in ECCE atá bunaithe ar "*...inclusive, equitable provision that supports children's well-being."* (Pavee Point, 2004b:8) Tugann sé dúshlán na gcleachtóirí ECCE foráil a bhaint amach ina mbeidh, *"...diversity and equality is acknowledged, affirmed and respected..."* (Pavee Point, 2004b:8)

5.10.9 St. Nicholas Montessori Society of Ireland (SNMSI)

Mar thoradh ar mhaoiniú ón EOCP bunaíodh ***Certification Process for Montessori Schools.*** Tá sé mar aidhm ag an bpróiseas sin, *"...to improve the quality of Montessori schools in Ireland and to promote Montessori Education."* (SNMSI, 2003) Meastar gur próiseas é a bhfuil cúig chuid ann:

- Féinmheastóireacht a dhéanamh ar an Timpeallacht
- Cuairt ón gComhairleoir Oideachais Montessori
- Tuairisc faoin timpeallacht
- Meastóireacht ar an bpróiseas
- Coiste Creidiúnaithe (SNMSI, 2003).

Má éiríonn leis an scoil creidiúnú a bhaint amach, faigheann siad teastas a bheidh bailí ar feadh trí bliana ach i ndiaidh na tréimhse sin ní mór dóibh dul tríd an bpróiseas céanna arís. Is múinteoirí cáilithe Montessori amháin ar féidir leo cur isteach ar an bpróiseas creidiúnaithe. Tá an córas féinmheastóireachta seo déanta chun cur síos ar thimpeallacht na scoile a dhéanamh níos éasca agus níl aon eilimintí meastóireachta ann cosúil le scálaí ráta. Déanann sé iarracht fáil amach faoi cháilíochtaí múinteoirí, cóimheasa aosach-leanaí, áiseanna leithris, líon na leanaí, méid an tseomra ranga agus comhlíonadh rialachán na seirbhíse Réamhscoile. Lena chois sin, déanann sé iarracht fáil amach faoi réimse trealaimh agus gníomhaíochtaí Montessori i ngach réimse curaclaim.

5.10.10 Comhoibrithe Eagraíochtaí Náisiúnta Deonacha Cúraim Leanaí

Chomh maith lena n-obair féin a dhéanamh, tá 'bratghrúpa' comhoibritheach bunaithe ag na heagraíochtaí deonacha seo chun machnamh a dhéanamh ar réimse leathan saincheisteanna maidir le hardchaighdeán a fhorbairt in ECCE. Faigheann an grúpa seo maoiniú faoin bhFo-Mhodh Cáilíochta den EOCP agus cuireann sé fóram ar fáil le haghaidh díospóireachta agus scaipeadh faisnéise maidir leis an ábhar seo. Is eiseamláir den tairbhe a bhaineann le grúpa mar sin foilsiú ***Guidelines for the Protection of Children in Early Childhood Services*** (NCNA, 2000b). Rinneadh an leabhrán chun prionsabail an dea-chleachtais maidir le cosaint leanaí a leagan síos agus chun leas leanaí a chosaint agus léirítear staid comhthoilíochta na ngrúpaí uile a ghlac páirt i bhforbairt agus foilsiú an leabhráin.

Tábla 2: Achoimre de réir téama ar chlár ar Ardchaighdeán an NCVO

Sainmhíniú (táscairí)	Measúnú	Tacú
Casta, ilghnéitheach agus dinimiciúil	Córais riachtanacha inmheánacha agus sheachtracha	Maoiniú- inbhuanaitheacht
Timpeallacht fhisiciúil	Critéir shoiléire, gan débhrí le treoirlínte d'éagsúlacht suímh ECCE	Deiseanna oideachais, oiliúna agus cáilíochta d'fhoireann
Sábháilteacht, sláinte agus sláinteachas	Creidiúnú náisiúnta	Faisnéis
Clár/curaclam/gnáthamh	Athbhreithniú débhliantóg	Córais mheantóireachta agus líonraithe
Idirghníomhaíocht idir Aosach agus Leanbh	Breathnóireacht mar uirlis	
Rannpháirtíocht Tuismitheoirí agus an Pobail	Cleachtas machnaimh	
Ceisteanna a bhaineann le comhaltaí foirne	Aiseolas riachtanach-múnlaitheach agus críochnaitheach	
Bainistíocht agus riarachán	Oscailteacht agus trédhearcacht	
Fealsúnacht, beartais agus nósanna imeachta	Portfóilió a dhéanamh	

5.11 Achoimre

Tá na téamaí céanna ag an raidhse tionscnamh dearbhaithe feabhais/feabhsaithe faoi na ceannteidil seo a leanas-ardchaighdeán a shainmhíniú, a mheasúnú agus tacaíocht a thabhairt dó i seirbhísí NCNA in Éirinn. Tá achomire déanta orthu sa tábla thuas:

Mar is féidir a fhéiceáil thuas tá comhaontú láidir idir na cláir seo. I ngeall gur eascair na hábhair seo trí phróiseas comhairliúcháin, tugann siad réasúnaíocht láidir do bháilíocht agus ábharthacht na dtéamaí seo don NFQ.

Ciallachais don Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán - Dearcaí na gCleachtóirí

1. D'oibrigh na NCVOnna le cleachtóirí ECCE le roinnt blianta chun seirbhís ar ardchaighdeán a fhorbairt agus tá ábhair forbartha agus saineolas acu, a thabharfadh tacaíocht agus chuirfeadh feabhas ar chur i bhfeidhm na NFQ.
2. Thug gach clár dearbhaithe/ feabhsaithe faoi na saincheisteanna a bhaineann le tacaíocht a thabhairt d'ardchaighdeán agus é a mheasúnú. There is strong consensus across these and they provide good evidence of the key issues that must be taken into account for the development of the NFQ.
3. Tá meastóireacht pleanáilte ar na tionscnaimh dhearbhaithe feabhais agus is mór an luach a bheidh aige seo maidir le forbairt agus soiléiriú na NFQ.
4. Caithfidh an NFQ pointe tagartha a chur san áireamh agus a sholáthar don réimse leathan clár atá ann faoi láthair a bhfuil baint acu le hardchaighdeán in ECCE. Ba cheart go mbeadh córas aige chun creidiúint a thabhairt do na seirbhísí ECCE sin a bhfuil na cláir sin críochnaithe acu.

5.12 Ardchaighdeán a Shainmhíniú, a Mheasúnú agus Tacaíocht a thabhairt dó - An Tionchar atá ag Oideachas agus Oiliúint an Chleachtóra

Is saincheist í an chomhghaolmhaireacht dhearfach idir an leibhéal oideachais, oiliúna agus cáilíochtaí na ndaoine fásta a bhíonn ag obair le leanaí óga agus ardchaighdeán an tsoláthair seirbhíse agus tá a lán tacaíochta faighte aige i scríobh in Éirinn agus i dtíortha eile. (Ball, 1994; Oberhuemer and Ulich, 1997; DES 1999a; DJELR, 1999; DJELR, 2002a). Níl ach beagán fianaise bunaithe ar thaighde ann chun tacú leis an seasamh seo go hidirnáisiúnta áfach agus ní dhearnadh aon taighde trí Ghaeilge. Cé nach bhfuil tacaíocht eimpíreach ann, bhí tionchar suntasach aige ar chleachtas san earnáil ECCE in Éirinn go háirithe ó 1990. Léirítear an tionchar seo in aitheantas ón DES go bhfuil gá le níos mó múinteoirí cáilithe agus go raibh borradh ann ina dhiaidh sin ar líon na mac léinn a nglactar leo sna coláistí oiliúna múinteoireachta, forbairt agus athbhreithniú ar oideachas agus cláir oiliúna ag gach leibhéal ó iontrál go hardchéim in ECCE agus teacht chun cinn pobal taighdeoirí in ECCE i gcomhthéacs na hÉireann.

Tá na deiseanna oideachais, oiliúna agus forbartha gairmiúla dóibh siúd a bhíonn ag obair le leanaí ó bhreith go sé bliana chomh héagsúil agus difriúil agus atá an réimse suímh luathóige in Éirinn faoi láthair. Ó na 1970idí ar aghaidh bhíothas in ann ardchéim a bhaint amach d'oiliúint múinteoireachta bunscoile agus cé go raibh an argóint ann nach raibh oiliúint inseirbhíse easnamhach(DES, 2002f, INTO 2004), tá leibhéal áirithe inseirbhíse ar fáil do mhúinteoirí cáilithe. Níl cás an phearsanra a bhíonn ag obair le leanaí i suímh taobh amuigh den bhunscoil chomh soiléir nó caighdeánaithe. Ní raibh cláir chéime agus iarchéime i staidéar luathóige ar fáil go dtí lár na 1990idí. Faoi láthair, bíonn isteach is amach le 175 áit ar fáil in aghaidh na bliana ar cláir chéime agus cuireann níos mó daoine isteach orthu ná mar a bhíonn atá spás ann dóibh. Dá réir sin, cuireann soláthróirí oideachais agus oiliúna formhór an oideachais agus na hoiliúna do phearsanra ECCE ar fáil. D'fhéadadh sé go mbeadh na cúrsaí á gcreidiúnú go náisiúnta nó thar lear go leibhéal fochéime nó d'fheádfadh sé tarlú

freisin nach mbeadh creidiúnú aitheanta ar chor ar bith acu.

Mar fhreagairt ar an tuiscint go mbeidh ardchaighdeán feabhsaithe i seirbhís ECCE mar thoradh ar oideachas agus oiliúint fheabhsaithe pearsanra, rinne pearsanra ECCE móriarracht agus tiomantas chun a leibhéal oideachais agus oiliúna a fheabhsú. In 2002, d'fhoilsigh an NCCC ***Creat Eiseamlárach d'Oideachas, d'Oiliúint agus d'Fhorbairt Ghairmiúil san Earnáil Luathchúraim agus Oideachais Leanaí*** (DJELR, 2002a). Sheas an doiciméad seo do bhuaic an phróisis fhada agus chuimsithigh chomhchomhairle, agus léirigh sé na scileanna lárnacha agus an t-eolas atá oiriúnach do gach próifíl cheirde laistigh den earnáil. Chomh maith leis sin, leag sé amach na bunluachanna aontaithe den chéad uair ar chóir dóibh tacú le gach cleachtas ar ardchaighdeán an phearsanra.

Tá meas ag earnáil ECCE ar:

- Luathóige ann féin;
- Cearta leanaí, atá gníomhach maidir lena bhfás agus bhforbairt féin;
- Tuismitheoirí, caomhnóirí agus teaghlaigh mar príomhfhoinse dhea-bhraistint na leanaí;
- Forbairt ghairmiúil mar chuid lárnach den dea-chleachtas;
- Ról an chleachtóra mar éascaitheoir na dea-bhraistinte feabhsaithe agus na forbartha sa leanbh;
- Éagsúlacht trí fhéiniúlacht phearsanta agus chultúrtha a aithint agus a chur chun cinn;
- Comhionannas rochtana agurannpháirtíocht i seirbhísí;
- Cur chuige dearfach maidir leis an nGaeilge agus cultúr na hÉireann;
- Ceart ag leanaí cosaint a fháil ó gach cineál mí-úsáide, faillí agus idirdhealaithe;
- Ceart leanaí, teaghlaigh agus foirne cúraim leanaí rúndacht a bheith acu ach ag an am céanna leasanna an linbh a chur san áireamh agus ceart gach duine cosaint a bheith acu ó dhochar.
- Eispéiris agus gníomhaíochtaí a thugann tacaíocht d'fhoghlaim agus a ligeann do leanaí taiscéaladh gníomhach a dhéanamh chun roghanna agus cinntí a dhéanamh agus páirt a ghlacadh sa phróiseas foghlama;
- Súgradh mar an modh cuiditheach, nádúrtha idirghníomhaíochtaí leanaí le leanaí ar chomhaois leo, daoine fásta agus a dtimpeallacht (DJELR, 2002a:17).

Tugann na luachanna aontaithe léargas ar an bhfís atá ag cleachtóirí ECCE do dea-chleachtas in ECCE in Éirinn. Má chuidíonn sé le forbairt na gclár oideachais agus oiliúna do chleachtóirí ECCE, mar atáthar ag súil leis, beidh lear mór déanta aige chun cleachtas ar ardchaighdeán atá leanúnach agus comhordaithe a bhaint amach i suímh uile in ECCE.

Aithníonn an *Creat Eiseamlárach* go bhfuil 'cleachtas ar ardchaighdeán' ag cur éileamh níos casta ar phearsanra ECCE. Lena chois sin, aithníonn sé go gcaithfidh cleachtóirí gairmiúla a bhfuil baint acu le forbairt agus seachadadh oideachais agus seirbhísí cúraim in Éirinn a bheith ullmhaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na todhchaí. Mar shampla, má tá tiomantas ann do chur chuige iomlánaíoch d'oideachas agus seirbhísí cúraim a sheachadadh do leanaí ní mór na deighiltí mar a fheictear iad a chur ar ceall. Tá seachadadh comhtháite seirbhíse riachtanach má tá an dearcadh *"Whole Child"* atá sa Straitéis Náisiúnta Leanaí (DHC, 2000) le bheith tugtha i gcrích. Beidh ar chleachtóirí bheith in ann obair mar chuid d'fhoireann ildisciplíneach de dhaoine gairmiúla. Tá impleachtaí soiléire i gceist anseo d'fhorbairt oideachais agus clár oiliúna na todhchaí.

Tá na scileanna lárnacha agus an t-eolas atá ag teastáil ó chleachtóirí in ECCE leagtha amach sa doiciméad ***Creat Eiseamlárach*** mar :

- Forbairt an Linbh- áirítear air seo réimsí agus céimeanna forbartha, tionchar na timpeallachta, na tionchair bhitheolaíochta, shóisialta agus chultúrtha, rólanna agus freagrachtaí daoine fásta, modhanna agus an tábhacht a bhaineann le breathnóireacht leanaí.
- Oideachas agus súgradh- lena n-áirítear teoiricí agus próisis foghlama, próisis churaclaim agus cuir chuige, an ról agus an tábhacht a bhaineann le súgradh.
- Timpeallacht shóisialta- lena n-áirítear an tábhacht a bhaineann le heolas sóisialta agus eispéiris agus forbairt inniúlachta sóisialta i leanaí, rólanna agus freagrachtaí daoine fásta.
- Sláinte, sláinteachas, cothú agus sábhailteacht- lena n-áirítear: eolas faoi theoiric agus reachtaíocht chuí, an cumas beartais agus cleachtas cuí a chur i bhfeidhm, eolas faoi agus an cumas taifid chuí a choinneáil.
- Forbairt phearsanta agus ghairmiúil- lena n-áirítear scileanna foghlama neamhspleácha, an cumas machnamh a dhéanamh ar chleachtas féin, na scileanna lárnacha a bhaineann le litheartacht agus le huimhríocht etc. a fhorbairt.
- Cumarsáid, bainistíocht agus riaracháin- lena n-áirítear an cumas tacaíocht a thabhairt do ghaolmhaireachtaí agus idirghníomhaíochtaí a bhfuil baint lárnach acu le forbairt an linbh óig (e.g. duine fásta-leanbh, leanbh-leanbh), an cumas timpeallacht a phleanáil agus a chothabháil inar féidir leis an leanbh an fhorbairt is mó is féidir leis nó léi a dhéanamh, an cumas córais faisnéise éifeachtaí a bhunú agus chothabháil (DJELR, 2002a).

Níl mórán taighde déanta ar an leibhéal oiliúna agus cáilíocht foirne atá ag na seirbhísí luathóige. Tugann fianaise ó thionscnaimh taighde áitiúla cosúil leis an gceann a rinneadh ar son West of Ireland Network for New Sources of Jobs léargas ar rudaí mar a bhí siad sna 1990idí déanacha. Tá ***Training, the Key to Quality*** mar theideal air agus is é an conclúid a dhéanann sé go bhfuil "*...low grade, low status, low rates of pay, lack of professional support and lack of access to accredited training describes the current status of many staff in early childhood services"* (Bernard, 1997:14) Tá an argóint ann go bhfuil impleachtaí aige seo maidir le soláthar seirbhíse ar ardchaighdeán:

> *There are many ways in which diverse and high quality services for young children can be created and supported, but research indicates that the better the pay and conditions, training and support for staff, the better the quality of the service.* (Bernard, 1997:14)

In 2003 scríobh an ADM ***National Childcare Census Baseline Data 1999-2000*** agus mar chuid den phróiseas seo nochtadh roinnt tuairimí faoi leibhéil oideachais, oiliúna agus cáilíochtaí na foirne i suímh cúraim leanaí (ADM, 2003). Ba é an tátail gur ghairm ar phá íseal agus a raibh stádas íseal aige freisin a bhí in ECCE agus go raibh leibhéil ísle oiliúna agus cáilíochtaí ag pearsanra a bhí fostaithe i seirbhísí ECCE. Cé go dtabharfadh fianaise starógach le fios go bhfuil feabhas mór tagtha ar rudaí sa lá atá inniu, níl aon fhianaise ó thaighde náisiúnta chun tacú leis seo.

Faoi láthair níl rialacháin ann maidir le hoideachas, oiliúint nó cáilíochtaí chleachtóirí ECCE in Éirinn taobh amuigh de na cinn atá á reáchtáil agus a fhaigheann maoiniú ón DES. Is deighilt mhór é seo chomh fada agus a bhaineann le hoideachas agus oiliúint cleachtóirí. Cé go bhfuil líon na gcleachtóirí ECCE le cáilíocht leibhéal céime ag fás, ní mór do mhúinteoirí na ranganna naíonán an caighdeán agus an leibhéal seo oideachais a bheith acu ar a laghad (mar atá leagtha síos ag an DES) ionas go mbeidh siad cáilithe chun cleachtaidh.

Tá an oiliúint réamhseirbhíse a fhaigheann muinteoirí naíonán leagtha amach chun iad a ullmhú chun na ranganna agus na

haoiseanna uile laistigh den bhunscoil a mhúineadh, i.e. 4 go dtí 12 bliana. Tá an struchtúr d'oiliúint múinteoireachta bunscoile caighdeánaithe anois ó 1974 agus ní mór do gach múinteoir cáilíocht céime a bheith acu. Bíonn trí bliana de staidéar i gceist (nó cúrsa iarchéime ocht mí dhéag) agus ní mór dóibh bliain do thréimhse promhaidh faoi mhaoirsiú a dhéanamh sula mbainfidh siad stádas cáilithe iomlán amach.

Tá struchtúr an chláir céime B.Ed cosúil sna coláistí oideachais go léir. "*In general the B.Ed programme is structured to apportion 40% to Education, 40% to academic subjects and 20% to Teaching Practice.*" (DES 2002f:28) Áirítear an tSíceolaíocht agus Socheolaíocht an Oideachas, Ceol, Ealaíon agus an Drámaíocht in Oideachas, Staidéar ar an Múinteoireacht, Béarla Curaclaim, meastóireacht agus measúnacht ar Oideachas Matamaitice ar na hábhair a chlúdaítear in Oideachas. Áirítear Béarla, Tíreolaíocht, Matamaitic, Fraincis agus Staidéar ar an Reiligiún etc. mar ábhair acadúla. Is ábhar é Oideachas na Luathóige in dhá cheann de na coláistí atá aitheanta mar choláistí oideachais.

5.12.1 Athbhreithniú ar Oideachas Múinteoireachta Bunscoile

Sa bhliain 1999 bhunaigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta grúpa oibre ar Oideachas Múinteoireachta Bunscoile. Tharla sé seo mar gheall gur tugadh isteach an Curaclam Athbhreithnithe agus mar aitheantas freisin nach raibh athbhreithniú déanta ar oideachas múinteoireachta bunscoile ó luath na 1970idí nuair a rinneadh Céim Baitsiléara san Oideachas trí bliana de. Bhí a lán athruithe tar éis teacht ar phróifíl dhéimeagrafach agus shóisialta na tíre sa tréimhse sin agus bhí na hathruithe sin ag déanamh éilimh ar chleachtas na múinteoirí, rud a d'fhág go raibh gá le tacaíocht a chur ar fáil maidir le hoideachas agus oiliúint. Tháinig deireadh le cainteanna fadálacha an chomhlachta athbhreithnithe in 2002 nuair a foilsíodh tuairisc, ***Preparing Teachers for the 21st Century***, a rinne cur síos ar 61 moladh, a chlúdaigh réimse leathan saincheisteanna ó roghnú mac léinn go dtí cleachtas múinteoireachta agus dreasachtaí le haghaidh staidéar iarchéime.

> *The main conclusion of the Working group is that teacher education needs to be reconceptualised and programmes radically restructured in the context of the framework and recommendations presented in this report.* (DES, 1999:154)

Cé go bhfuil ráiteas úsáideach sa tuairisc faoi mhúinteoireacht sa bhunscoil, ní thugann sé aghaidh go sonrach ar na héilimh áirithe a bhaineann le múinteoireacht naíonán. Dá réir sin ní féidir na hathruithe a mholtar le haghaidh múinteoireachta sna suímh luathóige a scaradh amach óna chéile. Faoi láthair tá na Coláistí Oideachais ag cur na moltaí sa tuairisc san áireamh agus tá roinnt acu ag déanamh athbhreithniú inmheánach ar a gcláir oideachais réamhsheirbhíse. Tá tús curtha ag coláiste amháin le clár céime Luathoideachais le déanaí agus cé gur féidir nach bhfuil baint ar bith aige le tuairisc an chomhlachta athbhreithnithe, is nuálaíocht é a bhfuil fáilte curtha roimhe mar gheall go leathnaíonn sé acmhainn theoranta do staidéar ar leibhéal céime dóibh siúd a dteastaíonn uathu obair le leanaí óga in Éirinn.

Ciallachais don Chreat Náisiúnta um Ardcheaighdeán - An Tionchar atá ag an Oideachas agus Oiliúnt an Chleachtóra

1. Tá comhaontú ginearálta ann go bhfuil tionchar díreach ag oideachas, oiliúint agus cáilíochtaí daoine fásta a bhíonn ag obair i seirbhísí ECCE ar ardchaighdeán soláthair seirbhíse.
2. Taobh amuigh den chóras foirmiúil oideachais níl aon cháilíochtaí caighdeánacha atá riachtanach ag teastáil ó chleachtóirí i seirbhísí ECCE.
3. Tá forbairt déanta ar réimse leathan oideachais, oiliúna agus cáilíochtaí chun dul i ngleic le riachtanais ó sholáthróirí seirbhíse ECCE.
4. Tá na blianta fada taithí ag a lán daoine fásta a bhíonn ag obair le leanaí óga ach nach bhfuil aon cháilíochtaí aitheanta acu.
5. Tá cás na múinteoirí naíonán maidir le téarmaí agus coinníollacha oibre caighdeánaithe agus rialaithe. Ní hionann é seo agus cás cleachtóirí ECCE eile taobh amuigh den chóras foirmiúil oideachais. In go leor cásanna tá stádas íseal, drochthéarmaí agus coinníollacha oibre ag foireann ECCE. Ní féidir Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán a chur i bhfeidhm i gcás mar seo.

Roinn 6

Forbairtí Taighde 1990-2004

6.1 Réamhrá

Sa roinn seo den athbhreithniú, déantar measúnú ar chiallachais taighde i leith an ardchaighdeáin i gcomhthéacs na hÉireann. Seans gur cuireadh cuid den litríocht in áirithe i ranna roimhe seo, go háirithe i dtuarascálacha meastóireachta atá tar éis léargas a thabhairt ar éifeachtúlacht tionscnaimh beartais agus cleachtais. Dá bhrí sin, chun an t-athrá a sheachaint níl san áireamh ach taighde nár luadh go dtí seo. Níl sé éasca an corpas sách beag taighde a chur i gcatagóirí ar leithligh agus dá bhrí sin, cuirtear gach píosa i láthair in ord cróineolaíoch seachas iad a bheith roinnte ina ranna.

Tá taighde ar ardchaighdeán in ECCE teoranta in Éirinn. Léiríonn ***Iniúchadh ar Thaighde in Éirinn maidir le Cúram agus Oideachas na Luath-Óige 1990-2003*** (CECDE, 2003b) a foilsíodh le déanaí:

> *"Is díol suntais é gur beag taighde atá déanta faoi chaighdeán i gcomhthéacs na hÉireann, maidir le táscairí caighdeáin nó measúnú a dhéanamh ar ghnéithe níos doláimhsithe nó níos dinimiciúla an chaighdeáin." (CECDE, 2003b:141)*

As 1,082 iontráil ar leithligh, níor thug ach trí cinn is caoga aghaidh ar cheist an ardchaighdeáin. Tá roinnt fachtóirí a d'fhéadfadh a bheith mar chúis leis an scéal seo.

- Lasmuigh de na coláistí oiliúna, ní raibh fáil ar na cláir chéime ardoideachas san ECCE ach ó lár na nóchaidí agus dá bhrí

sin ní raibh seans ag céimithe a raibh na scileanna riachtanacha taighde acu cláir thaighde a thionscain, a fhorbairt nó a leathnú go dtí le déanaí.

- Tá na deiseanna a bhíonn ag taighdeoirí maidir le taighde a scaipeadh an-teoranta, deiseanna a bheadh mar spreagadh leis an taighde sin. Níl cumann nó iris shainiúil taighde ECCE ar fáil in Éirinn;
- Tá maoiniú do thaighde ECCE gann i gcónaí agus níor cuireadh maoiniú suntasach ar fáil do chláir thaighde go dtí gur foilsíodh réimse leathan cáipéisí beartais ag deireadh na nóchaidí.

Díríonn Straitéis Taighde CECDE (CECDE, 2003a) ar an ardchaighdeán agus ba cheart go ndéanfar níos mó chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí an Iniúchta ar Thaighde faoi mar a leagtar amach thuas. Mar chéad chéim chun an NFQ a fhorbairt, tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin le raon leathan lucht leasa ECCE a bhain leis an ardchaighdeán a shainmhíniú, a mheas agus tacú leis. Tugann ***Ard-Chaighdeán Faoi Chaibidil*** (CECDE, 2004b) tuairimí beagnach 400 cleachtóir maidir leis an ardchaighdeán a shainmhíniú, a mheas agus tacú leis, tuairimí a nochtadh ag sraith seimineár comhairleach náisiúnta ag deireadh 2003. Maidir le dearcaí rannpháirtithe, cleachtóirí, múinteoirí, tuismitheoirí, taighdeoirí, lucht déanta beartais, múinteoirí naíonán agus lucht gairmiúil sláinte ina measc, réitíonn siad le go leor de na cáipéisí beartais agus cleachtais atá luaite san athbhreithniú seo.

Chomh maith leis sin, tá athbhreithniú idirnáisiúnta déanta ar an ardchaighdeán i roinnt dlínsí, ***Making Connections, A Review of International Policy, Practice and Research Relating to Quality in Early Childhood Care and Education***, a bhfuil go leor conclúidí tábhachtacha i dtaobh chomhthéacs na hÉireann ann (CECDE, Le foilsiú B). Beidh tionchar leanúnach ag na piléir thaighde seo ar bheartas CECDE fad is a leanfaimid lenár ndualgas oibre i dtaobh forbartha an NFQ.

6.2 1990 - 1998

Go traidisiúnta, dhéanadh an DES coimisiúnú ar thaighde chun meastóireacht a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt dá dtionscnaimh oideachais luathóige. Is ag an ERC den chuid is mó a bhíodh an tasc tabhairt faoin gcineál seo taighde agus tá maitheas mhór déanta acu maidir le cur leis an gcorpas eolais i dtaobh oideachas na hÉireann.

Bunaíodh an ERC ar champas Choláiste Phádraig, Baile Átha Cliath, i 1966. Is é an taighde atá ábharthach i dtaobh cheist an ardchaighdeáin in ECCE go príomha ná meastóireacht ar thionscnaimh agus cláir nua a dhéanamh. Áirítear orthu sin meastóireacht ar an Rutland Street Project, Breaking the Cycle, Early Start agus Scéim HSCL. Cé nach ndíríonn aon cheann acu ar shaincheisteanna an ardchaighdeáin, cruthaíodh gach tionscnamh chun tionchar na n-athruithe a iniúchadh, a bhfuil sé curtha in iúl fúthu in áiteanna eile gur tháscairí don ardchaighdeán iad e.g. cóimheasa idir daoine fásta agus leanaí a ísliú. Tá formhór na dtuarascálacha seo curtha san áireamh i ranna roimhe seo agus ciallachais d'fhorbairt an NFQ bainte uatha.

Cuireadh tús leis an ***Rutland Street Pre-school Project*** i 1969 agus is éard a bhí ann ná réamhtheachtaí agus mionsamhail don Early Start Pilot Project. Níor cuireadh meastóireacht an tionscnaimh san áireamh toisc go ndearnadh an bhunmheastóireacht sular tosaíodh ar an athbhreithniú seo (Holland, 1979). I 1993 áfach, d'fhill an ERC ar an Rutland Street Project le hiarobair a reáchtáil ar fhobairt oideachais na mac léinn a ghlac páirt sa chéad chúig bliana den chlár. Cé nach ndéanann an tuarascáil seo trácht ar chineál an Tionscadail ach díríonn sí ar fhorbairt na rannpháirtithe, mar sin féin déantar athdhearbhú ar bhailíocht leanúnach roinnt torthaí bunaidh e.g. tábhacht chriticiúil rannpháirtíocht tuismitheoirí agus an phobail níos leithne agus an gá atá ann le leanúnachas agus comhordú idir an réamhscoil agus an bhunscoil.

Sa bhliain chéanna le hathdhearbhú an Rutland Street Report, chuir an Association for the Welfare of Children in Hospital (Ireland) – a nglaotar Children in Hospital Ireland anois air – tuarascáil faoin suirbhé ***Play for Child Patients in Irish Hospitals*** (Association for the Welfare of Children in Hospital [Ireland], 1993) ar fáil. Níl an tuarascáil seo dírithe ar an ardchaighdeán go príomha agus tagraíonn na breathnuithe tríd is tríd do ghanntanas deiseanna spraoi sna hospidéil i gcoitinne. Ina ainneoin sin, tá sí úsáideach i dtaobh cabhrú linn tuiscint a fháil ar na cineálacha deiseanna spraoi a bhí ar fáil in ospidéil ag an am sin, de bhua na dtuairimí agus na moltaí ar na deiseanna srianta a bhí ar fáil. Tharraing na saincheisteanna seo aird ar an ngá le foireann atá cáilithe go cuí, le spás leordhóthanach, trealamh agus ábhair, beartais agus treoirlínte soiléire, cláir ghníomhaíochtaí pleanáilte le bheith oiriúnach d'aoiseanna agus staideanna faoi leith.

Reáchtáil O'Flaherty *et al.* (1994) Evaluation of St. Audeon's Parent Preschool Health Promotion Project, lonnaithe i gceantar faoi mhíbhuntáiste i mBaile Átha Cliath. Dhírigh sé seo ar chumas léitheoireachta agus cognaíocha, coigeartú sóisialta agus mothúchánach leanaí a ghlac páirt sa thionscadal chomh maith le grúpaí rialaithe. Gné chroílár den thionscadal sin ba ea rannpháirtíocht tuismitheoirí. Áiríonn na torthaí "*...an early rise in the IQ measurement of the children and a subsequent fading within three to four years.*" (O'Flaherty *et al.*, 1994:35). Bhí leanaí ullmhaithe níos fearr chun tús a chur lena scolaíocht fhoirmiúil, áfach, agus an deis acu dul san iomaíocht le leanaí comhaoise a raibh buntáistí níos mó acu.

Príomhchritéir don ardchaighdeán in ECCE ná an curaclam agus i 1995 chuir O'Flaherty meastóireacht de churaclaim an High/Scope, ***Intervention in the Early Years*****,** (O'Flaherty, 1995) le chéile. Anseo, leagann sí amach na dearcaí éagsúla inar féidir breathnú ar an ardchaighdeán, lena n-áirítear:

- Oibrithe Cúraim Leanaí – taithí foirne agus coinníollacha oibre;
- Tuismitheoirí – cé chomh mór is a phléann an tseirbhís lena riachtanais agus lena mianta a chomhlíonadh
- Dearcadh na Seirbhísí Sóisialta – seirbhís chuimsitheach chúraim a sholáthar;
- Leanaí – dearcadh an linbh ar an eispéireas.
- Rialtas/Rialála – dualgas sóisialta agus morálta caighdeáin a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh orthu;
- Dearcadh an bheartais um maoiniú sóisialta – cé chomh mór is atá tacaíocht stáit do chúram leanaí;
- Dearcadh sonrach an chultúir – ardchaighdeán aitheanta i dtéarmaí noirm shóisialta, luachanna, nósanna agus creidimh na ndaoine (O'Flaherty, 1995: 19).

Aithníonn O'Flaherty comh maith gnéithe bonneagair a chuireann le hardchaighdeán cúraim leanaí, lena n-áirítear méid an ghrúpa, cóimheasa idir daoine fásta agus leanaí, oiliúint agus cáilíochtaí, clár pleanáilte, tacaíocht ghairmiúil don fhoireann, rannpháirtíocht tuismitheoirí, áitribh agus trealamh, coinníollacha oibre na foirne agus idirghníomhuithe idir an duine fásta agus an leanbh (O'Flaherty, 1995:20). Is comharthaí iad seo seachas bearta ardchaighdeáin áfach, agus is gá raon táscairí ardchaighdeáin a úsáid agus an t-ardchaighdeán á mheas (O'Flaherty, 1995: 108).

Cé go bhfuil an tuarascáil meastóireachta seo, ***A Window on Early Education in Ireland***, luachmhar, ní thugtar ach faoi chur chuige amháin in ECCE. I 1995 tugadh faoi phíosa suntasach taighde a scrúdaigh réimse fairsing athróga an ardchaighdeáin i réimse leathan timpeallachtaí ECCE. Bhí an IEA Pre-primary Project (1995-1997):

...designed to assess the need for,

> *and utilisation of, early childhood care and educational arrangements, the quality of the child's experience in these settings…* (Hayes *et al.*, 1997:2)

Dá bhrí sin, ba í ceann de thrí aidhm an Tionscadail ná díriú ar an ardchaighdeán agus déantar plé mion ar na deacrachtaí a bhaineann leis an ardchaighdeán a shainmhíniú agus a mheas i gcomhthéacs na hÉireann. Bhí sé seo mar chuid de mhór-imscrúdú trasnáisiúnta agus bhí 396 leanbh bainteach leis an taobh Éireannach den tionscadal. Fuarthas amach ón staidéar go raibh mórdhifríochtaí idir ardchaighdeán eispéiris leanaí ceithre bliana d'aois, ag brath ar an raibh siad ag freastal ar réamhscoil nó timpeallachtaí ranganna naíonán, i dtéarmaí curaclaim, méideanna grúpaí, trealamh agus acmhainní, oiliúint agus cáilíochtaí agus na gníomhachtaí a dhéantar. Scrúdaíodh gnéithe cosúil le tréithe struchtúracha na dtimpeallachtaí, ionchais an mhúinteora agus an tuismitheora, breathnú na leanaí agus na ndaoine fásta agus stádas forbartha an linbh. I measc na dtorthaí bhí níos mó oiliúna i measc múinteoirí ag obair i scoileanna, cóimheasa i bhfad níos ísle idir daltaí agus múinteoirí i dtimpeallachtaí réamhscoile, níos mó trealaimh agus acmhainní i réamhscoileanna agus béim ar scileanna réamhacadúil agus gníomhachtaí sna ranganna naíonán. Ceann de mhórchiallachais an staidéir ná gur lorgaíodh:

> *A national debate about quality early education and the needs of young children is necessary. Such a debate would include parents, managers, practitioners, educationalists, researchers and policy-makers.* (Hayes *et al.*, 1997:114)

6.3 1998 – go n-uige seo

Tar éis 1997, thug earnáil an ECCE faoi shraith de phróisis chomhchomhairle náisiúnta i dtaobh príomhcháipéisí beartais a fhorbairt (féach Roinn 4). Tugadh faoi réimse taighde le tacaíocht a thabhairt do na próisis seo, ach ní i gcónaí a raibh siad foilsithe nó curtha ar fáil don phobal áfach. Go ginearálta, áfach, theastaigh ón taighde staitisticí bunlíne a bhunú i dtaobh réimse agus cineál an tsoláthair seirbhíse agus saincheisteanna foirne, cosúil le leibhéil oideachais agus traenála. Ní raibh taighde maidir le saincheist an ardchaighdeáin in ECCE mar ghné den taighde seo. Mar atá ráite go soiléir i Roinn 4, áfach, ba mhór-shaincheist é an t-ardchaighdeán i bhformhór na gcáipéisí beartais seo.

Léiríonn sé seo go raibh go leor eagraíochtaí neamhreachtúla gníomhach ag iarraidh ardchaigheán a bhaint amach sna seirbhísí, agus go raibh eolas acu ar an infrastruchtúr agus tacaíocht a bheadh riachtanach le cuidiú leis an bpróiseas seo. Thug an idirghníomhaíocht sa phróiseas comhchomhairle seans na saincheisteanna seo a nochtadh agus a thaifeadadh. Dá bhrí sin, i ndáiríre is tuarascálacha taighde iad na cáipéisí beartais a eisíodh maidir leis an ECCE tar éis 1998, agus léiríonn siad na comhthuairimí i dtaobh chineál riachtanach an ardchaighdeáin san ECCE.

Féachadh arís ar na sonraí ón tionscadal IEC a luadh cheana nuair a bhí aois seacht mbliana bainte amach ag na rannpháirtithe agus iad sa chóras bunscoile, ***Seven Years Old: School Experience in Ireland*** (Hayes agus Kernan, 2001). Arís, ba chuid de mhór-imscrúdú trasnáisiúnta é seo agus i gcomhthéacs na hÉireann, bhí 94% de líon iomlán na leanaí ceithre bliana d'aois a bhí ann ag an tús, san áireamh. Léirigh an staidéar gur caitheadh méideanna móra ama (65%) ar na croí-ábhair – Béarla, Gaeilge agus Matamaitic – agus go raibh tionchar diúltach aige seo ar na hábhair eile laistigh den Churaclam Bunscoile (DES, 1999b). Chonacthas freisin go raibh daltaí i

ranganna móra a raibh idir 24 agus 36 dalta iontu, gan ach duine fásta amháin ina n-éineacht i 92% de chásanna. Dhírigh an staidéar ar dhaltaí i scoileanna a bhí ainmnithe a bheith faoi mhíbhuntáiste, mar aon le scoileanna nár ainmníodh a bheith faoi mhíbhuntáiste in aon chor agus fuarthas go raibh difríocht "*...statistically significant...*" i dtaobh chumais chognaíocha, teangeolaíochta, léitheoireachta, mhatamaitice agus eolaíochta i bhfábhar daltaí a bhí i scoileanna nár ainmníodh (Hayes agus Kernan, 2001:66).

Mar atá luaite i ranna roimhe seo, bunaíodh na CCCanna faoin EOCP le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt áiteanna cúraim leanaí ar an ardchaighdeán ina gcuid réigiún. Chun staitisticí bunlíne a bhunú i dtaobh an tsoláthair atá ar fáil, tá cuid de na CCCanna i mbun tabhairt faoi thaighde. Sampla amháin de seo ná an CCC i dTuaisceart Thiobraid Árann ***Information Gathering Exercise*** (North Tipperary CCC, 2002). Thaispeáin an taighde bunlíne go raibh triúr leanaí as deichniúr sa cheantar a bhí bainteach le cineál éigin cúraim leanaí, bhain beirt tuismitheoirí as deichniúr úsáid as feighlithe linbh, seirbhísí seisiúnacha a bhí mar fhormhór na seirbhísí cúraim leanaí bunaithe in ionaid agus bhain an mhóreasnamh soláthair le cúram lae iomláin. Ní thugann an taighde seo aghaidh ar shaincheist chaighdeán na seirbhísí**.** Is dócha gurb í an chúis leis seo ná nár bunaíodh na CCCanna go dtí le déanaí agus tá na cláir leis an ardchaighdeán a fheabhsú á mbunú faoi láthair agus ní bheidh siad réidh don mheastóireacht ar feadh tamaill mhaith eile.

Ina ainneoin seo, tá roinnt CCCanna ag tabhairt faoi thaighde ar shaincheisteanna sonracha a bhféadfaí a rá fúthu go bhfuil baint acu le soláthar an ardchaighdeáin i seirbhísí ECCE. Sampla de shaincheist amháin den chineál seo ná éagsúlacht i riachtanais leanaí a sholáthar. D'fhoilsigh CCC Phort Láirge ***Children, Diversity and Childcare*** (Rush, 2003). Cuspóir an staidéir ná "*...to research to what extent childcare provision in the city was meeting the needs of the following specific diverse groups; Traveller children, children with a disability, children in gay and lesbian families and refugee and asylum seeker children.*" (Rush, 2003:iii). Léiríonn conclúidí agus moltaí na tuarascála nach bhfuil go leor á dhéanamh ag an soláthar seirbhíse le riachtanais éagsúla leanaí a shásamh. Tá roinnt fachtóirí mar chúis leis an scéal seo, lena n-áirítear ganntanas ginearálta soláthar seirbhísí cúraim leanaí, ganntanas faoi leith i soláthar do leanaí trí bliana d'aois agus leanaí faoi mhíchumas agus gá sonrach le seirbhísí comhtháite a chur ar fáil do leanaí ón Lucht Siúil. Chomh maith leis sin, léiríodh go raibh gá do thuismitheoirí a bheith níos rannpháirtí ná mar atá siad anois chun gur féidir ardchaighdeán a bhaint amach i soláthar seirbhíse.

Tá na NVCOnna agus eagraíochtaí eile pobail agus deonacha an-ghníomhach le cúpla bliain anuas agus tá méid mór foilseachán i dtaobh an ardchaighdeáin curtha ar fáil acu (féach Roinn 5). Gan dabht, bunaíodh na foilseacháin seo ar go leor taighde agus léirmheas litríochta. Is beag taighde foilsithe atá ar fáil ar shaincheist shonrach an ardchaighdeáin san ECCE i gcomhthéacs na hÉireann, áfach. Eisceacht amháin leis seo ná foilseacháin an IPPA ***Child's Play – An Exploration into the Quality of Childcare Processes*** (Carswell, 2002). Déanann sé seo cur síos ar shuirbhé bhallraíocht an IPPA chun *"...assess the experiences of childcare providers/workers in an attempt to examine everyday pedagogic practices with specific focus on the providers subjective interpretation of play and learning within the context of early childhood education and care."* (Carswell, 2002:3). In ainneoin an líon íseal iarrthóirí a thug faoin suirbhé, rud a léiríonn cé chomh deacair is atá sé tabhairt faoin taighde in earnáil an ECCE in Éirinn,

cuireann an tuarascáil in iúl go bhfuil an t-ardchaighdeán i gcúram leanaí ag brath ar an gcleachtas laethúil i ngach timpeallacht cúraim leanaí. Déanann sé an argóint nach mbeidh tionchar éifeachtach ag caighdeáin cáilíochta ar thaithí na leanaí go dtí go bhfuil cineál an "*everyday"* (Carswell, 2002:4) bunaithe agus aghaidh tugtha ar na cleachtóirí ag leibhéal an chleachtais "*everyday"* seo. Thug an píosa taighde seo léargas ar ghnáthchleachtais i dtimpeallachtaí cúraim leanaí agus cé gur léiríodh go raibh go leor a bhí dearfach faoi imní dháiríre daoine fásta i dtaobh folláine leanaí, bhí roinnt ábhar imní mar gheall ar an dearcadh forleathan go bhfuil an leanbh *"... needy and dependent..."* (Carswell, 2002:8).

> *Although the organisation of the everyday is based on a child centred ethos, the overwhelming view of the child as being needy presents difficulty for the pro-child ideology*. (Carswell, 2002:22)

Is é tátal na tuarascála ná go gcaithfidh bearta forbartha an ardchaighdeáin iarracht a dhéanamh, "*... to limit the extent of this contradiction."* (Carswell, 2002:23). Moltar go mbainfí é seo amach trí "*..pedagogic reflexivity...*" i gcleachtas a chur chun cinn (Carswell, 2002:24).

Mór-shaincheist an ardchaighdeáin ná fáil ar seirbhísí agus in 2003 thug Bord Sláinte an Tuaiscirt faoi phíosa taighde, ***A Consultation Report on Access to Care and Education Services for Pre-School Age Children with a Disability in North County Dublin***. Mar aon le tuarascálacha eile, níor aithníodh an t-ardchaighdeán mar shaincheist ar leithligh agus ar leith; ach arís leagann na moltaí béim ar shaincheisteanna a bhféadfaí féachaint orthu mar chritéar don ardchaighdeán. Seo iad a leanas iad:

- An tábhacht a bhaineann le haithint agus le hidirghabháil luath, an gá le comhordú agus pleanáil na seirbhísí:
- An gá le foireann ghairmiúil atá cáilithe go cuí;
- Tábhacht faisnéise, eolais agus tacaíochta do na tuismitheoirí (Bord Sláinte an Tuaiscirt, 2003).

6.4 Acadóirí ar leithligh 1990-2004

Tá líon áirithe daoine i gceannas freisin ar **réimse cáipéisí taighde** i gcomhthéacs na hÉireann. Tugann ***Childcare in Ireland: Challenge and Opportunity***, dearcadh stairiúil ar theacht chun cinn an ardchaighdéain agus an chomhionnanais (McKenna, 1990). I measc go leor saincheisteanna eile cosúil leis an ngá atá le rannpháirtíocht níos mó i measc ban sa líon lucht oibre, meastar caighdeán seirbhísí a bheith riachtanach chun mná a mhealladh isteach sa mhargadh saothair:

> *The issue of quality care for her child affects the equality of opportunity for the mother and women will not have genuine equality of opportunity until they have a quality alternative to their own care.* (McKenna, 1990:18)

Cuireann Gilligan (1991) forléargas cuimsitheach ar fáil de ***Irish Childcare Services: Policy, Practice and Provision***, ag díriú ar shaincheisteanna leasa agus cosanta go háirithe. Anseo, luaitear ardchaighdeán seirbhísí mar shaincheist i gcomhthéacs na hÉireann, mar nach raibh rialáil ar seirbhísí réamhscoile ann ag an am. Ina theannta sin, dearbhaíonn Gilligan an tábhacht a bhaineann leis an ardchaighdeán a bhaint amach laistigh de sheirbhísí má tá tionchar inmhianaithe do leanaí le bheith acu.

> *For those concerned with child welfare, the battle for the quality of day care for the pre-school child*

> *must be fought hard.* (Gilligan, 1991:142)

Luann Hayes (1995:12-13), ina foilseachán, ***The Case for a National Policy on Early Education***, an chastacht, ach an riachtanas, a bhaineann le sainmhíniú a dhéanamh ar ghnéithe níos neamhfheiceálaí agus níos doláimhsithe an ardchaighdeáin in Éirinn:

> *While it may be a difficult task to legislate for or assess such quality criteria, they must be discussed and detailed if effective early education, that will impact positively on the later educational experiences of children, is to be provided.*

Aithníonn ***Quality in Early Education*** an chastacht a bhaineann leis an ardchaigheán a shainmhíniú i gcomhthéacs na hÉireann, ach dearbhaíonn sé "*...this should not excuse us from trying to identify elements in provision that are crucial to quality*." Hayes (1996:3). Arís, luaitear na heilimintí níos neamhfheiceálaí agus níos dinimiciúla den ardchaighdeán, ar nós idirgníomhíochtaí idir an duine fásta agus an leanbh, mar na heilimintí is tábhachtaí, agus go deimhin na heilimintí is deacra le haithint agus le meas (Hayes, 1996:5). Críochnaíonn Hayes trí thrí phríomhréimse a bhaineann leis an ardchaighdeán agus gur ghá athbhreithniú a dhéanamh orthu, a lua:

- Strúchtúir – comhordú idir an deighilt thraidisiúnta idir cúram leanaí agus oideachas luathóige;
- Oiliúint – don fhoireann go léir a bhíonn ag plé le leanaí óga, ag leibhéal réamhsheirbhíse agus inseirbhíse;
- Curaclam – iomlán riachtanais an linbh a chur san áireamh (Hayes, 1996:9-10).

Scrúdaíonn Hayes (1999a) éifeacht an churaclaim agus cur i bhfeidhm curaclaim chaighdeán na seirbhísí, ***Partnership in Curriculum Development***. Dírítear ar ról na sochaí, tionchar tuismitheoirí agus ról oideachasóirí sa churaclam a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Déanann Hayes (1999a:17) tátal "*...in the early years settings the curriculum is more than a statement of goals or desirable outcome; it is a process intimately associated with practice.*" Dá bhrí sin, ba cheart don churaclam eascairt ón gcleachtas, ó "*...loose curricular guidelines that allow for the curriculum to emerge...*" agus a bheith faoi thionchar ag na hidirgníomhuithe laethúla idir an duine fásta agus an leanbh, seachas curaclam forordaithe a leanúint (Hayes, 1999a:17).

Filleann Hayes ar ábhar an ardchaighdeáin go gairid i ***Children's Rights – Whose Right?*** (Hayes, 2002). Arís, lonnaítear an t-ardchaighdeán i lár an phróisis cúraim leanaí, is cuma an laistigh den teaghlach nó i suíomh ar bith eile é. Ina theannta sin, is gá an dearcadh a bheith ann gur ar leasanna na leanaí seachas aon leasanna eile a bheadh in iomaíocht leo a bhíonn an t-ardchaighdeán dírithe.

> *It would focus on the quality of the provision for all children rather than addressing childcare as a service for parents who wish to, or need to, return to the labour market.* (Hayes, 2002:71).

Rinne Duignan (1997) staidéar ar na fachtóirí a chuireann isteach ar roghanna tuismitheoirí i dtaobh cúraim leanaí do leanaí óga, ***Choosing Childcare***. D'aithin tuismitheoirí cúig phríomhfhactóir a bhí sárthábhachtach agus cúram leanaí á roghnú, mar atá, sláinteachas, spás, oiliúnt/taithí foirne, gaol idir an fhoireann agus na tuismitheoirí agus idirgníomhuithe idir an fhoireann agus na leanaí (Duignan, 1997:28). Ina theannta sin, luann Duignan (1997:29) an pointe suimiúil "*...none of the parents referred to educational opportunities, reliability, food/nutrition or trust as factors in their choice.*" Dá bhrí sin, tá athdhearbhú déanta ar an ngá le dearcaí difriúla tuismitheoirí ar an ardchaighdeán a aithint.

Scrúdaigh Hearns (1998) ***The Impact of Training on Workers in Early Childhood Education*** i ndiaidh bonnchúrsa i gcleachtas spraoighrúpa. Thug an staidéar seo faoi deara gur bhain an líon iomlán a thug faoin oiliúint marc níos fearr i dtaobh gaolmhaireachtaí dearfacha agus dícheangail, i gcomparáid le grúpa rialaithe. Tríd is tríd, is é tátal Hearns (1998:61) ná:

> *The results indicate that the completion of a 120 hour training program resulted in higher levels of caregiver sensitivity and higher levels of children's development.*

Thug Hennessy agus Delaney (1999) faoi staidéar ar oiriúnacht ***Using the Early Childhood Environment Rating Scale in Ireland*** chun táscairí ardchaighdeáin domhanda a mheas. Forbraíodh an scála sna Stáit Aontaithe agus meastar timpeallachtaí ar raon critéar a bhfuil baint acu le saintréithe an ardchaighdeáin. Tugtar faoi deara go bhfuil *"...considerable debate in Ireland on what constitutes quality in early childhood services and how such quality can be achieved in the best interests of children, parents and child care workers."* (Hennessy agus Delaney, 1999:14). Tar éis staidéir ar úsáid ECERS i dtimpeallachtaí éagsúla, is é tátal Hennessy agus Delaney (1999:24) ná, *"...ECERS yields reliable observations in a range of different pre-schools in Ireland."* Luadh áfach, gur fiú aird a thabhairt ar fhachtóirí faoi leith ar nós éagsúlachtaí cultúir agus an t-ardchaighdeán a léirmhíniú, agus na cineálacha seirbhísí a bhaineann úsáid as ECERS.

Chuir Douglas *et al.* (2000) **Project EYE. An Irish Curriculum for the Three to Four Year Old Child**, le chéile trí staidéar ar thaithí agus ar shaineolas na gcleachtóirí. An aidhm a bhí ann ná:

> *Through encouraging practitioners to identify, question and share the principles which inform their practice, it was hoped that the overall aim of raising the quality of that practice for all, would be realised.* (Douglas *et al.*, 2000:5)

Dhírigh tionscadal EYE ar chur chuige phróisis an churaclaim seachas an táirge, agus an-bhéim á leagan ár modhanna foghlama a fhoghlaim. Dhírigh sé ar fhorbairt an linbh mar eispéireas iomlánaíoch agus cé go ndearna sé idirdhealú idir réimsí forbartha leis an gcuraclam a chur i láthair, dhearbhaigh sé go raibh gaol idir gach eilimint agus nach bhféadfaí iad a scarúint. Déantar plé ar na réimsí seo a leanas:

- Forbairt spioradálta agus mhorálta
- Forbairt fhisiciúil
- Forbairt chognaíoch
- Forbairt chruthaitheach
- Forbairt teanga
- Forbairt shóisialta
- Forbairt chultúir
- Feasacht faoin gcomhshaol agus an t-oideachas forbartha (Douglas *et al.*, 2001).

Rinne Horgan and Douglas (2001) anailís ar mhéid áirithe tionscadal taighde a bhí dírithe ar thimpeallachta na mblianta luatha, ***Some Aspects of Quality in Early Childhood Education***. Áiríodh sa staidéar rang naíonán, scoil Montessori, spraoighrupa pobail, rang naíonán i nGaelscoil agus timpeallacht Naíonra. Rinneadh anailís ar na tuairimí a tháinig chun cinn sna timpeallachtaí seo ar son gnéithe ar nós dúshlán cognaíoch, teangeolaíoch agus sóisialta leanaí. Is é tátal Horgan agus Douglas (2001:138) ná "*...the pursuit of quality in early years education and care has been stymied and stultified by several factors.*" Don earnáil dheonach, ina measc siúd tá easpa comhordú idir ranna rialtais agus na soláthróirí difriúla, an easpa oiliúna agus gan maoiniú leordhóthanach a bheith ar fáil. Freisin, tá bac curtha leis an ardchaighdeán a bhaint amach san earnáil

fhoirmiúil mar gheall ar shrianta comhshaoil cosúil le spás neamh-leordhóthanach, cóimheasa arda idir daoine fásta agus leanaí agus dearcaí diúltacha (Horgan agus Douglas, 2001:139).

Tugtar léirmheas ar an bPáipéar Bán, *Ready to Learn* (McGough, 2001) in ***Educational Provision for Preschool Children***. Tarraingíonn sí aird faoi leith ar mhinicíocht na dtagairtí sa Pháipéar Bán don ardchaighdeán mar phrionsabal treorach agus gné shonrach den oideachas luathóige. De réir McGough tá sé sárthábhachtach breathnú ar an ardchaighdeán ó dhearcadh an linbh de, "*...quality of educational provision will be constituted in different ways for different children according to the imperative to meet individual children's needs*." (McGough, 2001:3) Déantar tagairt do chúiseanna imní eile i dtaobh an tiomantais don ardchaighdeán sa Pháipéar Bhán, go háirithe i gcás grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste nó go bhfuil riachtanais speisialta acu, agus críochnaíonn McGough agus í ag súil:

> *...this body (the Early Childhood Education Agency) will pursue the principle of quality in the context of whether and how the system can meet the children's needs, rather than proposing to map the children's needs on to the existing, wholly inadequate system.* (McGough, 2001:12)

Thug Murphy (2001) taighde cainníochtúil agus cáilíochtúil ar ***Parental Involvement in Early Years Education and Care in the Cork Area*** chun críche. Fuair an taighde amach go raibh baint níos lú ag na tuismitheoirí le timpeallachtaí ranganna naíonán agus nach minic in aon chor a bhí fíor-chomhpháirtíocht i seirbhísí ECCE. Dúirt Murphy (2001:306), áfach:

> *One of the hallmarks of a quality early years education service is that it works in partnership with parents to provide an environment in which children can develop to their fullest potential, and in partnership with all the other services which impinge on the life of the young child.*

Scrúdaigh Bernard (2002) an t-ardchaighdeán agus fócas ar chustaiméirí i seirbhísí luathchúraim leanaí, ***On the Journey to Quality***. Reáchtáladh agallaimh leis na bainisteoirí seirbhísí bunaithe ar shé mhórthéama: an t-ardchaighdeán, iniúchadh agus creatlacha ardchaighdeáin, tionchair agus gréasáin, ról an bhainisteora, na custaiméirí agus acmhainní daonna, fad is a rinneadh suirbhé ar sholáthróirí cúraim leanaí i Maigh Eo. Mar fhocal scoir, lorgaíonn Bernard (2002:112*) "...a strategic and cross-sectoral approach to quality, incorporating a strong client focus..."* Táthar ag plé le go leor de na moltaí eile mar chuid de Chlár Oibre an CECDE (CECDE, 2001), forbairt creat ar ardchaighdeán do sheirbhísí ECCE ina measc.

Thionóil OMEP Éire comhdháil bhliantúil in Éirinn ón mbliain 2002 agus foilsítear imeachtaí na comhdhála seo gach bliain. Tugann an-chuid de na cuir i láthair eolas ar staidéir taighde iarchéime atá tugtha chun críche agus atá leanúnach in Éirinn. Áirítear orthu seo réimse leathan ábhar taighde ar gach gné den ECCE in Éirinn. Díreoidh an roinn seo, áfach, ar roinnt díobh go bhfuil baint dhíreach acu leis an ardchaighdeán.

De réir Murphy (2002), ***Rethinking Parental Involvement in Early Years Education and Care***, is tréith lárnach den ardchaighdeán in ECCE rannpháirtíocht tuismitheoirí, go háirithe i gcás na bpáistí atá faoi mhíbhuntáiste. I gceantar Chorcaí, scrúdaigh Murphy rannpháirtíocht tuismitheoirí i réimse timpeallachtaí, agus thug sí faoi deara go raibh tionchar diúltach ag líon na mban

fostaithe agus an fás a bhí ar ghairmiúlacht na hearnála, i measc fachtóirí eile, ar leibhéil rannpháirtíochta tuismitheoirí. Críochnaíonn sí ag aithint go bhfuil foirmeacha traidisiúnta rannpháirtíochta tuismitheoirí ag síorathrú agus nach mbeifí in ann comhpháirtíocht tuismitheora a bhaint amach ach trí dhíograis na foirne agus na dtuismitheoirí, agus nuair a bheadh am agus acmhainní leordhóthanach ar fáil (Murphy, 2002:134).

Scrúdaigh Martin agus Fitzpatrick (2002) comhpháirtíocht tuismitheora i dtimpeallachtaí luathbhlianta freisin i ***Parents as Partners in Early Years Services in Ireland***. Mar chuid de seo, baineadh úsáid as breathnuithe, ceistneoirí agus agallaimh dhoimhne le tuismitheoirí agus foireann i nach mór 200 timpeallacht i gceantar Bhaile Átha Cliath. Dhírigh Martin agus Fitzpatrick ar bheartais a raibh baint acu le rannpháirtíocht tuismitheora, rannpháirtíocht i strúchtúir bhainistíochta, suíomh do rannpháirtíocht tuismitheora, dearcaí tuismitheoirí agus dearcaí agus ionchais na foirne. Is é tátal an staidéir ná gurb iad na nithe is mó a bhí ag cur baic leis an rannpháirtíocht ná easpa ama, easpa deise a bheith rannpháirteach agus an mothú go raibh na gníomhaíochtaí ina raibh siad rannpháirteach *"...staff directed and not characterised by a sense of partnership or mutual understanding."* (Martin agus Fitzpatrick, 2002:151).

Chuir O'Kane agus Kernan (2002) páipéar i láthair a rinne cur síos ar ***Study of the Impact of the Child Care (Pre-school Services) Regulations (1996) on the Quality of Early Childhood Services in Ireland*** , staidéar a bhfuil sé i gceist acu tabhairt faoi. An rud a bheadh i gceist leis an bpróiséas seo ná ceistneoirí a eisiúint do 54 timpeallacht in oirthear na hÉireann, mar aon le tabhairt faoi bhreathnuithe cáilíochtúla i sampla timpeallachtaí níos lú. Faightear léargas ar chaighdeán seirbhísí, sular tugadh isteach na rialacháin, ó Thionscadal Réamh-Bhunscoile IEA a reáchtáladh i 1994. Sa tionscadal seo, déantar anailís ar an díospóireacht faoin gcineál gaoil atá ann idir rialachán agus ardchaighdeán, agus leagtar amach scála ama an taighde.

Leagann O'Kane (2004:8) amach torthaí staidéir O'Kane agus Kernan (2002) atá luaite cheana, ***The Impact of the Child Care (Pre-school Services) Regulations (1996) on the Quality of Early Childhood Services in Ireland***, agus is é an tátal aige ná "*...Generally speaking improvements were found in the quality of the structural characteristics examined in the present study as compared to that of the original study*." Áirítear orthu seo feabhas a chur ar oiliúint agus ar cháilíochtaí, ar chóimheasa idir daoine fásta agus leanaí, ar threalamh agus acmhainní agus ar choimeád taifead. Fuarthas ó na breathnuithe go raibh feabhas tagtha ar idirghníomhuithe idir an duine fásta agus an leanbh, ní hamháin go raibh "*...giving/receiving academic type information",* san áireamh ag an bhfoireann "*but also include offering choices to the child, encouraging the child's activities and providing assistance or clarification*." (O'Kane, 2004:17). Tharla roinnt de na feabhsuithe mar thoradh díreach ar na rialacháin, agus tuigtear freisin gur chuir leibhéil fheabhsuithe oiliúna le heilimintí áirithe den ardchaighdeán feabhsuithe a chonacthas.

Déanann Corbett (2004) cur síos ar ábhar agus oibríochtaí an ***NCNA Centre of Excellence Award: The Contribution to Quality***. Déanann Corbertt cur síos ar chastacht an ardchaighdeáin a shainmhíniú agus a thomhas sna seirbhísí, go háirithe na heilimintí atá níos dinimiciúla agus níos neamhfheiceálaí. Aithníodh deich bpríomhghné maidir leis an ardchaighdeán:

1. Gníomhaíochtaí agus cláir do leanaí;
2. Gaolmhaireachtaí sa naíolann;
3. Comhpháirtíocht le teaghlaigh;
4. Sláinte, sábháilteacht agus sláinteachas;
5. Coinníollacha foirne agus forbairt

ghairmiúil;
6. An timpeallacht fhisiciúil;
7. Bia agus cothú;
8. Bainistíocht agus riarachán;
9. Cur i ngníomh beartas agus nósanna imeachta;
10. Meastóireacht agus athbhreithniú ar an naíolann (Corbett, 2004:255).

Leagtar amach próiséas tacaíochta agus meastóireachta na seirbhísí atá rannpháirteach sa thionscnamh agus léirítear go bhfuil na réamhthorthaí dearfach. Tuigeann Corbett (2004:263) áfach, gur rud forásach é an t-ardchaighdeán agus gurb atá ar siúl ag an CEA ná "*...developing and growing work in progress*."

Déanann Daly (2004) cur síos ar oibríochtaí an ***Community Playgroup Initiative 2001-2004***, a bunaíodh chun cur le hardchaighdeán soláthair i spraoighrupaí an phobail. Déantar anailís ar chastacht an ardchaighdeáin a shainmhíniú agus na dearcaí éagsúla ónár féidir féachaint air agus ar son an taighde seo déantar scrúdú ar idirghníomhuithe idir an duine fásta agus an leanbh sa timpeallacht, an fhoireann, an bhainistíocht, an timpeallach fhisiciúil, rannpháirtíocht tuismitheora agus comhcheangal le daoine eile go háirithe. Chuige sin, cuireadh béim faoi leith ar "*...training, planning, monitoring and the development of reflective practice*." (Daly, 2004:269). Beidh tuarascáil dheireanach an tionscnaimh le fáil in 2005.

Chuir Walsh (2004) ***Iniúchadh ar Thaighde in Éirinn maidir le Cúram agus Oideachas na Luath-Óige 1990-2003*** ar fáil. Ag an bpointe seo sa taighde, bhí 1,097 píosa taighde aitheanta agus aicmithe laistigh d'aon cheann déag de réimsí téamacha. Toradh suntasach amháin ar an iniúchadh taighde seo ná an ganntanas taighde i dtaobh an ardchaighdeáin i gcomhthéacs na hÉireann a fheiceáil, nárbh ionann é ach 54 foilseachán as 1,097 san iomlán. Bhí baint ag an easpa taighde i dtaobh an ardchaighdeáin le "*..quality indicators or the evaluation of the more intangible and dynamic elements of quality*." (Walsh, 2004:312).

Ciallachais don Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán - Forbairtí Taighde

1. Ní leor an bonn taighde i dtaobh ardchaighdeáin san ECCE in Éirinn atá ann faoi láthair le bonn maith follasach d'fhorbhairt bheartais agus chleachtais amach anseo a chur ar fáil.
2. Beidh sonraí an-luachmhar d'fhorbairt bheartais agus chleachtais amach anseo le baint amach mar thoradh ar an bhfáil atá ar mhaoiniú ar son thaighde agus cleachtas an ardchaighdeáin a chur ar bun in ECCE in Éirinn ó 2000 ar aghaidh.
3. Ar an gcaoi chéanna, cuirfidh an fás tapa ar staidéar iarchéime san ECCE ar bhealach dearfach leis an gcorpas eolais i dtaobh an ECCE i gcomhthéacs na hÉireann.
4. Tá baol ann, de bharr nach scaiptear taighde, beartas agus cleachtas ECCE, go gcuirfí bac le forbairt earnáil an ECCE amach anseo.
5. Tá poitéinseal láidir ag an infrastruchtúr náisiúnta a chuireann na CCCanna, na hIonaid Oideachais agus na NVCOanna ar fáil cabhrú le taighde, beartas agus cleachtas an ECCE a scaipeadh.
6. Tá na gníomhaireachtaí sin i mbun meastóireachta agus taighde faoi láthair, rud a thabharfaidh sonraí luachmhara d'fhorbairt earnáil an ECCE amach anseo.

7. Tacaíonn an taighde atá déanta cheana ag eagraíochtaí agus acadóirí ar leithligh le bailíocht táscairí an ardchaighdeáin ar nós cóimheasa ísle idir daoine fásta agus leanaí, rannpháirtíocht tuismitheoirí, foireann atá cáilithe go cuí, timpeallachtaí le acmhainní maithe, beartais agus nósanna imeachta soiléire, inrochtain, meas ar an éagsúlacht agus bainistíocht a bhfuil na scileanna riachtanacha acu.
8. Léiríonn an taighde an gá atá ann le cearta leanaí a bheith mar bhunús le cur chuige cur ar fáil an ECCE, an gá le huirlisí a fhorbairt chun an ardchaighdeán a mheas, uirlisí atá oiriúnaithe do chomhthéacs stairiúil agus cultúir an ECCE in Éirinn, an gá le gníomhaireacht amháin chun an fhorbairt go léir in earnáil an ECCE a chomhordú, agus an gá le maoíniú leanúnach fadtéarmach.
9. Chuir an taighde is déanaí (go háirithe an taighde a tháinig ó na CCCanna) táscairí saincheisteanna ar fáil, ar gá tabhairt fúthu agus seirbhísí ardchaighdeáin ECCE á gcur ar fáil. Áirítear orthu sin: léibhéil ísle soláthair seirbhíse do leanaí faoi aois trí bliana d'aois, rialachán um fheighlíocht linbh, léibhéil ísle oiliúna foirne i dtimpeallachtaí ECCE, stádas íseal chleachtóirí ECCE, ganntanas seirbhísí do leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta agus neamhleorgacht ginearálta an tsoláthair seirbhísí san ECCE do leanaí agus riachtanais éagsúla teaghlaigh.

Roinn 7

Tátail agus Moltaí

Thug an tuarascáil seo faoi athbhreithniú a dhéanamh ar litríocht na hÉireann faoi na ceannteidil taighde, beartas agus cleachtas a bhaineann leis an ardchaighdeán i seirbhísí ECCE do leanaí ó aois a mbreithe go sé bliana in Éirinn. Ba é príomhchuspóir an tionscnaimh seo ná na ciallachais a bheadh ann d'fhorbairt an NFQ a bhaint amach. Sa roinn seo tá na ciallachais grúpáilte faoin gceannteideal ciallachais ghinearálta, agus ansin faoi cheannteidil a bhaineann leis an ardchaighdeán a shainmhíniú, an t-ardchaighdeán a mheasúnú agus tacú leis an ardchaighdeán. Déantar moltaí ag deireadh na roinne bunaithe ar mhionscagadh na gciallachas.

7.1 Ciallachais Ghinearálta

Léiríonn an t-athbhreithniú ar chomhthéacs stairiúil an ardchaighdeáin in ECCE in Éirinn nach raibh seirbhísí luathóige mar chuid de cháipéisí beartais ar bhealach suntasach go dtí deireadh na 1980idí, agus nach raibh an t-ardchaighdeán mar chuid den phlé teoranta sin.

Tá go leor dearcaí ann faoi ról an ECCE in Éirinn. Áirítear orthu sin:

- ECCE mar shásra chun comhionannas rochtana a chothú ar an líon lucht oibre do mhná agus dá bhrí sin, tacaíocht d'fhorbairt an gheilleagair;
- ECCE mar shásra chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil nó le heisiamh sóisialta; agus
- ECCE mar thacaíocht riachtanas d'fholláine agus d'fhobairt leanaí.

Léirítear na dearcaí éagsúla sin i gcáipéisí

beartais náisiúnta agus i dtionscnaimh chláir, agus bíonn ceannas ag an dá cheann is luaithe go traidisiúnta.

I litríocht a foilsíodh le déanaí, éilíodh aitheantas níos mó a thabhairt don iliomad buntáiste ECCE a bhaineann le ECCE do leanaí, do theaghlaigh agus don tsochaí tríd is tríd. Éilíonn an dearcadh sin, a dhearbhaíonn cearta an linbh ar sheirbhísí ECCE, beartas náisiúnta a léiríonn an stádas sin ar bhealach níos cruinne. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go gcomhlíonfadh an NFQ an coinníoll sin.

I dteannta dearcaí éagsúla faoi ról ECCE, tá go leor tuairimí ann faoi cad is ardchaighdeán ann in ECCE. Féachtar ar an ardchaighdeán i ndáiríre mar choincheap atá suibiachtúil, dinimiciúil agus forásach. Éileoidh sé sin go mbainfeadh go leor solúbthachta leis an NFQ chun freastal ar raon leathan cur chuige i leith soláthar seirbhíse ardchaighdeán.

In ainneoin an ráitis thuas, tá comhaontú láidir ann faoin tábhacht a bhaineann lena chinntiú go gcuirtear seirbhís ECCE ar ardchaighdeán ar fáil in Éirinn. Creideann formhór an luchta leasa an méid sin agus is cuid den dearcadh é gur féidir le seirbhísí ECCE ar dhroch-chaighdeán tionchar diúltach a bheith acu ar leas agus ar fholláine leanaí.

Is éard atá le baint as an ráiteas sin ná roinnt tátal sonrach a bhaineann leis an ardchaighdeán a shainmhíniú, a mheas, agus tacú leis agus déileálfar leo sin ar bhealach níos mine sna ranna ina dhiaidh seo. Is féidir roinnt tátal ginearálta a lua, áfach, lena n-áirítear:

- Ní chinnteoidh rialáil leis féin ardchaighdeán.
- Is riachtanas don todhchaí é córas clárúcháin náisiúnta do gach soláthróir ECCE.
- Baineann neamhdhaingneacht faoi thacaíochtaí fadtéarmacha don ECCE in Éirinn an bonn faoi thionscnaimh um fheabhsú an ardchaighdeáin i gcónaí.
- Is réamhriachtanas é tiomantas polaitiúil do thacú le cearta leanaí chun a chinntiú go gcuirtear ardchaighdeán i bhfeidhm i dtaca le seirbhísí ECCE.
- Tá taighde leanúnach in ECCE i gcomhthéacs na hÉireann riachtanach chun an t-ardchaighdeán a bhaint amach.

Maidir leis an NFQ, tá imní ann an féidir le go leor de na tionscnaimh reatha a bunaíodh laistigh den earnáil ECCE pointe tagartha a bhaint amach agus an féidir iad a chreidiúnú, fiú, laistigh den NFQ. Léirítear imní shoiléir faoi dhúbláil, faoi mhearbhall agus faoi easnaimh ó thaobh soláthar clár um fheabhsú an ardchaighdeáin agus soláthar seirbhíse ar ardchaighdeán de. Ba chóir don NFQ iarracht a dhéanamh na cúiseanna imní sin a mhaolú agus soiléireacht agus leanúnachas a chinntiú i ngach cur chuige i leith soláthar seirbhísí ECCE ar ardchaighdeán.

7.2 Ardchaighdeán a Shainmhíniú

Is féidir na conclúidí seo a leanas a dhéanamh ón athbhreithniú ar litríocht maidir leis an ardchaighdeán a shainmhíniú i soláthar sheirbhísí ECCE in Éirinn. Tríd an roinn seo, ní chuirtear na ciallachais agus na moltaí i láthair i bhformáid ordlathach:

- Is coincheap suibiachtúil agus dinimiciúil é an t-ardchaighdeán a bhfuil sé deacair é a shainmhíniú. Bíonn sé ag athrú de shíor agus ní mór féachaint ar an turas i dtreo an ardchaighdeáin mar phróiseas leanúnach seachas mar tháirge.
- Is féidir le lucht leasa difriúil féachaint ar an ardchaighdeán ó dhearcaí éagsúla agus ní mór aon iarracht ar shainmhíniú na ndearcaí difriúla sin a ghlacadh san áireamh.
- Ní mór a aithint gur rud leanúnach atá san ardchaighdeán ag a bhfuil roinnt gnéithe ar féidir oibriú i dtreo iad a bhaint amach ina n-aonair nó le chéile.

- Is táscaire tábhachtach den ardchaighdeán a bhaint amach agus a chothú iad oiliúint agus cáilíochtaí foirne.
- Ní mór do sheirbhísí bheith solúbtha agus uilechuimsitheach chun freastal ar gach gné den éagsúlacht laistigh de thimpeallachtaí, lena n-áirítear difríochtaí cultúir, eitneacha agus teanga.
- Ní mór do sheirbhísí ar ardchaighdeán deiseanna leordhóthanacha spraoi a chur ar fáil do gach leanbh, deiseanna a ghlacann san áireamh aois agus céim forbartha na leanaí sin.
- Baineann an-tábhacht le timpeallacht an linbh chun seirbhísí ar ardchaighdeán a chinntiú. Áirítear ar na gnéithe sin sláinte agus sábháilteacht, an trealamh, ábhair agus acmhainní a bhíonn ar fáil agus an spás chun súgartha, lastigh agus lasmuigh.
- Is gnéithe lárnacha den ardchaighdeán i dtimpeallachtaí ECCE iad rannpháirtíocht tuismitheoirí, teaghlaigh agus an phobail agus ní mór sásra a bhunú do chomhoibriú, naisc agus comhpháirtíochtaí chun an leas is fearr a bhaint as an rannpháirtíocht sin.
- Bíonn tionchar suntasach ag an gcuraclam nó ag an gclár a bhíonn i bhfeidhm sna timpeallachtaí ar an ardchaighdeán a bhaintear amach. Ní mór creat den chineál sin a bheith dea-phleanáilte, solúbtha chun freastal ar riachtanais daoine aonair agus modheolaíochtaí ábhartha a úsáid chun é a chur i ngníomh.
- Cuidíonn struchtúir éifeachtacha bhainistíochta agus ceannaireacht inniúil laistigh de thimpeallachtaí leis an ardchaighdeán a bhaint amach. Is gné thábhachtach iad an oiliúint agus an fhorbairt ghairmiúil leanúnach chun é sin a bhaint amach.
- Is é bun agus barr an ardchaighdeáin in ECCE ná cineál na n-idirghníomhuithe idir *an leanbh agus an duine fásta a tharlaíonn gach lá. Tá tábhacht ag baint le dearcaí na foirne ina leith sin.*
- Imríonn leibhéal na pleanála agus an ullmhúcháin le gach comhalta foirne laistigh de thimpeallachtaí tionchar mór ar chaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil.
- Is gné riachtanach den ardchaighdeán a bhaint amach laistigh de thimpeallachtaí taifid a choinneáil, taifid faoin leanbh agus faoi ghnéithe eile d'obair na timpeallachta freisin.
- Is táscaire tábhachtach don ardchaighdeán é an teacht a bhíonn ag leanaí agus ag a dteaghlaigh ar sheirbhísí, beag beann ar a stádas socheacnamaíoch nó a suíomh tíreolaíoch.
- Cuidíonn beartais agus nósanna imeachta a bheith ann, iad a bheith á gcur i ngníomh agus a bheith faoi athbhreithniú leanúnach leis an ardchaighdeán a bhaint amach laistigh de thimpeallachtaí.
- Is táscaire ríthábhachtach don ardchaighdeán é riachtanais, cumais agus mianta an linbh a chur i gcroílár an tsoláthair laistigh de thimpeallachtaí.

7.3 Ardchaighdeán a Mheas

Tháinig tátail a bhaineann le hardchaighdeán a mheas chun cinn ón athbhreithniú freisin. Bhíothas ar aonfhocal, is léir, faoi na nithe seo a leanas:

- Agus measúnú á dhéanamh ar an ardchaighdeán, ní mór aitheantas a thabhairt do na gnéithe éagsúla a bhíonn i gceist agus ní mór do chóras meastóireachta ar bith dearcaí agus táscairí iomadúla an ardchaighdeáin a ghlacadh san áireamh.
- De bhrí go mbíonn an oiread sin tábhachta ag baint le hidirghníomhuithe idir an leanbh agus an duine fásta ó thaobh an ardchaighdeán a mheas de, is gné lárnach den mheasúnacht é an breathnadóireacht *laistigh de thimpeallachtaí.*
- Is coincheap ilghnéitheach é an t-ardchaighdeán ar cóir féachaint air ó dhearcaí éagsúla; dá bhrí sin ba chóir do mbeadh gach lucht leasa sa timpeallacht ECCE páirteach sa mheasúnacht.

- Baineann dhá ghné leis an measúnacht sin. Is gné thábhachtach den mheasúnacht ar chaighdeán seirbhísí é féinmheasúnacht inmheánach ag an lucht bainistíochta, ag an bhfoireann agus ag lucht leasa. Is gné luachmhar freisin é an measúnacht sheachtrach ag gníomhaireachtaí chun an t-ardchaighdeán a chinntiú. Ach an dá ghné sin a bheith ann in éineacht bheadh forléargas níos fearr le fáil ar chaighdeán na seirbhíse seachas ceachtar acu a bheith ann gan an ceann eile.
- Ba chóir go mbeadh creat reachtaíochta a chinnteodh go gcloífí le forálacha an chórais, creat ag a mbeadh seasamh laistigh den earnáil, mar bhonn leis an gcóras meastóireachta nó iniúchta.
- Ba chóir go mbeadh an córas measúnachta iomlánaíoch agus forbarthach, go molfadh sé gnéithe a mbaineann ardchaighdeán leo agus go leanfadh sé béim ag an am céanna ar réimsí ar gá feabhas nó leigheas a dhéanamh orthu. Ba chóir conairí soiléire a leagan síos chun cuidiú le seirbhísí feabhas a chur ar an ardchaighdeán laistigh de na gnéithe sin.
- Ba chóir an nós imeachta don mheasúnacht laistigh de thimpeallachtaí a bheith ráite go soiléir agus ba chóir go mbeadh na treoirlínte nó na prionsabail sin le fáil go héasca do gach lucht leasa.
- Ba chóir gurb é a bheadh le fáil ó chigireacht ná aiseolas soiléir sainiúil agus go ndéanfaí moltaí don dul chun cinn ina dhiaidh sin. Ba chóir tuarascálacha den chineál sin a bheith ar fáil do gach lucht leasa laistigh den timpeallacht.
- Ba chóir do chách a thuiscint go soiléir nach ionann íoschaighdeáin agus seirbhísí ar ardchaighdeán agus ba chóir seirbhísí a spreagadh chun níos mó a dhéanamh ná díreach cloí le híoschaighdeáin.
- Ba chóir go dtógfadh aon chóras nua cigireachta, a dhíreodh go hiomlánaíoch ar ghnéithe an chúraim agus an oideachais i dtimpeallacht, ar bhonneagair reatha chigireachta an DES agus an DHC.
- Is gné thábhachtach den mheasúnacht ar an ardchaighdeán é breathnadóireacht a dhéanamh ar leanaí laistigh de thimpeallachtaí.

7.4 Tacaíocht a thabhairt d'Ardchaighdeán

Arís eile, baineann na tátail maidir le tacú leis an ardchaighdeán in ECCE le roinnt príomhthéamaí. Áirítear orthu sin:

- Ní féidir comhordú gníomhaíochtaí beartais, cleachtais agus taighde a bhaint amach ach amháin má bhunaítear gníomhaireacht lárnaithe, cosúil leis an ECEA (faoi mar a shamhlaítear sa Pháipéar Bán um Luathoideachais).
- Tá tiomantas fadtréimhseach leanúnach do thacaíochtaí leordhóthanacha airgeadais thar ceann an Stáit riachtanach do sholáthar sheirbhís ECCE ar ardchaighdeán a fhorbairt.
- Maidir le teacht a bheith ar líon lucht oibre atá cáilithe agus lena mbaineann struchtúir shoiléire shainmhínithe ghairme, téarmaí agus coinníollacha maithe fostaíochta agus deiseanna rialta d'fhorbairt leanúnach ghairmiúil, tá sé sin ríthábhachtach chun an t-ardchaighdeán a fhorbairt in ECCE.
- Tá bonneagar comhordaithe leanúnach ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ríthábhachtach chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sheachadadh.
- Ba chóir conairí cuimsitheacha ilmheán a fhorbairt d'fhonn a chinntiú gur féidir faisnéis rialta faoi fhorbairtí beartais agus cleachtais taighde a chur in iúl do gach lucht leasa nuair a bhíonn gá leis sin.
- Ní mór do chórais tacaíochta foráil a dhéanamh do chumarsáid rialta idir gach lucht leasa in ECCE.
- Tá athbhreithniú agus machnamh rialta ar an gcleachtas i gcroílár an ardchaighdeáin. Ba chóir an acmhainn sin a thionscain trí oiliúint agus tacú léi trí am leordhóthanach a thabhairt d'obair foirne agus d'fhorbairt

leanúnach ghairmiúil.

- Bíonn gá le tacaíocht do leanaí, do theaghlaigh agus do chleachtóirí go háirithe ag amanna a mbítear ag athrú ó thimpeallacht amháin go timpeallacht eile, e.g. ón mbaile go dtí an réamhscoil, ón réamhscoil go dtí an bunscoil.
- Bíonn gá le tacaíochtaí ildisciplíneacha chun an seirbhísí ECCE ar ardchaighdeán a sheachadadh.
- Bíonn gá le tacaíochtaí speisialaithe do theaghlaigh a bhíonn i mbaol míbhuntáiste nó ag a bhfuil leanbh a bhfuil riachtanais speisialta aige nó aici.

7.5 Moltaí

7.5.1 Ginearálta

1. Ba chóir straitéis náisiúnta a fhorbairt do sheirbhísí ECCE ar ardchaighdeán in Éirinn. Ba chóir go n-áireofaí ar an straitéis sin:

   - tiomantas do mhaoiniú leordhóthanach agus inmharthana;

   - Straitéis náisiúnta sonraí chun faisnéis chruinn iontaofa a bhailiú agus a chur ar fáil chun tacú le forbairt sheirbhísí ECCE ar ardchaighdeán ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil;

   - Sásraí chun tacú le hoideachas, oiliúint agus forbairt ghairmiúil daoine fásta a bhíonn ag obair le soláthar sheirbhísí ECCE.

2. Ní mór aitheantas, luach saothair agus tacaíocht a thabhairt don chleachtas gairmiúil in ECCE. Ba chóir conairí soiléire gairme, deiseanna oideachais agus oiliúna agus cód náisiúnta eiticí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Ba chóir go dtacódh sé sin le cleachtas machnamhach agus cinntí a mbaineann meas leo a dhéanamh i ngach gné de sholáthar sheirbhísí ECCE.

7.5.2 Moltaí don Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán a Fhorbairt

1. Ní mór don Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán na dearcaí iolracha faoi chineál an ardchaighdeán atá le fáil in Éirinn a ghlacadh san áireamh. Ní mór don chreat a bheith solúbtha go leor chun freastal ar fhás agus ar dhinimiciúlacht an ardchaighdeáin agus ar riachtanais shíorathraitheacha leanaí, teaghlach agus shochaí na hÉireann i gcoitinne.

2. Ní mór don Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán a bheith leanbhlárnach agus ní mór fócas ar chearta leanaí a bheith aige. Ba chóir go mbeadh sé ina phointe tagartha do chomhordú gach beartais, taighde agus cleachtais náisiúnta agus réigiúnaigh eile a bhaineann le ECCE.

3. Ba chóir don Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán caighdeáin shainráite náisiúnta don ardchaighdeán in ECCE a sholáthar i dtaca leis an timpeallacht lasmuigh agus laistigh, le rannpháirtíocht tuismitheoirí, le cleachtas agus cáilíochtaí gairmiúla, le clár/curaclam, le hacmhainní agus le hábhair. Ba chóir brí a thabhairt dóibh sin trí shraith treoirlínte don chur i ngníomh sna timpeallachtaí éagsúla atá le fáil in ECCE.

4. Ba chóir go nglacfadh an Creat Náisiúnta um Ardchaighdeán sásraí measúnachta san áireamh, sásraí a thiocfadh leis an saineolas agus leis an mbonneagar reatha agus a thógfadh orthu. Ba chóir dó creidiúnú náisiúnta a dhéanamh ar chláir reatha dhearbhaithe/fheabhsaithe ardchaighdeáin agus ba chóir dó

próiseas measúnachta inmheánach agus seachtrach a chothú. Ba chóir dó foráil a dhéanamh freisin do chóras clárúcháin náisiúnta a bhunú do gach soláthróir sheirbhís ECCE.

5. Ba chóir raon cuimsitheach sásraí tacaíochta a bheith mar chuid den Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán, lena n-áirítear:

   - Líonraí a bhunú chun comhairle agus meantóireacht a chur ar fáil do gach lucht leasa.

   - Foirne ildisciplíneacha tacaíochta (e.g. oideachas, teiripe, riarachán) chun freastal ar riachtanais éagsúla leanaí, teaghlach agus soláthróirí seirbhíse.

   - Faisnéis iontaofa, chuimsitheach agus chothrom le dáta i bhformáidí ar féidir teacht orthu go héasca.
   - Clár cuimsitheach um fhorbairt tosaigh agus leanúnach ghairmiúil do gach lucht leasa.

6. Ní mór don Chreat Náisiúnta um Ardchaighdeán comhordú an bheartais, an chleachtais agus an taighde reatha náisiúnta a chothú. Chuige sin, ba chóir gur faoi ghníomhaireacht lárnaithe a bheadh sé an NFQ a chur i bhfeidhm, gníomhaireacht a mbeadh tacaíocht aici ó bhonneagar comhordaithe ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

Roinn 8

Tagairtí

Féach an leagan Béarla chun an leabharliosta a fheiceáil.

Roinn 9

Aguisíní

1. Litir a sheoladh amach 112

2. Eagraíochtaí ar seoladh litir chucu 113

Aguisín 1[7]

A Chara,

Mar tá fhios agat, tá an Lár-Ionad um Fhorbairt agus Oideachais na Luath-Óige i mbun Creatlach Ard-Chaighdeáin a chruthú don earnáil cúraim agus oideachais luathóige.

I láthair na huaire, táimid ag cur críoch le taighde chun an obair seo a chinntiú. Mar shampla, tá Creatlach Choincheapúil faoi lán sheoil againn; chuireamar i bhfeidhm sraith seimineáir poiblí anuraidh maidir le hard-chaighdeáin agus faoi láthair, tá ath-bhreithniú ar siúl againn mar gheall ar cúraim agus oideachais na luathóige sa chomhthéasc idirnaisiúnta. Is croí-lár an próiseas seo ná ath-bhreithniú liteartha a dhéanamh maidir le beartas agus cleachtadh in Éireann.
Ba mhaith linn an obair leathan agus éagsúil a chur in iúil go cruinn maidir le hard-chaighdeáin i gcúraim agus oideachais na luathóige sa chomhthéasc náisiúnta. Dá bhrí sin, bheinn buíochas díot aon páipeáir taighde, meastóireacht cláracha nó fearais ag baint leis an ábhar seo atá agat a chur chugam. Chomh maith le sin, má tá aon taighde agat faoi Tionscnamh Feabhais-Dheimhnithe nó eolas faoin ard-chaighdeán a shainmhíniú, a mheasúnú nó a thacú, bheadh siad sin go léir an-oiriúnach don ath-bhreithniú liteartha. Is é an sprioc-am don chomhlíonadh an taighde seo ná deireadh Mí Márta. Dá bhrí sin, caithfidh pé eolas más mian leat cur chugam don tuarascáil bheith anseo roimh an Aoine, an 27ú lá de mhí Feabhra.

Má tá tuilleadh eolais uait, déan teagmháil liom ar 01 8842164 nó trí ríomhphoist ag Thomas.walsh@spd.dcu.ie.

Le gach dea-ghuí,

_____
Thomas Walsh

7 Maidir leis an leagan Gaeilge den litir seo, ní aistriúchán mar chuid den cháipéis atá ann ach an bunleagan a sheol an CECDE amach.

Aguisín 2

An Comhchoiste Réamhscolaíochta

Area Development Management

Barnardos

Border Counties Childcare Network

Carlow County Childcare Committee

Cavan County Childcare Committee

Childcare Directorate

Childminding Ireland

Children's Rights Alliance

Children in Hospital Ireland

Clare County Childcare Committee

Cork City Childcare Committee

Cork County Childcare Committee

Department of Health Policy Unit

Donegal County Childcare Committee

Dublin City Childcare Committee

Dublin Fingal Childcare Committee

Dublin South County Childcare Committee

Dun Laoghaire/ Rathdown Childcare Committee

Early Start Coordinator

East Coast Area Health Board

Eastern Regional Health Authority

Foras Áiseanna Saothair

Galway City and County Childcare Committee

High/Scope Ireland

IPPA, the Early Childhood Organisation

Irish Society for the Prevention of Cruelty to Children

Kerry County Childcare Committee

Kildare County Childcare Committee

Kilkenny County Childcare Committee

Laois County Childcare Committee

Leitrim County Childcare Committee

Limerick City Childcare Committee

Limerick County Childcare Committee

Longford County Childcare Committee

Louth County Childcare Committee

Mayo County Childcare Committee

Meath County Childcare Committee

Midland Health Board

Mid-Western Health Board

Monaghan County Childcare Committee

National Children's Nurseries Association

National Children's Office

National Council for Curriculum and Assessment

National Disability Authority

North Eastern Health Board

North Western Health Board

Northern Area Health Board

Offaly County Childcare Committee

Pavee Point

Primary Schools Inspectorate

Roscommon County Childcare Committee

Sligo County Childcare Committee

South Eastern Health Board

South Western Area Health Board

Southern Health Board

St. Nicholas Montessori Society of Ireland

Tipperary North County Childcare Committee

Tipperary South County Childcare Committee

Waldorf Steiner

Waterford City Childcare Committee

Waterford County Childcare Committee

Western Health Board

Westmeath County Childcare Committee

Wexford County Childcare Committee

Wicklow County Childcare Committee